STRANMILLIS UNIVERSITY COLLEGE
A College of Queen's University Belfast

Centre for Research in Educational Underachievement

Department for the Economy
An Roinn Geilleagair
www.economy-ni.gov.uk

Cosáin ghairme

Gairmchonairí d'Fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta: Dúshláin agus Deiseanna

SAMHAIN 2026



Prof Noel Purdy OBE, Dr Katie Tate, Dr Emilia Symington,
Dr Mark Ballentine, Kirsty Addison, Dr Claire McVeigh,
Prof Ken Gibson MBE, Prof Adam Boddison OBE

Achoimre Fheidhmeach

Aidhmeanna an Staidéir

Cuireann an tuarascáil seo torthaí staidéir modhanna measctha i láthair, staidéar a mhaoinigh an Roinn Geilleagair (Tuaisceart Éireann) ina scrúdaítear soláthar gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta (IM). Ag tarraingt ar anailís ar dhoiciméid, suirbhéanna, grúpaí fócais agus agallaimh le foghlaimeoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara, sainaithnítear sa staidéar na láidreachtaí agus na teorainneacha a bhaineann leis an tsoláthar faoi láthair agus déantar moltaí le tacú le beartas agus cleachtas amach anseo.

Bhí sé mar aidhm ag an staidéar na príomhchuspóirí taighde seo a leanas a fhiosrú:

- Na conairí i dtreo gairmcháilíochtaí atá ar fáil faoi láthair d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta a shainaithint;
- Scrúdú criticiúil a dhéanamh ar na dúshláin, na bearnaí agus na baic a théann i bhfeidhm ar leathnú an tsoláthair gairmoideachais trí Ghaeilge;
- Miontuiscint a fhorbairt ar an fheasacht agus ar an éileamh atá ar na gairmchonairí sin i measc foghlaimeoirí Gaelscolaíochta;
- Ceachtanna a fhoghlaim agus moltaí a dhéanamh do lucht déanta beartas agus do sholáthraithe seirbhíse.

Modheolaíocht

Bhain an staidéar leas as dearcthaí daoine óga atá ar iar-bhunscoil Ghaeilge faoi láthair agus daoine óga atá ag tabhairt faoi ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge cheana féin, chomh maith le dearcthaí ceannairí scoile, soláthraithe oiliúna agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Thángthas ar dhearadh modhanna measctha a raibh taighde deascbhunaithe, suirbhéanna agus agallaimh leathstruchtúrtha ann.

Céim 1A: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartais agus Mapáil Gairmchonairí (Tuaisceart Éireann)

Rinneadh athbhreithniú ar an *Skills Action Plan* de chuid na Roinne Geilleagair agus ar straitéisí gaolmhara na roinne, ar dhoiciméid bheartais a bhaineann leis an Ghaelscolaíocht agus leis an teanga, ar chreataí gairmcháilíochtaí agus ar threoir rialála ábhartha i dTuaisceart Éireann. Baineadh úsáid as an anailís seo leis na gairmchonairí reatha atá ábhartha d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann a mhapáil agus le gnéithe struchtúracha a shainaithint a d'fhéadfadh rochtain ar ghairmcháilíochtaí a éascú nó a shrianadh.

Céim 1B: Tagarmharcáil Trasdlínse (An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann)

Rinneadh anailís chomparáideach agus tagarmharcála, inar díríodh ar ghairmchonairí agus ar shamhlacha oiliúna sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh scrúdú sa chéim seo ar shocruithe rialachais, ar shamhlacha creidiúnaithe, ar chreataí rialála agus ar infreastruchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí le cleachtais inaistrithe atá ábhartha do chomhthéacs Thuaisceart Éireann a shainaithint.

Céim 2A: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na Suirbhéanna

Forbraíodh dhá shuirbhé ghairide ar líne agus seoladh iad chuig foghlaimeoirí Gaelscolaíochta. Seoladh an chéad suirbhé chuig daltaí i mblianta 11–14 in iar-bhunscoileanna Gaeilge (n=209). Scrúdaigh sé uaillmhianta na bhfoghlaimeoirí, a bhfeasacht ar ghairmchonairí agus ar ghairmcháilíochtaí, a muinín as roghanna dul chun cinn agus cáilíocht an eolais, na comhairle agus na treorach a fuair siad. Seoladh an dara suirbhé chuig foghlaimeoirí atá páirteach faoi láthair i soláthar gairmoideachais nó oiliúna trí Ghaeilge, lena n-áirítear soláthar do dhaoine fásta agus soláthar pobalbhunaithe agus oiliúint a bhaineann le hearnálacha ar leith (n=15). Dhírigh an suirbhé seo ar thaithí na bhfoghlaimeoirí féin ar rochtain ar oiliúint trí Ghaeilge, lena n-áirítear bealaí iontrála, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí agus bac ar bith a tharla rompu sa chleachtas.

Céim 2B: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na nAgallamh

Rinneadh agallaimh leathstruchtúrtha agus comhráite i ngrúpaí beaga le príomhpháirtithe leasmhara (n=26), lena n-áirítear ionadaithe ó scoileanna Gaeilge, soláthraithe oiliúna, eagraíochtaí cáiliúcháin agus rialálaithe, chomh maith le comhairleoirí gairme, eagraíochtaí cultúir agus teanga, oifigigh rialtais Thuaisceart Éireann agus ionadaí ó Qualifications Wales. Scrúdaíodh sna comhráite seo baic ar rochtain agus ar dhul chun cinn, taithí ar chreidiúnú agus ar mheasúnú trí Ghaeilge, éileamh na bhfoghlaimeoirí, rannpháirtíocht fostóirí agus dúshláin agus deiseanna ar leibhéal an chórais. Reáchtáladh grúpaí fócais fosta le daltaí iar-bhunscoileanna Gaeilge (n=25) agus le foghlaimeoirí atá páirteach faoi láthair i soláthar gairmoideachais nó oiliúna trí Ghaeilge (n=8) lena n-uaillmhianta, a bhfeasacht ar ghairmchonairí, a ndearcthaí ar inrochtaineacht agus a muinín as bealaí chun cinn a fhiosrú.

Torthaí, Conclúidí agus Moltaí

Bunaithe ar anailís chuimsitheach ar shonraí ó shuirbhéanna na bhfoghlaimeoirí, ó na grúpaí fócais agus ó agallaimh le foghlaimeoirí, teagascóirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile, agus le hathbhreithniú criticiúil agus comparáideach ar an litríocht ábhartha taighde agus bheartais mar bhonn fúithi, cuireann an tuarascáil na conclúidí agus na moltaí seo a leanas ar fáil faoi shé phríomh-cheannteideal:

Méadú ar scála an tsoláthair

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí go bhfuil éileamh soiléir atá ag dul i méid ar ghairmchonairí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, rud a léiríonn leathnú leanúnach earnáil na Gaelscolaíochta agus an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le gairmoiliúint agus le gairmcháilíochtaí atá inrochtana agus ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta.
- *Conclúid:* Tá na gairmchonairí trí Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair i dTuaisceart Éireann teoranta, áfach, agus is in Iarthar Bhéal Feirste, trí Ghaelchúrsaí, a dhéantar an soláthar den chuid is mó. Cé go ndéantar méid áirithe gníomhaíocht for-rochtana tríd an eagraíocht seo, tá éagothromachtaí suntasacha ann go fóill idir réigiúin ó thaobh rochtana de.
- *Moladh:* Ba cheart, dá bhrí sin, na gairmchonairí trí Ghaeilge atá ann cheana a leathnú le freastal ar an éileamh mhéadaitheach, agus ba cheart méadú a dhéanamh ar scála an tsoláthair le rochtain chothrom a chinntiú do gach foghlaimeoir Gaelscolaíochta ar fud Thuaisceart Éireann. Mar bhealach

láithreach ísealriosca leis an soláthar a leathnú, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chomhpháirtíocht fhoirmiúil a chur ar bun ar bhonn píolótach idir soláthraí seanbhunaithe Gaeilge agus coláiste breisoideachais amháin nó níos mó, ionas go bhféadfaí an soláthar trí Ghaeilge a nascadh le hinfreastruchtúr príomhshrutha an bhreisoideachais, cáilíochtaí rialáilte, conairí printíseachta agus le bealaí chun cinn.

- *Moladh:* Ag tógáil ar an eolas, ar an chomhairle agus ar an treoir maidir le gairmeacha atá ar fáil cheana, go háirithe i scoileanna Gaeilge, ba cheart níos mó airde a thabhairt ar ghairmchonairí trí Ghaeilge ar fud gach earnála scoile, coláiste breisoideachais agus soláthraí oiliúna. Ba cheart go gcinnteodh sé seo go mbeadh foghlaimeoirí, tuismitheoirí, cleachtóirí oideachais agus oiliúna agus gairmthreoraí níos eolaí ar na conairí atá ar fáil, ar na deiseanna dul chun cinn agus ar an bhaint atá acu le fostaíocht amach anseo.

Straitéis

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí nach bhfuil straitéis chomhordaithe ann ar fud an chórais maidir le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, agus is minic an soláthar reatha ag brath ar thionscnaimh ilroinnte áitiúla agus ar dhea-thoil daoine aonair seachas ar phleanáil straitéiseach fhadtéarmach.
- *Moladh:* Tá gá le straitéis rialtais chomhordaithe, thrasearnála agus fhadtéarmach le tacú le forbairt, le seachadadh agus le hinbhuanaitheacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Ba cheart go n-áireofaí i straitéis ar bith freagrachtaí soiléire, amscálaí, spriocanna intomhaiste agus meicníochtaí le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le rochtain foghlaimeoirí, cothromaíocht réigiúnach, fáil ar cháilíochtaí, acmhainneacht an lucht saothair agus torthaí dul chun cinn.
- *Moladh:* Ba cheart ceachtanna a fhoghlaim ón Bhreatain Bheag, áit a bhfuil cur chuige faoi stiúir an rialtais ann anois i leith gairmchonairí agus cáilíochtaí trí Bhreatnais, a bhfuil ranna éagsúla rialtais páirteach ann. Ag an am chéanna, tá sé tábhachtach na difríochtaí suntasacha polaitiúla agus struchtúracha idir comhthéacs na Breataine Bige agus comhthéacs Thuaisceart Éireann a aithint.
- *Moladh:* Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le comhlacht, ionad nó feidhm idirghabhála ainmnithe a bheadh freagrach go sainráite as soláthar gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chomhordú ar fud earnáil an oideachais iar-éigeantaigh, lena n-áirítear pleanáil, rannpháirtíocht soláthraithe, forbairt acmhainní, tacaíocht don lucht saothair agus monatóireacht ar dhul chun cinn.
- *Moladh:* Ba cheart soláthar gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chur san áireamh go sainráite san athchóiriú ar ghairmcháilíochtaí atá le teacht, lena chinntiú nach bhfágfar foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ar lár maidir le conairí, cáilíochtaí nó socruithe measúnaithe a fhorbrófar as an nua.

Maoiniú fadtéarmach inbhuanaithe

- *Conclúid:* Aithníodh socruithe maoinithe gearrthéarmacha agus neamhsheasmhacha mar bhac mór ar fhorbairt, ar leathnú agus ar inbhuanaitheacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, rud a chuireann teorainn le cumas soláthraithe acmhainneacht a fhorbairt, infheistíocht a dhéanamh in infreastruchtúr agus pleanáil go straitéiseach don fhás amach anseo.

- *Moladh:* Beidh infheistíocht leanúnach fhadtéarmach de dhíth le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a leathnú agus le tacú le forbairt, le seachadadh agus le méadú ar scála an tsoláthair. Ba cheart maoiniú tiomnaithe a chur ar fáil agus, nuair is cuí, é a imfhálú lena chinntiú nach mbeidh soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge ag brath ar mhaoiniú gearrthéarmach tionscadail, ar lánrogha áitiúil ná ar iomaíocht le cláir níos mó trí Bhéarla.
- *Moladh:* Ba cheart obair mhapála a dhéanamh leis an acmhainneacht Gaeilge atá ann cheana i measc lucht saothair an bhreisoideachais agus na hoiliúna a shainaithint, agus clár spriocdhírithe forbartha do chleachtóirí a chur ar bun ina dhiaidh sin le tacú le baill foirne a bhfuil Gaeilge acu foghlaim gairme a theagasc, a mheasúnú agus a fhorbairt trí Ghaeilge.
- *Moladh:* Beidh gá le hinfheistíocht in áiseanna, in infreastruchtúr agus in acmhainní uasdátaithe le freastal ar éileamh méadaitheach na bhfoghlaimeoirí agus le tacú le seachadadh gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí ar ardchaighdeán.

Rannpháirtíocht na bhForas Cáiliúcháin

- *Conclúid:* Tá an caidreamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin faoi shrian go fóill de bharr saincheisteanna a bhaineann le scála an mhargaidh, inmharthanacht tráchtála, costais aistriúcháin agus riosca measúnaithe, rud a fhágann go bhfuil réimse na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair i dTuaisceart Éireann ag cúngú.
- *Moladh:* Féachaint an bhféadfaí mol cáilíochtaí trí Ghaeilge a bhunú le tacú leis an chaidreamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin agus leis an chaidreamh sin a chomhordú ar bhealach níos éifeachtúla, agus le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hinmharthanacht airgeadais i gcás cohóirt níos lú foghlaimeoirí.
- *Moladh:* Teagmháil a dhéanamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin ábhartha le réimse na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a leathnú agus le fáil orthu a mhéadú.
- *Moladh:* Mar phointe iontrála tosaigh d'Eagraíochtaí Cáiliúcháin, tús áite a thabhairt do cháilíochtaí ina n-úsáidtear modhanna measúnaithe lena mbaineann riosca níos ísle, amhail measúnú bunaithe ar obair chúrsa.
- *Moladh:* Ba cheart tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar shamhlacha tacaíochta comhroinnte d'aistriúchán, do mhodhnóireacht agus do dhearbhú cáilíochta, lena n-áirítear cineálacha cur chuige céimnithe ina ndéantar an tacaíocht aistriúcháin tosaigh a chomhlánú de réir a chéile trí oiliúint a chur ar chleachtóirí a oibríonn trí Ghaeilge le bheith ina measúnóirí, ina modhnóirí nó ina scrúdaitheoirí.
- *Moladh:* Ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tseasamh rialála maidir le fáil ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, lena n-áirítear an bhféadfadh beartas cáilíochtaí atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo dualgais níos soiléire a leagan ar chomhlachtaí ábhartha le tacú le rochtain ar cháilíochtaí trí Ghaeilge.

Comhoibriú trasteorann agus acmhainní comhroinnte

- *Conclúid:* Tháinig comhoibriú trasteorann chun cinn mar mheicníocht luachmhar le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a neartú, go háirithe trí

shaineolas, acmhainní agus cineálacha cur chuige a forbraíodh cheana i bPoblacht na hÉireann a chomhroinnt.
- *Moladh:* Comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt le soláthraithe oiliúna trí Ghaeilge agus le hEagraíochtaí Cáiliúcháin i bPoblacht na hÉireann le comhroinnt saineolais, acmhainní agus dea-chleachtais a éascú.
- *Moladh:* Ba cheart iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar an fhéidearthacht acmhainní gairmoideachais trí Ghaeilge agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil cheana i bPoblacht na hÉireann a chur in oiriúint lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann. Aithnítear gurbh fhéidir gur ghá iad seo a chur in oiriúint do Ghaeilge Uladh.
- *Moladh:* Ba cheart do ranna rialtais agus d'Eagraíochtaí Cáiliúcháin ó thuaidh agus ó dheas iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar na coigiltis a d'fhéadfaí a bhaint amach trí ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chomhfhorbairt agus trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dóibh idir an dá dhlínse.

Tuilleadh forbartha agus taighde

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí gur teoranta go fóill an bonn fianaise atá ann maidir le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, go háirithe i dtaca le torthaí foghlaimeoirí, dearcthaí fostóirí, éileamh sa mhargadh fostaíochta agus conairí dul chun cinn fadtéarmacha.
- *Moladh:* Na bearnaí atá sa bhonn fianaise faoi láthair a shainaithint agus taighde breise a choimisiúnú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais, faoi dhearadh cáilíochtaí agus faoi phleanáil fhadtéarmach earnála amach anseo.
- *Moladh:* Chomh maith le freagairt d'éileamh na bhfoghlaimeoirí, ba cheart machnamh a dhéanamh, agus beartas á fhorbairt, ar an dóigh ar féidir éileamh fostóirí ar scileanna Gaeilge a neartú, go háirithe i réimsí amhail an earnáil phoiblí, an pobal, an t-oideachas, cúram leanaí, na meáin chumarsáide, an oidhreacht, an turasóireacht agus earnáil na seirbhísí, ina bhféadfadh luach sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch a bheith ag baint le hacmhainneacht dhátheangach.

Cé go bhfuil bunsraitheanna tábhachtacha do ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge ann cheana i dTuaisceart Éireann, léiríonn na torthaí ar an iomlán go bhfuil an soláthar teoranta agus neamhchothrom go fóill. Beidh sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na dúshláin straitéiseacha, airgeadais agus struchtúracha a sainaithníodh sa staidéar seo lena chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ar ghairmchonairí agus ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar ardchaighdeán ar fud Thuaisceart Éireann.

Buíochas

Ba mhaith le foireann taighde an Ionaid Taighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachasúil (CREU), Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste, buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa tionscadal taighde seo, go háirithe leis na daltaí agus na foghlaimeoirí gairmoideachais, ceannairí scoile, oifigigh agus príomhpháirtithe leasmhara eile a d'aontaigh chomh fonnmhar sin páirt a ghlacadh i mbailiú na sonraí. Ar deireadh, tá muid buíoch den Roinn Geilleagair as an taighde tábhachtach tráthúil seo a mhaoiniú, agus de Louise Stevenson agus Ian Getgood as a dtacaíocht leanúnach.

Le tagairt a dhéanamh don tuarascáil taighde seo:

Purdy, N., Tate, K., Symington, E., Ballentine, M., McCrudden, K., McVeigh, C., Gibson, K. & Boddison, A. (2027) *Gairmchonairí d'Fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta: Dúshláin agus Deiseanna* Béal Feirste: Ionad Taighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachasúil (CREU), Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis

Clár na nÁbhar

Achoimre Fheidhmeach **2**

Céim 1A: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartas agus Mapáil ar Chonairí Gairmoideachais (Tuaisceart Éireann) 2

Céim 1B: Tagarmharcáil Trasdlínse (An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann) 2

Céim 2A: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís an tSuirbhé 2

Céim 2B: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na nAgallamh 3

Soláthar a leathnú 3

Straitéis 4

Maoiniú fadtéarmach, inbhuanaithe 4

Rannpháirtíocht na gComhlachtaí Dámhachtana 5

Comhoibriú trasteorann agus acmhainní comhroinnte 5

Tuilleadh forbartha agus taighde 5

Buíochas **7**

Liosta na bhFíoracha **12**

Liosta na dTáblaí **12**

Caibidil 1: Réamhrá agus Modheolaíocht **14**

1.1 Dearadh agus Modheolaíocht an Taighde 14

Céim 1A: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartas agus Mapáil ar Chonairí Gairmoideachais (Tuaisceart Éireann) 14

Céim 1B: Tagarmharcáil Trasdlínse (An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann) 14

Céim 2A: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís an tSuirbhé 14

Céim 2B: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na nAgallamh 15

1.2 Ceisteanna Eiticiúla 15

1.3 Anailís Sonraí 16

1.4 Teorainneacha an Taighde 16

Caibidil 2: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartas: Tuaisceart Éireann **17**

2.1 Cúlra agus Comhthéacs 17

2.1.1 Fás an Ghaeloideachais 17
2.1.2 Creataí don Ghaeilge 18
2.2 Creataí Cáilíochtaí Gairmoideachais 20
2.2.1 Tuaisceart Éireann 20
2.2.2 Tuairimí ar Cháilíochtaí Gairmoideachais 22
2.3 Conairí gairmoideachais trí mheán na Gaeilge 24
2.3.1 Iar-bhunscoil 24
2.3.2 Gaelchúrsaí 25
2.3.3 Comhairle Cathrach Bhéal Feirste 26
2.4 Bacainní 27
2.4.1 Rialáil agus Creidiúnú 27
2.4.2 Acmhainní agus Cumas Soláthraithe 29
2.4.3 Éagothroime Réigiúnach 30
2.5 Conclúid 31
Caibidil 3: Gairmoideachas agus Gairmoiliúint trí Theangacha Mionlaigh a Thagarmharcáil: An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann 32
3.1 Réamhrá 32
3.2 An Bhreatain Bheag: Torthaí thar Chúig Ghné 34
3.2.1 Rialachas agus Ailtireacht an Chórais 34
3.2.2 Creidiúnú agus Creataí Cáilíochtaí 36
3.2.3 Bonneagair Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí 39
3.2.4 Cumas Soláthraithe agus an Lucht Saothair 42
3.2.5 Dálaí cumasúcháin 44
3.3 Poblacht na hÉireann: Torthaí thar Chúig Ghné 48
3.3.1 Rialachas agus Ailtireacht an Chórais 48
3.3.2 Creidiúnú agus Creataí Cáilíochtaí 54
3.3.3 Bonneagair Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí 55
3.3.4 Cumas Soláthraithe agus an Lucht Saothair 57
3.3.5 Dálaí cumasúcháin 59
3.4 Anailís Chomparáideach 63

3.5 Inaistritheacht chuig Tuaisceart Éireann 69
3.5.1 Anailís ar Inaistritheacht 70
Caibidil 4: Torthaí an tSuirbhé ar Dhaltaí Gaelscoile 74
4.1 Anailís Thuairisciúil 74
4.1.1 Fút Féin 74
4.1.2 Mianta agus Feasacht ar Chonairí Gairmoideachais 75
4.1.3 Bacainní ar Rochtain 80
4.1.4 Machnamh Deiridh 81
4.2 Anailís Dhé-athróg 82
4.2.1 Inscne 82
4.2.2 Bliain Ghrúpa 85
4.3 Anailís ar Fhreagraí Oscailte na nDaltaí 90
Caibidil 5: Torthaí an tSuirbhé ar Fhoghlaimeoirí Reatha Gairmoideachais trí Mheán na Gaeilge 94
5.1 Anailís Thuairisciúil 94
5.1.1 Fút Féin 94
5.1.2 Rochtain agus Iontráil 97
5.1.3 Measúnú agus Aitheantas 100
5.1.4 Eispéiris Reatha 101
5.2 Anailís ar Fhreagraí Oscailte na bhFoghlaimeoirí Gairmoideachais ... 103
Caibidil 6: Torthaí Cáilíochtúla 105
6.1 Rochtain ar an Soláthar agus Infhaighteacht an tSoláthair 105
6.2 Cumas Soláthraithe agus Ullmhacht an Chórais 111
6.3 Eispéireas an Fhoghlaimeora 117
6.4 Inmharthanacht agus Scála an Mhargaidh 121
6.5 Rannpháirtíocht Fostóirí agus Páirtithe Leasmhara 124
6.6 Léargais Chomparáideacha 125
6.7 Moltaí na Rannpháirtithe 127
6.8 Conclúid 129
Caibidil 7: Conclúidí agus Moltaí 131

7.1 Soláthar a leathnú 131
7.2 Straitéis 131
7.3 Maoiniú fadtéarmach, inbhuanaithe 132
7.4 Rannpháirtíocht na gComhlachtaí Dámhachtana 132
7.5 Comhoibriú trasteorann agus acmhainní comhroinnte 133
7.6 Tuilleadh forbartha agus taighde 133
Tagairtí 134

Liosta Figiúirí

Figiúr 1: Struchtúr rialachais agus seachadta an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna sa Bhreatain Bheag

Figiúr 2: Struchtúr rialachais agus seachadta an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna i bPoblacht na hÉireann

Liosta Táblaí

Tábla 1.1. Forbhreathnú ar na rannpháirtithe sa bhailiú sonraí cáilíochtúla.

Tábla 4.1. Aois na rannpháirtithe.

Tábla 4.2. Scoilbhliain na rannpháirtithe.

Tábla 4.3. Inscne na rannpháirtithe.

Tábla 4.4. Na scoileanna a raibh na rannpháirtithe orthu.

Tábla 4.5. An tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh an iar-bhunscoil a fhágáil.

Tábla 4.6. Suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint.

Tábla 4.7. Soiléireacht na ndeiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge atá ar fáil i ndiaidh na scoile.

Tábla 4.8. Foinse eolais nó chomhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile i ndiaidh na scoile.

Tábla 4.9. Feasacht ar na roghanna gairmoideachais atá ar fáil trí Ghaeilge.

Tábla 4.10. Na príomhbhaic a mheastar a bheith ann maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge.

Tábla 4.11. Muinín as a bheith ábalta leanúint den oideachas nó den oiliúint trí Ghaeilge dá mba mhian leo.

Tábla 4.12. Comparáid idir C6 (an tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus inscne.

Tábla 4.13. Comparáid idir C7 (suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint) agus inscne.

Tábla 4.14. Comparáid idir an rogha ‘rogha theoranta cúrsaí’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus inscne.

Tábla 4.15. Comparáid idir an rogha ‘gan suim i mbealaí gairmoideachais’ in C11 (na príomhbhaic ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus inscne.

Tábla 4.16. Comparáid idir C6 (an tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.17. Comparáid idir C7 (suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.18. Comparáid idir C8 (soiléireacht na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.19. Comparáid idir an rogha ‘easpa eolais’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.20. Comparáid idir an rogha ‘rogha theoranta cúrsaí’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.21. Comparáid idir an rogha ‘líon teoranta áiteanna ar fáil’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Tábla 4.22. Comparáid idir C12 (muinín as leanúint den oideachas nó den oiliúint trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

Tábla 5.1. Inscne na rannpháirtithe.

Tábla 5.2. Aois na rannpháirtithe.

Tábla 5.3. Cá bhfuil tú i do chónaí?

Tábla 5.4. An cineál oiliúna nó cáilíochta atá ar bun faoi láthair (nó a críochnaíodh le gairid).

Tábla 5.5. An cineál cúrsa a bhfuiltear cláraithe air faoi láthair.

Tábla 5.6. Teanga(cha) ina gcuirtear an oiliúint ar fáil faoi láthair.

Tábla 5.7. Teanga(cha) a úsáidtear i measúnú na cáilíochta faoi láthair.

Tábla 5.8. An dóigh ar chuala foghlaimeoirí den chéad uair faoin oiliúint nó faoin cháilíocht atá ar bun acu faoi láthair.

Tábla 5.9. A fhusacht nó a dheacra atá sé oiliúint trí Ghaeilge a fháil i gceantar na bhfoghlaimeoirí.

Tábla 5.10. Na constaicí/baic a bhí roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar a n-oiliúint nó ar a gcáilíocht.

Tábla 5.11. Soiléireacht na socruithe measúnaithe do chúrsaí na bhfoghlaimeoirí.

Tábla 5.12. Barúlacha na bhfoghlaimeoirí maidir le cé acu a thabharfaidh fostóirí aitheantas dá gcáilíocht nó nach dtabharfaidh.

Tábla 5.13. Tuairimí na bhfoghlaimeoirí maidir le cé acu a chuireann a gcáilíochtaí bealaí soiléire ar fáil chuig tuilleadh oiliúna nó fostaíochta nó nach gcuireann.

Tábla 5.14. An taitneamh a bhaintear as an chúrsa, de réir na bhfoghlaimeoirí.

Tábla 5.15. Úsáideacht an chúrsa, de réir na bhfoghlaimeoirí.

Tábla 5.16. Tuairimí na bhfoghlaimeoirí faoi cé acu a mholfadh siad a gcúrsa do dhaoine eile nó nach molfadh.

Caibidil 1: Intreoir agus Modheolaíocht

Bhí sé mar aidhm ag an taighde seo scrúdú a dhéanamh ar sholáthar gairmcháilíochtaí d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Dearadh an staidéar le miontuiscint a fhorbairt ar an tsoláthar reatha, na bearnaí a mheastar a bheith sa chóras reatha, an fheasacht agus an t-éileamh ar na gairmchonairí sin i measc foghlaimeoirí Gaelscolaíochta, agus ar na deiseanna feabhsúcháin. Baintear leas sa staidéar seo as dearcthaí foghlaimeoirí Gaelscolaíochta atá ag tabhairt faoi chúrsaí gairmoideachais trí Ghaeilge faoi láthair, chomh maith le dearcthaí daltaí iar-bhunscoileanna Gaeilge atá ag smaoineamh ar dhul ar aghaidh chuig gairmchonairí. Baintear leas fosta as dearcthaí réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill foirne in iar-bhunscoileanna Gaeilge, forais cháiliúcháin agus eagraíochtaí Gaeilge. Tá an staidéar bunaithe ar dhearadh modhanna measctha atá eagraithe ina chéimeanna éagsúla, ina gcuirtear taighde deascbhunaithe, suirbhéanna ar líne agus agallaimh le chéile.

1.1 Dearadh agus Modheolaíocht an Taighde

Baineadh leas sa tionscadal as dearadh modhanna measctha a raibh dhá chéim ann.

Céim 1A: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartais agus Mapáil Gairmchonairí (Tuaisceart Éireann)

Rinneadh athbhreithniú struchtúrtha ar an *Skills Action Plan* de chuid na Roinne Geilleagair agus ar straitéisí gaolmhara na roinne, ar dhoiciméid bheartais a bhaineann leis an Ghaelscolaíocht agus leis an teanga, ar chreataí gairmcháilíochtaí agus ar threoir rialála ábhartha i dTuaisceart Éireann. Baineadh úsáid as an anailís seo leis na gairmchonairí agus na socruithe creidiúnaithe atá ann cheana agus atá ábhartha d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann a mhapáil agus le gnéithe struchtúracha a shainaithint a d'fhéadfadh rochtain ar ghairmcháilíochtaí a éascú nó a shrianadh.

Céim 1B: Tagarmharcáil Trasdlínse (An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann)

Bhí anailís chomparáideach agus tagarmharcála i gceist leis an dara snáithe, inar díríodh ar shamhlacha gairmoideachais agus gairmoiliúna sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh scrúdú sa chéim seo ar shocruithe rialachais, samhlacha creidiúnaithe, creataí rialála agus ar infreastruchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí le cleachtais inaistrithe atá ábhartha do chomhthéacs Thuaisceart Éireann a shainaithint.

Céim 2A: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na Suirbhéanna

Forbraíodh dhá shuirbhé ghairide ar líne agus seoladh iad chuig foghlaimeoirí Gaelscolaíochta. Seoladh an chéad suirbhé chuig daltaí i mblianta 11–14 in iar-bhunscoileanna Gaeilge. Fiosraíodh ann uaillmhianta na bhfoghlaimeoirí, a bhfeasacht ar ghairmchonairí agus ar chonairí oiliúna, a ndearcthaí ar inrochtaineacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, a muinín as roghanna dul chun cinn agus cáilíocht an eolais, na comhairle agus na treorach a fuair siad. Seoladh an dara suirbhé chuig foghlaimeoirí atá páirteach faoi láthair i soláthar gairmoideachais nó oiliúna trí Ghaeilge, lena n-áirítear soláthar do dhaoine fásta agus soláthar pobalbhunaithe agus oiliúint a bhaineann le hearnálacha ar leith. Dhírigh an suirbhé seo ar thaithí na bhfoghlaimeoirí féin ar rochtain ar oiliúint trí Ghaeilge, lena n-áirítear bealaí iontrála, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí, socruithe measúnaithe agus creidiúnaithe agus bac ar bith a tharla rompu sa chleachtas.

Seoladh suirbhé na ndaltaí scoile go díreach chuig cúig scoil (dhá scoil Ghaeilge saorsheasaimh agus trí aonad Gaeilge) trí ríomhphost chuig an phríomhoide nó chuig seoladh ríomhphoist teagmhála ginearálta na scoile. Seoladh suirbhé na bhfoghlaimeoirí trí ríomhphost chuig an phríomhsholáthraí gairmoiliúna trí Ghaeilge i mBéal Feirste. Seoladh an dá shuirbhé ar an 10ú Márta 2026 agus druideadh iad ar an 25ú Márta 2026.

Céim 2B: Dearadh, Cur i bhFeidhm agus Anailís na nAgallamh

Rinneadh agallaimh leathstruchtúrtha agus comhráite i ngrúpaí beaga le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe ó scoileanna Gaeilge, soláthraithe oiliúna, eagraíochtaí cáiliúcháin agus rialálaithe, chomh maith le comhairleoirí gairme, eagraíochtaí cultúir agus teanga, oifigigh ábhartha de chuid na Roinne Oideachais i dTuaisceart Éireann agus ionadaí ó Qualifications Wales. Scrúdaíodh sna comhráite seo baic ar rochtain agus ar dhul chun cinn, taithí ar chreidiúnú agus ar mheasúnú trí Ghaeilge, éileamh na bhfoghlaimeoirí, rannpháirtíocht fostóirí agus dúshláin agus deiseanna ar leibhéal an chórais.

Reáchtáladh grúpaí fócais fosta le daltaí iar-bhunscoileanna Gaeilge lena n-uaillmhianta, a bhfeasacht ar ghairmchonairí, a ndearcthaí ar inrochtaineacht agus a muinín as bealaí chun cinn a fhiosrú.

Rinneadh na hagallaimh seo idir Feabhra agus Márta 2026. Rinneadh an chuid is mó acu ar líne. Reáchtáladh grúpaí fócais le daltaí iar-bhunscoile agus le foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoi ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge faoi láthair, agus agallaimh le ceannairí scoile, ar láthair na scoile agus na foghlama. Chinntigh an cur chuige seo go bhfuarthas léargais ó dhaoine a bhfuil taithí phearsanta acu agus ó dhaoine a bhfuil

baint acu le dearadh agus le seachadadh an tsoláthair. Tugtar miondealú ar rannpháirtithe na n-agallamh agus na ngrúpaí fócais sa tábla thíos:

Déimeagrafach	**Líon na Rannpháirtithe ar Cuireadh Agallamh Orthu**
Daltaí Gaelscolaíochta	25
Foghlaimeoirí gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge	8
Ceannairí Scoile	4
Páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear Forais Cháiliúcháin agus eagraíochtaí Gaeilge	21
Qualifications Wales	1
Iomlán	59

Tábla 1.1. Forbhreathnú ar na rannpháirtithe sa bhailiú sonraí cáilíochtúla.

1.2 Cúrsaí Eitice

Rinneadh an taighde i gcomhréir le *Ethical Guidelines for Educational Research* (2024) de chuid an British Educational Research Association (BERA). Fuarthas faomhadh eitice ó Choiste Eitice Taighde Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis. Cuireadh eolas mionsonraithe faoin staidéar ar fáil do na rannpháirtithe go léir agus thug siad toiliú feasach deonach sular ghlac siad páirt ann.

Cinntíodh rúndacht trí shonraí na rannpháirtithe a anaithnidiú. Stóráladh na sonraí go léir go slán ar fhreastalaithe criptithe a bhí cosanta le pasfhocail agus nach raibh rochtain orthu ach ag an fhoireann taighde.

1.3 Anailís ar na Sonraí

Fuarthas n= 209 freagra san iomlán ar ‘Shuirbhé na nDaltaí Gaelscolaíochta’ agus n= 15 freagra ar ‘Shuirbhé na bhFoghlaimeoirí Gairmoideachais trí Ghaeilge’. Rinneadh anailís thuairisciúil ar shonraí an dá shuirbhé (ina raibh ceisteanna faoi uaillmhianta na bhfoghlaimeoirí, a bhfeasacht ar ghairmchonairí agus ar chonairí oiliúna, a ndearcthaí ar inrochtaineacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, a muinín as roghanna dul chun cinn agus cáilíocht an eolais, na comhairle agus na treorach a fuair siad) le torthaí achoimre a chur ar fáil, lena n-áirítear torthaí

déimeagrafacha. Ina dhiaidh sin, rinneadh anailís dhé-athráideach ar shuirbhé na ndaltaí le ceangail nó treochtaí idir na príomh-athróga a fhiosrú, agus béim ar chomparáidí inscne agus bliainghrúpa. Ní dhearnadh anailís dhé-athráideach ar shuirbhé na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais trí Ghaeilge mar gheall ar shamplamhéid beag. Cuireadh scóráil ualaithe na gceisteanna a raibh cúig phointe scála Likert ag baint leo i bhfeidhm san anailís thuairisciúil agus san anailís dhé-athráideach araon, mar a shonraítear i gcodanna na hanailíse ar na suirbhéanna. Ar deireadh, rinneadh anailís théamach ar na freagraí ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé, agus focail agus frásaí athráiteacha/coitianta le léargas breise a fháil ar dhearcthaí na bhfoghlaimeoirí agus le tacú le léirmhíniú na dtorthaí cainníochtúla.

Rinneadh tras-scríobh iomlán ar na sonraí cáilíochtúla go léir ó na hagallaimh agus ó na grúpaí fócais agus rinneadh anailís orthu trí chur chuige téamach. Trí phróiseas atriallach códaithe, tháinig 6 phríomhthéama chun cinn a léirigh eispéiris chomhroinnte na rannpháirtithe, na baic a measadh a bheith ann agus na tosaíochtaí maidir le soláthar gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann a fheabhsú.

1.4 Teorainneacha an Taighde

Tá roinnt teorainneacha ag baint leis an staidéar seo. Ar an chéad dul síos, bhí an ráta freagartha ar ‘Shuirbhé na bhFoghlaimeoirí Gairmoideachais trí Ghaeilge’ measartha íseal, rud is dócha a léiríonn an fháil theoranta atá ar an chineál sin soláthair i dTuaisceart Éireann. Chuir an tréimhse ama a bhí ar fáil le sonraí a bhailiú teorainneacha leis an taighde fosta, mar ní raibh ach coicís ag na scoileanna le suirbhé a chomhlánú. Ní bhfuarthas freagra ar bith ó na trí aonad nó sruth Gaeilge atá lonnaithe in iar-bhunscoileanna Béarla, rud a chiallaíonn go bhfuil torthaí shuirbhé na scoileanna bunaithe go huile agus go hiomlán ar an dá iar-bhunscoil Ghaeilge saorsheasaimh, rud a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar ionadaíochas na dtorthaí. Chomh maith leis sin, níorbh fhéidir agallaimh a shocrú ach le páirtithe leasmhara a bhí ar fáil roimh dheireadh Mhárta 2026.

Caibidil 2: Anailís ar Dhoiciméid agus ar Bheartais: Tuaisceart Éireann

Scrúdaítear sa chaibidil seo an comhthéacs beartais agus reachtaíochta a bhaineann leis an Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann, agus béim ar leith ar rochtain foghlaimeoirí ar ghairmchonairí agus ar ghairmcháilíochtaí. Tugtar léargas inti ar fhás earnáil na Gaelscolaíochta, an t-éileamh méadaitheach ar sholáthar oideachais, agus na príomhchreataí beartais agus reachtaíochta atá mar bhonn faoi fhorbairt na hearnála. Scrúdaítear ansin creataí gairmcháilíochtaí i dTuaisceart Éireann, sula bhfiosraítear na cinn a bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta orthu faoi láthair. Ar deireadh, sainaithnítear na príomhbhaic ar rochtain ar ghairmchonairí trí Ghaeilge agus leagtar béim ar na bearnaí atá sa tsoláthar trí Ghaeilge sa réimse seo faoi láthair.

2.1 Cúlra agus Comhthéacs

2.1.1 Fás na Gaelscolaíochta

Tá an t-éileamh ar an Ghaelscolaíocht ag dul i méid ar fud Thuaisceart Éireann, áit a n-aithnítear anois gurb í an earnáil is mó fás san oideachas í (O'Boyle et al., 2023). Tugtar le fios i dtuarascáil a foilsíodh le gairid ó Altram, an phríomheagraíocht réigiúnach a chuireann oideachas na luathbhlianta trí Ghaeilge chun cinn i dTuaisceart Éireann, go léiríonn fás na Gaelscolaíochta muinín mhéadaitheach tuismitheoirí as an dátheangachas agus as na buntáistí cultúrtha, cognaíocha agus sóisialta a bhaineann leis an tumoideachas, go háirithe ó aois an-óg (Altram, 2025). Tá na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas agus leis an oideachas dhátheangach doiciméadaithe go maith, agus tá fianaise ann ar thorthaí dearfacha oideachais in earnáil na Gaelscolaíochta, go háirithe ó thaobh feidhmíochta acadúla de (Gilleece et al., 2012).

Tá fás na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann le feiceáil in earnáil na luathbhlianta, earnáil a bhfuil ról ríthábhachtach aici i gcur chun cinn agus i gcothú na Gaeilge trí pháistí a thumadh i dtimpeallacht dhátheangach ó aois an-óg. Tuairiscíonn Altram go bhfuil ró-éileamh ar 41% de sholáthraithe na hearnála seo, rud a thugann le fios nach bhfuil dóthain áiteanna ar fáil le freastal ar an éileamh i roinnt réigiún (Altram, 2025, lgh 14–15). Taobh amuigh de sholáthar na luathbhlianta, tá treochtaí den chineál chéanna le feiceáil ar fud an chórais scoileanna, agus tá méadú tagtha ar líon na scoileanna Gaeilge fosta; de réir na Roinne Oideachais (RO) (2025), tá 28 bunscoil Ghaeilge saorsheasaimh agus 7 n-aonad, mar aon le 2 iar-bhunscoil Ghaeilge saorsheasaimh agus 3 aonad. Tá 46 ionad naíscolaíochta trí Ghaeilge ar fud

Thuaisceart Éireann fosta, lena n-áirítear 23 ionad deonach/príobháideach agus 23 ionad reachtúil (Purdy et al., 2025, lch 12).

Tuarann Comhairle na Gaelscolaíochta (2023) go leanfaidh líon na ndaltaí atá ag clárú de bheith ag fás, agus meastar go n-ardóidh líon na ndaltaí ag leibhéal na bunscoile ó 4,664 in 2022/23 go 5,462 in 2027/28. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, meastar go n-ardóidh líon na ndaltaí ó 1,746 go 2,494 thar an tréimhse chéanna. I nGaelcholáiste Dhoire i nDún Geimhin, mar shampla, tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí ó 16 in 2015 go 350 in 2025, agus meastar go mbeidh 600 ann faoi 2030 (Gaelcholáiste Dhoire, 2025). Tá an fás seo neartaithe arís trí leathnú ar sholáthar na Gaeilge mar ábhar sna scoileanna, agus tá céatadán na scoileanna a chuireann Gaeilge ar fáil ardaithe ó 35% in 2023 go 41.9% in 2025 (Duff & Collen, 2025, lch 35). Is fiú a thabhairt faoi deara go luaitear fosta sa tuarascáil *Tús Cothrom* go bhfuil cion níos airde de dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus oideachasúil in earnáil na Gaelscolaíochta agus céatadán níos airde daltaí ar chlár na sainriachtanas oideachais (22.4%) ná mar atá i scoileanna Béarla (19.3%) (Purdy et al., 2021, lch 66).

Léiríonn na treochtaí seo go bhfuil fás leanúnach ar an tsoláthar trí Ghaeilge, agus impleachtaí suntasacha ann d'acmhainneacht, do sholáthar acmhainní agus do chonairí dul chun cinn. Mar shampla, beidh tionchar ag fás na scoileanna Gaeilge ar oideachas príomhshrutha agus ar ghairmoideachas araon, rud a fhágfaidh go mbeidh gá le méadú ar líon na gcéimithe san Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM). Tugann réamh-mheastacháin a rinneadh le gairid le fios go mbeidh gá le 41 céimí OTM don Ghaelscolaíocht sa bhliain ag leibhéal na bunscoile agus 27 ag leibhéal na hiar-bhunscoile faoi 2027/28 (Comhairle na Gaelscolaíochta, 2023). Tá béim leagtha ag Purdy et al. (2025) ar thábhacht an mhéid sin agus tá straitéisí leagtha amach acu i ndlínsí eile, lena n-áirítear Albain, an Bhreatain Bheag, Poblacht na hÉireann agus Tír na mBascach, le tacú le múinteoirí tumoideachais a earcú agus a choinneáil.

2.1.2 Creataí don Ghaeilge

Tá fás an tsoláthair trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann i measc aoisghrúpaí éagsúla ag tarlú taobh istigh de chreat beartais áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann Comhaontú Aoine an Chéasta 1998 (GFA) creat tábhachtach polaitiúil agus dlíthiúil ar fáil le teangacha mionlaigh, an Ghaeilge ina measc, a chosaint i dTuaisceart Éireann. Aithnítear sa Chomhaontú ceart na bpobal a dteanga féin a úsáid agus a gcultúr féin a chaomhnú, rud atá ina bhunchloch thábhachtach don Ghaelscolaíocht agus do thionscnaimh chultúrtha ghaolmhara. Tacaíonn sé fosta le cur chun cinn na Gaeilge sa tsaol phoiblí, lena n-áirítear í a chuimsiú i mbeartas rialtais, creataí oideachais agus

cláir phobail. Léiríodh seo i ngealltanas Chomhaontú Aoine an Chéasta *“dualgas reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais chun oideachas trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a éascú de réir na socruithe láithreacha don oideachas comhtháite”* (GFA, 1998).

Daingníodh an dualgas reachtúil seo maidir le tacú leis an Ghaelscolaíocht ina dhiaidh sin in Airteagal 89 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998. Deirtear san Ordú seo go mbeidh sé *“de dhualgas ar an Roinn forbairt na Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú”.* Tacaítear leis an dualgas seo fosta trí obair leanúnach an Údaráis Oideachais (UO) i dTuaisceart Éireann (Údarás Oideachais, 2024). Bhunaigh an Roinn Oideachais Comhairle na Gaelscolaíochta in 2000 fosta. Is í an Chomhairle an comhlacht ionadaíoch oifigiúil don Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann agus cuireann sí an Ghaelscolaíocht chun cinn, éascaíonn sí í agus spreagann sí í sa naíscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht.

Sa chomhaontú *Ré Nua, Cur Chuige Nua* in 2020, tugadh gealltanas fosta soláthar na Gaeilge i dTuaisceart Éireann a neartú trí chosaint reachtach a thabhairt isteach, ceapachán Coimisinéara Gaeilge a mholadh agus straitéis 20 bliain a fhorbairt. Achtaíodh na gealltanais seo tríd an Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022. Tugtar aitheantas reachtach breise don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann leis an Acht seo agus bunaíodh an Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúrtha leis an éagsúlacht a chur chun cinn. Bunaíodh post an Choimisinéara Gaeilge leis fosta leis an Ghaeilge a chosaint agus a húsáid a fheabhsú, d’fhonn infheictheacht na Gaeilge sa tsaol phoiblí a neartú. Ceapadh an chéad Choimisinéir Gaeilge, an Dr Pól Deeds, i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Bhunaigh an Roinn Pobal (DfC) i dTuaisceart Éireann Painéal Comhairleach Saineolaithe (EAP) um Straitéis na Gaeilge fosta. Cuireadh de chúram ar an phainéal comhairle a thabhairt maidir leis an straitéis nua fhadtéarmach fiche bliain, mar a gealladh sa chomhaontú pholaitiúil *Ré Nua, Cur Chuige Nua* in 2020. Cuireadh béim i dtuarascáil an EAP, a foilsíodh in 2022, ar a thábhachtaí atá sé infreastruchtúr na Gaeilge a neartú, lena n-áirítear oideachas agus forbairt an lucht saothair. Mhol an EAP go háirithe *“go bhforbródh an Roinn Pobal Acadamh Gaeilge mar chuid de straitéis ar bith”*, (lch 93), le tacú le forbairt an lucht saothair, deiseanna eacnamaíocha agus fhás an tsoláthair Gaeilge in earnálacha éagsúla. Déantar tagairt fhollasach do ghairmcháilíochtaí sa tuarascáil fosta, mar gur leagadh béim i moltaí an EAP ar an ghá le *“soláthar breise gairmchúrsaí a fhorbairt i gcomhar le Gaelchúrsaí”* (lch 78). Go sonrach, mhol an painéal an méid seo a leanas:

“Ba cheart freastal ar fhoghlaim ghairme trí Ghaeilge, bunaithe ar an éileamh áitiúil. Ba cheart measúnú ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a éascú fosta” (lch 64).

Leagtar béim bhreise ar a thábhachtaí atá sé gairmcháilíochtaí a fhorbairt in earnáil na Gaelscolaíochta sa *Skills Action Plan* de chuid na Roinne Geilleagair (DfE), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025. Is creat beartais straitéisigh trí bliana é an *Skills Action Plan* a bhfuil sé mar aidhm aige córas scileanna Thuaisceart Éireann a fhorbairt agus a neartú agus dul i ngleic le dúshláin mhargadh an tsaothair. Tá sé mar aidhm ag an phlean lucht saothair Thuaisceart Éireann a neartú trí oideachas, oiliúint agus forbairt scileanna a ailíniú níos dlúithe le riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe sna hearnálacha atá ag teacht chun cinn agus mar fhreagairt ar aistrithe teicneolaíochta agus timpeallachta. Dírítear ann ar thrí phríomhthéama: comhoibriú le comhpháirtithe sa tionsclaíocht agus san oideachas le bealaí nua oibre a fhorbairt; feabhas a chur ar na córais scileanna trí thógáil ar an rath a bhí ar institiúidí, idirghabhálacha agus cláir; agus éiceachóras scileanna cuimsitheach atá dírithe ar an todhchaí a chruthú, a thugann cumhacht do dhaoine aonair agus a thacaíonn le claochlú eacnamaíoch.

Is gealltanas tábhachtach sa phlean seo é taighde a choimisiúnú ar chreidiúnú trí Ghaeilge agus ar chórais tacaíochta d’fhoghlaimeoirí faoi mhí an Mheithimh 2026. Is é aidhm an taighde seo na baic a d’fhéadfadh a bheith roimh fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar ghairmchonairí a shainaithint agus rochtain chothrom ar cháilíochtaí a chinntiú. Léiríonn sé seo na hábhair imní atá ann gur dearadh an córas scileanna go príomha le freastal ar sholáthar trí Bhéarla go stairiúil, go háirithe i réimsí amhail coláistí breisoideachais (FE), printíseachtaí agus cáilíochtaí teicniúla. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh baic struchtúracha a bheith roimh fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta agus iad ag aistriú ón Ghaelscolaíocht chuig gairmchonairí. Gealltar sa phlean fosta go ndéanfaidh an Roinn Geilleagair scrúdú ar an dóigh ar féidir le foghlaimeoirí a fuair a gcuid oideachais trí Ghaeilge páirt iomlán a ghlacadh sa bhreisoideachas, printíseachtaí agus bealaí eile oiliúna teicniúla. Léirítear é seo sa bhéim a leagtar sa tuarascáil ar an ghá le

“tacú leis an uaillmhian rochtain chothrom ar scileanna agus ar cháilíochtaí a chinntiú [agus] an bonn fianaise a fhorbairt maidir leis na baic atá roimh fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta. Áireofar leis seo tagarmharcáil ar shamhlacha creidiúnaithe agus tacaíochta d’fhoghlaimeoirí i limistéir inchomparáide.” (DfE, 2025, lch 18)

Léiríonn na forbairtí seo go bhfuil aitheantas méadaitheach á thabhairt don ghá le foghlaimeoirí Gaelscolaíochta a chomhtháthú go hiomlán i dtionscnaimh forbartha scileanna ar fud Thuaisceart Éireann. Maidir leis an taighde seo, dúirt an tAire Geilleagair, an Dr Caoimhe Archibald, an méid seo a leanas: *"Ní mór dúinn tacú le foghlaimeoirí Gaelscolaíochta agus leis an uaillmhian rochtain chothrom ar scileanna agus ar ghairmchonairí a chinntiú"* (DfE, 2026).

Cé go léiríonn na creataí beartais seo aitheantas méadaitheach d'earnáil na Gaelscolaíochta agus don ghá le tacú le foghlaimeoirí ar chonairí oideachais agus fostaíochta, léiríonn siad dúshláin struchtúracha leanúnacha fosta. Go háirithe, tarraingítear aird i roinnt creat ar bhearnaí maidir le fáil ar ghairmcháilíochtaí agus ar chonairí creidiúnaithe trí Ghaeilge. D'ainneoin leathnú an réimse beartais, níl sé soiléir go fóill cé chomh mór agus a thagann deiseanna cothroma gairmoideachais d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta as na gealltanais seo, agus is beag fiosrú atá déanta ar an cheist. Dá bhrí sin, scrúdaítear sna codanna seo a leanas staid reatha an ghairmoideachais i dTuaisceart Éireann, sula ndírítear go sonrach ar na deiseanna atá ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta gairmcháilíochtaí a bhaint amach, agus aird ar leith á tabhairt ar bhealaí chun cinn agus ar na baic a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rannpháirtíocht agus ar ghnóthachtáil.

2.2 Creataí Gairmcháilíochtaí

Is cáilíochtaí a bhaineann le hobair iad gairmcháilíochtaí, atá deartha le scileanna a bhaineann le poist ar leith a fhorbairt agus a mheasúnaítear go príomha trí mhodhanna praiticiúla seachas modhanna acadúla. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le rannpháirtíocht a leathnú trí roghanna eile a chur ar fáil seachas na conairí acadúla traidisiúnta agus trí thacú le réimse níos leithne de riachtanais, sainroghanna agus cumais foghlaimeoirí. Tá tábhacht ar leith le bealaí obairbhunaithe, amhail printíseachtaí, mar go gceanglaíonn siad fostaíocht le hoiliúint agus go gcuireann siad conair atá níos inrochtana ó thaobh airgid de ar fáil chuig gairmeacha oilte.

Sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, tá béim mhéadaitheach á leagan i mbeartais ar ghairmchonairí a neartú taobh leis na bealaí acadúla traidisiúnta. Tugann Bloomer et al. (2022) forbhreathnú comparáideach ar chreataí gairmcháilíochtaí i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, ag leagan béim ar éagsúlacht na struchtúr, na mbeartas agus na mbealaí chun cinn sna dlínsí seo. Dírítear go sonrach sa chuid seo ar an chreat atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann.

2.2.1 Tuaisceart Éireann

I dTuaisceart Éireann, is príomh-mheicníocht iad gairmcháilíochtaí le tacú le conairí agus dul chun cinn malartach i ndiaidh an oideachais éigeantaigh. Cuireann na cáilíochtaí seo ar chumas foghlaimeoirí scileanna a fhorbairt atá ag teacht le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus cuireann siad foghlaim ar feadh an tsaoil agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn (Purdy et al., 2022). Tá an soláthar struchtúrtha faoin Chreat Cáilíochtaí Rialáilte (RQF), a tugadh isteach in 2015 in áit an Chreata Cáilíochtaí agus Creidmheasanna (QCF). Cuimsíonn an RQF cáilíochtaí ó Leibhéal Iontrála go Leibhéal 8, agus tá siad catagóirithe de réir leibhéil (deacrachta) agus méide (am foghlama treoraithe) (Ofqual, 2015; DfE, 2024). Feidhmíonn an creat seo taobh le córais chreidiúnaithe a choinnítear ar bun go háitiúil, ós í an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA Regulation) a dhéanann maoirseacht ar ghairmcháilíochtaí i dTuaisceart Éireann. Is é CCEA Regulation an rialálaí ar na gairmcháilíochtaí uile a chuirtear ar fáil i gcoláistí breisoideachais, eagraíochtaí oiliúna agus scoileanna i dTuaisceart Éireann (Bloomer et al., 2022). Cinntíonn sé go gcomhlíonann eagraíochtaí cáiliúcháin na ceanglais maidir le cáilíocht agus caighdeáin, agus feidhmíonn sé taobh istigh de pharaiméadair na gcáilíochtaí creidiúnaithe, mar a leagtar amach i gcomhad Northern Ireland Entitlement Framework Qualifications Accreditation Number (NIEFQAN) (liosta na gcáilíochtaí atá ceadaithe lena n-úsáid faoin Chreat Teidlíochta, atá á bhainistiú ag an Roinn Oideachais).

I measc na ngairmcháilíochtaí coitianta i dTuaisceart Éireann, tá Gairmcháilíochtaí Náisiúnta (CNGanna), BTEC agus dámhachtainí teicniúla, chomh maith le printíseachtaí, a chuireann oiliúint struchtúrtha ar fáil atá obairbhunaithe. Cuirtear iad seo ar fáil ó Leibhéal Iontrála go Leibhéal 8, agus cuireann cláir Leibhéil Iontrála pointí tábhachtacha rochtana ar fáil d'fhoghlaimeoirí nach ndeachaigh chun cinn trí chonairí acadúla traidisiúnta agus nach bhfuil réidh go fóill le tabhairt faoi staidéar ag Leibhéal 1. Áirítear leo seo luathfhágálaithe scoile, daoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas agus daoine a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Dírítear sna cláir seo ar litearthacht, uimhearthacht, infhostaitheacht agus forbairt phearsanta, agus tá sé i gceist acu tacú le dul chun cinn chuig tuilleadh foghlaim gairme (Purdy et al., 2022; Bloomer et al., 2022). Tá an dul chun cinn trí Leibhéil 1–3 seanbhunaithe i dTuaisceart Éireann fosta, agus dioplómaí gairme, soláthar Scileanna Riachtanacha agus printíseachtaí i gcroílár an chórais. Tá leathnú tagtha fosta le blianta beaga anuas ar an tsoláthar ag leibhéil níos airde (Leibhéil 4 agus 5), trí Bhonnchéimeanna, Ardteastais Náisiúnta (HNCanna), Ard-Dioplómaí Náisiúnta (HNDanna) agus Printíseachtaí Ardleibhéil (HLAnna) (DfE, 2024).

Tá ról lárnach ag cláir foghlama obairbhunaithe maidir le bheith ag tacú le dul chun cinn sa ghairmoideachas. Cuireann NI Traineeships, mar shampla, deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine taithí oibre a fháil agus scileanna infhostaitheachta agus bunscileanna, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic, a fhorbairt ag an am chéanna. De ghnáth, tógann sé idir bliain agus dhá bhliain na cláir seo a chríochnú, agus dírítear go príomha iontu ag Leibhéal 2, agus é mar aidhm acu foghlaimeoirí a ullmhú d'fhostaíocht leanúnach nó le dul ar aghaidh chuig staidéar ar Leibhéal 3. Tacaítear tuilleadh leis an fhoghlaim obairbhunaithe trí Apprenticeships NI, eagraíocht a chuireann fostaíocht íoctha, oiliúint ar an láthair oibre agus staidéar foirmiúil le chéile. Cé go ndírítear ar fhorbairt scileanna bunleibhéil sna cláir oiliúna, cuireann printíseachtaí gairmchonairí struchtúrtha ar fáil chuig fostaíocht leanúnach, rud a chuireann ar chumas daoine airgead a shaothrú agus iad ag foghlaim. D'fhéadfadh fad printíseachtaí a bheith idir dhá bhliain agus sé bliana, agus cuirtear cáilíochtaí ar fáil iontu ó Leibhéal 2 go HLAnna (Leibhéal 4 agus os a chionn) (DfE, 2024).

Ó thaobh an chomhthéacs oideachais de, léiríonn tionscnaimh bheartais i dTuaisceart Éireann tiomantas leanúnach do leathnú na rochtana ar an réimse gairmchonairí seo. Dearadh Creat Teidlíochta[1] na Roinne Oideachais, mar shampla, a théann siar go 2006, lena chinntiú go mbeadh rochtain ag gach foghlaimeoir ar churaclam leathan cothrom, lena n-áirítear roghanna gairmoideachais. Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, tá ceanglas ar iar-bhunscoileanna faoin Chreat seo rochtain ar 21 chúrsa ar a laghad a chur ar fáil do dhaltaí ag gach céim, le cothromaíocht idir roghanna ginearálta (acadúla) agus roghanna feidhmeacha (gairmoideachais) (DE, 2025). Cuirtear iad seo ar fáil de ghnáth i gcomhar leis na sé choláiste breisoideachais i dTuaisceart Éireann agus leis an Choláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontraíochta Tuaithe (CAFRE), chomh maith le soláthraithe príobháideacha oiliúna, fostóirí agus institiúidí ardoideachais (HE) (DfE, 2024). Cé gur dearadh an breisoideachas ar dtús le bheith mar chomhlánú ar an oideachas acadúil iar-bhunscoile, tá ról lárnach aige anois in oideachas agus oiliúint a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair agus i dtacú leis an fhorbairt eacnamaíoch. Tá na coláistí seo ina bpríomh-idirghabhálaithe idir an rialtas, fostóirí agus foghlaimeoirí, agus bítear ag súil leis go bhfreagraíonn siad go gasta do riachtanais mhargadh an tsaothair chomh maith le bheith ag tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach (DfE, 2024; Purdy et al., 2022).

Trí thionscnaimh bheartais eile, rinneadh iarracht feasacht agus comhleanúnachas a fheabhsú ar fud conairí oideachais agus oiliúna i dTuaisceart Éireann. Ina measc seo,

[1]Creat Teidlíochta, an Roinn Oideachais. Ar fáil ag: https://www.education-ni.gov.uk/articles/entitlement-framework

tá iar-chreat beartais na Roinne Geilleagair dar teideal *A 10X Economy* (DfE, 2021), inar díríodh ar infheistíocht i bhforbairt scileanna agus inar aithníodh an ról lárnach a bheadh ag *"na coláistí breisoideachais agus ollscoileanna den chéad scoth atá againn, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an tionsclaíocht"* (lch 26) in ullmhú an lucht saothair don todhchaí. Tugadh tús áite san fhís seo do ghairmoiliúint, printíseachtaí agus cáilíochtaí Leibhéal 3+ i réimsí na teicneolaíochta digití, na hinnealtóireachta agus na dteicneolaíochtaí glasa. Foilsíodh comhchreat beartais de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Geilleagair in 2022 dar teideal *Developing a More Strategic Approach to 14-19 Education and Training: A Framework to Transform 14-19 Education and Training Provision* (DE/DfE, 2022), a bhí dírithe fosta ar an oideachas a chlaochlú trí chomhpháirtíochtaí a neartú, conairí gairme a fheabhsú agus oiliúint a ailíniú le riachtanais eacnamaíocha. Cuireadh béim den chineál chéanna i dtuarascáil deiridh an Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas, a foilsíodh i mí na Nollag 2023 (*Infheistiú i dTodhchaí Níos Fearr*), ar thábhacht na ngairmchonairí agus rogha níos leithne curaclaim a chur chun cinn in iar-bhunscoileanna, le roghanna praiticiúla/gairmoideachais san áireamh, agus moladh "cúrsaí réamhghairme" a fhorbairt ó aois 14 bliana amach (lch 44).

Tá an bhéim seo ar ghairmcháilíochtaí, mar aon leis an bhéim níos leithne ar scileanna agus ar riachtanais mhargadh an tsaothair, le feiceáil fosta i dtionscnaimh bheartais eacnamaíocha níos déanaí. Tá sé mar aidhm ag an *Sub-Regional Economic Plan* nua, a d'fhoilsigh an Roinn Geilleagair agus Invest NI i mí Dheireadh Fómhair 2024 (DfE/Invest NI, 2024), dul i ngleic le héagothromaíochtaí eacnamaíocha ar fud an réigiúin agus táirgiúlacht agus deiseanna fostaíochta a mhéadú. Leagtar béim sa tuarascáil ar scileanna gairmiúla agus teicniúla a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais gnólachtaí áitiúla agus foghlaimeoirí. Tacaíonn cláir amhail an Skills Fund, a fhaigheann tacaíocht go príomha ón Roinn Geilleagair, le tionscnaimh uasoiliúna agus athoiliúna le freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus le deiseanna gairme a fheabhsú. Áirítear leis seo tionscnaimh amhail Skills Academies agus an clár Skill Up, a chuireann cúrsaí oiliúna creidiúnaithe saor in aisce ar fáil do dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus atá i dteideal a bheith ag obair i dTuaisceart Éireann. Mar a luadh thuas, leagtar béim bhreise in *Skills Action Plan* na Roinne Geilleagair, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025, ar fhorbairt an lucht saothair i dTuaisceart Éireann trí oiliúint phraiticiúil. Is creat beartais straitéisigh trí bliana é an plean seo a bhfuil sé mar aidhm aige córas scileanna Thuaisceart Éireann a fhorbairt agus a neartú agus dul i ngleic le dúshláin mhargadh an tsaothair. Tá sé mar aidhm ag an phlean lucht saothair Thuaisceart Éireann a neartú trí oideachas, oiliúint agus forbairt scileanna a ailíniú níos dlúithe le riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe sna

hearnálacha atá ag teacht chun cinn agus mar fhreagairt ar aistrithe teicneolaíochta agus timpeallachta.

Léiríonn na tionscnaimh bheartais a luaitear sa chuid seo, dá bhrí sin, go bhfuil béim mhéadaitheach á leagan ar ghairmoideachas agus ar oideachas teicniúil i dTuaisceart Éireann mar ghnéithe lárnacha d'fhorbairt eacnamaíoch agus den tacaíocht d'fhoghlaimeoirí atá ag leanúint conairí neamhacadúla.

2.2.2 Dearcthaí ar Ghairmcháilíochtaí

Cé go bhfuil leathnú tagtha ar chreataí beartais do ghairmchonairí agus do chonairí malartacha, tá na dálaí ina mbíonn foghlaimeoirí ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí na bealaí seo míchothrom agus casta go fóill, agus tá patrúin shóisialta ag baint leo. I dTuaisceart Éireann, tá méadú mór tagtha ar líon na ngairmcháilíochtaí agus na soláthraithe, rud a d'fhág réimse ar minic nach mbíonn treoir shoiléir ar fáil ann. Dá bhrí sin, is é an taithí atá ag foghlaimeoirí, tuismitheoirí, fostóirí agus fiú gairmithe ardoideachais go forleathan go bhfuil an córas ilroinnte agus gur deacair a mbealach a dhéanamh tríd. D'fhiosraigh Purdy et al. (2022, lch 118), mar shampla, réimse casta na gcáilíochtaí ag Leibhéil 4 agus 5 i dTuaisceart Éireann, agus fuarthas amach gur minic feasacht agus tuiscint an-íseal ar na cáilíochtaí seo. Fuair siad amach fosta go gcuireann líonmhaireacht na gcáilíochtaí, an mearbhall a bhaineann leis an téarmaíocht a úsáidtear agus easpa córas uilíoch láraithe d'iarratais agus d'iontráil, a bheadh inchurtha le córas UCAS d'iontráil ollscoile, leis an easpa feasachta agus tuisceana seo. Tá na dúshláin a bhaineann le feasacht agus tuiscint ar an réimse gairmoideachais níos ginearálta le feiceáil fosta i dtuarascáil deiridh an Athbhreithnithe Neamhspleách ar Oideachas, a foilsíodh i mí na Nollag 2023 (*Infheistiú i dTodhchaí Níos Fearr*), ina ndeirtear: *"Tá líon an-mhór cáilíochtaí gairme in úsáid, rud a fhágann go bhfuil mearbhall forleathan ann"* (lch 44). Éilíodh ina dhiaidh sin sa tuarascáil comhlacht nua measúnaithe agus cáilíochtaí *"le hathbhreithniú a dhéanamh ar an staid reatha go luath agus é mar aidhm aige an córas a shimpliú"* (lch 44).

Tugtar le fios sa taighde fosta go meastar go fóill gur lú an gradam a bhaineann le gairmcháilíochtaí ná le conairí acadúla, agus go neartaíonn castacht an chórais agus an easpa soiléireachta na dearcthaí sin. Fuair Purdy et al. (2022, lch 98) amach, mar shampla, in ainneoin na mbuntáistí praiticiúla a bhaineann leo agus na rátaí arda sástachta i measc foghlaimeoirí, gur minic a mheastar nach bhfuil bealaí gairmoideachais chomh tarraingteach ar dtús le roghanna acadúla traidisiúnta. Léiríonn na dearcthaí sin an 'stiogma' a bhaineann le gairmoideachas agus le gairmchonairí, agus is minic a bhreathnaítear ar ghairmcháilíochtaí mar 'chéim ar

gcúl', cáilíochtaí ar lú an 'gradam' a bhaineann leo, nó 'Plean B' i gcomparáid le conairí acadúla traidisiúnta (Purdy et al., 2022). Bíonn tionchar ag tosca sóisialta agus cultúrtha ar na dearcthaí seo fosta. Leanann córais scoile ina ndéantar daltaí a roghnú, ionchais tuismitheoirí agus ordlathais acadúla sheanbhunaithe de thús áite a thabhairt do bhealaí acadúla traidisiúnta, agus cuirtear gairmchonairí i láthair mar rogha iarmharach nó mar rogha 'den dara grád'. Tugann Purdy et al. (2022, lch 112) le fios, mar shampla, go leanann cuid mhór scoileanna gramadaí de thús áite a thabhairt do bhealaí traidisiúnta neamh-ghairmoideachais trí ollscoil chuig fostaíocht. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cleachtais iontrála ollscoile leanúint de thús áite a thabhairt do thurais acadúla níos dírí, rud a chuireann srian leis an ghradam a mheastar a bheith ag baint le gairmchonairí, agus fuair Purdy et al. (2022, lch 10) amach go raibh éilimh ann ar níos mó soiléireachta maidir leis na cáilíochtaí a nglacann institiúidí ardoideachais leo agus/nó a dtugann siad tús áite dóibh.

Tá aitheantas níos mó á thabhairt do na dúshláin seo i dtionscnaimh bheartais i dTuaisceart Éireann le gairid, agus tá béim á leagan iontu ar a thábhachtaí atá sé cothroime urraime a chinntiú idir cáilíochtaí acadúla agus gairmcháilíochtaí. Sa *14-19 Framework* de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Geilleagair, a foilsíodh in 2022, mar shampla, tarraingíodh aird ar *"dhúshláin maidir le cothroime urraime idir cáilíochtaí"* (lch 20), go háirithe idir cáilíochtaí acadúla agus gairmcháilíochtaí, agus deirtear sa chreat gur *"gá dul i ngleic leo"* (lch 20). Ardaítear ábhair imní den chineál chéanna i dtuarascáil deiridh agus i bplean gníomhaíochta an tSainphainéil ar Thearcghnóthachtáil Oideachais (*Tús Cothrom*), inar tugadh faoi deara fosta *"easpa cothroime urraime (agus tuisceana) idir conairí acadúla agus gairme"* (Purdy et al., 2021, lch 24) agus inar iarradh *"athrú cultúir"* le go n-aithneofaí na buntáistí a bhaineann leis an dá chineál conaire. Moladh sa tuarascáil fosta feabhas a chur ar an chumarsáid maidir leis na conairí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine, lena n-áirítear *"eolas agus treoir ghairme a bheith feabhsaithe le cuidiú le foghlaimeoirí na cinntí is oiriúnaí a dhéanamh agus iad ag roghnú as na cáilíochtaí agus na conairí atá ar fáil"* (lch 24). I dtuarascáil deiridh an Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas (*Infheistiú i dTodhchaí Níos Fearr*), iarradh fosta *"cothroime urraime idir foghlaim acadúil agus foghlaim gairme"* (lch 50), lena chinntiú go dtabharfaí an meas céanna do ghairmcháilíochtaí agus a thugtar do bhealaí acadúla traidisiúnta.

Chomh maith leis sin, cé go bhfuil an rannpháirtíocht sa bhreisoideachas agus i ngairmchonairí measartha ard i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste, tá an dul chun cinn thar cháilíochtaí ar leibhéil níos ísle míchothrom go fóill. Is lú an seans go rachaidh foghlaimeoirí ó chúlraí lucht oibre, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta

acu agus foghlaimeoirí nach bhfuil taithí ag a dteaghlaigh ar oideachas iar-éigeantach ar aghaidh chuig bealaí gairmoideachais ardleibhéil nó ardoideachais, fiú nuair a bhíonn conairí foirmiúla ann (Purdy et al., 2022). Aithnítear seo sa *14-19 Framework* a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Geilleagair in 2022, ina luaitear go bhféadfadh dúshláin níos mó a bheith roimh dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu le linn na céime 14–19 dá n-oideachas agus iad ag iarraidh fostaíocht a fháil i ndiaidh dóibh a gcuid oideachais agus oiliúna a chríochnú.

Léiríonn fianaise ó chomhthéacsanna eile patrúin den chineál chéanna maidir leis na buntáistí a bhaineann leis na cáilíochtaí seo, chomh maith leis na dearcthaí diúltacha atá ann go fóill. Tarraingíonn Rodeiro agus Vitello (2023), mar shampla, aird ar fhianaise ó Shasana a léiríonn luach na ngairmcháilíochtaí agus an ról atá acu i dtacú leis an dul chun cinn chuig ardoideachas. Mar shampla, bhí ról suntasach ag cáilíochtaí BTEC i leathnú na rannpháirtíochta san ardoideachas i Sasana, go háirithe i measc mic léinn ó chomharsanachtaí ina bhfuil rátaí ísle rannpháirtíochta agus ó ghrúpaí eile atá faoi ghannionadaíocht (Kelly, 2017). Mar sin féin, is minic a mheastar go fóill i Sasana gur lú an meas a bhíonn ar ghairmchonairí ná ar bhealaí acadúla, rud a d'fhéadfadh daoine a chur ó pháirt a ghlacadh (Rodeiro & Vitello, 2023). Tá macalla na n-argóintí seo le fáil i saothar Bloomer et al. (2022) a tharraingíonn aird ar roinnt ábhair theannais taobh istigh de chreat na ngairmcháilíochtaí a leanann de bheith ag dul i bhfeidhm ar roghanna agus ar eispéiris foghlaimeoirí.

Cé go mbaineann an fhianaise seo go príomha le comhthéacsanna oideachais trí Bhéarla, leagann sí béim mar sin féin ar bhaic a d'fhéadfadh a bheith roimh fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta fosta, go háirithe maidir le gradam cáilíochtaí, soiléireacht conairí dul chun cinn agus rochtain ar ardoideachas. I gcomhthéacs Thuaisceart Éireann, is mó fós na dúshláin seo d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta, mar go mbíonn tionchar ar a ndul chun cinn ní hamháin ag tosca struchtúracha agus sóisialta, ach ag an fháil theoranta ar sholáthar gairmoiliúna trí Ghaeilge agus ag an easpa comhleanúnachais sa tsoláthar sin fosta. Déantar scrúdú níos mine ar na saincheisteanna seo sa chéad chuid eile.

2.3 Gairmchonairí trí Ghaeilge

Cé go bhfuil réimse leathan gairmcháilíochtaí ar fáil i dTuaisceart Éireann agus an réimse sin ag leathnú, tá an soláthar trí Ghaeilge thar a bheith teoranta go fóill ó thaobh réimse agus inrochtaineachta de, in ainneoin fhás leanúnach earnáil na Gaelscolaíochta. Faoi láthair, tá rogha theoranta ábhar ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ag leibhéal na hiar-bhunscoile, agus is beag rogha a bhíonn acu i

ndiaidh na scoile seachas an soláthar a chuireann Gaelchúrsaí agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ar fáil.

2.3.1 An Iar-bhunscoil

Aithníonn iar-bhunscoileanna gur príomhthosaíocht é fáil ar ghairmchonairí do dhaltaí Gaelscolaíochta a leathnú, agus iad ag iarraidh réimse éagsúil cúrsaí agus cáilíochtaí a chur ar fáil le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora. I bpáipéar a foilsíodh le gairid, áitíonn Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire, an dá iar-bhunscoil Ghaeilge saorsheasaimh i dTuaisceart Éireann, go bhfuil idirghabháil ghearrthéarmach agus athchóiriú straitéiseach níos fadtéarmaí, tríd an athbhreithniú ar cháilíochtaí faoi TransformED, de dhíth le dul i ngleic leis na bearnaí atá ann cheana (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026).

Dá bhrí sin, rinneadh iarrachtaí ag leibhéal na scoile dul i ngleic leis na bearnaí i soláthar gairmcháilíochtaí do dhaltaí Gaelscolaíochta. Tá caidreamh bunaithe ag Coláiste Feirste agus ag Gaelcholáiste Dhoire leis an eagraíocht cháiliúcháin Bhreatnach WJEC le blianta beaga anuas le líon beag cáilíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Mar sin féin, tugann an dá scoil le fios go bhfuil an soláthar seo teoranta ó thaobh réimse de go fóill agus nach bhfuiltear i ndiaidh dul i ngleic leis an easnamh níos leithne atá ann maidir le gairmcháilíochtaí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta. Tugtar le fios sa tuarascáil fosta go bhfuil ualach suntasach oibre ar mhúinteoirí go fóill, cé gur chuir an Roinn Oideachais maoiniú ar fáil do CCEA le cáilíochtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil do scoileanna Gaeilge. Áirítear leis seo freagracht as caidreamh le heagraíochtaí cáiliúcháin a bhainistiú, acmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus foghlaim ghairmiúil bhreise a dhéanamh le cáilíochtaí a sholáthar go héifeachtach (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026).

Tá cúrsaí maidir le fáil ar ghairmcháilíochtaí d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta imithe in olcas a thuilleadh de bharr gur tharraing Pearson (an eagraíocht cháiliúcháin) siar ó mhargadh na Gaelscolaíochta in 2020. Roimhe sin, bhí foghlaimeoirí ábalta A-leibhéil ghinearálta agus fheidhmeacha CCEA a chomhcheangal le réimse cáilíochtaí BTEC le conairí a chur in oiriúint dá réimsí suime agus dá spriocanna gairme. Tá cúngú suntasach tagtha ar an rogha churaclaim ó shin. Mar shampla, bhí fáil ag daltaí Bhliain 13 i gColáiste Feirste ar 19 gcáilíocht trí Ghaeilge in 2020 (12 ábhar fheidhmeacha agus 7 n-ábhar ghinearálta, lena n-áirítear na hábhair ghairmoideachais Staidéar Gnó, Taisteal agus Turasóireacht, Fáilteachas, Drámaíocht agus Staidéar Spóirt), i gcomparáid le 14 cháilíocht trí Ghaeilge in 2025

(7 n-ábhar fheidhmeacha agus 7 n-ábhar ghinearálta). Tharla an laghdú seo ar an tsoláthar fheidhmeach taobh le méadú ar líon na ndaltaí agus an t-éileamh, rud a chuir tuilleadh srianta ar roghanna na bhfoghlaimeoirí (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026). Is bac struchtúrach tábhachtach, atá mar bhonn leis na dúshláin seo, é an líon teoranta eagraíochtaí cáiliúcháin a chuireann gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge ar fáil. Mar shampla, cé go bhfuil réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ag CCEA, níl a soláthar cúrsaí gairmoideachais chomh cuimsitheach le soláthar eagraíochtaí eile amhail OCR (Gaelcholáiste Dhoire, 2025). Cuireann sé seo srian leis an rogha ábhar agus le deiseanna dul chun cinn, agus baineann sé an bonn de chuspóirí beartais níos leithne, lena n-áirítear rannpháirtíocht in Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) a mhéadú agus gnóthachtáil ag Leibhéil 2 agus 3 a fheabhsú (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026).

Tá impleachtaí suntasacha ag an fháil theoranta ar ghairmcháilíochtaí do choinneáil na bhfoghlaimeoirí agus dá ndul chun cinn. Léiríonn fianaise ó Choláiste Feirste go bhfuil laghdú tagtha ar rannpháirtíocht i ndiaidh 16 bliana d'aois, agus céatadán na ndaltaí a d'fhan san oideachas nó san oiliúint i ndiaidh Bhliain 14 ag titim ó 87% in 2020 go 63% in 2025. Ar an dóigh chéanna, tá an ráta coinneála idir Bliain 12 agus Bliain 13 laghdaithe ó 80% go 62.3% thar an tréimhse chéanna. Tugann na treochtaí seo le fios gur dócha gur toisc shuntasach é an soláthar teoranta gairmoideachais a théann i bhfeidhm ar chinntí foghlaimeoirí an Ghaelscolaíocht a fhágáil i ndiaidh 16 bliana d'aois. Lena chois sin, bíonn ar dhaltaí áirithe taisteal chuig scoileanna Béarla faoi láthair le cúrsaí áirithe a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar leanúnachas an tumoideachais dóibh (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026; Gaelcholáiste Dhoire, 2025).

2.3.2 Gaelchúrsaí

Is fiontar sóisialta neamhbhrabúis é Gaelchúrsaí atá lonnaithe in Iarthar Bhéal Feirste agus a chuireann gairmoideachas, breisoideachas agus oiliúint chreidiúnaithe ar fáil trí Ghaeilge amháin d'fhoghlaimeoirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine. Bhí Gaelchúrsaí mar chuid de Belfast Met roimhe seo, ach bhog an eagraíocht go háitreabh dá cuid féin in 2011 mar fhreagairt ar an éileamh mhéadaitheach ar oideachas trí Ghaeilge do dhaoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine agus do dhaoine fásta. Tá ról suntasach ag an eagraíocht anois i bhforbairt réimse soláthair nach raibh a sháith forbartha déanta air roimhe seo, go háirithe maidir le gairmoiliúint agus oiliúint scilbhunaithe, trína chur ar chumas foghlaimeoirí leanúint lena bhforbairt oideachais agus ghairmiúil trí Ghaeilge. Cé go bhfuil réimse na gcúrsaí a chuireann an eagraíocht seo ar fáil

measartha teoranta go fóill, cuireann sé bunchloch ar fáil mar sin féin le tuilleadh forbartha a dhéanamh sa réimse seo. Cuireann Gaelchúrsaí roinnt seirbhísí forrochtana ar fáil i gceantair eile ar fud Thuaisceart Éireann fosta. Mar sin féin, tá an soláthar seo teoranta ó thaobh méid de agus is féidir go mbíonn sé deacair é a sholáthar go seasmhach de bharr srianta acmhainneachta.

Déanann an eagraíocht speisialtóireacht i soláthar oiliúna atá dírithe ar ghairmeacha, agus tacaíonn sí le dul chun cinn chuig fostaíocht in earnáil na Gaelscolaíochta. Díríonn Gaelchúrsaí ar dhaoine óga agus ar dhaoine fásta ar mian leo athoiliúint a dhéanamh, agus cuireann sé teagasc agus meantóireacht shaincheaptha ar fáil dóibh, agus béim láidir ar fhorbairt phearsanta agus ar ullmhacht chun gairme. Oibríonn an eagraíocht i gcomhpháirtíocht le OCN NI le cáilíochtaí creidiúnaithe a sholáthar agus comhoibríonn sí go dlúth le líonraí áitiúla Gaeilge. Tá ceangal seanbhunaithe ag an eagraíocht fosta leis an iar-bhunscoil Ghaeilge in aice láimhe, Coláiste Feirste, le gairmcháilíochtaí agus cúrsaí a chur ar fáil do dhaltaí atá 16 bliana d'aois nó níos sine, ionas go mbeidh deis acu staidéar a dhéanamh orthu in éineacht le hábhair A-leibhéil eile.

Cuireann Gaelchúrsaí cúrsaí praiticiúla atá dírithe ar fhostaíocht ar fáil a chuireann ar chumas foghlaimeoirí cáilíochtaí gairmiúla a bhaint amach trí Ghaeilge, agus fócas soiléir á choinneáil acu ar na gairmchonairí atá roghnaithe acu. Tá an oiliúint uile deartha le freastal ar riachtanais cainteoirí Gaeilge i réimse earnálacha, agus le tacú le húsáid leanúnach na teanga i gcomhthéacsanna gairmiúla agus san ionad oibre. I measc na gcúrsaí a chuireann Gaelchúrsaí ar fáil, tá: Garchabhair (Garchabhair san Ionad Oibre, Leibhéal 2, Bunghnéithe na Garchabhrach, Leibhéal 2, Garchabhair Éigeandála san Ionad Oibre, Leibhéal 3, agus Garchabhair Phéidiatraiceach, Leibhéal 3, mar aon le ceithre chúrsa neamhchreidiúnaithe eile); Infhostaitheacht; Sláinte agus Sábháilteacht (Leibhéal 2); Cumhdach (Leibhéil 2 agus 3); Sábháilteacht Bia (Leibhéil 2 agus 3); Cúntóirí Ranga (Dámhachtain Leibhéal 3, Teastas Leibhéal 3, Dioplóma Leibhéal 3); Comhionannas, Cuimsiú agus Éagsúlacht (EDI); Siúinéireacht; Pluiméireacht (Leibhéil 1–3); Cúram Leanaí (Leibhéil 2, 3 nó 5); Bearbóireacht (Leibhéil 1–3); Gruagaireacht (Leibhéil 1–3); Teiripe Scéimhe (Leibhéil 1–3); agus Lónadóireacht (Leibhéil 1–3).

2.3.3 Comhairle Cathrach Bhéal Feirste

Ag leibhéal réigiúnach, shainaithin Comhairle Cathrach Bhéal Feirste (BCC, 2025a) bearna shuntasach fosta sna gairmchonairí a chuirtear ar fáil trí earnáil na Gaelscolaíochta. Mar fhreagairt ar an bhearna seo agus ar an éileamh mhéadaitheach

ar sholáthar trí Ghaeilge, cuireann Comhairle Cathrach Bhéal Feirste réimse tionscnamh fostaíochta agus forbartha scileanna ar fáil trí Ghaeilge. Sa chás nach bhfuil gairmcháilíochtaí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair trí na creataí printíseachta atá ann cheana, comhoibríonn Comhairle Cathrach Bhéal Feirste le comhlachtaí scileanna earnála le soláthar trí chomhpháirtithe amhail Gaelchúrsaí a éascú (BCC, 2025b). Maoinítear agus seachadtar na cláir seo trí thionscnaimh fostaíochta agus scileanna Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, lena n-áirítear an Belfast Labour Market Partnership, agus forbraíodh iad mar fhreagairt ar éileamh a sainaithníodh ar fhostaithe a bhfuil Gaeilge acu in earnálacha amhail an t-oideachas, cúram leanaí agus fáilteachas. Is soláthar réigiúnach é seo, agus de ghnáth, le bheith incháilithe, ní mór do rannpháirtithe cónaí i mBéal Feirste, an ceart chun oibre a bheith acu, agus a bheith dífhostaithe nó tearcfhostaithe. Tá inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach, ós trí Ghaeilge a chuirtear an oiliúint go léir ar fáil. Tá conairí dul chun cinn ar fáil fosta do dhaoine atá fostaithe cheana agus ar mian leo a gcuid scileanna a fhorbairt, agus ní mór tacaíocht a bheith acu ón fhostóir agus deiseanna a bheith ann le dul chun cinn gairme a dhéanamh le páirt a ghlacadh iontu. Tá rannpháirtíocht sna hacadaimh seo saor in aisce, mar go gclúdaíonn Comhairle Cathrach Bhéal Feirste gach costas ina iomláine.

I measc na dtionscnamh reatha, tá réimse acadamh uasoiliúna agus clár gairmoideachais. Mar shampla, tá an tAcadamh Cúntóirí Ranga Leibhéal 3 dírithe ar dhaoine a fuair a gcuid oideachais trí Ghaeilge nó ar dhaoine a bhfuil Gaeilge acu (BCC, 2025b). Tacaíonn an tAcadamh Uasoiliúna Luathbhlianta Leibhéal 5 fosta le rannpháirtithe atá ag obair i suíomhanna luathbhlianta trí Ghaeilge cáilíochtaí agus scileanna a fhorbairt faoi choinne róil mhaoirseachta nó bhainistíochta. De ghnáth, cuimsíonn an clár Dioplóma Leibhéal 5 sa Cheannaireacht do Chúram, Foghlaim agus Forbairt Leanaí, a chuirtear ar fáil trí mheascán d'fhoghlaim san ionad oibre agus seisiúin mhíosúla sa tseomra ranga i nGaelchúrsaí (BCC, 2025a).

Cuireann Comhairle Cathrach Bhéal Feirste Clár Réamhphrintíseachta ar fáil fosta, atá deartha le tacú le dul chun cinn chuig printíseachtaí i suíomhanna cúraim leanaí trí Ghaeilge. Tugann an clár seo buntreoir do chonairí printíseachta do rannpháirtithe, éascaíonn sé rannpháirtíocht le fostóirí, agus tá coicís de thaithí oibre i suíomhanna luathbhlianta san áireamh leis. Cuirtear seisiúin sa tseomra ranga ar oideachas dátheangach agus ar thumoideachas ar fáil mar chomhlánú air, chomh maith le tacaíocht infhostaitheachta amhail forbairt CV agus ullmhúchán agallaimh (BCC, 2025a).

Thug Comhairle Cathrach Bhéal Feirste clár píolótach isteach fosta, "Conairí Cuimsitheacha chuig Printíseachtaí", atá dírithe ar chúram leanaí trí Ghaeilge. Tá

Dámhachtain Leibhéal 3 do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENCO) i suíomhanna luathbhlianta á forbairt acu fosta i gcomhpháirtíocht le Gaelchúrsaí. Tá sé i gceist leis an chlár seo tuiscint a thabhairt do rannpháirtithe ar RSO sa tumoideachas, lena n-áirítear príomhreachtaíocht, difríochtaí foghlama agus straitéisí le tacú le páistí dátheangacha. Cuirfear teastas aitheanta ar fáil don chúrsa agus tá sé dírithe ar chleachtóirí in earnáil na Gaelscolaíochta. Tugann sonraí inmheánacha maidir leis na cláir éagsúla seo le fios go bhfuil rannpháirtíocht láidir agus torthaí dearfacha fostaíochta á mbaint amach trí na hacadaimh seo, agus go bhfuil breis agus 90% de na daoine a chríochnaíonn iad ag dul ar aghaidh chuig fostaíocht nó chuig róil níos airde (BCC, 2025b, 2025c).

2.4 Baic

Cé go gcuireann tionscnaimh ar leibhéal na scoile, Gaelchúrsaí agus cláir Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste deiseanna tábhachtacha ar fáil, tá soláthar gairmcháilíochtaí d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta teoranta go fóill ó thaobh scála de, comhchruinnithe i gceantair áirithe agus ní leor é le freastal ar an éileamh mhéadaitheach ar fud na hearnála. Dá bhrí sin, tá gairmchonairí trí Ghaeilge ilroinnte agus dáilte go míchothrom, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar fhoghlaimeoirí rochtain a fháil orthu faoin chóras reatha. Léiríonn sé seo bearna shoiléir idir na gealltanais bheartais maidir le tacú le foghlaimeoirí Gaelscolaíochta agus an soláthar gairmoideachais atá ar fáil i ndáiríre, rud a ardaíonn ceisteanna tábhachtacha faoi na tosca struchtúracha a chuireann srian go fóill le forbairt sa réimse seo.

Cuireann baic struchtúracha, amhail acmhainneacht theoranta soláthraithe, srianta maoinithe, éagothromaíochtaí geografacha agus dúshláin a bhaineann le creidiúnú agus rialáil, srian le rochtain agus le dul chun cinn. Tá aitheantas níos mó á thabhairt i dtionscnaimh bheartais don ghá le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo. Mar shampla, tarraingítear aird i dtuarascáil deiridh agus i bplean gníomhaíochta an tSainphainéil ar Thearcghnóthachtáil Oideachais, *Tús Cothrom* (Purdy et al., 2021), ar dhúshláin leanúnacha in earnáil na Gaelscolaíochta, lena n-áirítear an gá le tacaíocht fheabhsaithe don Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, níos mó speisialtóirí ábhair ag leibhéal na hiar-bhunscoile agus tacaíocht fheabhsaithe do scrúduithe ag Eochairchéimeanna 4 agus 5. Is baic idirghaolmhara iad seo, agus bíonn tionchar ag srianta maidir le measúnú, acmhainní, acmhainneacht an lucht saothair agus tíreolaíocht ar rochtain ar ghairmchonairí trí Ghaeilge i dteannta a chéile.

2.4.1 Rialáil agus Creidiúnú

Is bac lárnach a théann i bhfeidhm ar fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i gcás conairí acadúla agus gairmchonairí araon í an easpa creataí measúnaithe oiriúnacha, chomh maith leis na dúshláin leanúnacha a bhaineann le rialáil agus creidiúnú. Tá aird tarraingthe i líon méadaitheach staidéir thaighde ar na deacrachtaí struchtúracha atá roimh earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann (féach Purdy et al., 2021; O'Boyle et al., 2023; Comhairle na Gaelscolaíochta, 2023; 2025), agus aird ar leith á tabhairt ar an easpa forbartha atá déanta ar chórais mheasúnaithe.

Sainaithníonn O'Boyle et al. (2023), agus iad ag tarraingt ar agallaimh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear múinteoirí Gaelscolaíochta, ceannairí scoile agus oideachasóirí múinteoirí i dTuaisceart Éireann, an measúnú mar *"réimse ardtionchair atá thar a bheith tearcfhorbartha"* (lch 29). Thuairiscigh rannpháirtithe nach raibh ach fáil theoranta ar uirlisí measúnaithe dhiagnóisigh oiriúnacha agus ar thrialacha caighdeánaithe a bheadh *"cothrom, bailí agus iontaofa lena n-úsáid i measc foghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann"* (lch 29). Léirítear an t-ábhar imní seo i dtaighde níos déanaí fosta, ina dtugtar le fios go bhfuil leathnú an tsoláthair trí Ghaeilge i ndiaidh dul chun cinn níos gasta ná forbairt creataí measúnaithe atá oiriúnach ó thaobh teanga agus cultúir de. Mar a áitíonn McVeigh et al. (2026), tá teannas cruthaithe aige seo idir fás na hearnála agus cumas an chórais measúnú cruinn a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí agus tacú leo. Tugann McVeigh et al. (2026) faoi deara fosta, murab ionann agus a gcomhghleacaithe san oideachas trí Bhéarla, nach féidir le múinteoirí Gaelscolaíochta brath go rialta ar acmhainní measúnaithe a tháirgtear go lárnach nó atá ar fáil ar bhonn tráchtála. Ina áit sin, is minic is gá na huirlisí measúnaithe a aistriú, a chur in oiriúint ó chanúintí eile nó a chruthú go hiomlán ó bhonn. Ardaíonn sé seo ábhair imní maidir le bailíocht agus cothromaíocht, go háirithe i measúnuithe lena mbaineann iarmhairtí móra, ina bhféadfadh inrochtaineacht teanga tionchar díreach a imirt ar fheidhmíocht.

Is féidir le próisis aistriúcháin débhríocht a chruthú nó an bhrí a athrú fosta, rud a mhéadaíonn an baol nach léirítear eolas agus tuiscint na ndaltaí go cruinn. Go deimhin, cé go gcuireann CCEA seirbhís aistriúcháin inmheánach ar fáil le tacú le forbairt ábhar Gaeilge agus le hábhar oibre cúrsa agus scrúduithe a aistriú, ní bhaineann sé seo an t-ualach de mhúinteoirí go hiomlán, agus iad ag leanúint d'acmhainní teagaisc a fhorbairt agus cleachtais mheasúnaithe a bhainistiú. Mar shampla, is minic a bhíonn an fhreagracht as dul i ngleic le hearráidí aistriúcháin, amhail míchruinnis in ábhair scrúdaithe, ar mhúinteoirí agus ar scoileanna go

neamhfhoirmiúil seachas ar na comhlachtaí scrúdúcháin féin. Pléitear an t-ualach a chuireann sé seo ar mhúinteoirí Gaelscolaíochta i saothar McVeigh et al. (2026), ina dtugtar faoi deara, murab ionann agus scoileanna Béarla, ina mbíonn córais agus measúnuithe sruthlínithe agus uathoibrithe de ghnáth, gur thuairiscigh scoileanna Gaeilge go mbíonn orthu cuid mhór tascanna a dhéanamh de láimh, rud a mhéadaíonn an t-am a bhíonn de dhíth gan feabhas comhfhreagrach ar éifeachtacht.

Dá bhrí sin, cuireann cleachtais mheasúnaithe ualach mór breise ar mhúinteoirí, mar a léirítear i dtuarascálacha le Purdy et al. (2025) agus McVeigh et al. (2026), ina dtugtar mionsonraí faoin am a bhíonn de dhíth le hábhair a chur in oiriúint, le comhsheasmhacht sa mhodhnóireacht a choinneáil agus le cothroime sa mheasúnú a chinntiú. Tuairiscíonn Purdy et al. (2025) ina dhiaidh sin go n-oibríonn múinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta uaireanta fada mar gheall ar an ualach breise oibre seo. Fuarthas amach sa taighde go n-oibríonn siad 14.8 uair an chloig sa tseachtain ar an mheán sa bhreis ar an teorainn ama stiúrtha faoi Teachers' (Terms and Conditions of Employment) Regulations (Northern Ireland) 1987. Luaitear ansin go bhfuil ceanglas ar mhúinteoirí 1265 uair an chloig a dhéanamh in aon bhliain amháin, *"gan an t-am a chaitear lasmuigh d'áitreabh na scoile ag ullmhú agus ag marcáil ceachtanna ná an t-am a chaitear ag taisteal chuig an áit oibre agus uaithi a chur san áireamh"*.

Tá impleachtaí an-suntasach ag an easpa ábhair mheasúnaithe atá saincheaptha d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá easpa shuntasach d'ábhair mheasúnaithe oiriúnacha ar fáil i nGaeilge, rud a fhágann gur minic a bhíonn ar mhúinteoirí moltaí a chuireann gairmithe seachtracha, amhail síceolaithe oideachais nó teiripeoirí saothair, ar fáil i mBéarla a léirmhíniú agus a chur in oiriúint. Ní hamháin go méadaíonn sé seo ualach oibre múinteoirí, ach ardaíonn sé ábhair imní fosta maidir le comhsheasmhacht agus cáilíocht na tacaíochta a chuirtear ar fáil (Purdy et al., 2025). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh moill a bheith ar dhiagnóisiú agus idirghabháil, agus tugann McVeigh et al. (2026) le fios go bhféadfadh sé go n-aithneofaí riachtanais speisialta oideachais níos déanaí i measc foghlaimeoirí Gaelscolaíochta de bharr acmhainneacht theoranta measúnaithe. D'iarr Comhairle na Gaelscolaíochta (2024), dá bhrí sin, go dtabharfaí aird ar leith ar mheasúnú, forbairt an lucht saothair agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta, agus béim á leagan aici ar an fhíric nach bhfuil measúnú, idirghabháil ná tacaíocht ar fáil trí mheán an teagaisc faoi láthair (lgh 3–5). Áitíonn McVeigh et al. (2026) ar an dóigh chéanna nach féidir an t-ualach oibre a bhaineann le measúnú i scoileanna Gaeilge a thuiscint mar shaincheist theicniúil amháin, ach gur gá é a chur i gcomhthéacs dálaí struchtúracha níos leithne, lena n-áirítear fáil theoranta ar

acmhainní, ganntanas foirne agus easpa infreastruchtúr measúnaithe a bhaineann go sonrach leis an Ghaelscolaíocht.

Tá na srianta rialála agus measúnaithe seo le feiceáil fosta san fháil theoranta ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge. Cé go dtacaítear le réimsí ábhair áirithe, amhail cúram leanaí, na meáin, lónadóireacht agus oideachas, tá an soláthar i réimsí eile amhail gnó agus tionscail eile atá ag teacht chun cinn teoranta go fóill. Cuireann sé seo srian leis na deiseanna atá ag foghlaimeoirí ionchasacha gairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint. Cuireann an easpa creidiúnaithe a aithnítear go forleathan do roinnt cúrsaí gairmoideachais trí Ghaeilge tuilleadh srianta ar inaistritheacht cáilíochtaí taobh amuigh d'earnáil na Gaelscolaíochta nó den earnáil dhátheangach. Tá dlúthbhaint ag na dúshláin seo le hacmhainneacht na bhforas cáiliúcháin, a bhfuil maoiniú teoranta agus ganntanas aistritheoirí cáilithe atá ábalta dearbhú cáilíochta dian a chinntiú ag cur as dóibh. Dá bhrí sin, tá srianta go fóill ar fhorbairt agus creidiúnú gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge. D'imir tarraingt siar Pearson ó mhargadh na Gaeilge tionchar fosta ar mheasúnú agus creidiúnú gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, agus dá bharr sin, tá an fháil ar cháilíochtaí oiriúnacha i dTuaisceart Éireann an-teoranta go fóill.

2.4.2 Acmhainní agus Acmhainneacht Soláthraithe

Is bac suntasach eile atá roimh an Ghaelscolaíocht, lena n-áirítear soláthar gairmcháilíochtaí, í an bhearna leanúnach ó thaobh acmhainní de. Aithníonn O'Boyle et al. (2023) go mbaineann an bhearna seo le hacmhainní fisiciúla agus daonna araon. I measc na srianta maidir le hacmhainní fisiciúla, tá ganntanas ábhair theagaisc agus téacsleabhar a bhaineann le hábhair ar leith, chomh maith leis an bhrú mhéadaitheach ar infreastruchtúr na scoileanna de réir mar a leanann líon na ndaltaí atá ag clárú de bheith ag ardú. Treisíonn Purdy et al. (2025) leis na torthaí seo, agus leagann siad béim ar an tionchar a bhíonn ag infreastruchtúr neamhleor ar dhálaí teagaisc agus foghlama araon. Sa tuarascáil seo, phléigh formhór na bhfreagróirí easnamh na n-áiseanna scoile, go háirithe maidir le spásanna súgartha, spásanna glasa, foirgnimh, trealamh TF, acmhainní ginearálta agus spás sna seomraí ranga. D'aithin príomhoidí fosta go mbíonn tionchar diúltach ag droch-infreastruchtúr fisiciúil ar chlárú daltaí agus ar earcú agus coinneáil múinteoirí araon, agus gur minic a dhéantar comparáid le scoileanna Béarla a bhfuil níos mó acmhainní acu.

Tá srianta acmhainní le feiceáil fosta san fháil theoranta ar ábhair theagaisc i nGaeilge. Murab ionann agus scoileanna Béarla, áit a mbíonn fáil réidh ag múinteoirí ar ábhair atá ag teacht leis an churaclam, tuairiscíonn oideoirí in earnáil na Gaelscolaíochta go bhfuil ganntanas téacsleabhar, iar-scrúdpháipéar agus acmhainní

samplacha ann, rud a fhágann go mbíonn orthu ábhair ón Bhéarla a chur in oiriúint agus a aistriú, nó acmhainní ó chanúintí Phoblacht na hÉireann a mhodhnú le go mbíonn siad oiriúnach do Ghaeilge Uladh (Purdy et al., 2025). Tá an fhadhb seo an-ghéar i gcás scoileanna nua Gaelscolaíochta, ar minic nach mbíonn ach fíorbheagán acmhainní acu, nó nach mbíonn acmhainní ar bith acu, agus iad ag tosú amach, rud a fhágann faoi mhíbhuntáiste suntasach iad i gcomparáid le scoileanna níos seanbhunaithe. Tugann McVeigh et al. (2026) le fios fosta go bhfuil iarmhairtí forleathana ag baint leis an easpa acmhainní seo, mar go mbíonn tionchar aici ar chleachtas laethúil agus ar chumas scoile freagairt go héifeachtach do riachtanais daltaí. D'áitigh rannpháirtithe sa staidéar seo nár cheart don fhreagracht as acmhainní a fhorbairt a bheith ar mhúinteoirí agus ar scoileanna aonair go príomha, ach gur cheart aghaidh a thabhairt ar an cheist trí threoir bheartais níos soiléire agus tacaíocht leanúnach ó institiúidí le comhsheasmhacht agus cothromaíocht a chinntiú ar fud an tsoláthair.

Is bac eile ar fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta atá ag iarraidh dul ar aghaidh chuig fostaíocht nó oiliúint í acmhainneacht na soláthraithe. Tá brú suntasach curtha ar an lucht saothair de bharr fhás gasta earnáil na Gaelscolaíochta, go háirithe maidir le soláthar agus coinneáil ball foirne a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu. Tá béim leagtha ag Comhairle na Gaelscolaíochta (2024) ar an ghá phráinneach le dul i ngleic le coinneáil múinteoirí agus le líon na múinteoirí i dTuaisceart Éireann a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu le bheith ag obair in earnáil na Gaelscolaíochta a mhéadú: *"Ní líonfar na bearnaí a sainaithníodh go ceann roinnt blianta ach ní mór tús a chur leis an obair le dul i ngleic leis na bearnaí atá ann faoi láthair agus soláthar a chinntiú do na blianta amach romhainn"* (Comhairle na Gaelscolaíochta, 2024, lch 16). Aithnítear fosta gur fadhb sheasta san earnáil seo é an ganntanas leanúnach múinteoirí ionaid, rud a chuireann srian ar chumas scoileanna soláthar comhsheasmhach a choinneáil ar bun, agus tugann Purdy et al. (2025) le fios gur minic a bhíonn sé deacair ar cheannairí scoile múinteoirí ionaid a fháil do bhaill foirne atá as láthair. D'fhéadfadh méadú ar ualaí oibre agus cur isteach ar theagasc agus ar fhorbairt ghairmiúil a bheith mar thoradh air seo, mar go bhféadfadh na ganntanais seo cur isteach ar chumas múinteoirí freastal ar oiliúint riachtanach agus ar imeachtaí gréasánaithe. Tugann Purdy et al. (2025) le fios fosta go bhfuil ról ríthábhachtach ag cúntóirí ranga i dtacú le daltaí agus oideoirí araon in earnáil na Gaelscolaíochta, ach go dtuairiscíonn cuid mhór scoileanna go mbíonn deacrachtaí leanúnacha acu cúntóirí ranga cáilithe a aimsiú agus a choinneáil, go háirithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Pléann McVeigh et al. (2026) saincheist na hacmhainneachta foirne fosta mar shrian ríthábhachtach ar sholáthar measúnaithe sa Ghaelscolaíocht. Cé gur aithníodh gur

fadhbanna ar fud an chórais iad ganntanas foirne agus tacaíochta sa tseomra ranga, rinne rannpháirtithe sa staidéar seo cur síos ar chúiseanna brú ar leith i suíomhanna Gaelscolaíochta, áit a raibh na riachtanais foirne níos géire de bharr riachtanais teanga, leibhéil níos airde de riachtanas aitheanta agus rochtain theoranta ar róil speisialtóireachta (lch 78). Rinne rannpháirtithe cur síos fosta ar an dóigh ar chuir an fháil theoranta ar chúntóirí ranga agus ar mhúinteoirí ionaid srianta suntasacha ar a gcumas measúnú leanúnach a dhéanamh go héifeachtach. Gan a sáith baill foirne tacaíochta, thuairiscigh múinteoirí go raibh sé deacair orthu teagasc an ranga iomláin a chothromú leis an bhreathnóireacht ar dhaltaí aonair, an measúnú foirmitheach agus an tacaíocht spriocdhírithe a bhí de dhíth le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí, go háirithe i seomraí ranga ina raibh leibhéil arda riachtanas. Ba mheasa na chúiseanna brú seo i gcásanna nach raibh baill foirne ábalta am saor ó dhualgais teagaisc nó ionadaíocht a fháil. Tuairiscíonn Altram (2025) treocht den chineál chéanna i soláthar na luathbhlianta, áit a mbaineann saincheisteanna struchtúracha, amhail conairí teoranta gairme agus easpa cothroime phá, an bonn de choinneáil foirne agus d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Dá bhrí sin, tá an t-éileamh ar ghairmithe cáilithe oideachais, lena n-áirítear cleachtóirí luathbhlianta, baill foirne tacaíochta agus múinteoirí, i bhfad níos mó ná an soláthar ar fud na hearnála go fóill. Léirítear an éagothroime seo i sonraí an lucht saothair, agus tugtar le fios i dtuarascálacha go raibh 50% de na folúntais i seomraí ranga in earnáil na Gaelscolaíochta gan líonadh i mí na Nollag 2024 (BCC, 2025b). Ní hamháin go gcuireann ganntanais den chineál seo srian leis an tsoláthar reatha, ach cuireann siad teorainn shuntasach le cumas na hearnála leathnú fosta. Mura dtugtar aghaidh ar na srianta struchtúracha seo ó thaobh acmhainní de, is dócha go mbeidh srianta ar leathnú gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge go fóill fosta, mar go mbraitheann an soláthar sin ar infreastruchtúr leordhóthanach, sainábhair agus timpeallachtaí foghlama a bhfuil acmhainní cuí acu.

2.4.3 Éagothromaíocht Réigiúnach

Cuireann dáileadh geografach míchothrom an tsoláthair ar fud Thuaisceart Éireann bac suntasach eile ar fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta atá ag iarraidh rochtain a fháil ar ghairmcháilíochtaí agus ar oiliúint i ndiaidh na scoile. Cuid mhór de na cláir Ghaeilge is mó atá forbartha, tá siad comhchruinnithe i gceantair ar leith, go háirithe in Iarthar Bhéal Feirste, lena n-áirítear an soláthar a chuireann Gaelchúrsaí, ceann de phríomhsholáthraithe na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, ar fáil. Taobh amuigh de na ceantair seo, tá na deiseanna atá ann le rochtain a fháil ar ghairmcháilíochtaí trí

Ghaeilge i bhfad níos teoranta, rud a chuireann srian le rannpháirtíocht foghlaimeoirí i réigiúin eile. Neartaítear na héagothromaíochtaí réigiúnacha seo a thuilleadh mar gheall ar chomhchruinniú ionad cultúir, soláthraithe oiliúna agus scoileanna Gaeilge i moil Ghaeilge sheanbhunaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh baic shuntasacha a bheith roimh fhoghlaimeoirí i gceantair thuaithe nó i gceantair nach bhfuil freastal chomh maith céanna orthu, lena n-áirítear amanna fada comaitéireachta, soláthar áitiúil teoranta agus na costais airgeadais agus shóisialta a bhaineann leis an taisteal.

Tarraingíonn na héagothromaíochtaí réigiúnacha seo aird ar shaincheist níos leithne maidir le rochtain, sa mhéid go mbraitheann fáil ar ghairmchonairí trí Ghaeilge ní hamháin ar an tsoláthar ach ar an dáileadh gheografach fosta. Tá impleachtaí suntasacha aige seo don chothromas taobh istigh den earnáil, mar go mbíonn na deiseanna atá ag foghlaimeoirí ag brath, i ndáiríre, ar an áit a bhfuil cónaí orthu seachas ar a riachtanais nó ar a n-uaillmhianta oideachais.

2.5 Conclúid

Tá fás suntasach tagtha ar earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann le blianta beaga anuas, rud atá le feiceáil i leathnú na scoileanna Gaeilge agus sa mhéadú ar líon na bhfoghlaimeoirí atá ag dul chun cinn tríd an chóras. Mar sin féin, níor leathnaíodh na gairmcháilíochtaí agus na gairmchonairí atá ar fáil trí Ghaeilge ar aon dul leis an fhás seo. Dá bhrí sin, níl ach réimse teoranta roghanna ag foghlaimeoirí ar mian leo leanúint den oideachas nó den oiliúint trí Ghaeilge i ndiaidh an oideachais éigeantaigh, agus ní leor an soláthar i gcomparáid leis an éileamh go fóill.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil tús curtha le dul i ngleic leis an bhearna seo trí roinnt forbairtí tábhachtacha. Cuireann Gaelchúrsaí gairmoideachas, breisoideachas agus oiliúint chreidiúnaithe ar fáil i nGaeilge amháin d'fhoghlaimeoirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine, agus tá acadaimh uasoiliúna agus cláir fostaíochta a chuirtear ar fáil i nGaeilge tugtha isteach ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste. Is iarrachtaí tábhachtacha iad na tionscnaimh seo, cé go bhfuil siad teoranta do cheantair áirithe, le tacú le fágálaithe scoile agus le foghlaimeoirí fásta rochtain a fháil ar oiliúint, cáilíochtaí agus deiseanna fostaíochta trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, cé go gcuireann Gaelchúrsaí seirbhísí áirithe for-rochtana ar fáil i gceantair eile, tá an soláthar seo teoranta ó thaobh méid de agus is féidir go mbíonn sé deacair é a sholáthar go seasmhach de bharr srianta acmhainneachta.

D'ainneoin na bhforbairtí seo, tá an soláthar teoranta agus ilroinnte go fóill, agus ní leor é le freastal ar an éileamh mhéadaitheach. Tá na baic a sainaithníodh ar fud na caibidle seo, lena n-áirítear infreastruchtúr neamhleor, acmhainneacht theoranta

soláthraithe agus dúshláin a bhaineann le measúnú agus creidiúnú, ag cur srian go fóill le leathnú gairmchonairí. Is saincheisteanna idirghaolmhara iad seo, mar go gcuireann srianta acmhainní srian le soláthar foirne agus le hinfreastruchtúr, agus cuireann bearnaí i gcreataí measúnaithe agus i gcreidiúnú bac ar fhorbairt agus ar aithint cáilíochtaí. Mura dtugtar aghaidh ar na baic sin, leanfaidh fás earnáil na Gaelscolaíochta de bheith ag dul thar chumas an chórais tacú le foghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig gairmoiliúint agus fostaíocht.

Caibidil 3: Tagarmharcáil ar Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint trí Theangacha Mionlaigh: An Bhreatain Bheag agus Poblacht na hÉireann

3.1 Intreoir

Is é cuspóir na caibidle seo samhlacha gairmoideachais agus gairmoiliúna a chuirtear ar fáil trí theangacha mionlaigh sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar a n-inaistritheacht go Tuaisceart Éireann le tacú le cur i bhfeidhm an *Skills Action Plan* (An Roinn Geilleagair, 2025, lch 18). Sa dá dhlínse, tá forbairt tagtha ar sholáthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí theangacha mionlaigh taobh istigh de struchtúir rialachais, córais chreidiúnaithe agus dálaí lucht saothair atá an-éagsúil lena chéile agus leis na socruithe atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann faoi láthair, áit nach bhfuil dualgas reachtúil ann breisoideachas, oiliúint ná printíseachtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, tá an anailís struchtúrtha thart ar chúig ghné anailíse a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach sa dá dhlínse: rialachas agus struchtúr an chórais; creataí creidiúnaithe agus cáilíochtaí; infreastruchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí; acmhainneacht soláthraithe agus an lucht saothair; agus dálaí cumasúcháin. Roghnaíodh na gnéithe seo leis na gnéithe struchtúracha a shocraíonn cé acu a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn soláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí theangacha mionlaigh mar ghné phleanáilte inbhuanaithe den chóras oideachais agus oiliúna, nó an mbíonn sé ag brath ar thionscnaimh áitiúla agus ar dhea-thoil institiúidí, a dhealú.

Fágann cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata anailísigh chéanna sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann gur féidir comparáidí díreacha a dhéanamh idir dlínsí a bhfuil comhthéacsanna reachtacha, institiúideacha agus sochtheangeolaíocha éagsúla acu, agus cuireann sé an bonn fianaise ar fáil do na breithiúnais a dhéantar i gCuid 5 den tuarascáil tagarmharcála seo maidir le hinaistritheacht go Tuaisceart Éireann. Cuimsíonn an bonn fianaise doiciméid straitéise atá foilsithe; reachtaíocht phríomha agus ionstraimí reachtúla; creataí rialála; tuarascálacha bliantúla agus pleananna straitéiseacha institiúidí; doiciméid chláir; agus measúnachtaí atá foilsithe. I gcás na Breataine Bige, áirítear ar na príomhfhoinsí an Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022[2]; an Qualifications Wales Act 2015[3]; pleananna straitéiseacha agus aschuir fhoilsithe Medr (the Commission for Tertiary Education and Research)[4]; Coleg Cymraeg

[2] Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022: https://www.legislation.gov.uk/asc/2022/1/data.pdf

[3] Qualifications Wales Act 2015: https://www.legislation.gov.uk/anaw/2015/5/data.pdf

[4] Is comhlacht leath-neamhspleách de chuid Rialtas na Breataine Bige é Medr (the Commission for Tertiary Education and Research), a bunaíodh i mí Lúnasa 2024 faoin Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022, agus tá sé freagrach as earnáil iomlán an oideachais threasaigh sa Bhreatain Bheag a mhaoiniú agus a rialáil. Féach: https://www.medr.cymru/

Cenedlaethol[5]; Sgiliaith[6]; Qualifications Wales[7]; straitéis Cymraeg 2050 agus na cláir oibre agus na pleananna gníomhaíochta bliantúla a tháinig i ndiaidh a chéile maidir léi; agus an Further Education and Apprenticeship Welsh-Medium Action Plan (Rialtas na Breataine Bige, 2019). I gcás Phoblacht na hÉireann, áirítear ar na príomhfhoinsí Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, arna leasú agus mar atá comhdhlúthaithe go dtí an 28 Eanáir 2026[8]; Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003[9]; Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, mar atá comhdhlúthaithe go dtí an 1 Meitheamh 2025[10]; Acht na Gaeltachta 2012[11]; straitéisí SOLAS *BO&O Amach Anseo:* An Fhoghlaim a Chlaochlú 2020–2024[12]; comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)[13]; straitéis chorparáideach Údarás na Gaeltachta 2021–2025[14]; an Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030[15]; an fhaisnéis atá foilsithe faoi sholáthar BOO Chiarraí, lena n-áirítear a Scéim Teanga 2020–2023 agus ionad BO&O Áras Bhréanainn[16][17]; Meabhrán Tuisceana 2024–2027 idir SOLAS agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI); agus an fhaisnéis atá foilsithe faoi sholáthar Ghaelchultúr (Coláiste na hÉireann)[18]. I gcás Thuaisceart Éireann, déantar tagairt do: An tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022; An tOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998; An tOrdú Breisoideachais (Tuaisceart Éireann) 1997; an *Skills Action Plan* de chuid na Roinne Geilleagair; *TransformED Policy Framework for General Qualifications in Northern Ireland* de chuid na Roinne

---

[5] Is comhlacht náisiúnta é Coleg Cymraeg Cenedlaethol, a bunaíodh in 2011 le soláthar oideachais trí Bhreatnais agus soláthar oideachais dhátheangaigh a phleanáil, a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun cinn ar fud na Breataine Bige. Féach: https://colegcymraeg.ac.uk/

[6] Is seirbhís náisiúnta forbartha foirne í Sgiliaith atá lonnaithe i gColeg Meirion-Dwyfor (cuid de Grŵp Llandrillo Menai), a fhaigheann maoiniú trí Coleg Cymraeg Cenedlaethol agus a thacaíonn le cleachtóirí breisoideachais agus printíseachta lena muinín agus lena n-inniúlacht a fhorbairt maidir le bheith ag seachadadh agus ag measúnú sa Bhreatnais. Féach: https://www.sgiliaith.cymru/

[7] Is é Qualifications Wales, a bunaíodh faoin Qualifications Wales Act 2015, an rialálaí neamhspleách ar gach cáilíocht nach céim í sa Bhreatain Bheag. Féach: https://qualifications.wales/

[8] Further Education and Training Act 2013: https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2013/act/25/front/revised/en/html

[9] The Official Languages Act: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2003/act/32/enacted/en/html

[10] The Official Languages Amendment Act 2021: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/49/enacted/en/print

[11] Acht na Gaeltachta 2012: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/34/enacted/en/html

[12] Is é SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) an ghníomhaireacht stáit in Éirinn atá freagrach as maoiniú, pleanáil agus comhordú an bhreisoideachais agus na hoiliúna (BO&O). Bunaíodh in 2013 é agus tháinig sé in áit FÁS le maoirseacht a dhéanamh ar phrintíseachtaí agus ar oiliúint áitiúil.

[13] BOOnna (Boird Oideachais agus Oiliúna): Na 16 údarás reachtúla réigiúnacha in Éirinn atá freagrach as oideachas stáit, lena n-áirítear bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, an breisoideachas agus an ghairmoiliúint. Bunaíodh iad faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. https://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/11/enacted/en/html

[14] Is gníomhaireacht réigiúnach stáit é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na gceantar ina labhraítear Gaeilge (ceantair Ghaeltachta) in Éirinn.

[15] National Plan for Irish Language Public Services:
https://assets.gov.ie/static/documents/cdb3dc1c/National_Plan_for_Irish_Language_Public_Services.pdf

[16] Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) an t-údarás reachtúil atá freagrach as oideachas agus oiliúint i gContae Chiarraí. Cuireann an Bord seirbhísí bunscolaíochta, iar-bhunscolaíochta agus BO&O ar fáil do thart ar 3,100 foghlaimeoir lánaimseartha agus 14,000 duine a bhaineann leas as BO&O, agus freastalaíonn sé ar dhá réigiún Gaeltachta ina labhraítear Gaeilge.

[17] Bunaíodh ionad BO&O Áras Bhréanainn, atá lonnaithe i mBaile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chiarraí Thiar, in 2020 mar chuid lárnach de thiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí don oideachas sa réigiún.

[18] Gaelchultúr (Coláiste na hÉireann): Bunaíodh in 2004 é, agus tá sé ar cheann de na príomhsholáthraithe oideachais trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal atá creidiúnaithe ag QQI. Cuireann sé oiliúint atá bunaithe ar inniúlacht teanga ar fáil, idir dhianchúrsaí ginearálta agus dioplómaí iarchéime speisialaithe san aistriúchán agus sa Ghaeilge san ionad oibre.

Oideachais (An Roinn Oideachais, 2025); an comhthogra ag Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire do Scéim Phíolótach Gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge (Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire, 2026)[19][20]; comhfhreagras neamhfhoilsithe ó Ghaelcholáiste Dhoire chuig OCR[21] maidir le rochtain ar scrúduithe (Gaelcholáiste Dhoire, 2025); an pacáiste eolais faoi ghairmeacha *Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge* de chuid COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, 2025).[22]

Ba cheart dhá theorainn a lua. Ar an chéad dul síos, bunaíodh Medr i mí Lúnasa 2024 agus tá líon na ndoiciméad atá foilsithe aige teoranta ó thaobh scóipe agus doimhneachta de dá réir. Baintear leas san anailís as *Strategic Plan 2025–2030* an Choimisiúin agus as na chéad fhoilseacháin uaidh, ach tá éifeachtaí oibríochtúla an struchtúir nua rialachais don oideachas threasach sa Bhreatain Bheag ag teacht chun cinn go fóill agus níl siad doiciméadaithe go hiomlán dá bharr sin. Ar an dara dul síos, cuireann na difríochtaí comhthéacsúla idir an Ghaeltacht agus earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann castacht le comparáid dhíreach. Is limistéar geografach sainithe í an Ghaeltacht ina bhfuil pobal teanga a bhfuil aitheantas bunreachtúil aige, gníomhaireacht thiomnaithe forbartha réigiúnaí, is é sin Údarás na Gaeltachta, agus creat reachtach faoi Acht na Gaeltachta 2012 nach bhfuil a mhacasamhail i dTuaisceart Éireann. Tá earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann scaipthe ar fud ceantair uirbeacha agus thuaithe araon, agus tacaítear léi trí dhualgas reachtúil nach mbaineann ach le hoideachas páistí in aois scoile faoi Airteagal 89 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998. Coinnítear an t-idirdhealú seo ar fud na hanailíse, agus cuirtear coinníollacha le haon mhaíomh maidir le hinaistritheacht dá réir.

3.2 An Bhreatain Bheag: Torthaí de réir Cúig Ghné

Déantar scrúdú anseo ar chur chuige na Breataine Bige maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint trí theangacha mionlaigh de réir cúig ghné anailíse: rialachas agus struchtúr an chórais; creataí creidiúnaithe agus cáilíochtaí; infreastruchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí; acmhainneacht soláthraithe agus an lucht saothair; agus dálaí cumasúcháin. Tá an anailís bunaithe ar dhoiciméid bheartais atá foilsithe ag Rialtas na Breataine Bige; pleananna straitéiseacha agus réamheolairí Coleg Cymraeg Cenedlaethol, Medr, Sgiliaith agus Qualifications Wales, agus na creataí reachtúla agus rialála ina bhfeidhmíonn an soláthar trí Bhreatnais. Pléitear an cheist anailíse chéanna i ngach gné: cad é a dhéanann an córas, cén dóigh a n-oibríonn sé, agus cad iad na dálaí a fhágann indéanta é. Is é an cuspóir na gnéithe struchtúracha a shainaithint a chuir ar chumas na Breataine Bige soláthar

[19] Coláiste Feirste: Bunaíodh Coláiste Feirste i mBéal Feirste in 1991, an chéad iar-bhunscoil Ghaeilge agus an iar-bhunscoil Ghaeilge is mó i dTuaisceart Éireann. Cuireann sé curaclam cuimsitheach dátheangach ar fáil agus is príomhinstitiúid é in athbheochan na Gaeilge sa Tuaisceart.

[20] Gaelcholáiste Dhoire: Bunaíodh in 2015 é, agus tá sé lonnaithe i gCaisleán Dhún Geimhin. An dara hiar-bhunscoil Ghaeilge saorsheasaimh i dTuaisceart Éireann. Freastalaíonn sí ar réigiúin Dhoire agus Lár Uladh trí thumoideachas iomlán.

[21] OCR: Oxford, Cambridge and RSA; ceann de na príomhfhorais cháiliúcháin sa Ríocht Aontaithe a chuireann cáilíochtaí acadúla agus gairmcháilíochtaí ar fáil (m.sh. TGManna, A-leibhéil agus CNGanna).

[22] COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta): Comhlacht reachtúil a bunaíodh faoin Acht Oideachais 1998 le tacú leis an Ghaelscolaíocht agus le teagasc na Gaeilge i ngach scoil. Comhordaíonn sé soláthar téacsleabhar, acmhainní agus taighde do scoileanna Gaeltachta agus do Ghaelscoileanna.

gairmoideachais agus gairmoiliúna trí Bhreatnais a fhorbairt mar ghné phleanáilte inbhuanaithe den chóras oideachais threasaigh, agus bonn fianaise a dhéanamh amach lenar féidir measúnú a dhéanamh ar staid reatha Thuaisceart Éireann.

3.2.1 Rialachas agus Struchtúr an Chórais

Is toradh ar phleanáil institiúideach a rinneadh d'aon ghnó, de réir a chéile, thar thréimhse breis agus deich mbliana é an struchtúr rialachais atá mar bhonn faoi ghairmoideachas agus gairmoiliúint trí Bhreatnais. Bunaíodh Coleg Cymraeg Cenedlaethol in 2011 mar chomhlacht náisiúnta a raibh sé de chúram air soláthar ardoideachais trí Bhreatnais a phleanáil, a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun cinn ar fud na Breataine Bige (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, lch 9; Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2020, lch 6). Bunaíodh é mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus mar charthanas cláraithe, agus is trí dheontais bhliantúla ó Rialtas na Breataine Bige go príomha a mhaoinítear é (Senedd Research, 2024). Níor ceapadh an Coleg le bheith ina sholáthraí oideachais ann féin, ach ina chomhlacht náisiúnta don phleanáil straitéiseach a fheidhmíonn ar an phrionsabal go bhféadfaí disciplín acadúil nó gairme ar bith a phlé trí mheán na Breatnaise (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2020, lch 6). Bhí sainchúram an Coleg teoranta don ardoideachas ar dtús. Ba thoradh ar athbhreithniú foirmiúil, seachas ar fhorbairt orgánach, é leathnú a chuid oibre chuig an bhreisoideachas agus na printíseachtaí ó 2018 ar aghaidh. I mí Lúnasa 2016, bhunaigh an Rúnaí Comh-Aireachta don Oideachas grúpa oibre sealadach le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Coleg agus ar an ról a bheadh aige amach anseo (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, lch 8). Fuair an grúpa fianaise ó bhéal ó 19 n-eagraíocht agus 30 aighneacht scríofa thar thréimhse sé mhí (lch 12), agus ba é a dtuairim gur cheart do Coleg Cymraeg Cenedlaethol a bheith ina chomhlacht straitéiseach náisiúnta aitheanta d'fhorbairt na Breatnaise san ardoideachas, sa bhreisoideachas agus san fhoghlaim obairbhunaithe (lch 3). Fuair an grúpa fianaise shoiléir ó earnálacha an bhreisoideachais agus na foghlama obairbhunaithe go raibh ceannaireacht straitéiseach de dhíth ag an leibhéal náisiúnta leis an tsoláthar trí Bhreatnais a leathnú sna hinstitiúidí éagsúla (lch 28). Ghlac Rialtas na Breataine Bige leis an mholadh agus leathnaigh sé freagrachtaí an Coleg go foirmiúil chuig earnáil an oideachais agus na hoiliúna do dhaoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine (Rialtas na Breataine Bige, 2017b, lch 3).

Is gné shainiúil den rialachas í meicníocht mhaoinithe an Coleg. Mhol an grúpa oibre sealadach gur cheart do Rialtas na Breataine Bige leanúint de bheith ag maoiniú an Coleg go díreach seachas a mhaoiniú tríd an Higher Education Funding Council (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, lch 34), agus tá an socrú seo i bhfeidhm go fóill. Sa bhliain 2024–2025, fuair an Coleg £2.825 milliún go sonrach leis an soláthar breisoideachais agus printíseachtaí trí Bhreatnais a leathnú (Rialtas na Breataine Bige, 2024a, lch 4). Tugadh gealltanas in *Cymraeg 2050 Work Programme* maoiniú breise a chur ar fáil don Coleg thar thréimhse cúig bliana chun na críche seo (Rialtas na Breataine Bige, 2021, lch 14). Faoin tsamhail seo, cuirtear acmhainní poiblí ar fáil trí chomhlacht idirghabhála a oibríonn ansin le soláthraithe, seachas maoiniú a bhaineann go sonrach le teanga ar leith a dháileadh go díreach ar choláistí aonair nó ar sholáthraithe printíseachtaí. Is é an toradh praiticiúil atá air seo go mbíonn an fhreagracht as pleanáil, forbairt acmhainní agus forbairt acmhainneachta don tsoláthar trí Bhreatnais ar chomhlacht náisiúnta speisialaithe, seachas ar

sholáthraithe a bhfuil a bpríomhchuspóirí dírithe ar réimsí eile (Rialtas na Breataine Bige, 2021).

Is é bunú Medr (the Commission for Tertiary Education and Research) i mí Lúnasa 2024 an fhorbairt is deireanaí agus is suntasaí ó thaobh struchtúir de i rialachas an oideachais threasaigh sa Bhreatain Bheag (Rialtas na Breataine Bige, 2024b). Bunaíodh Medr faoin Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022 mar chomhlacht leath-neamhspleách de chuid Rialtas na Breataine Bige, agus tháinig sé in áit an Higher Education Funding Council for Wales (HEFCW). Ghlac sé freagracht as earnáil iomlán an oideachais threasaigh a mhaoiniú agus a rialáil, lena n-áirítear breisoideachas, ardoideachas, printíseachtaí, foghlaim phobail do dhaoine fásta, oideachas obairbhunaithe agus an soláthar oideachais iar-16 i scoileanna atá á gcothabháil ag údaráis áitiúla (Medr, 2025, lch 3). Tugadh baill foirne ó HEFCW agus ó Rialtas na Breataine Bige le chéile leis an chomhlacht nua a bhunú (lch 3). Is é an caidreamh foirmiúil idir Medr agus an Coleg an ghné is suntasaí maidir leis an anailís seo. Faoin chúigiú haidhm straitéiseach atá aige, geallann Medr úsáid níos forleithne den Bhreatnais a spreagadh agus rannpháirtíocht i bhfoghlaim agus i measúnú trí Bhreatnais a mhéadú, agus déanann sé an méid sin go follasach trína chur san áireamh an chomhairle a thugann Coleg Cymraeg Cenedlaethol sa ról a bhfuil sé ceaptha dó faoin Acht 2022 (Medr, 2025, lch 20). Geallann Medr fosta go n-oibreoidh sé leis an Coleg agus le Qualifications Wales le plean náisiúnta don Bhreatnais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud earnáil iomlán an oideachais threasaigh (lch 21). Tá an ghníomhaíocht institiúideach seo mar chuid de chreat uileghabhálach Cymraeg 2050, straitéis teanga Rialtas na Breataine Bige a bhfuil sé mar sprioc aici milliún cainteoir Breatnaise a bheith ann faoi 2050 agus a thugann gealltanas úsáid laethúil na teanga a dhúbailt (Rialtas na Breataine Bige, 2021, lch 5). Cuirtear an straitéis i bhfeidhm trí chláir oibre cúig bliana a thagann i ndiaidh a chéile, agus tá pleananna gníomhaíochta bliantúla agus tuarascálacha bliantúla mar thaca le gach ceann acu. Taifeadtar dul chun cinn, gnóthachtálacha agus dúshláin sna tuarascálacha sin (lch 6). Foilsíodh an chéad Chlár Oibre in éineacht leis an straitéis in 2017, agus foilsíodh an dara ceann, a chlúdaíonn 2021–2026, go luath i séú téarma an Senedd leis an dul chun cinn a choinneáil ar bun (lch 5). Tugann sé seo sainordú polaitiúil soiléir fadtéarmach don chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna, a théann thar thimthriallta maoinithe ar leith.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil an comhaontú polaitiúil agus poiblí maidir leis an oideachas trí Bhreatnais saor ó chonspóid. Ó am go chéile, spreagann tograí leis an tsoláthar trí Bhreatnais a mhéadú díospóireacht phoiblí, agus tá ábhair imní curtha in iúl ag tuismitheoirí, gobharnóirí scoile agus tráchtairí faoi luas agus faoi scóip leathnú an tsoláthair trí Bhreatnais, faoi na himpleachtaí do roghanna scoile agus faoi na himpleachtaí maidir le hacmhainní don tsoláthar trí Bhéarla (Senedd Research, 2024b). D'aithin an straitéis Cymraeg 2050 féin go mbeadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíochtaí de dhíth leis an sprioc milliún cainteoir a bhaint amach, agus nach bhféadfaí talamh slán a dhéanamh de na hathruithe sin (Rialtas na Breataine Bige, 2017c, lch 15). Dá bhrí sin, ní ar easpa easaontais a bhraitheann inbhuanaitheacht an tsainordaithe pholaitiúil, ach ar bhuanseasmhacht na tacaíochta traspháirtí sa Senedd agus ar spriocanna don tsoláthar trí Bhreatnais a bheith fite fuaite i dtimthriallta pleanála institiúidí nach furasta a chur ar ceal nuair a athraíonn an rialtas.

3.2.2 Creataí Creidiúnaithe agus Cáilíochtaí

Déantar cáilíochtaí agus measúnuithe trí Bhreatnais a fhorbairt taobh istigh de struchtúr rialála sainiúil atá éagsúil ar bhealaí tábhachtacha leis na socruithe lena rialaítear creidiúnú trí theangacha mionlaigh i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe. Is é Qualifications Wales, a bunaíodh faoin Qualifications Wales Act 2015, an rialálaí neamhspleách ar gach cáilíocht nach céim í sa Bhreatain Bheag, agus tá dualgas reachtúil ar leith air fáil ar cháilíochtaí trí Bhreatnais a chur chun cinn. Deimhníodh ina Phlean Gníomhaíochta 2019 go bhfuil beartas i bhfeidhm ag Qualifications Wales faoina bhfuiltear ag súil leis go mbeidh gach cáilíocht fhaofa ar fáil trí Bhreatnais (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 15). Déanann an sainordú reachtach follasach seo idirdhealú idir timpeallacht rialála na Breataine Bige agus timpeallacht Shasana, áit a bhfeidhmíonn an rialálaí cáilíochtaí Ofqual gan dualgas comhionann maidir le soláthar trí theangacha mionlaigh. Sa chleachtas, áfach, aithníodh i bPlean Gníomhaíochta 2019 nach raibh an méid a rabhthas ag súil leis bainte amach go fóill i gcás líon suntasach de na cáilíochtaí a bhí á gcur ar fáil san earnáil iar-16 ag an am (pointe 74). Le dul i ngleic leis an bhearna seo, reáchtálann Qualifications Wales scéim bhliantúil deontas atá deartha le forais cháiliúcháin a spreagadh chun ábhair dhátheangacha do cháilíochtaí a fhorbairt, agus baineadh leas as cleachtadh foirmiúil mapála leis na réimsí tosaíochta infheistíochta a shainaithint (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 15). Mar shampla, cruthaíodh 19 gcáilíocht nua a cuireadh ar fáil trí Bhreatnais de thoradh an athbhreithnithe ar earnáil na Sláinte agus an Chúraim, agus bhíothas ag súil leis go mbeadh soláthar dátheangach mar ghnáthchleachtas de thoradh na bpróiseas athbhreithnithe cáilíochtaí a tháinig ina dhiaidh sin, rud a d'éileodh ní hamháin tascanna dátheangacha a chur ar fáil ach próisis mheasúnaithe thrédhearcacha agus líon leordhóthanach measúnóirí inniúla fosta (lch 16).

Treisíonn plean straitéiseach Qualifications Wales féin leis an treocht seo. Gealltar ina phlean cúig bliana go n-oibreoidh an rialálaí le forais cháiliúcháin le réimse na gcáilíochtaí atá ar fáil trí Bhreatnais agus trí Bhéarla araon a leathnú, ionas go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na bhfoghlaimeoirí a bhfuil rochtain acu ar cháilíochtaí i gceachtar den dá theanga (Qualifications Wales, 2024, lch 7). Aithnítear sa phlean díriú ar cháilíochtaí atá deartha go sonrach don Bhreatain Bheag ('Made-for-Wales') mar phríomhthéama, lena n-áirítear an gá le tairiscint ghníomhach cáilíochtaí dátheangacha agus le cinnteacht maidir leis an réimse cáilíochtaí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí, go háirithe i bhfianaise athruithe beartais atá ag teacht chun cinn in áiteanna eile sa Ríocht Aontaithe (lch 4). Trína straitéis Choice for All, tá an rialálaí ag tabhairt tús áite do cháilíochtaí a chur ar fáil trí Bhreatnais san oideachas lánaimseartha, i suíomhanna iar-16 agus i bprintíseachtaí. Ag an am chéanna, tá sé ag neartú na tacaíochta d'fhorais cháiliúcháin agus dá n-acmhainneacht cáilíochtaí trí Bhreatnais a sholáthar, agus ag athbhreithniú an Welsh Language Support Grant le díriú ar réimsí tosaíochta, cáilíochtaí nua agus iarratais nuálacha (lch 5). Gealltar sa phlean fosta go gcinnteofar go mbeidh réimse iomlán na gcáilíochtaí ar a dtugtar National 14–16 Qualifications ar fáil trí Bhreatnais faoi 2027 (lch 6). Tá sé sin suntasach mar go gcuirtear an ceanglas go mbeadh cáilíochtaí ar fáil sa dá theanga san áireamh agus cáilíochtaí á n-athchóiriú, seachas déileáil leis níos moille. Sa togra chomhoibríoch is deireanaí aige, tá Qualifications Wales ag obair i gcomhpháirtíocht le Medr (the Commission for Tertiary Education and Research) agus le Rialtas na Breataine Bige leis an dóigh ar féidir leis an chóras cáilíochtaí tacú le creataí nua printíseachta a shainaithint, lena n-áirítear

printíseachtaí Leibhéal 2 san fhoirgníocht a thabhairt isteach i réimsí amhail leagan brící, siúinéireacht ar láithreáin tógála, scafalra agus cothabháil foirgneamh. Fógraíodh seo i mí Feabhra 2026 (Rialtas na Breataine Bige, 2026a, lgh 1–4). Tomhaistear leochaileacht struchtúrach an tsoláthair reatha in *Qualifications Wales Action Plan 2026-2028*: níl ach 3% de na 3,197 cáilíocht iar-16 a mhaoinítear go poiblí ina gcáilíochtaí faofa atá deartha go sonrach don Bhreatain Bheag ('Made-for-Wales'), agus forbraíodh an 97% eile go príomha do Shasana agus tá siad i mbaol a maoiniú a chailleadh de bharr athchóirithe beartais i Sasana (Qualifications Wales, 2026b, lgh 2–3). I mí Eanáir 2026, bhí 36 faoin gcéad den tsoláthar gairmcháilíochtaí iar-16 ar fáil go hiomlán nó go páirteach trí Bhreatnais (lch 5), agus deimhnítear sa phlean go bhfuil tús curtha le hobair i gcomhar le Medr agus Coleg Cymraeg Cenedlaethol ar phlean náisiúnta iar-16 le líon na ngairmcháilíochtaí atá ar fáil trí Bhreatnais a mhéadú i réimsí tosaíochta straitéisí (lch 6). Deimhnítear sa phlean fosta go seolfar an clár nua Apprenticeship Programme for Wales de chuid Medr i mí Lúnasa 2027 (lch 8).

Tá ról lárnach ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol san infreastruchtúr a thacaíonn leis an bhreisoideachas trí Bhreatnais. Leathnaigh Rúnaí na Comh-Aireachta Oideachais sainchúram an chomhlachta le pleanáil straitéiseach maidir le soláthar trí Bhreatnais agus soláthar dátheangach a chuimsiú ar fud na hearnála iar-16, mar a leagtar amach i gCuid a Cúig de Phlean Gníomhaíochta 2019 (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 21). Déanann an Coleg forbairt ábhar foghlama trí Bhreatnais agus ábhar foghlama dátheangach a choimisiúnú agus a mhaoiniú i réimse ábhar breisoideachais, trí dheontais ábhair a leithdháiltear ar sholáthraithe (lch 27) agus trí acmhainní ríomhfhoghlama bunaidh trí Bhreatnais agus dátheangacha a choimisiúnú go díreach (pointe 67, lch 15). Téann an obair seo i ngleic le ceann de na baic struchtúracha is seasmhaí ar chreidiúnú trí theanga mhionlaigh, is é sin an costas agus an chastacht a bhaineann le hábhair mheasúnaithe agus foghlama sa dá theanga a tháirgeadh de réir an chaighdeáin atá riachtanach chun críocha cáilíochtaí foirmiúla. Cuireann leabharlann acmhainní ar líne an Coleg, Y Porth (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2009), bailiúchán méadaitheach d'acmhainní digiteacha teagaisc trí Bhreatnais agus dátheangacha ar fáil, atá eagraithe de réir réimse ábhair, leibhéil agus cineál acmhainne, agus a chlúdaíonn réimsí gairmoideachais lena n-áirítear an tsláinte agus an cúram, cúram leanaí, seirbhísí poiblí, foirgníocht agus staidéar gnó (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2026). De réir Phlean Gníomhaíochta Cymraeg 2050 2025–2026, leanann an Coleg den tsoláthar a neartú agus de bheith ag tacú leis i réimsí tosaíochta amhail sláinte agus cúram, cúram leanaí, seirbhísí poiblí, spórt agus léann talamhbhunaithe taobh istigh d'earnáil an bhreisoideachais (Rialtas na Breataine Bige, 2025). Chomh maith leis sin, bronnann an Coleg deontais ábhair san ardoideachas leis an tsoláthar trí Bhreatnais a choinneáil ar bun agus a leathnú, agus tá deontais dreasachta agus poist phleanála do sholáthar scileanna teanga curtha ar bun ar bhonn píolótach aige (Rialtas na Breataine Bige, 2025, lch 12). Ina fhorógra in 2025, *Pathways to the Workplace*, iarrann an Coleg infheistíocht bhreise leis an tsoláthar reatha a chosaint, le réimse na n-ábhar gairmoideachais trí Bhreatnais a leathnú agus le soláthar a bhunú i ndisciplíní nua, agus tugtar le fios ann nach gcaitear ach 2.1% de bhuiséad an oideachais threasaigh (gan ranganna iar-16 sna scoileanna a áireamh) ar sholáthar trí Bhreatnais faoi láthair (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2025, lch 6). Tá an creat printíseachtaí sa Bhreatain Bheag ina ghné bhreise de réimse an chreidiúnaithe trí Bhreatnais. Cuirtear an soláthar trí Bhreatnais ar fáil faoi

chaighdeán náisiúnta na bprintíseachtaí, agus tacaíonn an Coleg le forbairt acmhainneachta trí thionscadail straitéiseacha in earnálacha tosaíochta. In earnáil na bprintíseachtaí go sonrach, leanann an Coleg de bheith ag forbairt acmhainneachta agus ag coinneáil an tsoláthair ar bun i réimsí na sláinte agus an chúraim, an chúraim leanaí agus na seirbhísí poiblí, agus é ag forbairt an infreastruchtúir fosta le tacú le fás na Breatnaise ar fud mhórlíonra na soláthraithe printíseachtaí (Rialtas na Breataine Bige, 2025, lgh 12–13).

D'iarr Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2025, lch 7) plean straitéiseach le deiseanna printíseachta trí Bhreatnais a mhéadú, lena n-áirítear coinníollacha níos déine maidir leis an Bhreatnais a chur ar sholáthraithe, a chinntiú go mbeidh teagascóirí, measúnóirí agus meantóirí dátheangacha ar fáil sna hearnálacha agus sna ceantair gheografacha ábhartha, agus printísigh a bhfuil Breatnais acu a threorú chuig conairí dátheangacha. Ó bunaíodh Medr faoin Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022 (Cuid 1, Alt 1, Fo-alt (1)), tá an fhreagracht as soláthar printíseachtaí amach anseo a dhearadh aistrithe chuig an Choimisiún, a bhfuil gealltanas tugtha aige go ndéanfaidh sé é sin i gcomhairle le Qualifications Wales agus mar fhreagairt ar thosaíochtaí scileanna Rialtas na Breataine Bige (Medr, 2025, lch 15). Léiríonn an fógra a rinneadh in 2026 faoi phrintíseachtaí nua Leibhéal 2 san fhoirgníocht, a d'fhorbair Medr, Rialtas na Breataine Bige agus Qualifications Wales i gcomhar lena chéile le hionchur ó lucht na tionsclaíochta, an dóigh a bhfeidhmíonn an cur chuige tripháirteach seo sa chleachtas (Rialtas na Breataine Bige, 2026a, lgh 1–3). Cuirtear an caidreamh institiúideach idir Qualifications Wales agus Medr ar bhonn níos foirmiúla i bpleanáil straitéiseach an rialálaí. Deimhnítear sa phlean cúig bliana go n-oibreoidh Qualifications Wales le Medr le tuiscint a fháil ar na réimsí ina bhfuil dlúthbhaint idir feidhmeanna an dá eagraíocht, mar shampla, maidir le húsáid cáilíochtaí i gcreataí printíseachta, ionas gur féidir leis an dá eagraíocht éifeachtúlacht a gcuid oibre a uasmhéadú (Qualifications Wales, 2024, lch 10). Aithnítear sa phlean fosta go mbraitheann cur i bhfeidhm mholtaí an *Review of Vocational Qualifications in Wales* ar chur chuige straitéiseach agus ar thosaíochtaí Rialtas na Breataine Bige agus Medr araon (lch 10).

I bplean straitéiseach Medr don tréimhse 2025–2030, tugtar gealltanas breise go bhforbróidh agus go gcuirfidh an Coimisiún plean náisiúnta don Bhreatnais i bhfeidhm ar fud earnáil iomlán an oideachais threasaigh, agus go n-oibreoidh sé leis an Coleg agus le Qualifications Wales le soláthar oideachais agus measúnaithe trí Bhreatnais a mhéadú, feabhas a chur ar earcú agus ar choinneáil ball foirne a bhfuil Breatnais acu, agus foghlaim ghairmiúil a chur chun cinn ionas go mbeidh an mhuinín ag níos mó baill foirne le bheith ag teagasc trí Bhreatnais (Medr, 2025, lch 21). Treisítear an treo seo sa treoir reachtúil maidir le curaclaim áitiúla 16–18, a foilsíodh faoi choinne comhairliúcháin i mí Eanáir 2026, trí cheangal a chur ar Medr an Bhreatnais a chur chun cinn i bpleanáil curaclaim iar-16 agus a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí, nuair is féidir, leanúint den staidéar trí Bhreatnais agus iad ag dul isteach san oideachas iar-16 (Rialtas na Breataine Bige, 2026b, Cuid 3). Tugtar aghaidh ar ghné sin an lucht saothair i soláthar creidiúnaithe trí Bhreatnais trí obair Sgiliaith go príomha, seirbhís náisiúnta forbartha foirne atá lonnaithe in Coleg Meirion-Dwyfor (cuid de Grŵp Llandrillo Menai) agus a fhaigheann maoiniú trí Coleg Cymraeg Cenedlaethol. Is é aidhm shonraithe Sgiliaith comhairle phraiticiúil maidir le dea-chleachtas, oiliúint foirne agus acmhainní a chur ar fáil le scileanna agus eispéiris dhátheangacha na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú (Sgiliaith, 2024). Cuireann a National Staff Development Programme réimse deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil

do chleachtóirí atá ag obair sa bhreisoideachas agus i réimse na bprintíseachtaí, beag beann ar a gcumas reatha sa Bhreatnais, lena n-áirítear modúl MA ar mhodheolaíocht an teagaisc dhátheangaigh, cúrsa ar oideolaíocht dhátheangach do theagascóirí, trealamh uirlisí dátheangachais do mheasúnóirí, ceardlanna ar acmhainní dátheangacha a dhearadh agus ar an Bhreatnais a chomhtháthú sa teagasc, clár meantóireachta a thacaíonn le cleachtóirí i bhfíorshuíomhanna foghlama, agus modúil feasachta teanga atá comhtháite sna cláir PGCE (FE) agus Work Welsh (Sgiliaith, 2024). Trí dhíriú ar mhuinín teagascóirí agus measúnóirí breisoideachais as soláthar agus measúnú a dhéanamh trí Bhreatnais, téann Sgiliaith i ngleic le srian praiticiúil ríthábhachtach ar chreidiúnú trí theangacha mionlaigh: a bheith in ann teacht ar chleachtóirí a bhfuil na scileanna cuí acu le próisis mheasúnaithe a riar go dátheangach.

D'ainneoin na nuálaíochtaí seo, tugtar le fios i dtuarascáil Estyn (His Majesty's Inspectorate for Education and Training in Wales) in 2025 go bhfuil bac suntasach go fóill ag na leibhéil is airde den leanúntas teanga. Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíochtaí 'B3', ina mbíonn méideanna beaga den fhoghlaim trí Bhreatnais, níor tháinig méadú comhfhreagrach le cúig bliana anuas ar na catagóirí ina n-éilítear cuid mhór den tsoláthar a bheith trí Bhreatnais nó go dátheangach (lch 5).[23] Sainaithníonn Estyn, cé gur ardaigh céatadán na múinteoirí breisoideachais a bhí cláraithe le bheith ag obair trí Bhreatnais ó 11.3% in 2020 go 12.8% in 2024, gurb é an príomhbhac ar fhás breise ná an easpa 'tráth scaoilte' a thugtar do bhaill foirne le dianoiliúint a chríochnú (lch 19). Le dul i ngleic leis an bhearna seo, molann Estyn go bhforbróidh Medr agus Sgiliaith cáilíocht ghairmiúil aitheanta san oideolaíocht dhátheangach. Léiríonn samhlacha institiúideacha amhail Coleg Cambria fosta gur fearr a fheabhsaítear acmhainneacht nuair a chuimsítear luach saothair airgeadais agus am leithdháilte gan teagmháil le foghlaimeoirí i bpleanáil an lucht saothair, lena chinntiú nach gcuirfidh an fhorbairt ghairmiúil ualach breise ar lucht saothair atá faoi bhrú cheana féin. Sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta 2019 an gá le cleachtadh mapála a dhéanamh go luath ar mheasúnóirí cáilíochta inmheánacha, measúnóirí seachtracha agus scrúdaitheoirí le bearnaí sa chlúdach dhátheangach a shainaithint, agus moladh bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt mar aon le hAcadamh Náisiúnta Measúnaithe (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 13). Léiríonn soláthar cianfhoghlama Sgiliaith, ina n-úsáidtear físchomhdháil leis an churaclam a sholáthar trí Bhreatnais ó Coleg Meirion-Dwyfor do scoileanna agus do choláistí seachtracha, an dóigh a bhfuiltear ag dul i ngleic le srianta ar acmhainneacht cleachtóirí i gcomhthéacsanna teangacha mionlaigh trí nuálaíocht theicneolaíoch (Sgiliaith, 2024).

3.2.3 Infreastruchtúir Thacaíochta d'Fhoghlaimeoirí

[23] De réir shamhail an tsoláthair trí Bhreatnais sa bhreisoideachas, rangaítear an soláthar ar leanúntas ó B1 (úsáid ócáideach na Breatnaise, amhail beannachtaí agus téarmaíocht bhunúsach), trí B2 (roinnt gníomhaíochtaí trí Bhreatnais taobh istigh de chlár curtha ar fáil trí Bhéarla den chuid is mó) agus B3 (cuid bheag den chlár, ach cuid is féidir a shainaithint, curtha ar fáil trí Bhreatnais), go B4 (cuid shuntasach den chlár curtha ar fáil trí Bhreatnais) agus B5 (an clár iomlán curtha ar fáil trí Bhreatnais). Is é an dúshlán leanúnach a shainaithníonn Estyn go bhfuil an fás comhchruinnithe ag leibhéal B3, agus nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta maidir le soláthar ag leibhéil B4 agus B5.

Tá infreastruchtúr tacaíochta ilsrathach d'fhoghlaimeoirí forbartha sa Bhreatain Bheag le laghdú ar an chostas agus ar an riosca a shamhlaítear le gairmchonairí trí Bhreatnais a roghnú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Feidhmíonn an t-infreastruchtúr seo trí dhreasachtaí airgeadais, treoir ghairme, normalú teanga san ionad oibre,[24] agus soláthar acmhainní trína spreagtar foghlaimeoirí go córasach le staidéar trí Bhreatnais agus staidéar dátheangach a roghnú.

3.2.3.1 Dreasachtaí airgeadais agus scéimeanna scoláireachta

Reáchtálann Coleg Cymraeg Cenedlaethol réimse scéimeanna scoláireachta agus dreasachta atá in ainm rogha tharraingteach a dhéanamh den staidéar trí Bhreatnais ó thaobh airgid de. Ag leibhéal an ardoideachais, leanann an Coleg de scoláireachtaí fochéime a chur ar fáil do mhic léinn a roghnaíonn a gcúrsa iomlán nó cuid de a dhéanamh trí Bhreatnais (Rialtas na Breataine Bige, 2025). Tá dhá chineál scoláireachta i gceist: Lead Scholarships, a bhronntar ar mhic léinn a gheallann a gclár iomlán a dhéanamh trí Bhreatnais, agus Incentive Scholarships, do mhic léinn a roghnaíonn sciar suntasach de chreidmheasanna a gcúrsa a bhaint amach trí Bhreatnais. Bronnann an Coleg deontais ábhair fosta le soláthar trí Bhreatnais ag leibhéal na hollscoile a choinneáil ar bun agus a leathnú, mar aon le deontais dreasachta a chuidíonn le soláthraithe cláir nua trí Bhreatnais a chruthú. Deimhnítear i bplean gníomhaíochta 2025–2026 go dtacóidh an Coleg le tionscadail phíolótacha le líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar sholáthar trí Bhreatnais a mhéadú, lena n-áirítear maoiniú do phoist teanga agus do phoist le soláthar scileanna teanga a phleanáil (lch 12).

Scrúdaíodh meicníochtaí dreasachta den chineál chéanna ag leibhéal an bhreisoideachais agus na bprintíseachtaí, ach níl siad chomh foirmiúil leis na scéimeanna ardoideachais go fóill. Moladh sa doiciméad *FE and Apprenticeship Welsh-medium Action Plan* ballraíocht sa Coleg a leathnú chuig foghlaimeoirí breisoideachais agus printíseachta, rud a thabharfadh rochtain dóibh ar acmhainní trí Bhreatnais agus ar phobal dátheangach níos leithne (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 9). Moladh sa phlean gníomhaíochta fosta go bhforbrófaí gníomhaíochtaí le duaiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí as a gcuid gnóthachtálacha sa staidéar trí Bhreatnais agus sa staidéar dhátheangach, lena n-áirítear an fhéidearthacht suaitheantais oscailte agus teastais scileanna teanga ag Leibhéal 3 a fhorbairt, ar aon dul leis an Teastas Scileanna Teanga Leibhéal 6 atá ar fáil san ardoideachas (lch 10). I bplean straitéiseach Coleg Cymraeg Cenedlaethol do 2026–2030, iarrtar maoiniú breise le scéimeanna dreasachta a chruthú d'fhoghlaimeoirí, agus áitítear ann nach gcaitear ach 2.1% de bhuiséad an oideachais threasaigh ar sholáthar trí Bhreatnais faoi láthair (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2025, lch 6).

3.2.3.2 Treoir agus eolas gairme

Tá ról ar leith ag Careers Wales, mar sheirbhís náisiúnta gairmeacha, maidir le gairmchonairí trí Bhreatnais a chur chun cinn agus eolas, comhairle agus treoir dhátheangach a chur ar fáil. Leagadh freagracht ar Careers Wales san *FE and*

[24] Tagraíonn an téarma 'normalú teanga san ionad oibre' don phróiseas trína neadaítear teanga mhionlaigh i ngnáth-chomhthéacsanna gairmiúla agus ceirde ionas go mbeidh a húsáid san ionad oibre ina gnáthchleachtas a mbíonn súil leis, seachas ina rud eisceachtúil nó roghnach. Tacaíonn an scéim Cymraeg Gwaith (Work Welsh), atá á reáchtáil ag an National Centre for Learning Welsh, le hinstitiúidí breisoideachais agus le hionaid oibre eile le soláthar Breatnaise a fhorbairt do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí (Work Welsh, 2025).

Apprenticeship Action Plan, i gcomhar le Coleg Cymraeg Cenedlaethol, as bunachar sonraí dátheangach de chúrsaí agus deiseanna oiliúna a bhunú agus plean margaíochta a fhorbairt le cúrsaí dátheangacha agus deiseanna oiliúna atá ar fáil a chur chun cinn de réir ceantar geografach (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 22). Sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta fosta an gá le straitéis náisiúnta margaíochta chomhordaithe a fhorbairt a bheadh dírithe ar fhoghlaimeoirí ionchasacha idir 14 agus 16 bliana d'aois, le buntáistí an ghairmoideachais dhátheangaigh a chur in iúl dóibh, agus aitheantas á thabhairt nach leor eolas a chur ar fáil gan cur chun cinn gníomhach agus dul i ngleic le dearcthaí diúltacha (lch 9). Leagadh freagracht ar Careers Wales fosta, i gcomhar leis an Coleg, as eolas faoi mhargadh an tsaothair a úsáid le bonn eolais a chur faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le huaillmhianta agus le hinfhostaitheacht foghlaimeoirí (lch 25). Treisítear an fheidhm seo i dtreoir Rialtas na Breataine Bige maidir le curaclaim áitiúla 16–18, ag súil leis go gcomhoibreoidh scoileanna agus institiúidí breisoideachais le comhpháirtithe, Careers Wales ina measc, lena chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh i ndiaidh 16 bliana d'aois (Rialtas na Breataine Bige, 2026b, lch 8). Aithnítear i straitéis Cymraeg 2050 go bhfuil fáil ar eolas faoi ghairmeacha i mBreatnais agus ar chomhairleoirí atá ábalta roghanna trí Bhreatnais a phlé ina phríomhthosca a éascaíonn glacadh na bhfoghlaimeoirí leis na roghanna sin.

3.2.3.3 Normalú teanga san ionad oibre: Cymraeg Gwaith (Work Welsh)

Tacaíonn an scéim Cymraeg Gwaith (Work Welsh), atá á reáchtáil ag an National Centre for Learning Welsh, le hinstitiúidí breisoideachais agus le hionaid oibre eile le soláthar Breatnaise a fhorbairt do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí (Work Welsh, 2025). Cuireann an scéim réimse d'oiliúint ar fáil, idir bhlaschúrsaí féinstaidéir ar líne agus dianchláir chónaithe, agus cuireann sí pleananna sonracha i bhfeidhm d'earnálacha éagsúla, lena n-áirítear plean náisiúnta sláinte agus cúraim (Rialtas na Breataine Bige, 2025, lgh 13–14). Le linn 2025–2026, tá an tIonad ag cur teagascóirí Breatnaise ag obair in údaráis sláinte le hoiliúint, meantóireacht agus iarchúram a dhéanamh, agus leanann sé den scéim a leathnú le comhoibriú le sainréimsí taobh istigh den earnáil, lena n-áirítear fórsaí póilíneachta agus comhlachtaí spóirt (lch 14). Cuireadh fáilte roimh an scéim Cymraeg Gwaith (Work Welsh) sa *FE and Apprenticeship Action Plan*, agus tugadh faoi deara gur bhain institiúidí breisoideachais tairbhe as an scéim sa chéad dá bhliain dá feidhmiú. Moladh sa phlean go nascfaí an scéim go díreach le tograí forbartha an lucht saothair, agus bhí an National Centre for Learning Welsh ag súil le hearcaíocht níos straitéisí ar an scéim (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 11). Is é an tábhacht a bhaineann le Cymraeg Gwaith an ról atá aige i normalú úsáid na Breatnaise i gcomhthéacsanna gairmoideachais agus gairmiúla, trí thimpeallacht a chruthú ina mbreathnaítear ar úsáid na Breatnaise chun críocha oibre mar ghnáthchleachtas seachas mar rud eisceachtúil.

3.2.3.4 Infreastruchtúr acmhainní: an Porth Adnoddau

Tá easpa acmhainní oiriúnacha trí Bhreatnais luaite go seasta ag foghlaimeoirí agus ag foghlaimeoirí ionchasacha mar phríomhbhac ar an staidéar dhátheangach (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 17). Mar fhreagairt air seo, reáchtálann Coleg Cymraeg Cenedlaethol an Porth Adnoddau Resource Portal, leabharlann ar líne d'acmhainní digiteacha teagaisc trí Bhreatnais agus dátheangacha atá ar fáil ag porth.ac.uk. Déantar cur síos ar an tairseach mar leabharlann d'acmhainní

digiteacha teagaisc trí Bhreatnais agus dátheangacha, ina bhfuil ábhair foghlama do réimse leathan ábhar léinn a bhaineann leis an bhreisoideachas agus leis an ardoideachas araon, lena n-áirítear sláinte agus cúram, cúram leanaí, seirbhísí poiblí, spórt, staidéar gnó agus foirgníocht. I measc na n-acmhainní, tá ríomhleabhair, taifeadtaí léachtaí, ábhar físe, ábhair mhodúl, aipeanna agus acmhainní oiliúna, agus tá na hábhair rangaithe de réir réimse ábhair, cineál acmhainne agus leibhéal staidéir, lena n-áirítear oideachas iar-16 agus gairmoideachas. Moladh ar dtús san *FE and Apprenticeship Action Plan* leabharlann náisiúnta acmhainní a fhorbairt ina mbeadh foghlaimeoirí ábalta teacht ar ábhair rochtana oscailte, agus na hacmhainní a bheith faoi cheadúnais oscailte ionas go bhféadfadh oideoirí iad a chur in oiriúint d'úsáidí eile de réir mar ba chuí (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 15). Leagadh sprioc mheántéarmach amach sa phlean gníomhaíochta go bhforbródh Coleg Cymraeg agus JISC an leabharlann seo (lch 26). Léiríonn Porth Adnoddau gur cuireadh an togra seo i gcrích. Deimhnítear ar shuíomh gréasáin Coleg Cymraeg go dtacaíonn an tairseach le mic léinn ollscoile fosta, trí rochtain a thabhairt dóibh ar acmhainní teagaisc mar chuid dá gcúrsaí. Laghdaíonn an tairseach an t-ualach a bhíonn ar theagascóirí aonair a gcuid ábhar féin a fhorbairt ó bhonn, rud atá tábhachtach i bhfianaise an ghanntanais acmhainní dátheangacha atá aitheanta in ábhair ghairmoideachais.

Feidhmíonn tacaíocht d'fhoghlaimeoirí sa Bhreatain Bheag ar roinnt leibhéal a chomhlánaíonn a chéile: laghdaíonn dreasachtaí airgeadais an costas pearsanta a bhaineann le conairí trí Bhreatnais a roghnú; cuireann treoir ghairme roghanna gairmoideachais dátheangacha chun cinn go gníomhach agus cinntíonn sí go bhfuil foghlaimeoirí ar an eolas faoin tsoláthar atá ar fáil; cruthaíonn normalú teanga san ionad oibre trí Cymraeg Gwaith timpeallacht ina mbraitheann daoine gur féidir leo an Bhreatnais a úsáid go gairmiúil; agus cinntíonn an t-infreastruchtúr acmhainní trí Porth Adnoddau go bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí agus ag teagascóirí ar na hábhair atá de dhíth le staidéar trí Bhreatnais a choinneáil ar bun. Is é éifeacht charnach na n-idirghabhálacha seo an costas agus an riosca a shamhlaíonn foghlaimeoirí le roghnú conairí trí Bhreatnais a laghdú, agus dul i ngleic le baic phraiticiúla (acmhainní, eolas) agus le baic a bhaineann le dearcthaí araon. Níl struchtúr tacaíochta il-leibhéil inchomparáide i dTuaisceart Éireann, rud a fhágann go bhféadfadh rannpháirtíocht foghlaimeoirí a bheith íseal go fóill fiú nuair a bhíonn soláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí Ghaeilge ar fáil, toisc nach bhfuil an t-infreastruchtúr cuí ann le tacú le roghanna trí theangacha mionlaigh agus na roghanna sin a spreagadh. Léiríodh i dtaighde ar dhearcthaí foghlaimeoirí sa Bhreatain Bheag, cé go roghnódh mionlach de na foghlaimeoirí soláthar trí Bhreatnais le muinín, go roghnódh grúpa i bhfad níos mó soláthar dátheangach dá gcuirfí tacaíocht agus dearbhú ar fáil dóibh (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 4). Leagann an toradh seo béim ar a thábhachtaí atá infreastruchtúr gníomhach tacaíochta le toilteanas nach bhfuil léirithe go fóill a iompú ina rannpháirtíocht iarbhír.

3.2.4 Acmhainneacht Soláthraithe agus an Lucht Saothair

Braitheann cumas soláthraithe gairmoideachas agus gairmoiliúint trí Bhreatnais a chur ar fáil go bunúsach ar bhaill foirne a bhfuil Breatnais acu a bheith ar fáil agus muinín a bheith ag na baill foirne sin as a gcumas teanga. Tá aitheantas follasach tugtha don tsrian seo sa Bhreatain Bheag, agus tá infheistíocht déanta i réimse

meicníochtaí forbartha lucht saothair atá deartha le hinniúlacht teanga teagascóirí, measúnóirí agus oiliúnóirí breisoideachais a chothú agus a bhuanú.

3.2.4.1 Acmhainneacht teanga i measc bhaill foirne an bhreisoideachais

Tá an dúshlán a bhaineann le hacmhainneacht teanga i measc teagascóirí agus measúnóirí breisoideachais ar cheann de na baic is minice a shainaithnítear ar sholáthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí Bhreatnais sa Bhreatain Bheag. Aithníodh san *FE and Apprenticeship Action Plan*, cé gur díríodh i bhfad níos mó le blianta beaga anuas ar bhaill foirne a bhíonn ag teagasc nó ag measúnú go dátheangach a shainaithint, go raibh na sonraí neamhiomlán agus neamhréireach go fóill agus nár léirigh siad go cruinn na baill foirne ar mhian leo a bheith ag teagasc nó ag measúnú i mBreatnais ach nach raibh muiníneach go leor (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 11). Sainaithníodh cleachtadh mapála mionsonraithe a dhéanamh go luath ar an chéad chéim riachtanach ar fud earnálacha an bhreisoideachais agus na bprintíseachtaí araon, agus é a bheith déanta trí sholáthraithe aonair, pleananna straitéiseacha, sonraí pleanála Cymraeg Gwaith agus pleananna ag leibhéal na n-ábhar (lch 12). Leagadh sprioc ghearrthéarmach amach sa phlean gníomhaíochta go ndéanfadh Coleg Cymraeg mapáil ar na hacmhainní foirne a bhí ann cheana faoi Mheán Fómhair 2020 (lch 24). Sainaithnítear sa straitéis Cymraeg 2050 mapáil na mball foirne a bhfuil Breatnais acu sa bhreisoideachas mar thosaíocht bhunlíne sular féidir tús a chur le forbairt spriocdhírithe an lucht saothair, agus aithnítear gur gá eolas cruinn ar acmhainneacht reatha an lucht saothair le pleanáil éifeachtach a dhéanamh.

3.2.4.2 Sgiliaith: forbairt speisialaithe cleachtóirí

Is é Sgiliaith, atá lonnaithe ag Grŵp Llandrillo Menai, an eagraíocht speisialaithe a thacaíonn le baill foirne bhreisoideachais lena muinín agus lena n-inniúlacht a fhorbairt maidir le teagasc a chur ar fáil agus measúnú a dhéanamh trí Bhreatnais. Ó bunaíodh in 2001 é, tá tacaíocht maidir le dátheangachas, oideachas trí Bhreatnais agus scileanna cumarsáide sa Bhreatnais agus sa Bhéarla curtha ar fáil ag Canolfan Sgiliaith do choláistí breisoideachais agus d'institiúidí eile oideachais iar-14 ar fud na Breataine Bige (Sgiliaith, 2024, lch 2). Cuireann an Clár Forbartha Foirne Náisiúnta de chuid Sgiliaith, atá á mhaoiniú ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol, conair struchtúrtha dul chun cinn ar fáil don earnáil trí phirimid scileanna teanga a chuimsíonn feasacht, tuiscint, muinín agus líofacht (lch 4). Cuimsíonn an clár oiliúint Feasachta Teanga a chuirtear ar fáil trí chlár Cymraeg Gwaith, Ceardlann ar an Bhreatnais a Chomhtháthú, Tacar Uirlisí Dátheangachais do Theagascóirí, Tacar Uirlisí Dátheangachais do Mheasúnóirí, Bunchúrsa ar an Teagasc Dhátheangach, Modúl MA ar Mhodheolaíocht an Teagaisc Dhátheangaigh ag Leibhéal 7, Ceardlann ar Dhearadh Acmhainní Dátheangacha, agus Clár Meantóireachta do Léachtóirí agus do Mheasúnóirí atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí PGCE nó TAQA (Oiliúint, Measúnú agus Dearbhú Cáilíochta) (lgh 6–14). Tá an Modúl MA ar Mhodheolaíocht an Teagaisc Dhátheangaigh, modúl iarchéime ar fiú 30 creidmheas é, dírithe ar chleachtóirí atá ábalta cumarsáid a dhéanamh go líofa i mBreatnais agus i mBéarla ach nach bhfuil a sáith muiníne acu le grúpaí ina n-úsáidtear an dá theanga a theagasc. Éilítear ar rannpháirtithe taighde gníomhaíochta a dhéanamh ina ndéantar meastóireacht ar idirghabhálacha sa teagasc dhátheangach (lgh 12–13). Tá clár meantóireachta Sgiliaith oscailte fosta do chleachtóirí atá páirteach sa scéim Cymraeg Gwaith don bhreisoideachas agus do phrintíseachtaí. Cuirtear an oiliúint ar

fáil saor in aisce d'earnálacha an bhreisoideachais agus na bprintíseachtaí mar go bhfaigheann sí maoiniú ó Coleg Cymraeg Cenedlaethol (lch 2).

3.2.4.3 Scéim na Léachtóirí Comhlacha

Maoiníonn scéim Darlithwyr Cyswllt (Léachtóirí Comhlacha) de chuid Coleg Cymraeg Cenedlaethol poist léachtóireachta pháirtaimseartha ag leibhéal an ardoideachais, agus sainaithníodh í mar shamhail a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in earnáil an bhreisoideachais. Moladh san *FE and Apprenticeship Action Plan* go gcruthófaí deiseanna do bhaill foirne páirt a ghlacadh i scéim na Léachtóirí Comhlacha de chuid Coleg Cymraeg, go háirithe nuair atá na baill foirne scaipthe go forleathan ó thaobh tíreolaíochta nó ábhair de, mar bhealach le dea-chleachtas a chomhroinnt agus saineolas acadúil trí Bhreatnais a chothú (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 12). Moladh sa phlean fosta go gcuirfí de chúram ar Coleg Cymraeg tacú le bonnchéimeanna dátheangacha in institiúidí breisoideachais trí dheontais ábhair, a d'fhéadfaí a úsáid le maoiniú páirteach a chur ar fáil do phoist teagaisc (lch 12). Áiríodh poist nua a chruthú do léachtóirí nó d'oiliúnóirí dátheangacha mar thosaíocht sa phlean gníomhaíochta mheántéarmach don tréimhse 2021–2024 (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 26). Tá samhail na Léachtóirí Comhlacha tábhachtach mar go gcoinníonn sí saineolas acadúil trí Bhreatnais i réimsí ábhair nach bhfuil go leor foghlaimeoirí trí Bhreatnais iontu le ceapacháin lánaimseartha a chosaint. Tá an dúshlán seo thar a bheith géar in earnáil an bhreisoideachais, áit ar lú de ghnáth na grúpaí foghlaimeoirí trí Bhreatnais ná mar a bhíonn siad san ardoideachas.

3.2.4.4 An dúshlán a bhaineann le grúpaí beaga foghlaimeoirí

De réir an *Further Education and Apprenticeship Welsh-Medium Action Plan* (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 4), is dúshlán struchtúrach leanúnach don tsoláthar breisoideachais trí Bhreatnais é nach bhfuil a sáith foghlaimeoirí trí Bhreatnais ag cuid mhór soláthraithe le ranganna ar leith a reáchtáil ar bhealach inmharthana. Tugann sonraí ó shuirbhéanna Learner Voice agus ón Lifelong Learning Wales Record le fios go ndeir thart ar 11% d'fhoghlaimeoirí breisoideachais agus 11% de phrintísigh go bhfuil Breatnais líofa acu, agus go ndeir grúpa eile, thart ar 5% agus 4% faoi seach, go bhfuil siad ábalta comhrá a dhéanamh i mBreatnais. Mar sin féin, níor léirigh ach 1% d'fhoghlaimeoirí breisoideachais agus 1% de phrintísigh gurbh fhearr leo staidéar a dhéanamh trí Bhreatnais amháin, agus b'fhearr le thart ar 11% agus 9% díobh faoi seach staidéar dátheangach a dhéanamh. Tugann taighde a rinneadh i gcomhthéacsanna eile le fios, cé go roghnódh mionlach de na freagróirí soláthar trí Bhreatnais go cinnte, go roghnódh grúpa i bhfad níos mó soláthar dátheangach dá gcuirfí tacaíocht agus dearbhú cuí ar fáil dóibh.

Éilíonn an patrún seo samhlacha cruthaitheacha soláthair. Moladh san *FE and Apprenticeship Action Plan* (Rialtas na Breataine Bige, 2019) cur chuige forbartha de réir ábhair fosta, ag tosú le réimsí tosaíochta amhail Sláinte agus Cúram Sóisialta, Cúram Leanaí agus Seirbhísí Poiblí, chomh maith le mapáil mhionsonraithe agus bunú grúpaí saineolaithe le fís náisiúnta a fhorbairt do gach ábhar a léireodh samhail phirimid na scileanna teanga (lgh 13–14). Táthar ag súil leis go mbainfidh soláthraithe leas as cuir chuige soláthair dhátheangaigh, sruthú taobh istigh de ranganna measctha nó socruithe cuibhreannais idir soláthraithe le soláthar a chothú nuair nach inmharthana iad ranganna ar leith trí Bhreatnais. Ardaíonn sé seo an cheist an mbeadh cur chuige comhchosúil maidir le soláthar dátheangach ina

chonair inmharthana do Thuaisceart Éireann. Ós dócha go mbeadh grúpaí foghlaimeoirí measartha beag sa bhreisoideachas trí Ghaeilge, d'fhéadfadh na srianta céanna ó thaobh inmharthanachta de a sainaithníodh sa Bhreatain Bheag a bheith ag baint le samhail ina gcuirfí an soláthar ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cur chuige dátheangach, ina mbeadh soláthar measctha, sruthú agus úsáid sholúbtha teanga taobh istigh de chláir, samhail níos inbhuanaithe ar fusa í a leathnú a chur ar fáil don chéad chéim den chur i bhfeidhm. Mar sin féin, bheadh a éifeachtúlacht ag brath ar bhaill foirne a bhfuil an oiliúint chuí orthu a bheith ar fáil agus ar acmhainneacht institiúidí tacú le soláthar sa dá theanga taobh istigh den tsoláthar atá ann cheana.

Áitítear i bplean straitéiseach Coleg Cymraeg gur cheart coinníollacha níos déine maidir le soláthar trí Bhreatnais a chur ar sholáthraithe printíseachtaí agus a chinntiú go mbeadh teagascóirí, measúnóirí agus meantóirí dátheangacha ar fáil sna hearnálacha agus sna ceantair chuí (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2025, lch 7). Tá infheistíocht shuntasach déanta sa Bhreatain Bheag i ngné an lucht saothair den tsoláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí Bhreatnais, agus aithnítear nach mbíonn creataí creidiúnaithe agus rialachais éifeachtach ach amháin nuair a bhíonn an cumas teanga ag cleachtóirí le soláthar a dhéanamh faoi na creataí sin. Cruthaíonn an meascán d'obair Sgiliaith maidir le forbairt cleachtóirí, ina gcuirtear conair struchtúrtha dul chun cinn ar fáil ó fheasacht teanga go modheolaíocht an teagaisc dhátheangaigh ag leibhéal MA, obair Coleg Cymraeg Cenedlaethol maidir le saineolas ábhair, forbairt ábhar agus samhail na léachtóirí comhlacha; agus cáilíochtaí foirmiúla san oideolaíocht trí Bhreatnais infreastruchtúr do chleachtóirí nach bhfuil ann faoi láthair don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Cuireann clár Sgiliaith féin oiliúint ar fáil ag gach leibhéal de phirimid na scileanna teanga, idir sheisiúin feasachta ag an leibhéal iontrála atá oiriúnach do dhaoine nach bhfuil Breatnais acu agus mhodúil ag leibhéal iarchéime do chainteoirí líofa ar mian leo níos mó muiníne a chothú as a gcumas sa teagasc dhátheangach (Sgiliaith, 2024, lch 4). Neartaítear an t-infreastruchtúr seo a thuilleadh leis na tograí san *FE and Apprenticeship Action Plan* maidir le dreasachtaí PGCE, scéimeanna ambasadóirí foirne agus gradaim do bhaill foirne as an teagasc dhátheangach (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lgh 12–13). Aithnítear i gcur chuige na Breataine Bige nach ceist earcaíochta cainteoirí Breatnaise chuig poist teagaisc amháin í acmhainneacht an lucht saothair, ach muinín, saineolas oideolaíoch agus pobal gairmiúil a chothú i measc na mball foirne atá ann cheana. Gan infheistíocht inchomparáide i bhforbairt cleachtóirí, d'fhéadfadh na srianta céanna maidir leis an lucht saothair a bhfuil iarracht chórasach déanta sa Bhreatain Bheag dul i ngleic leo srian a chur ar aon soláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann.

3.2.5 Dálaí cumasúcháin


Léiríonn na torthaí tosaigh i gcás na Breataine Bige go bhfuil córas na Breatnaise maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint trí theangacha mionlaigh bunaithe ar shraith réamhchoinníollacha struchtúracha inaitheanta nach bhféadfadh na socruithe rialachais, creidiúnaithe, tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ná na socruithe maidir leis an lucht saothair a pléadh thuas feidhmiú dá n-uireasa. Eascraíonn buanseasmhacht pholaitiúil agus comhleanúnachas treorach an chórais ar fad as straitéis Cymraeg 2050, a bhfuil sé mar sprioc aici milliún cainteoir Breatnaise a bheith ann faoi 2050

agus a thugann gealltanas úsáid laethúil na teanga a dhúbailt. Cuirtear an straitéis i bhfeidhm trí chláir oibre cúig bliana a thagann i ndiaidh a chéile, agus pleananna gníomhaíochta bliantúla agus tuarascálacha ar dhul chun cinn mar thaca leo. Tá an straitéis bunaithe ar thrí théama: líon na gcainteoirí Breatnaise a mhéadú, úsáid na Breatnaise a mhéadú, agus dálaí fabhracha a chruthú ó thaobh infreastruchtúir agus comhthéacs de. Cosnaíonn an fhís fhadtéarmach seo, a choinnítear ar bun thar théarmaí éagsúla den Senedd, an soláthar gairmoideachais trí Bhreatnais ar luaineachtaí polaitiúla gearrthéarmacha agus cuireann sí an sainordú ar fáil a mbraitheann gach gné eile den chóras air (Rialtas na Breataine Bige, 2025). Tá buanseasmhacht an tsainordaithe seo le feiceáil i bpleanáil institiúideach na gcomhlachtaí rialála éagsúla. Measann Qualifications Wales go n-ardóidh céatadán na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil labhairt na Breatnaise acu go 70% faoi 2050 de réir mar a fhásann an t-oideachas trí Bhreatnais, agus geallann sé comhoibriú le comhpháirtithe le cur le tosaíochtaí Cymraeg 2050 (Qualifications Wales, 2024, lch 5). Is cuid shuntasach de chaiteachas an rialálaí é a chlár deontas, a thugann fóirdheontais d'fhorais cháiliúcháin le measúnú trí Bhreatnais a chur ar fáil, agus gealltar sa phlean cúig bliana meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chaiteachais go dtí seo ar fud a réimse deontas, agus a mheas an leor buiséad iomlán na ndeontas le tacú leis an obair atá riachtanach, go háirithe i gcomhthéacs athchóirithe ar cháilíochtaí agus na Breatnaise (Qualifications Wales, 2024, lgh 9–10). Is réamhchoinníoll d'fhorbairt chomhordaithe é comhlacht idirghabhála náisiúnta tiomnaithe a bheith ann. Bunaíodh Coleg Cymraeg Cenedlaethol go sonrach le hoideachas trí Bhreatnais a phleanáil, a chomhordú agus a chur chun cinn, agus ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh sé féin ina sholáthraí oideachais (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2020, lch 6). Ba thoradh ar phróiseas foirmiúil athbhreithnithe ag Meitheal Tasc agus Cur i gCrích, a fuair fianaise ó 19 n-eagraíocht agus 30 aighneacht scríofa, é leathnú a chuid oibre chuig an bhreisoideachas agus na printíseachtaí ó 2018 ar aghaidh (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, lch 12). Faoin tsamhail idirghabhála, láraítear ualach na pleanála i gcomhlacht speisialaithe, rud a fhágann nach gá do choláistí ná do sholáthraithe printíseachtaí feidhm a chomhlíonadh nach bhfuil lárnach dá bpríomhchuspóirí ach atá riachtanach d'fhorbairt teangacha mionlaigh (Rialtas na Breataine Bige, 2021, lch 14). Gan comhlacht den chineál sin, bíonn an fhorbairt ag brath go fóill ar thosaíochtaí lánroghnacha agus ar dhea-thoil soláthraithe aonair (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 2). Tá maoiniú tiomnaithe imfhálaithe a chuirtear ar fáil tríd an chomhlacht idirghabhála chomh riachtanach céanna. Sa bhliain 2024–2025, fuair an Coleg £2.825 milliún go sonrach le soláthar breisoideachais agus printíseachtaí trí Bhreatnais a leathnú (Rialtas na Breataine Bige, 2024a, lch 4), socrú maoinithe a coinníodh ar bun d'aon ghnó trí dheontais dhíreacha ó Rialtas na Breataine Bige seachas trí chomhlachtaí maoinithe eile (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, lch 34).

Tugtar faoi deara in anailís Coleg Cymraeg Cenedlaethol féin nach gcaitear ach 2.1% de bhuiséad an oideachais threasaigh, gan an soláthar iar-16 sna scoileanna a áireamh, ar sholáthar trí Bhreatnais faoi láthair, agus d'iarr an Coleg infheistíocht bhreise leis an tsoláthar reatha a chosaint agus leis an tsoláthar a leathnú chuig disciplíní nua (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2025, lch 6). Daingníonn comhtháthú reachtúil na pleanála do theangacha mionlaigh i rialáil an chórais an soláthar trí Bhreatnais mar ghné struchtúrach d'earnáil an oideachais threasaigh seachas mar cheist imeallach. Tá ról comhairleach reachtúil foirmiúil ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol a ghabhann le bunú Medr faoin Tertiary Education and Research

(Wales) Act 2022, comhlacht a bhfuil de chúram air an breisoideachas, an t-ardoideachas, na printíseachtaí, an fhoghlaim phobail do dhaoine fásta agus an soláthar iar-16 i scoileanna a mhaoiniú agus a rialáil (Medr, 2025, lch 3). Geallann Medr go follasach go gcuirfidh sé san áireamh an chomhairle a thugann an Coleg sa ról atá sainithe dó faoinn Acht (Medr, 2022, lch 20) agus go bhforbróidh sé plean náisiúnta don Bhreatnais ar fud earnáil iomlán an oideachais threasaigh i gcomhpháirtíocht leis an Coleg agus le Qualifications Wales (lch 21). Treisíonn an treoir maidir le curaclaim áitiúla 16–18, a foilsíodh faoi choinne comhairliúcháin i mí Eanáir 2026, leis seo trína cheangal ar Medr an Bhreatnais a chur chun cinn i bpleanáil curaclaim iar-16 agus a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí leanúint den staidéar trí Bhreatnais agus iad ag dul isteach san oideachas iar-16 (Rialtas na Breataine Bige, 2026b, Cuid 3).

Is réamhchoinníoll riachtanach é infreastruchtúr speisialaithe forbartha lucht saothair le creataí rialachais agus creidiúnaithe a chur i bhfeidhm sa teagasc sa tseomra ranga. Cuireann an Clár Forbartha Foirne Náisiúnta de chuid Sgiliaith conair struchtúrtha dul chun cinn ar fáil trí phirimid scileanna teanga a chuimsíonn feasacht, tuiscint, muinín agus líofacht (Sgiliaith, 2024, lch 4), agus oiliúint á cur ar fáil aige idir sheisiúin feasachta teanga ag an leibhéal iontrála agus mhodúl MA iarchéime ar Mhodheolaíocht an Teagaisc Dhátheangaigh ar fiú 30 creidmheas é (Sgiliaith, 2024, lgh 6–13). Cuirtear an oiliúint seo ar fáil saor in aisce d'earnálacha an bhreisoideachais agus na bprintíseachtaí mar go bhfuil sí á maoiniú ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol (lch 2). Gan chleachtóirí a bhfuil an inniúlacht teanga agus an mhuinín oideolaíoch acu le teagasc a chur ar fáil agus measúnú a dhéanamh go dátheangach, ní bheadh na struchtúir rialála agus chreidiúnaithe a ndearnadh cur síos orthu sna codanna roimhe seo in ann feidhmiú. Léiríonn an fhianaise ón Bhreatain Bheag gur féidir na dálaí seo a chruthú, gur cuireadh le chéile iad de réir a chéile trí ghníomh beartais d'aon ghnó thar thréimhse breis agus deich mbliana, agus gurb é an toradh carnach atá orthu gur athraíodh soláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí theangacha mionlaigh, a bhí ina ghníomhaíocht imeallach ag brath ar dhea-thoil daoine aonair, ina ghné phleanáilte inbhuanaithe den chóras oideachais threasaigh.



Fíor 1: Struchtúr rialachais agus soláthair an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna sa Bhreatain Bheag

3.3 Poblacht na hÉireann: Torthaí de réir Cúig Ghné

Déantar scrúdú anseo ar chur chuige Phoblacht na hÉireann maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint trí theangacha mionlaigh de réir na gcúig ghné anailíse chéanna a cuireadh i bhfeidhm i gcás na Breataine Bige: rialachas agus struchtúr an chórais; creataí creidiúnaithe agus cáilíochtaí; infreastruchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí, acmhainneacht soláthraithe agus an lucht saothair; agus dálaí cumasúcháin. Tá an anailís bunaithe ar Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 arna leasú agus mar atá comhdhlúite go dtí an 28 Eanáir 2026; Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, arna leasú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus mar atá comhdhlúite go dtí an 1 Meitheamh 2025; doiciméid straitéise náisiúnta atá foilsithe ag SOLAS; pleananna straitéiseacha agus gealltanais fhoilsithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí; straitéis chorparáideach Údarás na Gaeltachta; an *Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030*; agus an fhaisnéis atá foilsithe faoi sholáthar soláthraithe neamhspleácha creidiúnaithe, Gaelchultúr (Coláiste na hÉireann) ina measc. I gcás inar tugadh forálacha ar leith de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, luaitear é sin; baineann tagairtí do leathanaigh le téacs comhdhlúite Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna athbhreithniú go dtí an 1 Meitheamh 2025), mura sonraítear a mhalairt. Déantar idirdhealú ar fud na hanailíse idir soláthar a bhaineann go sonrach leis an Ghaeltacht, atá comhchruinnithe i gceantair gheografacha áirithe agus a fhreastalaíonn ar phobail arb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga labhartha, agus soláthar Gaeilge níos leithne a fhreastalaíonn ar fhoghlaimeoirí deonacha ar fud an stáit. Tá an dá shamhail ábhartha do Thuaisceart Éireann, ach ar chúiseanna éagsúla agus ar bhealaí éagsúla. Is é an cuspóir na gnéithe struchtúracha a mhúnlaíonn infhaighteacht gairmchonairí trí Ghaeilge a shainaithint, measúnú a dhéanamh ar a oiread a éascaíonn nó a shrianann socruithe rialachais rochtain ar na gairmchonairí sin, agus bonn fianaise a bhunú lenar féidir measúnú a dhéanamh ar staid reatha Thuaisceart Éireann.

3.3.1 Rialachas agus Struchtúr an Chórais

Tá rialachas an bhreisoideachais agus na hoiliúna (BO&O) i bPoblacht na hÉireann múnlaithe ag Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 mar atá comhdhlúite go dtí an 28 Eanáir 2026 (ar a dtugtar Acht BO&O 2013 anseo feasta), lenar bunaíodh SOLAS mar údarás náisiúnta atá freagrach as pleanáil, maoiniú agus comhordú an BO&O a mhaoinítear as cistí poiblí (Acht BO&O 2013, Alt 6, lch 5). Faoi Alt 7, tá sé de chúram ar SOLAS airgead a airleacan do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na comhlachtaí sin a bhfeidhmeanna ar bhealach atá tíosach, éifeachtúil agus éifeachtach (Acht BO&O 2013, Alt 7(1)(c)(d)(f), lgh 5–6), agus ceanglaítear le hAlt 9 ar SOLAS straitéisí cúig bliana maidir le breisoideachas agus oiliúint a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire (Acht BO&O 2013, Alt 9(1), lch 6). An timthriall straitéise is deireanaí a tugadh chun críche, *BO&O Amach Anseo:* An Fhoghlaim a Chlaochlú (2020–2024), leagadh síos an treo do chóras a fhreastalaíonn ar thart ar 200,000 foghlaimeoir sa bhliain, a bhfuil infheistíocht stáit mar bhonn leis agus a ndéantar an infheistíocht sin a dhíriú go príomha trí 16 BOO (SOLAS, 2020, lch 21), agus straitéis chomharba don tréimhse 2025–2029 á forbairt faoi láthair (SOLAS, 2024). Tá an caidreamh idir SOLAS agus na BOOnna á rialú trí chomhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta, a bunaíodh den chéad uair in 2018, a nascann an

straitéis náisiúnta leis an tsoláthar réigiúnach agus a ndéanann painéal saineolaithe idirnáisiúnta measúnú orthu (SOLAS, 2020, lgh 17–18). Pointe amháin a thagann chun solais ón chleachtadh tagarmharcála seo ná nach bhfuil dualgas reachtúil sonrach maidir le soláthar Gaeilge sa bhreisoideachas agus san oiliúint leagtha amach in Acht BO&O 2013 ná i gcreat straitéiseach SOLAS. Ní dhéantar tagairt don Ghaeilge, do phobail Ghaeltachta ná do sholáthar trí mheán teanga mionlaigh ar liosta d'fheidhmeanna SOLAS faoi Alt 7 den Acht (Acht BO&O 2013, Alt 7, lgh 5–6). Tá dhá ghné eile ann a threisíonn an méid seo: Ceanglaítear go sainráite le hAlt 9(6) go ndéanfaí foráil don litearthacht agus don uimhearthacht i straitéis BO&O, ach ní leagtar síos aon cheanglas comhfhreagrach maidir le scileanna Gaeilge (Acht BO&O 2013, Alt 9(6), lch 7), agus ainmnítear in Alt 9(5)(a) na comhlachtaí a bhféadfaidh SOLAS dul i gcomhairle leo dá rogha féin agus straitéis BO&O á hullmhú aige, ina measc An tÚdarás um Ard-Oideachas, Fiontraíocht Éireann, Teagasc agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), ach ní áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge ná aon chomhlacht Gaeilge eile ina measc (Acht BO&O 2013, Alt 9(5)(a), lch 7). Cé go gceadaítear le hAlt 9(5)(c) dul i gcomhairle le comhlachtaí eile de rogha ar SOLAS, ní shonraítear eagraíochtaí Gaeilge sa chreat comhairliúcháin faoin reachtaíocht. Is díol suntais é go bhfuil an ceanglas maidir le comhairliúchán éigeantach faoi Alt 9(4) teoranta fiú d’airí rialtais sonraithe agus nach mbaineann sé le haon eagraíocht teanga ná Gaeltachta (Acht BO&O 2013, Alt 9(4), lch 7). Is ionann é seo agus deighilt shuntasach ó thaobh na reachtaíochta de i gcomparáid le leibhéil eile de chóras oideachais na hÉireann; cé go bhfuil sainorduithe follasacha in Acht Oideachais 1998 agus in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 le tacú leis an Ghaeilge, caitear leis an earnáil in Acht BO&O 2013 go príomha mar bhealach chun scileanna fostaíochta agus eacnamaíocha a fhorbairt. Tá codarsnacht shuntasach idir seo agus an Bhreatain Bheag, áit a bhfuil oibleagáid reachtúil shainráite ar Qualifications Wales faoin Qualifications Wales Act 2015 infhaighteacht cáilíochtaí trí mheán na Breatnaise a chur chun cinn.

Is é an impleacht atá leis seo nach bhfuil an BO&O trí Ghaeilge á rialú trí mheicníocht bheartais ingearach ar leith ar an leibhéal náisiúnta, ach go dtugtar aghaidh air ina ionad sin trí idirghníomhú creataí reachtaíochta ar leith: Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021, agus Acht na Gaeltachta 2012. Leagtar dualgais ar gach comhlacht poiblí, BOOnna agus SOLAS ina measc, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le cumarsáid agus soláthar seirbhísí i nGaeilge. Neartaíodh an creat seo go suntasach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Le hAlt 17 d'Acht 2021, aisghaireadh an córas scéimeanna teanga a bhí ann roimhe sin faoi Ailt 11–18 d'Acht 2003 agus cuireadh córas nua caighdeán teanga ina áit. Le hAlt 8 d'Acht 2021, cuireadh Ailt 18A–18F isteach in Acht 2003, lenar bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge faoi Alt 18A. Faoi Alt 18C(1)(a), arna chur isteach le hAcht 2021, tá sé de chúram ar an Choiste Chomhairleach Plean Náisiúnta maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. I measc chuspóirí an phlean sin, tá seirbhísí a shainaithint a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí ach nach soláthraítear trí Ghaeilge, na caighdeáin teanga ba cheart a fhorordú faoi Alt 19A(2) i leith na seirbhísí sin a shainaithint, agus straitéisí a shonrú trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí na seirbhísí sin a sholáthar (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú), Alt 18C(1)(a), lgh 14–15, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, Alt 8). Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, ní mór don Choiste Comhairleach aird a thabhairt ar an chuspóir maidir le méadú a dhéanamh

ar na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí trí mheán na Gaeilge, agus aird ar leith ar na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú), Alt 18C(3)(a), lch 15, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, Alt 8). Le hAcht 2021, bunaíodh cuspóir reachtúil eile go mbeadh 20 faoin chéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil ar an Ghaeilge tráth nach moille ná an 31 Nollaig 2030 (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú), Alt 18C(3)(b), lch 15, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 8). Le hAlt 9 d'Acht 2021, cuireadh Ailt 19A–19D isteach in Acht 2003, lena dtugtar cumhacht don Aire caighdeáin teanga a fhorordú a mbeidh feidhm acu maidir le comhlachtaí poiblí nó aicmí comhlachtaí poiblí (Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú), Alt 19A, lgh 16–18, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 9). Mar sin féin, tá na hoibleagáidí seo taobh amuigh de mhisean oideachais an BO&O: rialaíonn siad an dóigh a ndéanann gníomhaireachtaí cumarsáid agus a soláthraíonn siad seirbhísí, seachas an méid a sholáthraíonn siad ó thaobh curaclaim, printíseachtaí nó teagasc trí Ghaeilge de. Is ar an Choimisinéir Teanga, seachas ar SOLAS ná ar QQI, atá an fhreagracht as na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú.

Is é BOO Chiarraí an príomh-chás-staidéar ina léirítear BOO a bhfuil freagrachtaí suntasacha Gaeltachta air, agus tá ceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach taobh istigh dá limistéar riaracháin (BOO Chiarraí, 2020, lch 4). In 2020, bhunaigh an BOO ionad BO&O ar leith in Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh, a chuireann cúrsaí creidiúnaithe Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar fáil, córas deimhniúcháin atá ailínithe leis an Chomhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha (CEFR) agus atá á riar ag Ollscoil Mhá Nuad – ó leibhéal A1 go leibhéal C1 (BOO Chiarraí, 2025).[25] I Scéim Teanga 2020–2023 BOO Chiarraí, a ullmhaíodh faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 atá aisghairthe anois (arna aisghairm le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 17), gheall an BOO go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre in Ionad BO&O Dhaingin Uí Chúis, go gcuirfí ceithre chúrsa ar a laghad ar fáil trí Ghaeilge gach bliain, agus go ndéanfadh sé cómhaoiniú ar Oifigeach Oideachais Gaeilge in Uíbh Ráthach i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta (BOO Chiarraí, 2020, lgh 4, 15). Go dtí go bhforordófar caighdeáin teanga nua faoi Alt 19A, tá na gealltanais seo a tugadh sna scéimeanna i bhfeidhm go fóill faoi fhorálacha idirthréimhseacha. Is den ríthábhacht nach ndéantar tagairt ar bith don tsoláthar Gaeilge sa chomhaontú straitéiseach feidhmíochta idir SOLAS agus BOO Chiarraí don tréimhse 2018–2020, agus tá a spriocanna bunaithe go hiomlán ar rannpháirtíocht, fostaíocht, dul chun cinn, scileanna inaistrithe, cáilíochtaí agus printíseachtaí (BOO Chiarraí, 2018, lgh 23–28). Deimhníonn sé seo, i dtéarmaí praiticiúla, gur tionscnamh áitiúil atá múnlaithe ag reachtaíocht teanga é an rialachas don BO&O trí Ghaeilge, seachas a bheith ina ghné den chóras náisiúnta pleanála don bhreisoideachas agus don oiliúint. Is é BOO Chiarraí an sampla is mó a bhfuil doiciméadú déanta air, ach ní hé an t-aon BOO é a bhfuil freagrachtaí Gaeltachta air.

Tá soláthar Gaeilge forbartha fosta ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB), a bhfuil an ceantar Gaeltachta is mó sa Stát (Conamara

[25] Leibhéil de réir an Chomhchreata Tagartha Eorpaigh (CEFR): A=Bunúsach, B=Neamhspleách, C=Inniúil.

agus Oileáin Árann) taobh istigh dá limistéar riaracháin, lena n-áirítear cúrsa oiliúna ar líne do theagascóirí sna trí phríomhchanúint agus i nGaeilge shimplí a forbraíodh tríd an tionscnamh Adult Literacy for Life (Oireachtas, 2025b). D'oibrigh GRETB i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta fosta le riachtanais scileanna i gceantair Ghaeltachta a shainaithint. Tugann an scéim Breacadh tacaíocht eile do BOOnna a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta trí acmhainní teagaisc agus foghlama Gaeilge a fhorbairt, oiliúint a chur ar theagascóirí agus curaclaim a fhorbairt. Mar sin féin, níl soláthar ionad tiomnaithe BO&O trí Ghaeilge atá inchurtha leis an tsoláthar in Áras Bhréanainn doiciméadaithe chomh mion céanna i gcás BOOnna eile, rud a thugann le fios gurb í samhail BOO Chiarraí an sampla is forbartha agus is daingnithe ó thaobh institiúidí de go fóill. Ag feidhmiú go hiomlán taobh amuigh de struchtúr BOOnna, tá seasamh rialachais ar leith ag Údarás na Gaeltachta mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnaí do cheantair Ghaeltachta. Leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2021–2025 an Údaráis fís don Ghaeltacht mar réigiún cruthaitheach nuálaíoch inmharthana ina bhfuil an Ghaeilge ina teanga bheo ag an phobal agus deiseanna fostaíochta den chéad scoth ar fáil (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 5). Aithnítear sa straitéis trí chroíthéama, is iad sin cumasú, neartú agus inbhuanaitheacht, agus tugtar gealltanas inti daoine a chumasú trí chláir fhairsinge oiliúna agus cóitseála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta, agus cuideachtaí a chumasú trí dhreasachtaí a chur ar fáil dóibh le cláir oiliúna oiriúnacha a fhorbairt ina gcuid gnólachtaí (lgh 19–21). Leagtar amach príomhchuspóir fostaíochta, is é sin 9,000 duine a bheith fostaithe i gcliantchuideachtaí Gaeltachta faoi dheireadh 2025, mar phríomhsprioc feidhmíochta (lch 23).

Tá tábhacht ar leith leis an scéim scoláireachtaí Gaeltachta don chleachtadh tagarmharcála seo. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a riarann an scéim sin, a bhfuil ról aici le fada an lá mar mheicníocht le tacú leis an tumoideachas Gaeilge trí bheith ag cuidiú le daltaí freastal ar choláistí samhraidh agus ar chúrsaí Gaeltachta. Tugadh gealltanas i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim a bhí ann cheana d'fhonn cur lena héifeachtacht mar mheicníocht tacaíochta don Ghaeilge, agus scéim nua scoláireachtaí Gaeltachta a thabhairt isteach le go bhféadfadh múinteoirí bunscoile freastal ar dhianchúrsaí sa Ghaeltacht (Rialtas na hÉireann, 2010, lgh 14, 17). Tugadh gealltanas eile sa Straitéis scéim scoláireachtaí a chur ar fáil do pháistí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste le freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht, mar aon le maoiniú do choláistí samhraidh Gaeilge ar fud na tíre (Rialtas na hÉireann, 2010, lch 15). Leagtar béim ar an ghné thrasdlínse seo i *Straitéis Gaeilge Thuaisceart Éireann 2015–2035* fosta, inar moladh ar an dóigh chéanna méadú a dhéanamh ar líon na sparánachtaí a bhronntar faoi Scéim Sparánachtaí Gaeltachta na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, a gcuirtear síos uirthi mar scéim sparánachtaí do dhaoine ó cheantair faoi mhíbhuntáiste le freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht (An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, 2015, mír 4.47, lch 39). Léiríonn leanúnachas mheicníocht na scéimeanna scoláireachtaí Gaeltachta ar fud an dá dhlínse, cé go bhfuil sí á riar ag ranna éagsúla agus faoi chreataí reachtaíochta éagsúla, go n-aithnítear sa dá dhlínse go bhfuil an tumfhoghlaim sa Ghaeltacht ina bunchonair le scileanna Gaeilge a fhorbairt, conair ar aithníodh a himpleachtaí fadtéarmacha do ghairmchonairí agus do chonairí gairmiúla ach nach bhfuil á rialú go córasach go fóill.

Chuaigh an *Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030* i bhfad níos faide ná ionstraimí beartais a bhí ann roimhe sin trí na printíseachtaí a shainaithint go sainráite mar réimse tosaíochta d'fhorbairt scileanna Gaeilge sa lucht saothair.

Moladh sa Phlean go ndéanfaí scrúdú ar a indéanta a bheadh sé cláir shonracha Ghaeilge a fhorbairt agus a leathnú ag leibhéil éagsúla, go háirithe tríd an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, modúil agus micridhintiúir ag Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 121). Tugadh léiriú nithiúil institiúideach ar an mholadh seo i *bPlean Printíseachta na Seirbhíse Poiblí 2023*, inar thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán gealltanas an clár Speisialtóir Gaeilge a fhorbairt, ar cuireadh síos air mar chlár le hoifigigh ag leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin a bhfuil Gaeilge acu agus a bhfuil réimse leathan scileanna acu a fhorbairt, faoin tríú ráithe de 2025 i gcomhar le ranna eile stáit (Rialtas na hÉireann, 2024, lgh 48–49). Tá an phrintíseacht seo deartha le hinniúlacht sa Ghaeilge a chomhcheangal le hoiliúint sa riarachán phoiblí agus sa bhainistíocht phoiblí, mar thacaíocht dhíreach don chuspóir reachtúil a bunaíodh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, lena gceanglaítear go mbeadh 20 faoin chéad de na daoine a earcófar chuig an earnáil phoiblí inniúil ar an Ghaeilge faoi dheireadh 2030 (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 49). Deimhníodh arís eile i bhfreagra aireachta ar Cheist Pharlaiminte i mí na Samhna 2025 go bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn trí líonraí Skillnet Ireland, trí phrintíseachtaí agus trí chláir BO&O, rud a chuireann leis an sprioc bheartais níos leithne maidir le tacú le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna gairmiúla, i bhfianaise na sprice 20 faoin chéad maidir le hearcaíocht sa tseirbhís phoiblí (An tOireachtas, 2025). Ní hamháin in ábhar substainteach na bhforbairtí seo atá a dtábhacht ó thaobh rialachais de, ach ina suíomh institiúideach fosta: is as plean rannach d'fhorbairt lucht saothair na seirbhíse poiblí, seachas i struchtúr rialachais SOLAS nó na BOOnna, a tháinig an gealltanas maidir le printíseachtaí, rud a threisíonn an patrún ina gcuirtear an soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge chun cinn trí shruthanna beartais comhthreomhara seachas tríd an chreat náisiúnta pleanála BO&O.

Is é an tábhacht atá le samhail an Údaráis ó thaobh rialachais de go gcuireann sí meicníochtaí comhthreomhara den chineál sin ar fáil leis an lucht saothair a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint fiontraíochta, seirbhísí meantóireachta agus an gréasán mol digiteach gteic. Faoi dheireadh 2020, bhí gréasán de 26 ionad gteic bunaithe ag Údarás na Gaeltachta, lena chinntiú go mbeadh spás oifige agus spás oibre den chaighdeán is airde ar fáil d'fhiontraithe i ngach cearn den Ghaeltacht, áit a mbeadh teacht acu ar leathanbhanda seasmhach ar ardchaighdeán (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 11). Tá gréasán gteic á chur chun cinn mar thionscnamh straitéiseach le dlús a chur leis an nuálaíocht agus leis an fhiontraíocht agus le deiseanna cianoibre a chruthú sa Ghaeltacht, agus na hionaid ag feidhmiú mar mhoil dhigiteacha Ghaeltachta a bhfuil féiniúlacht láidir Ghaeltachta ag baint leo (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 41). Le linn thréimhse na Straitéise 2021–2025, dírítear ar luach a chur leis an ghréasán trí ghníomhaíochtaí lena n-áirítear seimineáir, ceardlanna, ranganna agus deiseanna líonraithe, agus ar a chinntiú go gcuireann na hionaid le cultúr fiontraíochta agus forbartha na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 33). Cuireann foireann an Údaráis réimse leathan de sheirbhísí comhairle agus meantóireachta ar fáil d'fhiontair fosta, chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil dóibh siúd atá páirteach sa phróiseas pleanála teanga, lena n-áirítear comharchumainn, coistí pobail, coistí pleanála teanga agus oifigigh pleanála teanga (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 15). Feidhmíonn na meicníochtaí seo go hiomlán taobh amuigh de struchtúr maoinithe agus pleanála SOLAS agus na BOOnna. Tá nádúr struchtúrach na deighilte seo leagtha síos sa reachtaíocht: Foráiltear le hAlt

9(5)(a) den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013 go bhféadfaidh SOLAS, le straitéis BO&O a ullmhú, dul i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas, le Fiontraíocht Éireann, le Teagasc nó le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (Acht BO&O 2013, arna athbhreithniú agus arna thabhairt cothrom le dáta go dtí an 28 Eanáir 2026, Alt 9(5)(a), lch 7). Níl Údarás na Gaeltachta ar an liosta reachtúil seo de chomhlachtaí ar féidir dul i gcomhairle leo, in ainneoin a rannpháirtíochta dírí i bhforbairt an lucht saothair, in oiliúint fiontraíochta agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le scileanna ar fud na gceantar Gaeltachta. Is léiriú é an t-eisiamh seo ar an deighilt struchtúrach níos leithne idir forbairt eacnamaíoch a bhaineann go sonrach leis an Ghaeltacht agus an córas BO&O atá á rialú ar an leibhéal náisiúnta. Fágann an deighilt seo nach bhfuil gnéithe sin na scileanna agus na hoiliúna d'fhorbairt phobail na Gaeltachta comhtháite sa chreat trína ndéanann SOLAS soláthar BO&O ar fud an Stáit a phleanáil, a mhaoiniú agus a mhonatóiriú, ná nach dtugtar cuntas orthu sa chreat sin.

Fuair Gaelchultúr, a fheidhmíonn mar Choláiste na hÉireann, stádas creidiúnaithe ó QQI in 2013 agus cuireann sé deimhniúchán gairmiúil sa Ghaeilge ar fáil ar fud na tíre. Ó fhómhar 2022 i leith, tá na cúrsaí ó Ghaelchultúr a chuirtear ar fáil do státseirbhísigh thar ceann OneLearning á ndeimhniú ag TEG ar bhonn páirtchreidiúnaithe agus iad ailínithe le CEFR (Rialtas na hÉireann, 2024, lgh 28–29). Tá an tsamhail seo difriúil go bunúsach leis an tsoláthar atá bunaithe sa Ghaeltacht: feidhmíonn sí trí mhargadh náisiúnta foghlama deonaí atá á thiomáint go mór ag an éileamh ón earnáil phoiblí a chruthaigh Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus an sprioc earcaíochta 20 faoin chéad a bunaíodh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Níl teorainneacha geografacha leis an tsoláthar seo, ní mhaoinítear é trí SOLAS ná trí na BOOnna, agus níl sé comhtháite i gcreat straitéiseach pleanála an BO&O. Is gné eile de thimpeallacht rialachais na Poblachta é ról na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) maidir le heolas faoi dheiseanna gairme a chur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge agus an t-eolas sin a scaipeadh.

Is acmhainn náisiúnta struchtúrtha é an pacáiste Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge de chuid COGG ina dtugtar eolas ar ghairmchonairí i ndeich n-earnáil, lena n-áirítear na meáin Ghaeilge, an córas oideachais, an t-aistriúchán, eagraíochtaí Gaeilge, an státseirbhís agus eagraíochtaí stáit, gnó, ETIM, na taibhealaíona agus na healaíona cruthaitheacha, spórt agus folláine, agus fostaíocht sa Ghaeltacht (COGG, 2025). Tá sonraí sa phacáiste faoi chúrsaí tríú leibhéal le Gaeilge in institiúidí éagsúla, scéimeanna scoláireachtaí printíseachta a riarann Údarás na Gaeltachta, cúrsaí breisoideachais agus rochtana, scéimeanna cónaithe agus sparánachtaí. Is díol suntais é go bhfuil an acmhainn dírithe ar Thuaisceart Éireann fosta, agus ollscoileanna atá lonnaithe i mBéal Feirste liostaithe i measc na n-institiúidí a chuireann cúrsaí a bhaineann leis an Ghaeilge ar fáil, agus an tAcadamh Oiliúna Gaeilge Gaelchúrsaí i mBéal Feirste aitheanta mar an t-aon seirbhís bhreisoideachais trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (COGG, 2025). Cé nach bhfeidhmíonn COGG mar sheirbhís treorach gairme sa chiall go gcuireann sé comhairle agus treoir phearsantaithe ar fáil, is ionann a ról maidir le heolas struchtúrtha faoi ghairmeacha a chur le chéile agus a scaipeadh agus acmhainn

trasteorann atá ar fáil cheana féin agus a bhaineann leis an anailís ar inaistritheacht i gCuid 5.

Léiríonn na leibhéil rialachais seo córas arb í an ilroinnt, seachas an comhordú foirmiúil, is mó is saintréith de, ach córas mar sin féin inar forbraíodh samhlacha éagsúla soláthair trí Ghaeilge atá éifeachtach ar roinnt mhaith dóigheanna agus a fhreastalaíonn ar ghrúpaí foghlaimeoirí a bhfuil cúinsí ar leith ag baint leo. Tá údarás cuimsitheach ag SOLAS maidir le straitéis agus maoiniú BO&O, ach ní bhaineann an t-údarás seo le rialachas sonrach an tsoláthair trí Ghaeilge; ní dhéantar tagairt ar bith don Ghaeilge in aon fhoráil oibríochtúil den Acht BO&O comhdhlúite (Acht BO&O 2013, lgh 1–24). Forbraíonn na BOOnna soláthar BO&O trí Ghaeilge sna háiteanna ina bhfuil gá leis de bharr dháileadh geografach na Gaeltachta, ach is faoi thionchar na reachtaíochta teanga, seachas an bheartais BO&O, a dhéanann siad amhlaidh. Cuireann Údarás na Gaeltachta deiseanna comhthreomhara ar fáil maidir le forbairt an lucht saothair taobh amuigh den chóras fhoirmiúil BO&O. Freastalaíonn soláthraithe neamhspleácha amhail Gaelchultúr ar éileamh ar dheimhniúchán gairmiúil creidiúnaithe sa Ghaeilge atá scaipthe ar fud na tíre agus á thiomáint ag an mhargadh, nach bhfuil comhtháite i struchtúr BO&O ná á rialú ag an struchtúr sin. Níl aon chomhlacht reachtúil amháin ann a bhfuil freagracht fhoriomlán air as a chinntiú go bhfuil gairmoideachas, oiliúint agus gairmchonairí printíseachta creidiúnaithe ar fáil trí Ghaeilge, agus is í an easpa feidhme comhordúcháin seo a dhéanann idirdhealú idir córas na hÉireann agus córas na Breataine Bige, áit a bhfuil ról náisiúnta pleanála agus forbartha ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol maidir leis an tsoláthar trí Bhreatnais i ndiaidh an oideachais éigeantaigh. Mar sin féin, tá réimse leathan pointí iontrála cruthaithe ag an líon mhór soláthraithe agus sruthanna maoinithe nach mbeadh bainte amach, b'fhéidir, le samhail níos láraithe: ionad BOO atá fréamhaithe i gceantar ar leith agus a chuireann cúrsaí creidiúnaithe agus cúrsaí pobalbhunaithe ar fáil taobh istigh den Ghaeltacht, gníomhaireacht forbartha fiontraíochta a nascann scileanna le fostaíocht trí theanga mhionlaigh, agus soláthraí neamhspleách creidiúnaithe a mhéadaíonn an soláthar deimhniúcháin ghairmiúil ar fud na tíre mar fhreagairt ar éileamh ón earnáil phoiblí a eascraíonn as reachtaíocht teanga.

Maidir le Tuaisceart Éireann, tá idir rabhadh agus acmhainn le baint as taithí Phoblacht na hÉireann agus gairmchonairí trí Ghaeilge á bhforbairt faoi Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022. Is é an rabhadh atá ann ná, mura mbeidh dualgas reachtúil sainráite sa reachtaíocht BO&O ná sa reachtaíocht scileanna féin, go leanfaidh an soláthar trí theanga mhionlaigh de bheith ag brath ar thionscnaimh áitiúla agus go mbeidh sé scartha ó thaobh struchtúir de ón phríomhchóras pleanála gairmoideachais. Is é an acmhainn atá ann an réimse samhlacha praiticiúla atá tagtha chun cinn: tá cur chuige BOO Chiarraí, is é sin ionad ar leith a bhunú taobh istigh de chomhlacht príomhshrutha BO&O agus na socruithe soláthair curtha in oiriúint dó, inaistrithe go díreach chuig struchtúr reatha na gcoláistí breisoideachais i dTuaisceart Éireann, agus sainordú institiúideach agus solúbthacht oibríochtúil de dhíth chuige sin seachas reachtaíocht phríomha nua; léiríonn samhail Gaelchultúr gur féidir soláthar creidiúnaithe a leathnú de réir an éilimh a chruthaíonn oibleagáidí reachtúla teanga san earnáil phoiblí; agus tá baint ag prionsabal an Údaráis maidir le tacaíocht bhreise scileanna atá fréamhaithe sa

phobal leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag Foras na Gaeilge[26] nó ag aon chomhlacht nua a bhunófaí faoi Acht 2022, cé nach féidir an tsamhail sin a mhacasamhlú go díreach in éagmais Gaeltacht atá sainithe go geografach. Is é an ceacht atá le foghlaim as seo gur féidir easpa córas comhtháite aonair a chúiteamh trí chonairí éagsúla a chumasú, ar an choinníoll go bhfuil freagracht fhoriomlán ar chomhlacht amháin ar a laghad as a chinntiú go bhfuil nasc idir na conairí sin agus go sainaithnítear bearnaí sa tsoláthar agus go dtugtar aghaidh orthu.

3.3.2 Creataí Creidiúnaithe agus Cáilíochtaí

Feidhmíonn córas creidiúnaithe Phoblacht na hÉireann le trí mheicníocht idirnasctha: an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, atá á chothabháil ag QQI; deimhniúchán inniúlachta atá ailínithe leis an Chomhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha (CEFR), trí TEG[27]; agus creidiúnú ar leibhéal an tsoláthraí atá bainte amach ag eagraíochtaí amhail Gaelchultúr. Tá rialachas an chreidiúnaithe i bPoblacht na hÉireann bunaithe ar obair Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), gníomhaireacht stáit neamhspleách atá freagrach as an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chothabháil, creat deich leibhéal le cáilíochtaí a aithint agus a bhronnadh. Déanann QQI cláir a bhailíochtú, foghlaimeoirí a dheimhniú agus athbhreithnithe institiúideacha ar nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe (SOLAS & QQI, 2024, lch 5).[28] Mar a dheimhnítear sa Mheabhrán Tuisceana idir SOLAS agus QQI don tréimhse 2024–2027, tá sé mar chomhaidhm ag an dá eagraíocht ábharthacht, cáilíocht, comhleanúnachas agus feidhmíocht na hearnála BO&O a fheabhsú, agus iad ag comhoibriú ar cheisteanna lena n-áirítear micridhintiúir, cáilíochtaí printíseachta agus éascú conairí éagsúla a bhfuil dearbhú cáilíochta déanta orthu (lgh 6–7). Tugtar gealltanas sa Mheabhrán Tuisceana fosta go n-oibreoidh an dá eagraíocht le chéile ar fhaomhadh Comhlachtaí Cáiliúcháin Liostaithe agus ar a gcuid dámhachtainí a chuimsiú sa CNC, foráil a d'fhéadfadh deiseanna breise a chruthú d'eagraíochtaí Gaeilge a bhfuil aitheantas á lorg acu taobh istigh den chreat náisiúnta (SOLAS & QQI, 2024, lch 8). Tá an CNC neodrach ó thaobh teanga de d'aon ghnó: ní dhéanann sé idirdhealú idir cáilíochtaí a chuirtear ar fáil i mBéarla agus iad siúd a chuirtear ar fáil i nGaeilge. Tá sé solúbtha go leor, áfach, le freastal ar sholáthraithe a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge, agus is í an tsolúbthacht seo a d'fhág gur tháinig samhail shainiúil don chreidiúnú Gaeilge chun cinn (QQI, 2021). Léiríonn ról Ghaelchultúr taobh istigh den chreat seo an dóigh ar féidir soláthar trí Ghaeilge a chur ar fáil trí na struchtúir rialála atá ann cheana seachas trí chóras comhthreomhar. Deimhnítear i dtuairisc faisnéise an Oireachtais ó mhí na Samhna 2025 go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (MSLETB) i gcomhpháirtíocht le Gaelchultúr le cúrsa sa

---

[26] Bunaíodh Foras na Gaeilge, an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann, ar an dara lá de mhí na Nollag 1999.

[27] Is sraith scrúduithe creidiúnaithe inniúlachta Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta é Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG), atá bunaithe ar an Chomhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha (CEFR).

[28] Is creat deich leibhéal é an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) le cáilíochtaí a aithint agus a bhronnadh i bPoblacht na hÉireann. Freagraíonn Leibhéal 1 do na deimhnithe is bunúsaí, agus Leibhéal 10 do chéimeanna dochtúireachta. Cuimsíonn Leibhéil 3–6 den CNC an réimse ó cháilíochtaí atá ar comhchéim leis an Teastas Sóisearach go dtí leibhéal an Ardteastais agus an Iartheastais, agus clúdaíonn siad an réimse is ábhartha don bhreisoideachas agus don oiliúint.

Ghaeilge Ghairmiúil (CPI) a chur ar fáil ag Leibhéil 3, 4, 5 agus 6 den CNC (An tOireachtas, 2025).

Cruthaíonn an caidreamh idirnasctha idir cáilíochtaí atá creidiúnaithe ag QQI, caighdeáin atá bunaithe ar an CEFR, deimhniúchán inniúlachta TEG agus oibleagáidí reachtúla éiceachóras comhleanúnach creidiúnaithe a fheidhmíonn go hiomlán taobh istigh den chreat príomhshrutha, gan aon údarás creidiúnaithe ar leith don tsoláthar trí Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 29). Taobh amuigh den éiceachóras fhoirmiúil creidiúnaithe, tá scéim scoláireachtaí printíseachta á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta, a chuireann scoláireachtaí ar fiú breis agus €2,000 an ceann iad ar fáil do chónaitheoirí Gaeltachta atá ag gabháil do phrintíseachtaí sna ceirdeanna traidisiúnta agus i réimse disciplíní atá ag dul i méid, lena n-áirítear cuntasaíocht, ceantáil agus cibearshlándáil (COGG, 2025). Cé nach meicníocht chreidiúnaithe í an scéim seo inti féin, léiríonn sí go bhfuil dreasachtaí airgeadais nasctha go díreach le daoine sa Ghaeltacht a bheith ag tabhairt faoi phrintíseachtaí agus go bhfuil réimse na bprintíseachtaí a dtugtar tacaíocht dóibh i bhfad níos leithne ná na ceirdeanna traidisiúnta. Tugann an fhianaise le fios gur éirigh leis an chur chuige seo agus gur leanadh leis go seasmhach. Tá an scéim ag feidhmiú gan stad le breis agus daichead bliain, agus bunaíodh í faoi Ghaeltarra Éireann sna 1970idí sular aistríodh í chuig Údarás na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta, 2020). Deimhníodh i bhfreagra parlaiminte sa Dáil in 2022 go raibh 122 rannpháirtí gníomhach sa scéim ag an am sin (Tithe an Oireachtais, 2022), agus faoi 2025 bhí an figiúr sin ardaithe go 152, méadú suntasach ar an bhliain roimhe sin, dar le hÚdarás na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta, 2026). Tá fianaise ar thionchar fadtéarmach na scéime le fáil fosta i líon na n-iarphrintíseach a bhunaigh a ngnólachtaí féin sa Ghaeltacht ina dhiaidh sin, rud a chruthaigh fostaíocht don chéad ghlúin eile (Údarás na Gaeltachta, 2021). I gcás Thuaisceart Éireann, léiríonn sé seo gur féidir le dreasacht airgeadais atá measartha beag agus spriocdhírithe, agus atá nasctha le printíseachtaí creidiúnaithe príomhshrutha, rannpháirtíocht pobal teanga mionlaigh sa ghairmoiliúint a chothú thar na scórtha de bhlianta gan córas ar leith ná cáilíochtaí saincheaptha a bheith de dhíth.

Léiríonn taithí na Poblachta gur féidir le heagraíocht Ghaeilge cáilíochtaí creidiúnaithe a chur ar fáil ag leibhéil éagsúla den CNC i gcomhpháirtíocht le BOOnna atá maoinithe go poiblí, agus gur féidir é seo a bhaint amach taobh istigh de chreataí príomhshrutha dearbhaithe cáilíochta. Is é seo an fasach is dírí a bhaineann le Tuaisceart Éireann, áit nach bhfuil réiteach go fóill ar an cheist an bhféadfadh eagraíochtaí Gaeilge cáilíochtaí creidiúnaithe a fhorbairt trí Eagraíochtaí Cáiliúcháin i margadh oscailte. Tugann taithí na Poblachta le fios gur féidir é seo a bhaint amach taobh istigh de chreataí príomhshrutha, ar acht go gcomhlíontar na coinníollacha dearbhaithe cáilíochta. Mar sin féin, is i gcomhthéacs reachtaíochta ar leith a forbraíodh an tsamhail seo, lena n-áirítear stádas bunreachtúil na Gaeilge agus oibleagáidí reachtúla Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, nach bhfuil a macasamhail le fáil go díreach i dTuaisceart Éireann. Ní hamháin go mbraitheann inaistritheacht na samhla ar chumas teicniúil rialálaithe cáilíochtaí Thuaisceart

Éireann, ach braitheann sí fosta ar mheicníocht bheartais inchomparáide a bheith ann leis an éileamh ar cháilíochtaí creidiúnaithe trí Ghaeilge a chothú.

3.3.3 Infreastruchtúir Thacaíochta d'Fhoghlaimeoirí

Feidhmíonn an tacaíocht d'fhoghlaimeoirí maidir le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann trí dhá phríomhmheicníocht a bhfuil tréithe ar leith ag baint leo: cláir forbartha lucht saothair atá ar fáil ar fud na tíre taobh istigh den chóras BO&O, agus infreastruchtúr tacaíochta atá fréamhaithe i rialachas na Gaeltachta. Is é an clár Scileanna chun Dul Chun Cinn an phríomh-mheicníocht trína gcuirtear deimhniúchán creidiúnaithe Gaeilge ar fáil d'fhostaithe saor in aisce (Education Matters, 2024, lch 213). Aithníonn straitéis SOLAS *BO&O Amach Anseo*: *An Fhoghlaim a Chlaochlú* gur phríomhthionscnamh forbartha lucht saothair é*Scileanna chun Dul Chun Cinn*, a chuireann rannpháirtíocht struchtúrtha idir BOOnna agus fostóirí, deiseanna solúbtha uasoiliúna agus dreasachtaí airgeadais ar fáil leis an rannpháirtíocht a spreagadh, go háirithe i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide (SOLAS, 2020, lch 41). Faoi 2024, bhí breis agus 83,000 fostaí i ndiaidh páirt a ghlacadh sa chlár Scileanna chun Dul Chun Cinn ó bunaíodh é, agus 25,000 duine ag tabhairt faoi uasoiliúint tríd an chlár sa bhliain sin amháin (Education Matters, 2024, lch 213). Is é an tábhacht atá leis an chlár ó thaobh soláthar Gaeilge de ná go n-úsáidtear é mar mheicníocht mhaoinithe le CPI a chur ar fáil d'fhostaithe, mar a léirítear sa chomhpháirtíocht idir MSLETB agus Gaelchultúr, a chuireann áiteanna lánmhaoinithe ar chúrsaí CPI ar fáil ag Leibhéil 3, 4, 5 agus 6 den CNC (An tOireachtas, 2025). Léiríonn an tsamhail seo gur féidir deimhniúchán creidiúnaithe Gaeilge a chuimsiú sa mhaoiniú príomhshrutha d'fhorbairt an lucht saothair, rud a bhfuil impleachtaí suntasacha aige maidir leis an fhéidearthacht an soláthar a leathnú ar fud na sé BOO déag.

Déantar tagairt fosta i dtuairisc faisnéise an Oireachtais ó mhí na Samhna 2025 do Scéim Breacadh, a thugann tacaíocht do BOOnna a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta le hábhair theanga a fhorbairt, agus do chúrsa oiliúna ar líne do theagascóirí sna trí phríomhchanúint agus i nGaeilge shimplí a d'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) agus Údarás na Gaeltachta le tacú le foghlaimeoirí Gaeltachta (An tOireachtas, 2025). Baineann na bearta seo go díreach le leathnú na ndeiseanna breisoideachais agus oiliúna trí Ghaeilge. Tá fianaise ar an éileamh ar fhorbairt scileanna Gaeilge san earnáil phoiblí le fáil sa *Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030*, ina dtaifeadtar gur tháinig méadú nócha trí faoin chéad ar líon na státseirbhíseach a thug faoi oiliúint Ghaeilge trí OneLearning agus Gaelchultúr idir téarma earraigh 2022 agus téarma earraigh 2024 (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 100). Deimhnítear sa Phlean Náisiúnta gurb é B2 ar an CEFR an t-íoschaighdeán atá leagtha síos faoi láthair do róil Ghaeilge agus gur bunaíodh cuspóir reachtúil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 go mbeadh 20 faoin chéad ar a laghad de na daoine a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil ar an Ghaeilge faoi dheireadh 2030 (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú), Alt 18C(3)(b), lch 15, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 8; Rialtas na hÉireann, 2024, lch 30).

Mar chomhlánú ar chonair an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil, is é Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG), atá á riar ag Ollscoil Mhá Nuad, an t-aon chóras deimhniúcháin inniúlachta Gaeilge in Éirinn atá ailínithe leis an CEFR, agus tá cúrsaí Gaelchultúr do

státseirbhísigh á ndeimhniú aige thar ceann OneLearning ó 2022 i leith (lch 30). Taobh istigh de chóras na BOOnna, cuireann ionad Áras Bhréanainn de chuid BOO Chiarraí cúrsaí creidiúnaithe TEG ar fáil ag leibhéil A1–C1 (BOO Chiarraí, 2025). Tugtar gealltanas eile i Scéim Teanga BOO Chiarraí go gcuirfidh an eagraíocht deimhniúchán creidiúnaithe inniúlachta ar fáil don fhoireann trí thástáil (BOO Chiarraí, 2020, lch 18). Cruthaíonn cóineasú na n-oibleagáidí reachtúla, na gclár uasoiliúna atá maoinithe go poiblí agus na tástála inniúlachta atá ailínithe leis an CEFR éiceachóras tacaíochta d'fhoghlaimeoirí atá i bhfad níos forbartha ná aon chóras dá leithéid i dTuaisceart Éireann. Cuireann Údarás na Gaeltachta gné chríochach leis an tacaíocht d'fhoghlaimeoirí tríd an ról níos leithne atá aige maidir le pobail Ghaeltachta a chumasú. Aithnítear i bPlean Straitéiseach 2021–2025 an Údaráis mar chroíchuspóir daoine a chumasú trí chláir fhairsinge oiliúna agus cóitseála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta, agus cuideachtaí a chumasú trí réimse dreasachtaí a chur ar fáil le cuidiú leo cláir oiliúna oiriúnacha a fhorbairt (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 19). Deimhnítear i dtuairisc faisnéise an Oireachtais go bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn trí phrintíseachtaí agus trí chláir BO&O, rud a chuireann leis an sprioc bheartais níos leithne maidir le tacú le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna gairmiúla (An tOireachtas, 2025). Taifeadtar i Scéim Teanga BOO Chiarraí go ndéanann an BOO cómhaoiniú ar phost Oifigigh Oideachais Gaeilge in Uíbh Ráthach i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta (BOO Chiarraí, 2020, lch 4), rud a léiríonn an caidreamh comhoibritheach idir gníomhaireacht forbartha na Gaeltachta agus an soláthraí réigiúnach BO&O.

In ainneoin na láidreachtaí seo, tá bearna i bPoblacht na hÉireann maidir le treoir ghairme phearsantaithe agus tacaíocht aistrithe. Murab ionann agus an Bhreatain Bheag, áit a bhfuil sainchúram follasach dátheangach ag Careers Wales, níl aon seirbhís treorach gairme in Éirinn a bhfuil freagracht shonrach uirthi comhairle a thabhairt maidir le gairmchonairí trí Ghaeilge. Tá an t-eolas scaipthe ar shuíomhanna gréasáin institiúidí agus ar ardáin soláthraithe éagsúla, agus níl aon tairseach amháin ann inar féidir an réimse iomlán roghanna creidiúnaithe trí Ghaeilge a shainaithint. Mar sin féin, ba cheart an toradh seo a cháiliú i bhfianaise na n-acmhainní struchtúrtha eolais faoi ghairmeacha atá ar fáil. Is acmhainn é pacáiste Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge COGG a chuirtear ar fáil ar fud na tíre agus ina dtugtar eolas ar ghairmchonairí i ndeich n-earnáil, ar chúrsaí tríú leibhéal, ar scéimeanna scoláireachtaí printíseachta, ar chúrsaí breisoideachais agus ar sparánachtaí atá ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge, agus clúdaítear institiúidí i dTuaisceart Éireann ann fosta (COGG, 2025). Cuireann tairseach gairmeacha COGG ag saoloibre.ie ar chumas úsáideoirí cúrsaí tríú leibhéal a chuardach agus próifílí gairme a chruthú fosta. Cé gur bhunaigh an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht Tascfhórsa ar Mhúnlaí Soláthair le conairí inbhuanaithe agus samhlacha cuimsitheacha a chomhdhearadh don earnáil, is cuspóirí beartais atá ag teacht chun cinn go fóill iad seo seachas infreastruchtúr atá bunaithe cheana féin (An Roinn Oideachais, 2024). Baineann an neamhshiméadracht seo go díreach le Tuaisceart Éireann, áit nach bhfuil earnáil na Gaelscolaíochta comhchruinnithe go geografach. Tugann taithí na Poblachta le fios gur coinníollacha riachtanacha iad tacaíocht airgeadais agus dreasachtaí d'fhostóirí le rannpháirtíocht a leathnú, ach nach leor iad astu féin: gan infreastruchtúr comhleanúnach treorach, bíonn tacaíocht d'fhoghlaimeoirí ar fáil i bprionsabal ach ní

bhíonn teacht uirthi i gcleachtas acu siúd atá taobh amuigh de líonraí seanbhunaithe Gaeilge.

3.3.4 Acmhainneacht Soláthraithe agus an Lucht Saothair

Braitheann inbhuanaitheacht an tsoláthair gairmoideachais trí Ghaeilge ar lucht saothair teagascóirí, measúnóirí agus forbróirí curaclaim a bheith ann a bhfuil an inniúlacht teanga agus an saineolas oideolaíoch acu le cláir a dhearadh, a sholáthar agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh orthu trí Ghaeilge. I bPoblacht na hÉireann, is iad na hinstitiúidí aonair a fhorbraíonn acmhainneacht na soláthraithe seachas í a bheith á pleanáil ar leibhéal an chórais náisiúnta, rud a chruthaíonn patrún ina bhfuil an acmhainneacht is láidre sna háiteanna a bhfuil comhchruinniú geografach nó speisialtóireacht eagraíochtúil ann. Is é BOO Chiarraí an tsamhail institiúideach a bhfuil an doiciméadú is cuimsithí déanta uirthi, agus leagtar amach ina Scéim Teanga 2020–2023 cur chuige córasach a chuimsíonn trí ghné: baill foirne a bhfuil inniúlacht i nGaeilge acu a earcú, forbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann atá ann cheana, agus poist shonracha a ainmniú a bhfuil inniúlacht i nGaeilge riachtanach dóibh, lena n-áirítear Bainisteoir an Ionaid agus gach ról a chruthófar in Ionad BO&O Dhaingin Uí Chúis amach anseo (BOO Chiarraí, 2020, lgh 18, 20). Tugtar gealltanas sa Scéim go gcuirfidh BOO Chiarraí foireann teagascóirí le chéile a bheidh ábalta cúrsaí a sholáthar trí Ghaeilge, go gcuirfidh sé ceithre chúrsa ar a laghad ar fáil trí Ghaeilge gach bliain in Ionad BO&O Dhaingin Uí Chúis, agus go n-ísleoidh sé an t-íoslíon rannpháirtithe a bheidh riachtanach do chúrsaí a sholáthraítear sa Ghaeltacht (BOO Chiarraí, 2020, lgh 15, 17). Tá an Ghaeilge ainmnithe mar theanga oibre in ionad Dhaingin Uí Chúis, agus is i nGaeilge amháin nó go dátheangach a dhéanfar comhfhreagras le pobal na Gaeltachta (BOO Chiarraí, 2020, lch 17). Mar sin féin, sainaithnítear sa Scéim an príomhshrian fosta: tá leathnú an tsoláthair ag brath ar theagascóirí oiriúnacha a aimsiú i gceantair Ghaeltachta, rud a léiríonn nach bhfuil foireann teagascóirí réidh ar fáil (BOO Chiarraí, 2020, lch 17). Tá 196 teagascóir agus 105 mhúinteoir fostaithe ag BOO Chiarraí ar fud a sholáthair BO&O (BOO Chiarraí, 2018, lch 7), ach níl na figiúirí seo imdhealaithe de réir cumas teanga. Taobh amuigh de chóras na BOOnna, is ag Gaelchultúr atá an acmhainneacht is mó comhchruinnithe le soláthar a dhéanamh trí Ghaeilge. Léiríonn an ról atá ag Gaelchultúr maidir le cúrsaí CPI a sholáthar ag leibhéil éagsúla den CNC, a chomhpháirtíocht le MSLETB faoin chlár Scileanna chun Dul Chun Cinn (An tOireachtas, 2025), agus an soláthar a dhéanann sé de chúrsaí Gaeilge do státseirbhísigh thar ceann OneLearning (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 29), go bhfuil acmhainneacht shainiúil a bhfuil tábhacht náisiúnta léi forbartha ag an eagraíocht maidir le cáilíochtaí gairmiúla creidiúnaithe Gaeilge a dhearadh agus a sholáthar. Is láidreacht é scála beag na samhla seo, sa mhéid go gcuireann sé saineolas fíor atá comhchruinnithe in aon áit amháin ar fáil i réimse ina bhfuil an saineolas sin gann, ach is laigeacht é fosta, mar go gcruthaíonn sé leochaileacht struchtúrach dá dtiocfadh méadú suntasach ar an éileamh thar acmhainneacht aon soláthraí amháin. Cuireann Údarás na Gaeltachta le forbairt acmhainneacht soláthraithe trína mhisean níos leithne maidir le fiontraíocht agus oiliúint, lena n-áirítear cuideachtaí a chumasú trí réimse dreasachtaí le cláir oiliúna oiriúnacha a fhorbairt (Údarás na Gaeltachta, 2021, lch 19), cé go bhfuil sé dírithe ar fhorbairt fiontraíochta seachas ar an acmhainneacht teagascóirí agus measúnóirí atá riachtanach do sholáthar BO&O trí Ghaeilge a fhorbairt. Is í an bhearna

ríthábhachtach ná nach bhfuil infreastruchtúr náisiúnta ann le lucht saothair a fhorbairt le BO&O a sholáthar trí Ghaeilge. Aithníodh i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* an gá le hinniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt go córasach sa tseirbhís phoiblí, agus moladh córas neamhspleách creidiúnaithe d'inniúlacht sa Ghaeilge a bheadh bunaithe ar chaighdeáin, agus sonraíodh go n-aithneofaí i scéimeanna teanga amach anseo poist a mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach dóibh (Rialtas na hÉireann, 2010, lch 13).

Is ionann Scéim Teanga BOO Chiarraí agus cur i bhfeidhm páirteach ar leibhéal na hinstitiúide, ach níor bunaíodh an struchtúr níos leithne ar leibhéal an chórais. Níl aon chlár náisiúnta ann atá inchurtha le Sgiliaith sa Bhreatain Bheag, a chuireann tacaíocht shonrach ar fáil le hacmhainneacht teagaisc agus mheasúnaithe trí Bhreatnais agus go dátheangach a fhorbairt ar fud na hearnála BO&O. Aithnítear mar thosaíocht sa Mheabhrán Tuisceana idir SOLAS agus QQI don tréimhse 2024–2027 forbairt acmhainneachta le curaclaim, caighdeáin agus cáilíochtaí a fhorbairt agus a athbhreithniú (SOLAS agus QQI, 2024, lch 7), ach ní thugtar aghaidh ann ar an acmhainneacht teanga atá riachtanach don tsoláthar trí Ghaeilge. I gcás fhormhór na BOOnna taobh amuigh den Ghaeltacht, ní thugtar aghaidh ar an acmhainneacht le BO&O a sholáthar trí Ghaeilge i gcomhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta, i gcreataí dearbhaithe cáilíochta ná i bpleananna forbartha lucht saothair. Tá impleachtaí díreacha aige seo do Thuaisceart Éireann. Léiríonn taithí na Poblachta gur féidir acmhainneacht soláthraithe le soláthar a dhéanamh trí Ghaeilge a fhorbairt ar leibhéal na hinstitiúide, ach go mbíonn an acmhainneacht sin teoranta do cheantair áirithe agus leochaileach gan clár náisiúnta le líon na gcleachtóirí atá ábalta oibriú trí Ghaeilge a mhéadú. Tá an dúshlán seo níos géire arís i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil earnáil na Gaelscolaíochta scaipthe ar fud na háite agus nach bhfuil infreastruchtúr ann atá inchurtha le hinfreastruchtúr na Gaeltachta. Beidh gá le cur chuige pleanáilte maidir le forbairt an lucht saothair i gcás aon fhorbairt ar an tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, cur chuige a thabharfaidh aghaidh ar sholáthar cleachtóirí BO&O a bhfuil inniúlacht teanga acu, ar fhorbairt acmhainneacht measúnaithe trí Ghaeilge taobh istigh de chreataí dearbhaithe cáilíochta, agus ar dhreasachtaí institiúideacha do sholáthraithe le hinfheistíocht a dhéanamh san acmhainneacht le soláthar a dhéanamh trí Ghaeilge. Tugann taithí na Poblachta le fios gur féidir le hoibleagáidí reachtúla na reachtaíochta teanga spreagadh beartais a thabhairt do ghníomhaíocht institiúideach, ach nach leor iad astu féin le hacmhainneacht a fhorbairt ar fud an chórais gan infheistíocht shonrach chomhordaithe ag an leibhéal náisiúnta.

3.3.5 Dálaí cumasúcháin


Tá sraith dálaí cumasúcháin ag Poblacht na hÉireann maidir le soláthar gairmoideachais trí theanga mhionlaigh atá níos fairsinge ar dhóigheanna éagsúla ná na dálaí atá le fáil i dTuaisceart Éireann, ach níor tugadh le chéile iad le córas a chruthú ina dtreisíonn na gnéithe éagsúla a chéile, mar a sainaithníodh san anailís ar an Bhreatain Bheag. Is den riachtanas é na coinníollacha seo a shainaithint, mar aon leis na cúiseanna nár tháinig soláthar córasach BO&O trí Ghaeilge astu, le measúnú a dhéanamh ar inaistritheacht i gCuid 5 den chaibidil seo. Tugann stádas bunreachtúil na Gaeilge mar phríomhtheanga oifigiúil an Stáit faoi Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann (1937) aitheantas dlíthiúil bunúsach di nach bhfuil a mhacasamhail le fáil i dTuaisceart Éireann. Tá creat reachtaíochta Achtanna na

dTeangacha Oifigiúla 2003–2021 bunaithe ar an stádas bhunreachtúil seo, agus leagtar dualgais ar gach comhlacht poiblí, SOLAS agus na 16 BOO ina measc, maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge. Áirítear ar na dualgais seo oibleagáidí maidir le cumarsáid, stáiseanóireacht, comharthaíocht agus foilseacháin faoi Ailt 9 agus 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, mar aon leis na dualgais bhreise maidir le hainmneacha agus seoltaí (Alt 9A), foirmeacha oifigiúla (Alt 9B), lógónna (Alt 9C) agus seirbhísí pobal-inrochtana (Alt 9E), arna gcur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, ailt 4–5; agus an dualgas cloí le caighdeáin teanga fhorordaithe faoi Alt 19B, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 9. Neartaíodh an creat seo le hAcht Leasaithe 2021 tríd an Choiste Chomhairleach um Sheirbhísí Gaeilge a bhunú (Alt 8, lenar cuireadh Alt 18A isteach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003), cumhacht a thabhairt don Aire caighdeáin teanga a fhorordú (Alt 9, lenar cuireadh Alt 19A isteach), agus cuspóir reachtúil a bhunú go mbeadh 20 faoin chéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil ar an Ghaeilge tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030 (Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 8, lenar cuireadh Alt 18C(3)(b) isteach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, lch 15 den Acht comhdhlúite). Tá éileamh intomhaiste ar ghairmcháilíochtaí creidiúnaithe Gaeilge cruthaithe ag an chuspóir earcaíochta seo, agus tháinig méadú 93 faoin chéad ar líon na státseirbhíseach a ghlac páirt in oiliúint Ghaeilge idir earrach 2022 agus earrach 2024 (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 100). Ós cuspóir reachtúil infheidhmithe é a bhfuil spriocdháta socraithe leis, spreagann sé éileamh ar dhóigh nach bhfuil a macasamhail ag an Bhreatain Bheag ná ag Tuaisceart Éireann. Cuireann Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 creat straitéiseach fadtéarmach ar fáil atá ar aon dul le Cymraeg 2050 sa Bhreatain Bheag (Rialtas na hÉireann, 2010). Sainaithníodh sa Straitéis an t-oideachas, lena n-áirítear breisoideachas agus oideachas aosach, mar phríomhréimse gníomhaíochta agus moladh inti inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear trí chóras neamhspleách creidiúnaithe d'inniúlacht sa Ghaeilge a bheadh bunaithe ar chaighdeáin (Rialtas na hÉireann, 2010, lch 13).

Sainaithníodh printíseachtaí mar réimse tosaíochta fosta sa *Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030*, a d'ullmhaigh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge faoi Alt 18C d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna chur isteach le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, Alt 8, agus moladh ann go ndéanfaí scrúdú ar na féidearthachtaí a bhaineann le cláir shonracha Ghaeilge a fhorbairt agus a leathnú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí agus micridhintiúir (Rialtas na hÉireann, 2024, lgh 52, 121). Cruthaíonn na gealltanais straitéiseacha seo timpeallacht bheartais atá fabhrach go ginearálta d'fhorbairt an ghairmoideachais trí Ghaeilge. Is coinníoll cumasúcháin eile é an t-infreastruchtúr rialachais teorann a chuirtear ar fáil le hAcht na Gaeltachta 2012 agus le hÚdarás na Gaeltachta. Cuireann gníomhaireacht forbartha réigiúnaí ar leith, a bhfuil sainordú follasach aici an teanga, an fhiontraíocht agus forbairt scileanna a nascadh le chéile i gceantair Ghaeltachta atá sainithe go geografach, meicníocht ar fáil le lucht saothair a fhorbairt atá fréamhaithe sa phobal agus a fheidhmíonn go neamhspleách ar struchtúr SOLAS agus na BOOnna (Údarás na Gaeltachta, 2021, lgh 19–21). Léiríonn gréasán na mol digiteach gteic ina bhfuil 26 ionad, scéim scoláireachtaí printíseachta agus an clár céimithe GAIRM an dóigh a gcuirtear an sainordú seo i bhfeidhm go praiticiúil (Údarás na Gaeltachta, 2021, lgh 11, 15; COGG, 2025). Níl macasamhail an infreastruchtúir seo i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil earnáil na

Gaelscolaíochta scaipthe ar fud na háite seachas a bheith comhchruinnithe i gceantar geografach ar leith. Is coinníoll cumasúcháin inti féin í solúbthacht an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar gheall ar an dóigh a bhfuil an CNC ceaptha le bheith neodrach ó thaobh teanga de, bhí soláthraithe a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge, amhail Gaelchultúr, ábalta creidiúnú QQI a bhaint amach agus cáilíochtaí a sholáthar ag leibhéil éagsúla den chreat gan gá le córas comhthreomhar creidiúnaithe (QQI, 2021; An tOireachtas, 2025). Léiríonn an chomhpháirtíocht idir Gaelchultúr agus MSLETB, atá maoinithe tríd an chlár Scileanna chun Dul Chun Cinn, gur féidir leis an struchtúr dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana freastal ar sholáthar trí Ghaeilge nuair a bhíonn tionscnamh institiúideach agus maoiniú ag teacht le chéile (An tOireachtas, 2025). Tá codarsnacht idir an tsolúbthacht seo agus cur chuige na Breataine Bige, áit ar leagadh dualgas reachtúil ar an rialálaí cáilíochtaí, ach mar sin féin tá torthaí creidiúnaithe bainte amach ag an chóras taobh istigh den chreat príomhshrutha. Ní hiad láithreacht ná easpa dálaí cumasúcháin an t-idirdhealú ríthábhachtach idir Poblacht na hÉireann agus an Bhreatain Bheag, ach cé acu ar cuireadh na dálaí sin i bhfeidhm taobh istigh den chóras BO&O nó nár cuireadh. Sa Bhreatain Bheag, feidhmíonn straitéis Cymraeg 2050, Coleg Cymraeg Cenedlaethol, maoiniú atá curtha i leataobh go sonrach, an caidreamh comhairleach reachtúil idir Medr agus an Coleg, an dualgas reachtúil atá ar Qualifications Wales agus clár forbartha lucht saothair Sgiliaith mar ghnéithe de chóras amháin a threisíonn a chéile.

I bPoblacht na hÉireann, tá stádas bunreachtúil na Gaeilge, Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, an Straitéis 20 Bliain, infreastruchtúr rialachais na Gaeltachta agus solúbthacht an CNC ann go léir, ach níl siad nasctha le struchtúr pleanála agus maoinithe BO&O. Ní dhéantar aon tagairt don Ghaeilge in aon fhoráil oibríochtúil den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013 (Acht BO&O 2013, Alt 7, lgh 5–6). Ní chuimsítear spriocanna maidir le soláthar trí Ghaeilge sna comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta idir SOLAS agus na BOOnna (BOO Chiarraí, 2018, lgh 23–28). Tá Údarás na Gaeltachta eisiata ón liosta reachtúil de chomhlachtaí a bhféadfar dul i gcomhairle leo agus straitéis BO&O á hullmhú (Acht BO&O 2013, Alt 9(5)(a), lch 7). Níl aon chomhlacht idirghabhála ann atá inchurtha le Coleg Cymraeg Cenedlaethol, níl aon mhaoiniú curtha i leataobh go sonrach do BO&O trí Ghaeilge, ná níl aon chlár náisiúnta forbartha lucht saothair ann do chleachtóirí a oibríonn trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, is ag leibhéal na timpeallachta beartais i gcoitinne, seachas leibhéal dhearadh an chórais, a fheidhmíonn dálaí cumasúcháin na Poblachta. Mar gheall ar thionscnaimh institiúidí agus soláthraithe aonair, tá soláthar éifeachtach ach scaipthe cruthaithe acu, mar atá doiciméadaithe i gCodanna 3.1–3.4, seachas cur chuige náisiúnta pleanáilte comhordaithe a chruthú maidir le gairmoideachas agus oiliúint trí Ghaeilge. Tá dhá cheacht le foghlaim as seo do Thuaisceart Éireann. Ar an chéad dul síos, ní leor na dálaí cumasúcháin astu féin: mura gcomhtháthaítear iad d'aon ghnó i struchtúr rialachais, maoinithe agus rialála an chórais BO&O nó an chórais scileanna, ní bheidh soláthar córasach mar thoradh orthu. Ar an dara dul síos, léiríonn taithí na Poblachta gur féidir samhlacha éifeachtacha a fhorbairt fiú in éagmais an chomhtháthaithe sin nuair a bhíonn na dálaí cumasúcháin láidir go leor le tionscnaimh institiúideacha agus éileamh an mhargaidh a chothú, agus gur féidir na samhlacha sin féin a aistriú chuig comhthéacsanna eile, ar choinníoll go dtugtar freagracht do chomhlacht amháin ar a laghad as comhleanúnachas eatarthu a chinntiú.



Figiúr 2: Struchtúr rialachais agus seachadta an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna i bPoblacht na hÉireann

3.4 Anailís Chomparáideach

Ní hé cuspóir na hanailíse comparáidí seo an dá chóras a rangú ach na gnéithe struchtúracha a shainaithint a mhíníonn na difríochtaí sa dóigh a rialaíonn, a soláthraíonn agus a gcothaíonn gach dlínse an soláthar gairmoideachais trí theanga mhionlaigh, agus measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na ndifríochtaí sin do Thuaisceart Éireann. Is é an príomhthoradh go bhfuil na príomhghnéithe atá riachtanach don tsoláthar gairmoideachais trí theanga mhionlaigh ag an dá dhlínse, lena n-áirítear straitéisí fadtéarmacha teanga, aitheantas sa reachtaíocht, creataí creidiúnaithe atá in ann freastal ar sholáthar trí theanga mhionlaigh, agus institiúidí a bhfuil acmhainneacht chruthaithe acu. Mar sin féin, tá difríocht shuntasach idir an dá dhlínse maidir lena mhéad atá na gnéithe seo tugtha le chéile i gcóras comhordaithe. Tá infheistíocht déanta ag an Bhreatain Bheag i ndearadh institiúideach d'aon ghnó le breis agus deich mbliana, rud a chruthaigh struchtúr rialachais ina bhfeidhmíonn comhlacht idirghabhála ar leith (Coleg Cymraeg Cenedlaethol), rialálaí earnála a bhfuil caidreamh comhairleach reachtúil sainráite aige leis an chomhlacht sin (Medr, faoi Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022), rialálaí cáilíochtaí a bhfuil dualgas reachtúil sonrach air maidir le soláthar trí Bhreatnais (Qualifications Wales, faoi Qualifications Wales Act 2015), sainseirbhís forbartha lucht saothair (Sgiliaith), agus maoiniú poiblí atá curtha i leataobh go sonrach mar ghnéithe de chóras amháin a threisíonn a chéile.

Tá samhlacha éagsúla soláthair trí Ghaeilge forbartha ag Poblacht na hÉireann atá éifeachtach ar dhóigheanna éagsúla, ach is as idirghníomhú creataí reachtaíochta ar leith agus sainorduithe institiúideacha a d'eascair na samhlacha seo, seachas as feidhm chomhtháite pleanála: Tá údarás cuimsitheach ag SOLAS maidir le straitéis agus maoiniú BO&O, ach níl freagracht shonrach air as rialachas an tsoláthair trí Ghaeilge; forbraíonn Boird Oideachais agus Oiliúna soláthar BO&O trí Ghaeilge sna háiteanna a bhfuil gá leis de bharr dháileadh geografach na Gaeltachta, faoi thionchar na reachtaíochta teanga seachas faoi thionchar an bheartais BO&O; cuireann Údarás na Gaeltachta forbairt chomhthreomhar lucht saothair ar fáil taobh amuigh den chóras fhoirmiúil BO&O; agus freastalaíonn soláthraithe neamhspleácha amhail Gaelchultúr ar éileamh ar dheimhniúchán gairmiúil creidiúnaithe i nGaeilge atá scaipthe ar fud na tíre agus á thiomáint ag an mhargadh, nach bhfuil comhtháite i struchtúr BO&O ná á rialú ag an struchtúr sin. Is é an toradh atá air seo ná córas arb í an ilroinnt, seachas an comhordú foirmiúil, is mó is saintréith de, ach córas mar sin féin a bhfuil réimse leathan pointí iontrála cruthaithe aige nach mbeadh bainte amach, b'fhéidir, le samhail níos láraithe.

Gné	An Bhreatain Bheag	Poblacht na hÉireann	Príomhdhifríochtaí	Tábhacht Anailíseach do TÉ
Rialachas agus struchtúr an chórais	Comhlacht idirghabhála aonair (Coleg Cymraeg Cenedlaethol) a bhfuil ról comhairleach reachtúil aige maidir leis an rialálaí earnála Medr faoi Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022 (Medr, 2025, lch 20). Maoiniú imfhálaithe ar leith de £2.825 milliún leis an bhreisoideachas agus printíseachtaí a leathnú in 2024/25 (Rialtas na Breataine Bige, 2024a, lch 4). Plean náisiúnta don Bhreatnais ar fud na hearnála treasaí ina hiomláine, a bhfuil gealltanas tugtha ina leith (Medr, 2025, lch 21).	Níl aon chomhlacht comhordúcháin ann do BO&O trí Ghaeilge. Ní dhéantar aon tagairt don Ghaeilge in aon fhoráil oibríochtúil d'Acht BO&O 2013 (arna athbhreithniú go dtí an 28 Eanáir 2026) (Alt 7, lgh 5–6). Tá an fhreagracht ilroinnte idir SOLAS (pleanáil agus maoiniú náisiúnta), 16 BOO (soláthar réigiúnach), Údarás na Gaeltachta (forbairt chomhthreomhar fiontraíochta agus lucht saothair), agus soláthraithe neamhspleácha amhail Gaelchultúr. Níl an tÚdarás ar an liosta reachtúil de chomhlachtaí a bhféadfar dul i gcomhairle leo maidir le straitéis BO&O (Alt 9(5)(a), lch 7).	Comhtháthaíonn an Bhreatain Bheag pleanáil teanga i rialáil an bhreisoideachais; caitear léi in Éirinn mar ghné atá taobh amuigh den chóras, agus í á rialú ag reachtaíocht teanga (Achtanna na dTeangacha Oifigiúla) seachas ag beartas BO&O. Ní dhéantar aon tagairt don tsoláthar trí Ghaeilge sna comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta idir SOLAS agus na BOOnna, mar shampla, BOO Chiarraí 2018–2020 (BOO Chiarraí, 2018, lgh 23–28). Níl aon chomhlacht idirghabhála in Éirinn atá inchurtha le Coleg Cymraeg Cenedlaethol.	Níl comhlacht idirghabhála ar leith ná dualgas reachtúil ar earnáil BO&O maidir le soláthar trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Is féidir samhail BOO Chiarraí, ina bhfuil ionad ar leith taobh istigh de chomhlacht príomhshrutha BO&O (Áras Bhréanainn, a bunaíodh in 2020), a aistriú go díreach chuig struchtúir reatha na gcoláistí breisoideachais sa ghearrthéarma. Is uaillmhian mheántéarmach í samhail Coleg Cymraeg a éilíonn maoiniú ar leith agus dearadh institiúideach.
Creidiúnú agus creataí cáilíochtaí	Tá dualgas reachtúil ar Qualifications Wales fáil ar cháilíochtaí trí Bhreatnais a chur chun cinn (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 15). Tugann scéim deontas bhliantúil dreasachtaí d'eagraíochtaí cáiliúcháin le hábhair dhátheangacha a fhorbairt. I mí Eanáir 2026, bhí 36 faoin chéad de na gairmcháilíochtaí iar-16 ar fáil go hiomlán nó go páirteach trí Bhreatnais, cé gur	Freastalaíonn an CNC, atá neodrach ó thaobh teanga de, ar sholáthraithe a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge gan údarás creidiúnaithe ar leith (QQI, 2021). Cuireann Gaelchultúr (atá creidiúnaithe ag QQI ó 2013) an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ar fáil ag Leibhéil 3–6 den CNC i gcomhpháirtíocht le BOO (An tOireachtas, 2025). Cuireann TEG deimhniúchán inniúlachta ar fáil atá ailínithe leis an CEFR; tá cúrsaí Ghaelchultúr	Leagann an Bhreatain Bheag dualgas reachtúil maidir le creidiúnú ar an rialálaí cáilíochtaí; braitheann Éire ar sholúbthacht creata atá neodrach ó thaobh teanga de. Tá comhlacht ar leith ag an Bhreatain Bheag a choimisiúnaíonn ábhair trí theanga mhionlaigh; braitheann Éire ar sholáthraithe aonair. Moltar sa Phlean Náisiúnta	Is í an tsamhail chomhpháirtíochta idir Gaelchultúr agus na BOOnna in Éirinn an fasach is dírí is féidir a aistriú: soláthraí Gaeilge a chuireann cáilíochtaí creidiúnaithe ar fáil trí chomhlacht príomhshrutha breisoideachais, agus iad bailíochtaithe faoi na creataí dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana. Tá sé indéanta go

	cáilíochtaí de chuid Shasana a bhí in 97 faoin chéad de na cáilíochtaí ainmnithe go fóill, agus iad i mbaol a maoiniú a chailleadh (Qualifications Wales, 2026b, lgh 3, 5). Coimisiúnaíonn Coleg Cymraeg acmhainní foghlama trí Bhreatnais a óstáiltear ar Y Porth (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2009). Forbraíodh printíseachtaí foirgníochta nua ag Leibhéal 2 i gcomhar idir Medr, Rialtas na Breataine Bige agus Qualifications Wales (Rialtas na Breataine Bige, 2026a, lgh 1–3). Tá plean náisiúnta tripháirteach don Bhreatnais san earnáil iar-16 ar bun le Medr agus Coleg Cymraeg (Qualifications Wales, 2026b, lch 6). Clár Printíseachta nua Medr le seoladh i mí Lúnasa 2027 (lch 8).	do státseirbhísigh á ndeimhniú aige ó 2022 i leith (Rialtas na hÉireann, 2024, lgh 28–29). Aithnítear forbairt acmhainneachta i MeabhránTuisceana SOLAS–QQI 2024–2027, ach ní aithnítear acmhainneacht teanga don tsoláthar trí Ghaeilge (SOLAS agus QQI, 2024, lch 7).	2024–2030 iniúchadh a dhéanamh ar phrintíseachtaí agus micridhintiúir Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2024, lgh 52, 121), ach is uaillmhian é seo go fóill. Tá an Bhreatain Bheag ag maolú go gníomhach ar rioscaí a bhaineann le hinmharthanacht mar gheall ar éagsúlachtaí sa bheartas i Sasana; i gcás 88 faoin chéad de na cáilíochtaí ainmnithe a bronnadh ar fhoghlaimeoirí iar-16, bronnadh níos lú ná 100 teastas in 2023–2024 (Qualifications Wales, 2026b, lch 3), dinimic a bhaineann le cohóirt bheaga a mbeadh tionchar níos mó go fóill aici ar sholáthar trí Ghaeilge.	teicniúil scéim phíolótach a reáchtáil trí rialálaithe cáilíochtaí. Is uaillmhian reachtaíochta níos fadtéarmaí í samhail an dualgais reachtúil sa Bhreatain Bheag. Deimhnítear i gCreat Beartais TransformED go bhfuil sé i gceist ag Tuaisceart Éireann an margadh cáilíochtaí a choinneáil oscailte d'eagraíochtaí cáiliúcháin Shasana agus na Breataine Bige (An Roinn Oideachais, 2025), agus cruthaíonn creat beartais maidir le gairmcháilíochtaí a sholáthraítear i scoileanna, atá le teacht, deis le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a chuimsiú mar riachtanas deartha taobh istigh den athchóiriú cáilíochtaí. Treisíonn taithí na Breataine Bige ar na rioscaí d'inmharthanacht cáilíochtaí i margadh beag leis an argóint ar son samhlacha soláthair atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí in TÉ seachas soláthar neamhspleách.

Infreastruchtúir Thacaíochta d'Fhoghlaimeoirí	Ilsrathach: Scoláireachtaí agus scéimeanna dreasachtaí Coleg Cymraeg (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 10); bunachar sonraí dátheangach cúrsaí agus plean margaíochta Careers Wales (lch 22); clár Cymraeg Gwaith le húsáid na Breatnaise san ionad oibre a normalú (Rialtas na Breataine Bige, 2025, lgh 13–14); tairseach acmhainní Y Porth atá ar fáil gan srian rochtana (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2009). Laghdaíonn an éifeacht charnach an costas agus an riosca a shamhlaítear le conairí trí Bhreatnais a roghnú.	Maoiníonn an clár Scileanna chun Dul Chun Cinn deimhniúchán creidiúnaithe Gaeilge atá ar fáil saor in aisce d'fhostaithe, mar a léiríonn an chomhpháirtíocht idir MSLETB agus Gaelchultúr (An tOireachtas, 2025). Déanann BOO Chiarraí cómhaoiniú ar phost Oifigigh Oideachais Gaeilge i gcomhar leis an Údarás (BOO Chiarraí, 2020, lch 4). Níl aon seirbhís treorach gairme pearsantaithe ann, ach cuireann COGG pacáiste struchtúrtha náisiúnta eolais faoi ghairmeacha ar fáil a chlúdaíonn deich n-earnáil agus a chuimsíonn an dá thaobh den teorainn (COGG, 2025). Cuireann tairseach gairmeacha COGG ag saoloibre.ie uirlisí ar fáil le cúrsaí a chuardach agus próifílí gairme a chruthú.	Cuireann an Bhreatain Bheag tacaíocht chomhordaithe d'fhoghlaimeoirí ar fáil ag leibhéil éagsúla; tá meicníochtaí láidre airgeadais agus dreasachtaí d'fhostóirí ar fáil in Éirinn, ach níl infreastruchtúr treorach ná tairseach láraithe acmhainní ann. Tá meicníocht reachtúil ar leith in Éirinn a spreagann éileamh (an sprioc 20%) nach bhfuil a macasamhail ag an Bhreatain Bheag. Níor sháraigh ceachtar den dá dhlínse na baic, ó thaobh dearcadh daoine de, ar rannpháirtíocht sa ghairmoideachas trí theanga mhionlaigh go hiomlán. Clúdaíonn ábhair eolais COGG faoi ghairmeacha an dá thaobh den teorainn go pointe áirithe, ach ní seirbhís treorach iad.	Níl meicníocht ag TÉ le héileamh a spreagadh (níl aon oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí maidir le hearcaíocht Gaeilge) ná an t-infreastruchtúr treorach. Is féidir samhail mhaoinithe an chláir Scileanna chun Dul Chun Cinn a mhacasamhlú trí na cláir scileanna atá ag an Roinn Geilleagair cheana féin. Is féidir roghanna trí Ghaeilge a chomhtháthú sa treoir ghairme sa ghearrthéarma. Is í an easpa meicníochta le héileamh a spreagadh an bhearna struchtúrach is suntasaí.
Acmhainneacht soláthraithe agus an lucht saothair	Clár náisiúnta forbartha foirne Sgiliaith, atá maoinithe ag Coleg Cymraeg: struchtúr céimnithe scileanna teanga ón fheasacht go dtí an líofacht; uirlisí tacaíochta don teagasc agus don mheasúnú dhátheangach; modúl oideolaíochta dátheangaí ag leibhéal máistreachta; clár meantóireachta.	Forbairt acmhainneachta ag leibhéal na n-institiúidí amháin. Ainmnítear poist a éilíonn inniúlacht sa Ghaeilge i Scéim Teanga BOO Chiarraí agus tugtar gealltanas inti foireann teagascóirí a chur le chéile, ach aithnítear nach bhfuil foireann teagascóirí réidh ar fáil i gceantair Ghaeltachta (BOO Chiarraí, 2020, lgh 17–18, 20). Tá	Tá infheistíocht déanta ag an Bhreatain Bheag in infreastruchtúr ar leith d'fhorbairt an lucht saothair ar leibhéal an chórais; níl a leithéid déanta in Éirinn. Is é seo an difríocht is tábhachtaí: ní bhíonn creataí rialachais agus creidiúnaithe éifeachtach ach amháin má tá an	Tá an leagan is géire den dúshlán seo roimh TÉ: earnáil na Gaelscolaíochta scaipthe, gan infreastruchtúr Gaeltachta ná clár forbartha cleachtóirí. D'fhéadfaí scéim phíolótach ar nós Sgiliaith a thabhairt isteach sa mheántéarma. Is céim thosaigh riachtanach é an

	Saor in aisce d'earnálacha an bhreisoideachais agus na bprintíseachtaí (Sgiliaith, 2024, lgh 2, 4–14). Coinníonn scéim na Léachtóirí Comhlacha an saineolas ar fáil sna háiteanna ina bhfuil líon beag foghlaimeoirí (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 12).	saineolas náisiúnta comhchruinnithe ag Gaelchultúr, ach cruthaíonn scála beag a chuid oibríochtaí leochaileacht struchtúrach. Níl aon chlár náisiúnta forbartha lucht saothair ann do BO&O trí Ghaeilge.	inniúlacht teanga agus an mhuinín oideolaíoch ag cleachtóirí le soláthar a dhéanamh faoina réir. Tá acmhainneacht na hÉireann teoranta do cheantair agus d'eagraíochtaí áirithe (BOO Chiarraí, Gaelchultúr) agus tá sí leochaileach.	acmhainneacht Ghaeilge atá ann cheana i lucht saothair an bhreisoideachais a mhapáil, agus is féidir tabhairt fúithi láithreach.
Dálaí cumasúcháin	Cymraeg 2050: 50-year strategy, sprioc milliún cainteoir, cláir oibre cúig bliana i ndiaidh a chéile agus pleananna gníomhaíochta bliantúla (Rialtas na Breataine Bige, 2021, lgh 5–6, 51). Comhtháthú reachtúil na pleanála maidir le soláthar trí Bhreatnais taobh istigh de Medr. Maoiniú ar leith do Coleg Cymraeg. Dálaí a threisíonn a chéile, tugtha le chéile de réir a chéile thar thréimhse níos faide ná deich mbliana.	Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 (Rialtas na hÉireann, 2010). Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 meicníocht infheidhmithe ar fáil le héileamh a spreagadh (Alt 18C(3)(b), lch 15). Níl aon chomhlacht idirghabhála ann, níl maoiniú BO&O curtha i leataobh go sonrach don tsoláthar trí Ghaeilge, ná níl pleanáil na Gaeilge comhtháite go reachtúil i rialáil BO&O. Timpeallacht bheartais fhabhrach, ach níl sí curtha i bhfeidhm go sonrach sa chóras gairmoideachais agus oiliúna.	Tá straitéisí fadtéarmacha teanga agus aitheantas sa reachtaíocht ag an dá dhlínse. Difríocht ríthábhachtach: Tá an Bhreatain Bheag i ndiaidh dálaí cumasúcháin a chomhtháthú i struchtúir rialachais, maoiniú, cláir lucht saothair agus in oibleagáidí rialála a mbíonn tionchar díreach acu ar an tsoláthar sa tseomra ranga. Feidhmíonn coinníollacha na hÉireann ar leibhéal níos ginearálta, agus fágtar soláthar mionsonraithe faoi ghníomhaithe scaipthe.	Cuireann Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 bonn reachtaíochta ar fáil, ach ní sholáthraíonn sé sainordú oibríochtúil don BO&O. Coinníollacha riachtanacha: comhlacht ainmnithe, maoiniú ar leith, gairmchonair chreidiúnaithe, forbairt cleachtóirí, comhtháthú na treorach gairme. Léiríonn an fhianaise ón Bhreatain Bheag gur féidir iad seo a fhorbairt de réir a chéile.

I dTuaisceart Éireann, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, foilsíonn na comhlachtaí rialála i ngach dlínse (is iad sin CCEA Regulation, Ofqual agus Qualifications Wales) ‘Coinníollacha Aitheantais’ maidir leis na cáilíochtaí agus na heagraíochtaí a rialaíonn siad. Tugtar na General Conditions of Recognition orthu seo i Sasana agus i dTuaisceart Éireann, agus na Standard Conditions of Recognition sa Bhreatain Bheag (Ofqual, 2026). Difríocht thábhachtach amháin idir an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann í an fhoclaíocht i gCoinníoll G2 maidir le teanga an mheasúnaithe. I dTuaisceart Éireann, sonraítear faoin choinníoll seo “nach mór d’eagraíocht cháiliúcháin a chinntiú go ndéantar measúnú ar gach foghlaimeoir a dhéanann a gcuid cáilíochtaí i mBéarla i Sasana, agus i mBéarla nó i nGaeilge i

dTuaisceart Éireann, ach amháin a mhéad a cheadaítear úsáid teanga eile faoin Choinníoll seo" (CCEA, 2025, lch 7). Tá difríocht idir foclaíocht choinníollacha na Breataine Bige agus an méid sin, mar go sonraítear iontu "nach mór d'fhoras cáiliúcháin a chinntiú go ndéantar measúnú ar gach foghlaimeoir a dhéanann a gcuid cáilíochtaí i mBreatnais agus/nó i mBéarla sa Bhreatain Bheag, ach amháin a mhéad a cheadaítear úsáid teanga eile faoin Choinníoll seo" (Qualifications Wales, 2017, lch 36). Ós rud é nach sonraítear "and/or" i bhfoclaíocht na gcoinníollacha i dTuaisceart Éireann, tá dúshláin ann dá bharr maidir le hinfhaighteacht cáilíochtaí agus cothromaíocht do dhaltaí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann.

Baineann na saincheisteanna seo le comhthéacs níos leithne Chreat na dTeidlíochtaí i dTuaisceart Éireann, a tugadh isteach le hOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006. Sonraítear sa chreat seo an t-íoslíon agus an réimse cúrsaí ba cheart do scoil a chur ar fáil ag Eochairchéim 4 agus ag an leibhéal iar-16, agus gur cheart gur cúrsaí feidhmeacha iad aon trian díobh ar a laghad. Sonraítear gur cheart do na cúrsaí a bheith ábhartha ó thaobh na heacnamaíochta de agus go mbeadh suim ag foghlaimeoirí iontu, agus bealaí soiléire chun cinn ag baint leo. Deir an Roinn Oideachais go gcinntíonn Creat na dTeidlíochtaí go mbíonn rochtain chomhionann ag gach duine óg, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí air nó ar an scoil nó an coláiste ar a bhfreastalaíonn sé, ar réimse leathan cothrom cúrsaí atá ábhartha ó thaobh na heacnamaíochta de agus tarraingteach do dhaoine aonair ag Eochairchéim 4 (Blianta 11–12) agus ag an leibhéal iar-16 (Blianta 13–14). Mar sin féin, leagtar amach i gcomhthogra idir Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire (2026) laghdú suntasach ar an réimse cúrsaí atá ar fáil sa churaclam mar gheall ar an easpa cúrsaí feidhmeacha atá ar fáil trí Ghaeilge, agus an tionchar a bhí aige sin ina dhiaidh sin ar an tsoláthar a bhí siad ábalta a chur ar fáil faoi Chreat na dTeidlíochtaí.

Mar chuid den athbhreithniú litríochta don tionscadal seo, d'iarr an fhoireann taighde eolas faoin ábhar seo go díreach ar na scoileanna neamhspleácha Gaelscolaíochta. Tugadh le fios sna freagraí ar Cheist Tionóil AQO 1735/17-22 (Tionól Thuaisceart Éireann, 2021) gur cuireadh cáilíochtaí BTEC ar fáil trí shocrú conarthach idir an Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnaithe (CCEA) agus an eagraíocht cháiliúcháin Pearson. Ag druidim le deireadh 2019, thug Pearson fógra go raibh sé i gceist deireadh a chur leis an chomhaontú sin agus gan na cáilíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge a thuilleadh, agus cáilíochtaí Leibhéal 3 le tarraingt siar i mí Mheán Fómhair 2021 agus cáilíochtaí Leibhéal 2 i mí Mheán Fómhair 2022 (Tionól Thuaisceart Éireann, 2021).

I mí na Bealtaine 2025, chuir earnáil na Gaelscolaíochta togra faoi bhráid OCR ag iarraidh ar an earnáil, OCR agus CCEA oibriú i gcomhar lena chéile le cúrsaí Cambridge Technical a chruthú ar bhonn píolótach (Gaelcholáiste Dhoire, 2025). Cuireadh fianaise phríomha bhreise ar fáil i mí Feabhra 2026, nuair a chuir Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire comhthogra isteach le Scéim Phíolótach Gairmcháilíochtaí don Ghaelscolaíocht a fhorbairt, rud a léirigh an gá le soláthar sonrach gairmcháilíochtaí do dhaltaí Gaelscolaíochta i ndiaidh do Pearson na cáilíochtaí BTEC a tharraingt siar (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026).

Taifeadtar sa togra gur tháinig laghdú ar líon na gcáilíochtaí a bhí ar fáil i gcuraclam Bhliain 13 i gColáiste Feirste, ó 19 in 2020 (12 cháilíocht fheidhmeacha agus 7

gcáilíocht ghinearálta) go 14 in 2025 (7 gcáilíocht fheidhmeacha agus 7 gcáilíocht ghinearálta), laghdú de bhreis agus 40 faoin chéad ar an tsoláthar cúrsaí feidhmeacha. Tháinig laghdú ar na rátaí coinneála idir Bliain 12 agus Bliain 13 ó 80 faoin chéad in 2020 go 62.3 faoin chéad in 2025, agus thit céatadán na ndaltaí a d'fhan san oideachas agus san oiliúint i ndiaidh Bhliain 14 ó 87 faoin chéad go 63 faoin chéad sa tréimhse chéanna (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026). De réir an togra, is iad an laghdú ar líon na ngairmcháilíochtaí agus an cúngú ar na conairí chun cinn dá bharr na príomhchúiseanna leis an laghdú seo.

Mhol an dá scoil Ghaelscolaíochta neamhspleácha scéim phíolótach le heagraíocht cháiliúcháin amháin a dhíreodh ar cháilíochtaí Cambridge Technical Level 3 Introductory Diploma 2012 sa Teicneolaíocht Faisnéise, Spórt, agus Sláinte agus Cúram Sóisialta, a ndéantar 100 faoin chéad den mheasúnú orthu go hinmheánach, rud a laghdódh na dúshláin aistriúcháin agus slándála araon (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026). Dheimhnigh an dá scoil go raibh múinteoirí a raibh na cáilíochtaí cuí acu ar fáil leis na cúrsaí seo a sholáthar. Ar leithligh, scríobh príomhoide Ghaelcholáiste Dhoire chuig eagraíocht cháiliúcháin amháin i mí na Bealtaine 2025 ag iarraidh uirthi páirt a ghlacadh i scéim phíolótach, agus thug sé le fios go raibh an socrú sealadach faoina dtaistealaíodh daltaí ar mhionbhus chuig scoileanna Béarla le tabhairt faoi chúrsaí Cambridge Technical ag éirí neamh-inmharthana de réir mar a mhéadaigh líon na ndaltaí sa séú bliain (Gaelcholáiste Dhoire, 2025).

Léirítear san fhaisnéis a chuir GCD (2025) ar fáil fosta go bhfuil fasach seanbhunaithe ann i bhfoirm caidreamh comhoibritheach oibre idir CCEA agus WJEC (Comhchoiste Oideachais na Breataine Bige – bord scrúduithe a chuireann cáilíochtaí AS/A-leibhéil ar fáil i dTuaisceart Éireann taobh leis an bhord áitiúil, CCEA), inar chuir CCEA seirbhísí aistriúcháin ar fáil ar dtús do phortfóiliónna, do pháipéir scrúdaithe agus do scripteanna, agus ina bhfuair múinteoirí Gaelscolaíochta oiliúint ina dhiaidh sin mar scrúdaitheoirí WJEC (Gaelcholáiste Dhoire, 2025). Léiríonn sé seo modh oibre seanbhunaithe agus fianaise gur féidir na cúrsaí sin a fhorbairt do dhaltaí Gaelscolaíochta.
Deimhnítear sa *TransformED Policy Framework for General Qualifications in Northern Ireland* de chuid na Roinne Oideachais, a foilsíodh in 2026 i ndiaidh sheoladh Straitéis TransformED i mí an Mhárta 2025, go bhfuil sé i gceist ag Tuaisceart Éireann an margadh cáilíochtaí a choinneáil oscailte, rud a ligfidh d'eagraíochtaí cáiliúcháin ó Shasana agus ón Bhreatain Bheag a gcuid GCSEanna agus A-leibhéal a chur ar fáil nuair a chomhlíonann siad na critéir riachtanacha (An Roinn Oideachais, 2025). Deimhnítear sa Chreat fosta go bhforbrófar creat beartais do ghairmcháilíochtaí a sholáthraítear i scoileanna ina dhiaidh sin (An Roinn Oideachais, 2025). Is deis shuntasach ghearrthéarmach é an creat gairmoideachais seo atá le teacht le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a chomhtháthú mar ghné struchtúrach den athchóiriú cáilíochtaí i dTuaisceart Éireann, ar aon dul leis an chur chuige a glacadh sa Bhreatain Bheag, áit a bhfuil infhaighteacht dhátheangach comhtháite ag Qualifications Wales mar cheanglas deartha sna próisis athchóirithe cáilíochtaí.

3.5 Inaistritheacht go Tuaisceart Éireann

Tá soláthar gairmoideachais trí theanga mhionlaigh forbartha ag an Bhreatain Bheag agus ag Poblacht na hÉireann trí struchtúir rialachais, creataí creidiúnaithe, meicníochtaí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí agus straitéisí forbartha lucht saothair éagsúla. Thug an Bhreatain Bheag na gnéithe seo le chéile i gcóras comhordaithe trí dhearadh institiúideach d'aon ghnó a cothaíodh thar thréimhse níos faide ná deich mbliana; tá samhlacha éagsúla éifeachtacha forbartha ag Poblacht na hÉireann trí idirghníomhú creataí reachtaíochta ar leith agus sainorduithe institiúideacha seachas trí phleanáil láraithe. Is é cuspóir na coda seo measúnú a dhéanamh, gné ar ghné, ar na gnéithe de chórais na Breataine Bige agus Phoblacht na hÉireann a d'fhéadfaí a ghlacadh go réalaíoch taobh istigh de na srianta seo, agus idirdhealú a dhéanamh idir an méid is féidir a bhaint amach sa ghearrthéarma trí thionscnaimh institiúideacha agus an méid a éilíonn forbairt reachtaíochta nó struchtúrach sa mheántéarma.

Gné	Samhail na B.B.	Samhail Ph. na hÉ.	Inaistritheacht	Dálaí / Amscála
Rialachas	Comhlacht idirghabhála (Coleg Cymraeg) a bhfuil ról comhairleach reachtúil aige; maoiniú ar leith	Níl aon chomhlacht comhordúcháin ann; samhail BOO Chiarraí d'ionad ar leith; soláthar neamhspleách Ghaelchultúr	ARD (An Bhreatain Bheag); MEASARTHA (Éire, mar réiteach eatramhach)	Gearrthéarma: níl ceist an tsuímh institiúidigh simplí. Léiríonn taithí Ghaelchúrsaí (an tAcadamh Oiliúna Gaeilge i mBéal Feirste), a raibh baint aige le hInstitiúid Breisoideachais agus Ardoideachais Bhéal Feirste roimhe seo sular bunaíodh é mar sholáthraí neamhspleách, gur féidir le soláthar trí theanga mhionlaigh atá comhtháite in institiúid phríomhshrutha níos mó a bheith leochaileach i leith athstruchtúrú institiúideach agus ciorruithe buiséid. D'fhéadfadh samhail neamhspleách solúbthacht oibríochtúil níos mó agus cosaint ar thosaíochtaí iomaíocha coláiste mhóir breisoideachais a chur ar fáil. Baineann buntáistí agus míbhuntáistí leis an rogha idir samhail ionaid atá comhtháite in institiúid níos mó agus samhail soláthraí neamhspleách ó thaobh slándáil institiúideach, rochtain ar acmhainní príomhshrutha agus ar chonairí d'fhoghlaimeoirí, agus an neamhspleáchas atá riachtanach le misean teanga mionlaigh a chothú.

Creidiúnú	Dualgas reachtúil ar Qualifications Wales; coimisiúnaíonn Coleg Cymraeg ábhair; 36% den tsoláthar gairmoideachais iar-16 ar fáil trí Bhreatnais (Qualifications Wales, 2026b, lch 5); plean náisiúnta tripháirteach ar bun le Medr agus Coleg Cymraeg (lch 6); 97% de na cáilíochtaí ainmnithe ag teacht ó Shasana, rud a chruthaíonn rioscaí d'inmharthanacht (lch 3)	Cuireann Gaelchultúr, atá creidiúnaithe ag QQI, cáilíochtaí ag Leibhéil 3–6 den CNC ar fáil i gcomhpháirtíocht le BOO	ARD (samhail chomhpháirtíochta na hÉireann); LÁITHREACH (scéim phíolótach OCR)	Láithreach: Scéim phíolótach le heagraíocht cháiliúcháin a mhol Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire do mhí Mheán Fómhair 2026 (Coláiste Feirste & Gaelcholáiste Dhoire, 2026). Gearrthéarma: creidiúnú píolótach trí eagraíocht cháiliúcháin. Meántéarma: dualgas reachtúil. Cuireann creat gairmcháilíochtaí TransformED deis ar fáil le comhtháthú córasach a dhéanamh (An Roinn Oideachais, 2025). Deimhníonn na sonraí ón Bhreatain Bheag maidir le hinmharthanacht (88% de na cáilíochtaí ainmnithe a raibh níos lú ná 100 teastas ag baint leo) go bhfuil samhlacha comhpháirtíochta riachtanach don tsoláthar i margadh beag.
Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí	Scoláireachtaí; sainchúram dátheangach Careers Wales; Cymraeg Gwaith; acmhainní Y Porth (Coleg Cymraeg Cenedlaethol, 2009).	Maoiniú Scileanna chun Dul Chun Cinn; meicníocht le héileamh a spreagadh faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla; níl aon tairseach treorach ann	MEASARTHA (is féidir gnéithe a aistriú; níl meicníocht ann le héileamh a spreagadh)	Gearrthéarma: scéimeanna píolótacha maoinithe ag fostóirí. Fadtéarma: meicníocht chomhfhreagrach le héileamh a spreagadh
Acmhainneacht soláthraithe	Clár náisiúnta Sgiliaith; scéim na Léachtóirí Comhlacha; saor in aisce d'earnáil an bhreisoideachais	Leibhéal na n-institiúidí amháin (BOO Chiarraí, Gaelchultúr); níl aon chlár náisiúnta ann	ARD (samhail Sgiliaith); ÍSEAL (acmhainneacht reatha TÉ)	Meántéarma: clár píolótach forbartha cleachtóirí. Fadtéarma: infreastruchtúr ar leibhéal an chórais
Dálaí cumasúcháin	Straitéis fhadtéarmach Cymraeg 2050; comhtháthú reachtúil in Medr	Straitéis 20 Bliain; Achtanna na dTeangacha Oifigiúla; níl aon chomhtháthú sonrach sa BO&O	MEASARTHA (cuireann Acht Féiniúlachta agus Teanga 2022 bonn ar fáil, ach ní sainordú)	Fadtéarma: straitéis chuimsitheach. Gearrthéarma: Comhtháthú sa *Skills Action Plan.* Cuireann creat beartais TransformED maidir le gairmcháilíochtaí (atá le teacht) deis láithreach ar fáil (An Roinn Oideachais, 2025).

3.5.1 Anailís ar Inaistritheacht

Tugtar le chéile sa chuid seo na príomhimpleachtaí a eascraíonn as an athbhreithniú dheascbhunaithe ar an ghairmoideachas agus an oiliúint trí theanga mhionlaigh sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann. Ní hé cuspóir na coda seo moltaí críochnaitheacha a dhéanamh do Thuaisceart Éireann ag an chéim seo, ach samhlacha, meicníochtaí agus dálaí cumasúcháin a shainaithint a d'fhéadfaí a aistriú agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'fhorbairt gairmchonairí trí Ghaeilge. Is torthaí sealadacha iad na conclúidí seo atá bunaithe ar an athbhreithniú deisce, ó tharla gur as anailís ar dhoiciméid agus ar bheartais, seachas as fianaise eimpíreach phríomha, a eascraíonn siad. Déanfar athbhreithniú orthu níos faide anonn sa tuarascáil i bhfianaise na dtorthaí ó shuirbhéanna agus agallaimh le foghlaimeoirí, soláthraithe, scoileanna, páirtithe leasmhara earnála agus príomh-rannpháirtithe eile, sula dtabharfar le chéile iad i gCaibidil 7 mar chuid de chonclúidí agus moltaí foriomlána an staidéir.

Tá tionchar ag difríocht bhunúsach struchtúrach ar inaistritheacht na samhlacha rialachais go Tuaisceart Éireann: Faoi láthair, níl comhlacht idirghabhála ar leith i dTuaisceart Éireann a bhfuil na feidhmeanna seo a leanas ag baint leis: pleanáil straitéiseach don tsoláthar trí Ghaeilge i ndiaidh an oideachais éigeantaigh; comhordú idir coláistí breisoideachais agus soláthraithe oiliúna; coimisiúnú ábhar foghlama agus measúnaithe trí Ghaeilge; forbairt lucht saothair do chleachtóirí Gaeilge; agus monatóireacht ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna comhaontaithe. D'fhéadfaí comhlacht den chineál sin a bhunú faoi na cumhachtaí atá ann cheana nó an fheidhm sin a thabhairt do chomhlacht a bhunófaí faoi Acht 2022, lena leagfaí oibleagáidí sonracha ar earnáil an bhreisoideachais maidir le soláthar trí Ghaeilge. Tá Coimisinéir Gaeilge bunaithe le hAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, a bhfuil feidhmeanna aige lena n-áirítear forbairt na Gaeilge a chur chun cinn, ach ní thugtar sainordú oibríochtúil d'earnáil an bhreisoideachais ann le gairmchonairí trí Ghaeilge a fhorbairt. Is bearna shuntasach í seo i gcomparáid leis an dá dhlínse a ndearnadh comparáid leo. Is í samhail BOO Chiarraí, inar bunaíodh ionad ar leith le socruithe soláthair oiriúnaithe taobh istigh de chomhlacht príomhshrutha BO&O, an tsamhail rialachais is dírí is féidir a aistriú.

D'fhéadfadh coláiste breisoideachais i dTuaisceart Éireann, go háirithe coláiste a fhreastalaíonn ar cheantair ina bhfuil líon suntasach daoine a fuair oideachas trí Ghaeilge, ionad BO&O ar leith trí Ghaeilge a bhunú de réir shamhail Áras Bhréanainn, an Ghaeilge a ainmniú mar theanga oibre, an t-íoslíon rannpháirtithe do sholáthar trí Ghaeilge a ísliú, agus cómhaoiniú a dhéanamh ar phoist speisialtóirí i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí ábhartha (BOO Chiarraí, 2020, lgh 4, 15, 17). Tagann an cheist chun cinn an mbeadh sé níos fearr ionad nua ar leith a bhunú nó acmhainneacht soláthraí atá ann cheana a leathnú, amhail Gaelchúrsaí, soláthraí a chuireann oiliúint Ghaeilge ar fáil i mBéal Feirste cheana féin. Is í an phríomhargóint ar son ionad nua taobh istigh de struchtúr na gcoláistí breisoideachais ná an rochtain ar chonairí príomhshrutha d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear creataí printíseachta, cáilíochtaí rialáilte agus bealaí chun cinn chuig an ardoideachas, a bhféadfadh sé a bheith níos deacra ag soláthraí neamhspleách iad a chur ar fáil. Mar sin féin, is láidreachtaí suntasacha iad an saineolas atá ag Gaelchúrsaí cheana féin, an bonn foghlaimeoirí atá bunaithe aige agus a neamhspleáchas institiúideach. D'fhéadfadh samhail chomhpháirtíochta, ina gcuirfeadh Gaelchúrsaí soláthar trí Ghaeilge ar fáil faoi shocrú foirmiúil le coláiste breisoideachais (ar aon dul leis an chomhpháirtíocht idir Gaelchultúr agus MSLETB i bPoblacht na hÉireann), conair níos praiticiúla a mbeadh níos lú riosca ag baint léi a chur ar fáil ná ionad úrnua a bhunú nó a

cheangal ar choláiste breisoideachais acmhainneacht le soláthar a dhéanamh trí Ghaeilge a fhorbairt ón bhonn.

Is féidir é seo a bhaint amach sa ghearrthéarma taobh istigh de na struchtúir rialachais reatha don bhreisoideachas, ar choinníoll go n-aontaíonn an coláiste ábhartha agus an Roinn Geilleagair socrú den chineál sin a thriail ar bhonn píolótach. Sa mheántéarma, thabharfadh comhlacht atá inchurtha le Coleg Cymraeg Cenedlaethol, a mbeadh sé mar fheidhm shonrach aige an soláthar trí Ghaeilge a phleanáil, a chomhordú agus a chur chun cinn ar fud na hearnála i ndiaidh an oideachais éigeantaigh agus a bheadh á mhaoiniú go díreach ag an roinn ábhartha seachas trí mhaoiniú ginearálta breisoideachais, aghaidh ar an easnamh struchtúrach is suntasaí a sainaithníodh san anailís seo. D'fhéadfaí comhlacht den chineál sin a bhunú faoi na cumhachtaí atá ann cheana nó mar fheidhm de chuid comhlachta a bhunófaí faoi Acht 2022. Is í gné an chreidiúnaithe a chuireann an chonair inaistrithe ar fáil ar féidir gníomhú ina leith sa tréimhse is giorra. Is í an chomhpháirtíocht idir Gaelchultúr agus MSLETB a ndéantar cur síos uirthi i gCuid 3.2 an fasach is dírí is féidir a chur i bhfeidhm: soláthraí Gaeilge a chuireann cáilíochtaí creidiúnaithe ar fáil trí chomhlacht príomhshrutha breisoideachais, agus iad bailíochtaithe faoi na creataí dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana.

D'fhéadfaí an tsamhail seo a mhacasamhlú i scéim phíolótach i dTuaisceart Éireann trí chomhpháirtíocht a bhunú idir soláthraí oiliúna Gaeilge agus coláiste breisoideachais, le bailíochtú ó eagraíocht cháiliúcháin atá ann cheana agus maoiniú trí chlár forbartha lucht saothair atá ann cheana. Tá fasach oibríochtúil ann cheana i gcóras Thuaisceart Éireann tríd an chomhoibriú idir CCEA agus WJEC, inar chuir CCEA seirbhísí aistriúcháin ar fáil ar dtús do phortfóiliónna, do pháipéir scrúdaithe agus do scripteanna, agus ina bhfuair múinteoirí Gaelscolaíochta oiliúint ina dhiaidh sin mar scrúdaitheoirí WJEC, rud a laghdaigh an t-ualach aistriúcháin ar an eagraíocht cháiliúcháin de réir a chéile (Gaelcholáiste Dhoire, 2025). Deimhnítear sa chomhthogra idir Choláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire (2026) go bhféadfaí samhail den chineál chéanna a chur i bhfeidhm maidir le cáilíochtaí OCR, agus CCEA ag cur tacaíocht aistriúcháin agus dearbhaithe cáilíochta ar fáil le linn na céime tosaigh agus múinteoirí Gaelscolaíochta ag glacadh níos mó freagrachta orthu féin de réir a chéile. Luaitear sa togra fosta go bhféadfadh sé go gceanglaítear cheana leis na Coinníollacha Ginearálta Aitheantais d'Eagraíochtaí Cáiliúcháin ar eagraíochtaí cáiliúcháin cáilíochtaí a chur ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge, cé nach ndearnadh tástáil fhoirmiúil ar an léirmhíniú seo go fóill. Tá an t-infreastruchtúr teicniúil agus rialála le tacú leis seo ann cheana; is iad an toil institiúideach agus cinneadh beartais le dul ar aghaidh atá de dhíth. Is uaillmhian níos fadtéarmaí í samhail chreidiúnaithe na Breataine Bige. Ba ghá gníomh reachtaíochta le dualgas reachtúil a leagan ar an rialálaí cáilíochtaí fáil ar cháilíochtaí trí Ghaeilge a chur chun cinn, ach léiríonn an fasach sa Bhreatain Bheag faoi Qualifications Wales Act 2015 gur féidir dualgais den chineál sin a bhunú agus a fhorfheidhmiú. Is é an creat beartais gairmcháilíochtaí TransformED atá le teacht (An Roinn Oideachais, 2025) an deis is suntasaí sa ghearrthéarma le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a chuimsiú mar cheanglas ar fud an chórais san athchóiriú cáilíochtaí. Is féidir an t-infreastruchtúr tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a aistriú go pointe áirithe, ach tá dúshlán ar leith ann: easpa meicníochta le héileamh a spreagadh atá inchurtha le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla sa Phoblacht nó le straitéis Cymraeg 2050 sa Bhreatain Bheag. Níl meicníocht reachtúil ná straitéiseach i dTuaisceart Éireann a chruthódh éileamh leanúnach ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge. Léiríonn na sonraí maidir le

daltaí a fhágann an córas oideachais, atá doiciméadaithe i gCuid 4, agus ina léirítear laghduithe intomhaiste ar choinneáil daltaí, ar dhul chun cinn agus ar réimse na gcúrsaí feidhmeacha sa churaclam i ndiaidh do Pearson na cáilíochtaí BTEC a tharraingt siar in 2020, nach ábhar imní teoiriciúil í an easpa seo ach go bhfuil iarmhairtí dáiríre aici ar an aistriú iar-16. Ní leagtar oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí le hAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt i measc a lucht saothair, agus níl aon rud ann atá inchurtha leis an sprioc earcaíochta 20 faoin chéad a spreag méadú 93 faoin chéad ar líon na státseirbhíseach a ghlac páirt in oiliúint Ghaeilge sa Phoblacht (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 100). D'ainneoin an tsriain seo, is féidir roinnt gnéithe a aistriú sa ghearrthéarma. D'fhéadfaí samhail an chláir Scileanna chun Dul Chun Cinn, ina neadaítear deimhniúchán creidiúnaithe Gaeilge sa mhaoiniú príomhshrutha d'fhorbairt an lucht saothair, a mhacasamhlú trí na cláir scileanna atá ag an Roinn Geilleagair cheana féin. Is féidir roghanna gairmoideachais trí Ghaeilge a chomhtháthú sa treoir ghairme tríd an tseirbhís treorach gairme atá ann cheana.

D'fhéadfaí samhail Cymraeg Gwaith (Work Welsh), ina ndéantar úsáid teanga san ionad oibre a normalú, a chur i bhfeidhm in ionaid oibre i dTuaisceart Éireann a bhfuil beartais nó uaillmhianta Gaeilge acu, cé gur ar scála i bhfad níos lú a bheadh sé. Is é inaistritheacht an infreastruchtúir le hacmhainneacht soláthraithe agus an lucht saothair a fhorbairt an dúshlán is géire. Tá leagan níos géire den dúshlán maidir leis an lucht saothair, a sainaithníodh sa dá dhlínse chomparáideacha, roimh Thuaisceart Éireann, áit a bhfuil earnáil na Gaelscolaíochta scaipthe agus nach bhfuil infreastruchtúr ann atá inchurtha le hinfreastruchtúr na Gaeltachta. D'fhéadfaí clár píolótach forbartha cleachtóirí ar mhúnla Sgiliaith a bhunú sa mheántéarma, a dhíreodh ar mhuinín agus acmhainneacht oideolaíoch na foirne breisoideachais a bhfuil Gaeilge acu cheana féin a fhorbairt le teagasc agus measúnú a dhéanamh trí Ghaeilge. Ba ghá faoi chlár den chineál sin an acmhainneacht Ghaeilge atá ann cheana i lucht saothair an bhreisoideachais a mhapáil, oiliúint a fhorbairt i modheolaíocht an teagaisc dhátheangaigh, agus tacaíocht institiúideach a thabhairt do chleachtóirí le tabhairt faoin oiliúint sin taobh leis na dualgais atá orthu cheana. Baineann samhail na Léachtóirí Comhlacha, atá á feidhmiú ag Coleg Cymraeg Cenedlaethol, go díreach le Tuaisceart Éireann fosta, áit a mbeidh líon beag foghlaimeoirí ar na cúrsaí gairmoideachais trí Ghaeilge gan dabht agus a bhféadfadh poist pháirtaimseartha a bheith ar an aon bhealach inmharthana leis an tsaineolas ábhair a choinneáil ar fáil (Rialtas na Breataine Bige, 2019, lch 12).

Tá éagsúlacht ag baint le dálaí cumasúcháin maidir le hinaistritheacht. Cuireann Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 bonn reachtaíochta faoi chur chun cinn agus faoi fhorbairt na Gaeilge, ach ní chruthaíonn sé an t-infreastruchtúr oibríochtúil, an maoiniú ar leith ná na hoibleagáidí institiúideacha atá mar bhonn agus mar thaca leis an tsoláthar gairmoideachais trí theanga mhionlaigh sa Bhreatain Bheag. Cuireann an *Skills Action Plan* creat beartais ar fáil le gníomhú, ach tá na meicníochtaí mionsonraithe le forbairt go fóill leis an chreat sin a chur i bhfeidhm i soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge. Tugann an fhianaise chomparáideach a chuirtear i láthair sa chaibidil seo le fios go bhfuil na dálaí seo a leanas riachtanach do sholáthar inbhuanaithe gairmoideachais trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann: comhlacht ainmnithe a bhfuil freagracht shainráite air as soláthar trí Ghaeilge i ndiaidh an oideachais éigeantaigh a phleanáil, a chomhordú agus a chur chun cinn; maoiniú ar leith atá curtha i leataobh go sonrach agus a dháiltear tríd an chomhlacht sin; conair chreidiúnaithe amháin ar a laghad do

ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, a d’fhorbrófaí trí chomhpháirtíocht idir soláthraí Gaeilge agus an córas príomhshrutha breisoideachais; clár forbartha cleachtóirí a thugann aghaidh ar sholáthar foirne breisoideachais a bhfuil inniúlacht teanga acu; roghanna gairmoideachais trí Ghaeilge a chomhtháthú san infreastruchtúr príomhshrutha treorach gairme agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí; agus soláthar trí Ghaeilge a chomhtháthú go córasach sa chreat beartais TransformED maidir le gairmcháilíochtaí atá le teacht (An Roinn Oideachais, 2025). Léiríonn taithí na Breataine Bige gur féidir na dálaí seo a chruthú trí ghníomhaíocht bheartais d'aon ghnó, céim ar chéim. Léiríonn taithí Phoblacht na hÉireann gur féidir soláthar éifeachtach, fiú mura bhfuil sé ar aon leibhéal i ngach áit, a fhorbairt trí thionscnaimh áitiúla agus trí éileamh an mhargaidh fiú in éagmais comhordú láraithe, agus gur féidir na samhlacha a fhorbraítear faoi na dálaí sin a aistriú chuig comhthéacsanna eile. Is é an ceacht is tábhachtaí gur féidir easpa córais chomhtháite aonair a chúiteamh trí chonairí éagsúla a chumasú, ar choinníoll go bhfuil freagracht ar chomhlacht amháin ar a laghad as a chinntiú go bhfuil nasc idir na conairí sin agus go sainaithnítear bearnaí sa tsoláthar agus go dtugtar aghaidh orthu. Tugann an fhianaise a chuirtear i láthair i gCuid 4, mar aon leis an fhasach seanbhunaithe idir CCEA agus WJEC agus creat TransformED maidir le gairmcháilíochtaí, le fios go bhfuil na dálaí ann anois le céim thosaigh phraiticiúil a ghlacadh láithreach. Níl fágtha anois ach an cinneadh beartais le dul ar aghaidh.

Caibidil 4: Torthaí an tSuirbhé ar Dhaltaí na Scoileanna Gaelscolaíochta

4.1 Anailís Thuairisciúil

4.1.1 Fútsa

Fuarthas n=209 freagairt ar shuirbhé na ndaltaí, agus bhí réimse leathan aoiseanna i measc na rannpháirtithe sa tsuirbhé (féach Tábla 4.1). Bhí formhór na rannpháirtithe 15 bliana d'aois (38%, n=78) nó 17 mbliana d'aois (25%, n=52). Bhí 17% (n=36) de na rannpháirtithe 16 bliana d'aois, bhí 15% (n=32) acu 14 bliana d'aois, agus bhí 5% (n=11) acu 18 mbliana d'aois. Ba é 15.7 bliain an mheánaois. Fiafraíodh de na rannpháirtithe i gCeist 3 fosta cén bhliainghrúpa ina raibh siad (Tábla 4.2). Thuairiscigh formhór na rannpháirtithe go raibh siad i mBliain 11 (49%, n=103) nó i mBliain 13 (35%, n=74). Bhí 10% (n=20) de na rannpháirtithe i mBliain 12, agus bhí 6% (n=12) acu i mBliain 14, rud a léiríonn go raibh céatadáin níos ísle de rannpháirtithe ann ó na blianta deireanacha (ina ndírítear ar mheasúnú) den dá

Freagra	n	%
14	32	15%
15	78	38%
16	36	17%
17	52	25%
18	11	5%
Freagairt	**209**	**100%**

Eochairchéim, 4 agus 5.

C2. Cén aois thú?

Tábla 4.1. Aois na rannpháirtithe.

C3. Cén bhliain ar scoil ina bhfuil tú?

Freagra	n	%
Bliain 11	103	49%
Bliain 12	20	10%
Bliain 13	74	35%
Bliain 14	12	6%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.2. Scoilbhliain na rannpháirtithe.

I gCeist 4, iarradh ar na rannpháirtithe a n-inscne a chur in iúl (féach Tábla 4.3). D'fhreagair 54% (n=112) de na rannpháirtithe gur baineann iad agus 44% (n=92) gur fireann iad, rud a léiríonn go raibh ionadaíocht measartha cothrom idir na hinscní i sampla an tsuirbhé. B'fhearr le céatadán beag de na rannpháirtithe (2%, n=5) gan a n-inscne a chur in iúl.

C4. Cén inscne thú?

Freagra	n	%
Baineann	112	54%
Fireann	92	44%
B'fhearr leo gan a rá	5	2%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.3. Inscne na rannpháirtithe.

I gCeist 5, fiafraíodh de na rannpháirtithe cén scoil a raibh siad ag freastal uirthi nuair a chomhlánaigh siad an suirbhé, mar a léirítear i dTábla 4.4. Bhí ionadaíocht ar dhá scoil i sampla an tsuirbhé. Bhain 66% (n=137) de na rannpháirtithe le Coláiste Feirste, agus bhain 34% (n=72) de na rannpháirtithe le Gaelcholáiste Dhoire. Ní raibh aon rannpháirtí (0%, n=0) ann ó na trí scoil a bhfuil sruthanna Gaelscolaíochta iontu ar tugadh cuireadh dóibh fosta páirt a ghlacadh sa staidéar, mar a léirítear i dTábla 4.4, mar atá Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, Domhnach Mór, Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha, agus Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhilín.

C5. Cén scoil ar a bhfuil tú?

Freagra	n	%
Coláiste Feirste	137	66%
Gaelcholáiste Dhoire	72	34%
Sruth Gaeilge ag Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, Domhnach Mór	0	0%
Sruth Gaeilge ag Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha	0	0%
Sruth Gaeilge ag Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhilín	0	0%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.4. Na scoileanna a raibh na rannpháirtithe orthu.

4.1.2 Uaillmhianta agus Feasacht ar Ghairmchonairí

I gCeist 6, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh tábhachtach agus a bhí sé dóibh leanúint lena gcuid foghlama trí Ghaeilge i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil (féach Tábla 4.5). D'fhreagair 26% (n=53) de na rannpháirtithe go raibh sé 'iontach tábhachtach' dóibh leanúint lena gcuid foghlama trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile, dúirt 39% (n=82) de na rannpháirtithe go raibh sé 'measartha tábhachtach', bhí 22% (n=46) 'idir dhá chomhairle', d'fhreagair 7% (n=15) 'níl sé róthábhachtach', agus d'fhreagair 6% (n=13) 'níl sé tábhachtach ar chor ar bith'. Ar an iomlán, léirigh sé seo treocht dhearfach i measc an tsampla maidir le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile, agus 'measartha tábhachtach' nó 'iontach tábhachtach' roghnaithe ag formhór na ndaltaí mar fhreagairtí.

Mar a mhínítear i dTábla 4.5, cuireadh modheolaíocht scórála ualaithe i bhfeidhm ar scála Likert cúig phointe a bhí ag dul ó 'iontach tábhachtach' (dearcadh an-dearfach) go 'níl sé tábhachtach ar chor ar bith' (dearcadh an-diúltach). Tugadh scóir dhearfacha do fhreagairtí dearfacha de réir a dhearfaí a bhí siad (+1 do 'measartha tábhachtach', +2 do 'iontach tábhachtach'), agus tugadh scóir dhiúltacha do fhreagairtí diúltacha de réir a dhiúltaí a bhí siad (-1 do 'níl sé róthábhachtach', -2 do 'níl sé tábhachtach ar chor ar bith'). Tugadh 0 pointe do fhreagairtí neodracha nó 'idir dhá chomhairle'. Ansin, iolraíodh na minicíochtaí (n) faoi na scóir a sannadh dóibh le scóir ualaithe a fháil, agus suimíodh na scóir ualaithe uile agus roinneadh iad ar líon iomlán na bhfreagairtí (n=209). Fuarthas scór ualaithe dá bharr sin ar scála ó -2 (an-diúltach) go +2 (an-dearfach) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Déantar an próiseas seo arís i gcás ceisteanna eile den chineál chéanna ar fud na caibidle seo.

De réir na modheolaíochta a leagtar amach thuas, fuarthas scór ualaithe +0.703 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 6, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach ó na daltaí (a bhí gar do 'measartha tábhachtach') maidir lena thábhachtaí agus atá sé leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh dóibh an iar-bhunscoil a fhágáil.

C6. Cé chomh tábhachtach agus atá sé duit leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh an scoil a fhágáil? *Tábla 4.5. An tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh an iar-bhunscoil a fhágáil.*

Freagra	n	%
Iontach tábhachtach (+2)	53	26%
Measartha tábhachtach (+1)	82	39%
Idir dhá chomhairle (0)	46	22%
Níl sé róthábhachtach (-1)	15	7%
Níl sé tábhachtach ar chor ar bith (-2)	13	6%
Freagairt	**209**	**100%**
Scór ualaithe	**+0.703**	

Mar an gcéanna, iarradh ar na rannpháirtithe rátáil a dhéanamh ar an tsuim a bhí acu i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint, agus scála Likert cúig phointe den chineál chéanna in úsáid (féach Tábla 4.6). D'fhreagair 16% (n=33) de na rannpháirtithe go raibh 'suim mhór' acu i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint, agus d'fhreagair 36% (n=75) go raibh 'suim mheasartha' acu iontu, agus bhí 28% (n=59) 'idir dhá chomhairle', d'fhreagair 13% (n=27) nach raibh 'mórán suime' acu iontu, agus d'fhreagair 7% (n=15) nach raibh 'suim ar bith' acu iontu.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (an-diúltach, nó 'gan suim ar bith') go +2 (an-dearfach, nó 'suim mhór') le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.402 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 7, rud a léiríonn meánfhreagairt bheag dhearfach ó na daltaí maidir lena suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil.

Ar an iomlán, is cosúil go measann na daltaí go bhfuil sé measartha tábhachtach leanúint lena gcuid oideachais trí Ghaeilge, ach go bhfuil níos lú suime acu, cé go bhfuil a ndearcadh dearfach go fóill, i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint i ndiaidh na scoile.

C7. Cá mhéad suime atá agat i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint?

Freagra	n	%
Suim mhór (+2)	33	16%
Suim mheasartha (+1)	75	36%
Idir dhá chomhairle (0)	59	28%
Gan mórán suime (-1)	27	13%
Gan suim ar bith (-2)	15	7%
Freagairt	**209**	**100%**
Scór ualaithe	**+0.402**	

Tábla 4.6. Suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint.

Mar sin féin, mar a léirítear i dTábla 4.7, nuair a fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh soiléir agus a bhí na deiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge a bheadh ar fáil i ndiaidh na scoile dóibh, bhí na freagairtí roinnte idir measartha dearfach agus measartha diúltach, agus iad ag claonadh i dtreo 'idir dhá chomhairle'. D'fhreagair 7% (n=15) de na rannpháirtithe go raibh na deiseanna 'iontach soiléir' dóibh, d'fhreagair 32% (n=66) go raibh siad 'measartha soiléir', d'fhreagair 21% (n=43) 'idir dhá chomhairle', d'fhreagair 32% (n=68) 'níl siad róshoiléir', agus d'fhreagair 8% (n=17) 'níl siad soiléir ar chor ar bith'.

Ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó 'níl sé soiléir ar chor ar bith') go +2 (iontach dearfach, nó 'iontach soiléir') le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe -0.029 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 8. Léirigh sé seo

meánfhreagairt dhiúltach fhíorbheag ó na daltaí, a bhí ag claonadh i dtreo ‘neodrach’ nó ‘idir dhá chomhairle’, maidir lena shoiléire agus a bhí na deiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge a bheadh ar fáil i ndiaidh na scoile dóibh.

Dá bhrí sin, is cosúil gur réimse é soiléireacht na ndeiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge a bhfuil feabhasú de dhíth air. Thabharfadh sé seo tacaíocht do dhaltaí a bhfuil na deiseanna ‘measartha soiléir’ dóibh nó atá ‘idir dhá chomhairle’, agus bheadh sé ina chuidiú ar leith do dhaltaí nach bhfuil na deiseanna sin ‘róshoiléir’ dóibh nó nach bhfuil siad ‘soiléir ar chor ar bith’ dóibh. Go deimhin, tá céatadán na ndaltaí a d'fhreagair go raibh na gairmchonairí trí Ghaeilge a bhí ar fáil ‘iontach soiléir’ dóibh an-bheag i gcomparáid leis na céatadáin eile, rud a léiríonn arís go bhfuil deis ann feabhas a chur ar an dóigh a gcuirtear eolas in iúl agus ar fheasacht daltaí Gaelscolaíochta ar na deiseanna atá ar fáil a fhorbairt.

C8. Cé chomh soiléir agus atá na deiseanna gairmoideachais atá ar fáil duit trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile (m.sh. oiliúint, printíseachtaí, fostaíocht, srl.)? *Tábla*

Freagra	n	%
Iontach soiléir (+2)	15	7%
Measartha soiléir (+1)	66	32%
Idir dhá chomhairle (0)	43	21%
Níl siad róshoiléir (-1)	68	32%
Níl siad soiléir ar chor ar bith (-2)	17	8%
Freagairt	**209**	**100%**
Scór ualaithe	**-0.029**	

4.7. Soiléireacht na ndeiseanna gairme trí Ghaeilge atá ar fáil i ndiaidh na scoile.

Mar a mhínítear i dTábla 4.8, fiafraíodh de na rannpháirtithe an áit a bhfuair siad eolas nó comhairle faoi na chéad chéimeanna eile a ghlacfadh siad i ndiaidh na scoile (Ceist 9). Roghnaigh formhór na rannpháirtithe ‘scoil’ (78%, n=163) agus ‘teaghlach nó cairde’ (68%, n=143). Roghnaigh céatadán measartha mór ‘ar líne/meáin shóisialta’ fosta, agus roghnaigh 11% (n=22) ‘eagraíochtaí Gaelscolaíochta’, 10% (n=20) ‘comhairleoir gairme seachtrach’, agus céatadán iontach beag de na rannpháirtithe (6%, n=13) ‘ní bhfuair mé comhairle ar bith’.

Dá bhrí sin, is cosúil gurb iad ‘scoil’ agus ‘teaghlach nó cairde’ na foinsí eolais nó comhairle is coitianta maidir leis na chéad chéimeanna eile i ndiaidh na scoile i measc na ndaltaí Gaelscolaíochta i sampla an tsuirbhé. Chomh maith leis sin, faigheann líon measartha mór daltaí eolas nó comhairle den chineál seo ‘ar líne/ar na meáin shóisialta’, rud a thugann le fios go bhfuil ról suntasach ag cainéil dhigiteacha sa dóigh a lorgaíonn siad treoir maidir leis na deiseanna seo agus a mbaineann siad úsáid aisti.

Léiríonn sé seo na foinsí eolais nó comhairle is minice a úsáideann daltaí Gaelscolaíochta, agus na foinsí nach mbaineann siad úsáid astu chomh minic

céanna. Chomh maith leis sin, tuairiscíonn formhór na ndaltaí sa tsampla go bhfuil teacht acu ar fhoinse threorach amháin ar a laghad, agus níor thug ach líon beag le fios nach bhfaigheann siad comhairle ar bith. Is beag freagairt a fuarthas do 'cheann ar bith thuas' agus 'eile' fosta (n=1 sa dá chás, slánaithe síos go 0%).

9. Cá bhfuair tú eolas nó comhairle faoi na chéad chéimeanna eile a ghlacfaidh tú i ndiaidh na scoile? (roghnaigh gach ceann a bhaineann leat)

Freagra	n	%
Scoil	163	78%
Teaghlach nó cairde	143	68%
Ar líne / meáin shóisialta	68	33%
Eagraíochtaí Gaeilge, m.sh. Gaelchúrsaí	22	11%
Comhairleoir gairme seachtrach	20	10%
Ní bhfuair mé comhairle ar bith	13	6%
Ní ceann ar bith thuas	1	0%
Eile (tabhair sonraí):	1	0%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.8. Foinse eolais nó chomhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile i ndiaidh na scoile.

Tugtar mionsonraí i dTábla 4.9 faoi fhreagairtí na ndaltaí ar Cheist 10 ("An bhfuil tú ar an eolas faoi aon cheann de na roghanna seo a leanas atá ar fáil trí Ghaeilge?"). Léiríonn na torthaí go bhfuil formhór na ndaltaí Gaelscolaíochta ar an eolas faoin rogha 'Fanacht ar Scoil iar-16' atá ar fáil trí Ghaeilge (62%, n=129), agus go bhfuil céatadáin measartha suntasach ar an eolas faoi na roghanna 'Printíseachtaí' (31%, n=64) agus 'Scileanna don tSaol agus don Obair' (28%, n=58) fosta. Is lú an fheasacht a léiríonn daltaí ar 'Acadaimh' (11%, n=23) agus ar an chlár 'Obair' (11%, n=22). Mar sin, ba í 'Fanacht ar Scoil iar-16' an rogha ba mhó a raibh cur amach ag na daltaí sa tsuirbhé uirthi. Mar sin féin, roghnaigh céatadán measartha suntasach de na daltaí sa tsampla 'ceann ar bith thuas' (17%, n=36), rud a thugann le fios nach raibh siad ar an eolas faoi na roghanna a cuireadh ar fáil agus go bhféadfadh bearnaí a bheith ann sa dóigh a gcuirtear eolas faoi na conairí seo in iúl nó sa dóigh ar féidir teacht ar an eolas sin.

C10. An bhfuil tú ar an eolas faoi aon cheann de na roghanna seo a leanas atá ar fáil trí Ghaeilge? (roghnaigh gach ceann a bhaineann leat)

Freagra	n	%
Fanacht ar Scoil Iar-16	129	62%
Printíseachtaí	64	31%
Scileanna don tSaol agus don Obair	58	28%
Ní ceann ar bith thuas	36	17%
Acadaimh	23	11%
An clár 'Obair'	22	11%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.9. Feasacht ar na roghanna gairmoideachais atá ar fáil trí Ghaeilge.

4.1.3 Baic ar Rochtain

Fiafraíodh de na rannpháirtithe cad iad na príomhbhaic, dar leo, ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge (féach Figiúr 4.10, Ceist 11). Sainaithníodh réimse leathan bac, agus thug ceathrar as gach cúigear daltaí (80%, n=168) le fios gurb í an 'rogha theoranta cúrsaí' an bac ba mhó ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge – ba é seo an fhreagairt ba mhinice i bhfad a fuarthas i measc rannpháirtithe an tsuirbhé. Ina dhiaidh sin, bhí 'easpa eolais' (44%, n=93) agus 'measúnuithe nó scrúduithe nach bhfuil ar fáil i nGaeilge' (44%, n=91). Is díol suime é gur léirigh 33% (n=70) de na daltaí i sampla an tsuirbhé 'imní nach n-aithneodh fostóirí na cáilíochtaí'. Roghnaigh líon níos lú daltaí 'líon teoranta áiteanna ar fáil' (23%, n=49), 'brúnna airgeadais' (19%, n=39) agus 'fadhbanna taistil nó suímh' (16%, n=34) fosta. Níor thug ach 15% (n=31) den tsampla le fios nach raibh 'suim acu i mbealaí gairmoideachais'.

Mar sin, is cosúil gurbh í 'rogha theoranta cúrsaí' an bac ba shuntasaí a shainaithin na daltaí i sampla an tsuirbhé, agus baic eile ag cur leis an fhadhb seo go pointe níos lú ach go suntasach mar sin féin, amhail 'easpa eolais', 'measúnuithe nó scrúduithe nach bhfuil ar fáil i nGaeilge' agus 'imní nach n-aithneodh fostóirí na cáilíochtaí'.

C11. Cad iad na príomhbhaic, dar leat, ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge? (roghnaigh gach ceann a bhaineann leat)

Freagra	n	%
Rogha theoranta cúrsaí	168	80%
Easpa eolais	93	44%
Measúnuithe nó scrúduithe nach bhfuil ar fáil i nGaeilge	91	44%
Imní nach n-aithneodh fostóirí na cáilíochtaí	70	33%
Líon teoranta áiteanna ar fáil	49	23%
Brúnna airgeadais	39	19%
Fadhbanna taistil nó suímh	34	16%
Gan suim i mbealaí gairmoideachais	31	15%
Eile (tabhair sonraí):	1	0%
Freagairt	**209**	**100%**

Tábla 4.10. Na príomhbhaic a mheastar a bheith ann maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge.

4.1.4 Machnamh Deiridh

Mar a léirítear i dTábla 4.11, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh muiníneach agus a bhí siad go bhféadfadh siad leanúint lena gcuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile (Ceist 12).

Bhí réimse leathan freagairtí ann. Mar shampla, roghnaigh 24% (n=49) de na daltaí ‘iontach muiníneach’, roghnaigh 31% (n=65) ‘measartha muiníneach’, roghnaigh 22% (n=46) ‘idir dhá chomhairle’, roghnaigh 19% (n=40) ‘níl mé ró-mhuiníneach’, agus roghnaigh 4% (n=9) ‘níl mé muiníneach ar chor ar bith’. Léiríonn sé seo go raibh freagairtí na ndaltaí ag claonadh ó ‘idir dhá chomhairle’ i dtreo na dearfachta maidir lena muinín go bhféadfadh siad leanúint lena gcuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó ‘níl mé muiníneach ar chor ar bith’) go +2 (iontach dearfach, nó ‘iontach muiníneach’) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.502 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 12, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach íseal ó na daltaí a bhí ag claonadh i dtreo ‘measartha muiníneach’ maidir lena muinín go mbeadh siad ábalta leanúint lena gcuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile.

C12. Cé chomh muiníneach agus atá tú go bhféadfá leanúint le do chuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge dá mba mhian leat?

Freagra	n	%
Iontach muiníneach (+2)	49	24%
Measartha muiníneach (+1)	65	31%
Idir dhá chomhairle (0)	46	22%
Níl mé ró-mhuiníneach (-1)	40	19%
Níl mé muiníneach ar chor ar bith (-2)	9	4%
Freagairt	**209**	**100%**
Scór ualaithe	**+0.502**	

Tábla 4.11. Muinín as a bheith ábalta leanúint den oideachas nó den oiliúint trí Ghaeilge dá mba mhian leo.

4.2 Anailís Dhé-athráideach

4.2.1 Inscne

Mar a léirítear i dTábla 4.12, rinneadh anailís ar Cheist 6 (“Cé chomh tábhachtach agus atá sé duit leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?”) de réir inscne na rannpháirtithe.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó ‘níl sé tábhachtach ar chor ar bith’) go +2 (iontach dearfach, nó ‘iontach tábhachtach’) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.911 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí baineanna, rud a léiríonn meánfhreagairt measartha dearfach ó na daltaí a bhí ag claonadh i dtreo ‘measartha tábhachtach’ maidir lena thábhachtaí a mheasann siad atá sé leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile. Mar sin féin, fuarthas scór ualaithe níos ísle, +0.457 ar scála ó -2 go +2, do dhaltaí fireanna, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach íseal ó na daltaí a bhí ag claonadh beagán i dtreo ‘measartha tábhachtach’ maidir lena thábhachtaí agus a mheasann siad atá sé leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile.

Mar sin, is féidir a thuiscint ó shampla an tsuirbhé gur dóchúla go measfaidh daltaí baineanna ná daltaí fireanna go bhfuil sé tábhachtach dóibh leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile.

C6 Cé chomh tábhachtach agus atá sé duit leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?

C4 Inscne	Níl sé tábhachtach ar chor ar bith	Níl sé róthábhachtach	Idir dhá chomhairle	Measartha tábhachtach	Iontach tábhachtach	Mórimlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Baineann	5	3	23	47	34	**112**	**+0.911**
Fireann	8	11	22	33	18	**92**	**+0.457**
B'fhearr leo gan a rá	0	1	1	2	1	**5**	**+0.600**

C4 Inscne	Níl sé tábhachtach ar chor ar bith	Níl sé róthábhachtach	Idir dhá chomhairle	Measartha tábhachtach	Iontach tábhachtach	Mórimlán
Baineann	4%	3%	21%	42%	30%	**100%**
Fireann	9%	12%	24%	36%	20%	**100%**
B'fhearr leo gan a rá	0%	20%	20%	40%	20%	**100%**

Tábla 4.12. Comparáid idir C6 (an tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus inscne.

Mar a léirítear i dTábla 4.13, rinneadh anailís ar Cheist 7 ("Cá mhéad suime atá agat i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint?") de réir inscne na rannpháirtithe fosta.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó 'gan suim ar bith') go +2 (iontach dearfach, nó 'suim mhór') le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.670 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí baineanna, rud a léiríonn meánfhreagairt measartha dearfach ó na daltaí a bhí ag claonadh i dtreo 'suim mheasartha' maidir leis an tsuim a bhí ag daltaí i sampla an tsuirbhé i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint. Mar sin féin, fuarthas scór ualaithe i bhfad níos ísle arís, +0.109 ar scála ó -2 go +2, do dhaltaí fireanna, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach iontach íseal ó na daltaí a bhí ag claonadh i dtreo 'neodrach' nó 'idir dhá chomhairle' maidir leis an tsuim a bhí ag na daltaí fireanna i sampla an tsuirbhé i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint.

Mar sin, is féidir a thuiscint ó shampla an tsuirbhé gur dóchúla go mbeadh suim ag daltaí baineanna ná ag daltaí fireanna i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint.

C7 Cá mhéad suime atá agat i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint?

C4 Inscne	Gan suim ar bith	Gan mórán suime	Idir dhá chomhairle	Suim mheasartha	Suim mhór	Móriomlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Baineann	5	11	24	48	24	**112**	**+0.670**
Fireann	10	13	34	27	8	**92**	**+0.109**
B'fhearr leo gan a rá	0	3	1	0	1	**5**	**-0.200**

C4 Inscne	Gan suim ar bith	Gan mórán suime	Idir dhá chomhairle	Suim mheasartha	Suim mhór	Móriomlán
Baineann	4%	10%	21%	43%	21%	**100%**
Fireann	11%	14%	37%	29%	9%	**100%**
B'fhearr leo gan a rá	0%	60%	20%	0%	20%	**100%**

Tábla 4.13. Comparáid idir C7 (suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint) agus inscne.

Is díol suime é gur léirigh anailís bhreise de réir inscne ar na freagairtí don rogha 'rogha theoranta cúrsaí' i gCeist 11 (Tábla 4.14), mar a léirítear i dTábla 4.17, go raibh ráta freagartha na ndaltaí baineanna (90%, n=101) i bhfad níos airde ná ráta na ndaltaí fireanna (67%, n=62). Tugann sé seo le fios gur dóchúla i bhfad go measfadh daltaí baineanna sa tsampla seo ná daltaí fireanna gur bac dóibh 'rogha theoranta cúrsaí' ar rochtain ar chúrsaí gairmoideachais trí Ghaeilge.

C11 Rogha theoranta cúrsaí

C4 Inscne	Rogha theoranta cúrsaí	Foshampla	%
Baineann	101	112	**90%**
Fireann	62	92	**67%**
B'fhearr leo gan a rá	5	5	**100%**

Tábla 4.14. Comparáid idir an rogha 'rogha theoranta cúrsaí' in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus inscne.

Léirítear codarsnacht eile san anailís ar na freagairtí don rogha 'gan suim i mbealaí gairmoideachais' i gCeist 11 (Tábla 4.15). Mar a léirítear i dTábla 4.19, bhí líon beag daltaí de gach inscne i bhfoshampla an tsuirbhé, ach ba dóchúla i bhfad go ndéarfadh daltaí fireanna (21%, n=19) ná daltaí baineanna (8%, n=9) nach raibh suim acu i mbealaí gairmoideachais.

C11 Gan suim i mbealaí gairmoideachais

C4 Inscne	Gan suim i mbealaí gairmoideachais	Foshampla	%
Baineann	9	112	**8%**
Fireann	19	92	**21%**
B'fhearr leo gan a rá	3	5	**60%**

Tábla 4.15. Comparáid idir an rogha 'gan suim i mbealaí gairmoideachais' in C11 (na príomhbhaic ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus inscne.

Rinneadh anailís ar roinnt ceisteanna eile ar an dóigh chéanna le difríochtaí féideartha de réir inscne a fhiosrú. Mar shampla, Ceist 8 ("Cé chomh soiléir agus atá na deiseanna gairmoideachais atá ar fáil duit trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?"), Ceist 9 (go háirithe an rogha nach bhfuair siad comhairle ar bith faoi dheiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge), agus Ceist 11 (go háirithe an rogha gur bhac ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí í easpa eolais). Mar sin féin, i ngach cás, bhí na difríochtaí de réir inscne iontach beag agus ní raibh siad suntasach.

4.2.2 Bliainghrúpa

Mar a léirítear i dTábla 4.16, rinneadh anailís ar Cheist 6 ("Cé chomh tábhachtach agus atá sé duit leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?") de réir bhliainghrúpa na rannpháirtithe.

Mar a rinneadh san fho-chuid roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó 'níl sé tábhachtach ar chor ar bith') go +2 (iontach dearfach, nó 'iontach tábhachtach') le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.495 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí Bhliain 11, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach íseal ó na daltaí a bhí ag claonadh ó 'measartha tábhachtach' i dtreo 'idir dhá chomhairle' maidir lena thábhachtaí agus a mheasann siad atá sé leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile. I gcodarsnacht leis sin, áfach, fuarthas scór ualaithe níos airde, +0.700 ar scála ó -2 go +2, do dhaltaí Bhliain 12, rud a léiríonn meánfhreagairt measartha dearfach ó na daltaí a bhí ag claonadh i dtreo 'measartha tábhachtach' maidir lena thábhachtaí a mheasann siad atá sé leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile. Fuarthas scór ualaithe níos airde arís do dhaltaí Bhliain 13 (+0.838), a bhí ag claonadh i dtreo meánfhreagairt 'measartha tábhachtach', agus tháinig méadú eile ar an scór i mBliain 14 (+1.667), a bhí ag claonadh i dtreo 'iontach tábhachtach'. Mar sin, ar an mheán, méadaíonn an tábhacht a shamhlaítear le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile le himeacht gach bliainghrúpa. Tá méadú suntasach idir Bliain 13 agus Bliain 14 (Δ 0.829), agus is mó i bhfad an seans go measfaidh daltaí Bhliain 14 go bhfuil sé tábhachtach leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile ná a gcomhghleacaithe óga sna bliainghrúpaí níos ísle.

C6 Cé chomh tábhachtach agus atá sé duit leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?

Q3 Bliain ghrúpa	Níl sé tábhachtach ar chor ar bith	Níl sé róthábhachtach	Idir dhá chomhairle	Measartha tábhachtach	Iontach tábhachtach	Mório mlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Bliain 11	10	8	24	43	18	**103**	**+0.495**
Bliain 12	0	2	6	8	4	**20**	**+0.700**
Bliain 13	3	5	16	27	23	**74**	**+0.838**
Bliain 14	0	0	0	4	8	**12**	**+1.667**

Q3 Bliain ghrúpa	Níl sé tábhachtach ar chor ar bith	Níl sé róthábhachtach	Idir dhá chomhairle	Measartha tábhachtach	Iontach tábhachtach	Mório mlán
Bliain 11	10%	8%	23%	42%	17%	**100%**
Bliain 12	0%	10%	30%	40%	20%	**100%**
Bliain 13	4%	7%	22%	36%	31%	**100%**
Bliain 14	0%	0%	0%	33%	67%	**100%**

Tábla 4.16. Comparáid idir C6 (an tábhacht a bhaineann le leanúint den fhoghlaim trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

Mar a léirítear i dTábla 4.17, rinneadh anailís ar Cheist 7 (“Cá mhéad suime atá agat i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint?”) de réir bhliainghrúpa na rannpháirtithe fosta.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó ‘gan suim ar bith’) go +2 (iontach dearfach, nó ‘suim mhór’) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.311 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí Bhliain 11, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach íseal ó na daltaí. Chomh maith leis sin, fuarthas scór ualaithe den chineál chéanna, +0.200 ar scála ó -2 go +2, do dhaltaí Bhliain 12. Fuarthas scór ualaithe den chineál chéanna arís do dhaltaí Bhliain 13 (+0.473), cé go raibh sé beagán níos airde. Mar sin féin, bhí méadú suntasach ar an scór do dhaltaí Bhliain 14 (+1.083), agus an mheánfhreagairt ag claonadh ó ‘suim mheasartha’ i dtreo ‘suim mhór’.

Mar sin, ba iad na rannpháirtithe i mBliain 14 sa tsampla seo a léirigh an leibhéal suime ab airde i bhfad i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint, agus daltaí Bhliain 13 ina ndiaidh, agus difríocht Δ 0.610 idir an dá scór ualaithe.

C7 Cá mhéad suime atá agat i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint?

Q3 Bliainghrúpa	Gan suim ar bith	Gan mórán suime	Idir dhá chomhairle	Suim mheasartha	Suim mhór	Mórionmlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Bliain 11	9	13	30	39	12	**103**	**+0.311**
Bliain 12	1	2	10	6	1	**20**	**+0.200**
Bliain 13	4	12	18	25	15	**74**	**+0.473**
Bliain 14	1	0	1	5	5	**12**	**+1.083**

Q3 Bliainghrúpa	Gan suim ar bith	Gan mórán suime	Idir dhá chomhairle	Suim mheasartha	Suim mhór	Mórionmlán
Bliain 11	9%	13%	29%	38%	12%	**100%**
Bliain 12	5%	10%	50%	30%	5%	**100%**
Bliain 13	5%	16%	24%	34%	20%	**100%**
Bliain 14	8%	0%	8%	42%	42%	**100%**

Tábla 4.17. Comparáid idir C7 (suim i ngairmchonairí trí Ghaeilge a leanúint) agus bliainghrúpa.

Mar a léirítear i dTábla 4.18, rinneadh anailís ar Cheist 8 (“Cé chomh soiléir agus atá na deiseanna gairmoideachais atá ar fáil duit trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile?”) de réir bhliainghrúpa na rannpháirtithe fosta.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó ‘níl sé soiléir ar chor ar bith’) go +2 (iontach dearfach, nó ‘iontach soiléir’) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe -0.136 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí Bhliain 11, rud a léiríonn meánfhreagairt dhiúltach iontach íseal ó na daltaí. Fuarthas scór ualaithe +0.550 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí Bhliain 12, rud a léiríonn meánfhreagairt measartha dearfach ó na daltaí. Fuarthas scór ualaithe dearfach íseal do dhaltaí Bhliain 13 (+0.108). Mar sin féin, is díol suime é go raibh freagairt iontach difriúil ag daltaí Bhliain 14 (-0.917), rud a thugann le fios nach raibh na deiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge a bhí ar fáil dóibh i ndiaidh na scoile ‘róshoiléir’ dóibh. Tá an dearcadh diúltach seo i measc dhaltaí Bhliain 14 suntasach i gcomparáid le dearcadh a gcomhghleacaithe óga sna bliainghrúpaí níos ísle. Dá bhrí sin, cé gur léirigh daltaí Bhliain 14 na leibhéil ab airde tábhachta agus suime maidir le gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, is iad is dóchúla a déarfadh nach bhfuil na deiseanna gairmoideachais atá ar fáil trí Ghaeilge soiléir dóibh.

Cé chomh soiléir agus atá na deiseanna gairmoideachais atá ar fáil duit trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile (m.sh. oiliúint, printíseachtaí, fostaíocht, srl.)?

Q3 Bliainghrúpa	Níl siad soiléir ar chor ar bith	Níl siad róshoiléir	Idir dhá chomhairle	Measartha soiléir	Iontach soiléir	Mórionmlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Bliain 11	8	37	23	31	4	**103**	**-0.136**
Bliain 12	0	4	5	7	4	**20**	**+0.550**
Bliain 13	4	23	14	27	6	**74**	**+0.108**
Bliain 14	5	4	1	1	1	**12**	**-0.917**

Q3 Bliainghrúpa	Níl siad soiléir ar chor ar bith	Níl siad róshoiléir	Idir dhá chomhairle	Measartha soiléir	Iontach soiléir	Mórionmlán
Bliain 11	8%	36%	22%	30%	4%	**100%**
Bliain 12	0%	20%	25%	35%	20%	**100%**
Bliain 13	5%	31%	19%	36%	8%	**100%**
Bliain 14	42%	33%	8%	8%	8%	**100%**

Tábla 4.18. Comparáid idir C8 (soiléireacht na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

Léirítear an difríocht seo fosta sna freagairtí ar Cheist 11, inar iarradh ar na daltaí a chur in iúl ar mheas siad gur bac í ‘easpa eolais’ ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge (Tábla 4.19). Mar a léirítear i dTábla 4.19, bhí céatadán na ndaltaí i mBliain 11 (34%, n=35), i mBliain 12 (35%, n=7) agus i mBliain 13 (55%, n=41) a mheas gur bhac í ‘easpa eolais’ i bhfad níos ísle ná céatadán dhaltaí Bhliain 14, ar roghnaigh 83% (n=10) acu an rogha seo. Dá bhrí sin, tagann méadú suntasach ar chéatadán na ndaltaí a shainaithníonn ‘easpa eolais’ mar phríomhbhac ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge le himeacht gach bliainghrúpa ina dhiaidh sin. Is cosúil go bhfuil tionchar iontach mór ag ‘easpa eolais’ ar dhaltaí Bhliain 14.

C11 Easpa eolais

Q3 Bliainghrúpa	Easpa eolais	Foshampla	%
Bliain 11	35	103	**34%**
Bliain 12	7	20	**35%**
Bliain 13	41	74	**55%**
Bliain 14	10	12	**83%**

Tábla 4.19. Comparáid idir an rogha ‘easpa eolais’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Tagann patrún den chineál chéanna chun solais arís san anailís de réir bliainghrúpa ar na freagairtí don rogha ‘rogha theoranta cúrsaí’ i gCeist 11 mar bhac ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge (Tábla 4.20). Mar a léirítear i dTábla 4.20, bhí céatadáin na ndaltaí a roghnaigh an rogha seo ard go seasta sna bliainghrúpaí éagsúla i bhfoshampla an tsuirbhé, mar atá Bliain 11 (79%, n=81), Bliain 12 (70%,

n=14) agus Bliain 13 (82%, n=61), ach roghnaigh 100% (n=12) de na rannpháirtithe i mBliain 14 seo, rud a thugann le fios gur cosúil gurb iad daltaí Bhliain 14 is mó a mbíonn tionchar ag ‘rogha theoranta cúrsaí’ orthu, dar leo féin.

C11 Rogha theoranta cúrsaí

Q3 Bliainghrúpa	Rogha theoranta cúrsaí	Foshampla	%
Bliain 11	81	103	**79%**
Bliain 12	14	20	**70%**
Bliain 13	61	74	**82%**
Bliain 14	12	12	**100%**

Tábla 4. 20. Comparáid idir an rogha ‘rogha theoranta cúrsaí’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Chomh maith leis sin, tagann patrún den chineál chéanna chun solais san anailís de réir bliainghrúpa ar na freagairtí don rogha ‘líon teoranta áiteanna ar fáil’ i gCeist 11 mar phríomhbhac ar rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge (Tábla 4.21). Mar a léirítear i dTábla 4.21, bhí céatadáin mheasartha de dhaltaí i mBlianta 11–13 a roghnaigh an rogha seo [Bliain 11 (13%, n=13), Bliain 12 (30%, n=6), Bliain 13 (30%, n=22)], ach bhí an céatadán i bhfad níos airde i measc dhaltaí Bhliain 14, le breis agus a dhá dtrian (67%, n=8) á roghnú seo. Dá bhrí sin, is cosúil gurb iad daltaí Bhliain 14 is mó a mbíonn tionchar ag ‘líon teoranta áiteanna ar fáil’ orthu fosta.

C11 Líon teoranta áiteanna ar fáil

Q3 Bliainghrúpa	Líon teoranta áiteanna ar fáil	Foshampla	%
Bliain 11	13	103	**13%**
Bliain 12	6	20	**30%**
Bliain 13	22	74	**30%**
Bliain 14	8	12	**67%**

Tábla 4.21. Comparáid idir an rogha ‘líon teoranta áiteanna ar fáil’ in C11 (na príomhbhaic maidir le rochtain ar ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge) agus bliainghrúpa.

Ar deireadh, mar a léirítear i dTábla 4.22, rinneadh anailís ar Cheist 12 (“Cé chomh muiníneach agus atá tú go bhféadfá leanúint le do chuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile dá mba mhian leat?”) de réir bliainghrúpa na rannpháirtithe.

Mar a rinneadh roimhe seo, ríomhadh scór ualaithe ar scála ó -2 (iontach diúltach, nó ‘níl mé muiníneach ar chor ar bith’) go +2 (iontach dearfach, nó ‘iontach muiníneach’) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Fuarthas scór ualaithe +0.330 ar scála ó -2 go +2 do dhaltaí Bhliain 11, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach iontach íseal ó na daltaí. Fuarthas scór ualaithe beagán níos airde, +0.500 ar scála ó -2 go +2, do dhaltaí Bhliain 12, rud a léiríonn meánfhreagairt measartha dearfach ó na daltaí. Fuarthas scór ualaithe beagán níos airde arís do dhaltaí Bhliain 13 (+0.784). Mar sin féin, bhí laghdú suntasach ar leibhéal muiníne dhaltaí Bhliain 14 (+0.250) i gcomparáid lena gcomhghleacaithe sna bliainghrúpaí eile, agus is díol suntais é gur

roghnaigh an tríú cuid acu (33%, n=4) ‘níl mé muiníneach ar chor ar bith’ go bhféadfadh siad leanúint lena gcuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge dá mba mhian leo.

C12 Cé chomh muiníneach agus atá tú go bhféadfá leanúint le do chuid oideachais nó oiliúna trí Ghaeilge dá mba mhian leat?

C3 Bliainghrúpa	Níl mé muiníneach ar chor ar bith	Níl mé ró-mhuiníneach	Idir dhá chomhaireile	Measartha muiníneach	Iontach muiníneach	Mório mlán	Scór ualaithe (-2 to +2)
Bliain 11	4	27	24	27	21	103	**+0.330**
Bliain 12	0	2	7	10	1	20	**+0.500**
Bliain 13	1	10	15	26	22	74	**+0.784**
Bliain 14	4	1	0	2	5	12	**+0.250**

C3 Bliainghrúpa	Níl mé muiníneach ar chor ar bith	Níl mé ró-mhuiníneach	Idir dhá chomhaireile	Measarthamuiníneach	Iontach muiníneach	Mório mlán
Bliain 11	4%	26%	23%	26%	20%	**100%**
Bliain 12	0%	10%	35%	50%	5%	**100%**
Bliain 13	1%	14%	20%	35%	30%	**100%**
Bliain 14	33%	8%	0%	17%	42%	**100%**

Tábla 4.22. Comparáid idir C12 (muinín as leanúint den oideachas nó den oiliúint trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile) agus bliainghrúpa.

4.3 Anailís ar Fhreagairtí Oscailte na nDaltaí

D'fhreagair gach rannpháirtí sa tsuirbhé Ceist 13, inar iarradh orthu feabhsuithe a mholadh le cur leis na deiseanna gairmoideachais agus oiliúna atá ar fáil trí Ghaeilge. Sainaithníodh naoi dtéama nuair a rinneadh códú ar fhreagairtí na ndaltaí, téamaí a léirigh idir uaillmhianta agus bhaic maidir le tabhairt faoi ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i ndiaidh na scoile. Go sonrach, léirigh na daltaí suim mhór san fhoghlaim trí Ghaeilge go seasta, ach shainaithin siad fadhbanna córasacha fosta.

I measc na dtéamaí ba mhó a tháinig chun cinn, bhí ‘maoiniú méadaithe’ agus ‘rogha níos leithne cúrsaí, deiseanna agus infhaighteacht’, téamaí a raibh nasc díreach eatarthu, dar leis na daltaí. Léirigh an bhéim leanúnach ar infheistíocht airgeadais, mar shampla, sna freagairtí *“Níos mó airgid le cur leis na deiseanna*

gairmoideachais/oiliúna atá ar fáil trí Ghaeilge",[29] *"Níos mó airgid ag an scoil le níos mó rudaí a dhéanamh, ar nós cúrsa bearbóireachta, agus níos mó deiseanna a bheith ann"* agus *"Níos mó airgid le níos mó cúrsaí fós a chur ar fáil"*, go raibh na daltaí den bharúil nach raibh go leor maoinithe á thabhairt don tsoláthar reatha agus go raibh sé sin ag srianadh na ndeiseanna agus na roghanna a bhí ar fáil. Léirigh na daltaí fosta go raibh siad ar an eolas faoin nasc idir maoiniú agus torthaí amhail gairmeacha, treoir agus infhostaitheacht, agus dúirt duine acu, *"Dá dtabharfaí níos mó maoinithe don Ghaelscolaíocht, bheadh méadú níos mó ar na poist a bheadh ar fáil agus ar an eolas a bheadh ar fáil dóibh siúd a bheadh ag lorg deiseanna gairmoideachais/oiliúna."* Rud atá tábhachtach, léirigh freagairt amháin an gá le maoiniú a dháileadh go straitéiseach, agus dúradh inti, *"Chuideodh sé leis na deiseanna foriomlána a mhéadú dá bhfaighfí amach cad iad na cúrsaí is mó éileamh, agus an úsáid is fearr á baint as an mhaoiniú ag an am céanna."*

Go deimhin, maidir le roghanna, deiseanna agus inrochtaineacht, mhol daltaí eile *"Níos mó scoileanna", "Níos mó infhaighteachta", "Níos mó cláir gairmchonairí trí Ghaeilge", "Níos mó ionad agus clár trí Ghaeilge"* agus *"Níos mó cúrsaí i nGaeilge a bheith ann, sílim go bhfuil easpa cúrsaí Gaeilge ann".* Bhí éileamh soiléir ar chothromaíocht leis an tsoláthar trí Bhéarla ag gabháil leis seo fosta, agus mhol na daltaí *"níos mó cúrsaí agus printíseachtaí a bheith ar fáil trí Ghaeilge", "níos mó cúrsaí a bheith ar fáil agus níos mó scrúduithe agus measúnuithe i nGaeilge", "Níos mó roghanna TGM agus A-leibhéil agus áiteanna taobh amuigh den scoil le cuidiú mar go bhfuil sé iontach doiligh foghlaim i nGaeilge", "Níos mó roghanna A-leibhéil"* agus *"Níos mó roghanna TGM".* Sainaithníodh mar bhac eile sa chomhthéacs seo an líon teoranta bealaí dul chun cinn i ndiaidh na Gaelscolaíochta, agus mhol dalta amháin go bhféadfadh *"an tÚdarás Oideachais ollscoil nó coláiste trí Ghaeilge a chur ar fáil".* Léiríonn sé seo, mar sin, a eolaí agus atá na daltaí a ghlac páirt sa tsuirbhé faoi na baic seo maidir le gairmoiliúint trí Ghaeilge, lena n-áirítear an chodarsnacht leis an oideachas trí Bhéarla agus na deiseanna dul chun cinn fadtéarmacha chuig an bhreisoideachas, chuig an ardoideachas agus chuig an fhostaíocht. Ar an iomlán, léirigh an dá théama seo le chéile dearcadh láidir go bhfuil teorainneacha córasacha leis an tsoláthar reatha, rud a d'fhéadfadh srian a chur ar rochtain, ar rannpháirtíocht fhadtéarmach agus ar thorthaí rathúla.

Agus sin á chur san áireamh, tháinig 'fostóirí agus infhostaitheacht' chun cinn mar phríomhthéama fosta, rud a léirigh go raibh imní ar na daltaí faoin luach phraiticiúil a bhaineann le gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i saol na hoibre. Ba mhian leis na daltaí go mbeadh nasc níos láidre idir gairmchonairí trí Ghaeilge agus margadh an tsaothair, agus mhol siad *"an Ghaeilge a chur chun cinn ar dhóigh a spreagfadh fostóirí le daoine a fhostú trí Ghaeilge nó a spreagfadh comhlachtaí le deiseanna a chur ar fáil trí Ghaeilge"*. Treisíodh an dearcadh go raibh bearna idir gairmoideachas trí Ghaeilge agus an fhostaíocht nuair a dúirt daltaí eile *"Níl mórán post i nGaeilge ann ná mórán deiseanna gairme trí Ghaeilge"* agus nuair a d'iarr siad *"Níos mó roghanna/post a bheith ar fáil trí Ghaeilge".* Rinne na daltaí a ghlac páirt sa tsuirbhé moltaí, ina measc *"Níos mó post a chruthú a mbeadh Gaeilge de dhíth lena ndéanamh nó ina n-úsáidfí an Ghaeilge"* agus *"Glacadh níos mó leis an teanga in ionaid oibre".* Theastaigh ó na daltaí fosta go mbeadh níos mó deiseanna fostaíochta

[29] Cuirtear tuairimí na ndaltaí i láthair sna freagairtí ar an tsuirbhé gan eagarthóireacht a dhéanamh orthu, de réir an dea-chleachtais taighde. N/A

praiticiúla ann a bhainfeadh le hoiliúint, agus d'iarr dalta amháin *“Níos mó cúrsaí a chuirfeadh ar do chumas post a fháil trí Ghaeilge”*, agus d'iarr dalta eile *“Níos mó ról a bheith ar fáil i bprintíseachtaí”*, rud a léirigh arís an nasc idir roghanna, deiseanna agus infhostaitheacht. Léirigh roinnt freagairtí go raibh machnamh níos caolchúisí déanta ar an chomhtháthú idir earnálacha, mar shampla, *“Meascán d'earcaíocht san earnáil phoiblí, oiliúint speisialaithe dhátheangach do phríomhthionscail (na meáin, an teicneolaíocht, cúram leanaí), agus maoiniú do thumoideachas teanga san ionad oibre”* agus *“Níos mó deiseanna a bheith ar fáil in ETIM agus deiseanna ina gcomhcheanglaítear an Ghaeilge le gairmeacha nach gá go mbeadh baint dhíreach acu leis an Ghaeilge”.* Thug an fhreagairt *“Dá mbeadh níos mó post ar fáil trí Ghaeilge nach mbeadh baint acu leis an pholaitíocht”* le fios gur mian leis na daltaí go bhfeidhmeodh an Ghaeilge mar scil phraiticiúil inaistrithe, seachas mar scil a bhaineann le réimse cúng nó a shamhlaítear leis an pholaitíocht, ó thaobh na hinfhostaitheachta de. Léiríodh an gá le feasacht níos fearr ar ghairmeacha, agus an tábhacht a leagadh ar rannpháirtíocht dhíreach fostóirí, sa trácht *“Níos mó eolais a thabhairt, mar shampla aoichainteoirí a thabharfadh léargas ar na gairmeacha a d'fhéadfá a bhaint amach trí Ghaeilge”.*

Bhain sé seo go díreach leis an téama ‘Tuilleadh Eolais agus Feasachta’, inar shainaithin na daltaí a ghlac páirt sa tsuirbhé easpa cumarsáid shoiléir faoi na deiseanna. Léiríonn ráitis amhail *“Rochtain níos leithne ar eolas fúthu”, “Níos mó eolais a thabhairt ar scoil”* agus *“Níos mó eolais/fógraíochta”* easnaimh chórasacha sa dóigh a gcuirtear na roghanna i láthair. Leag na daltaí béim fosta ar ról na n-oideoirí maidir le heolas agus feasacht ar dheiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge a chur chun cinn, agus dúradh i bhfreagairt amháin *“Na cúrsaí a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil na múinteoirí ag cur na ndaltaí ar an eolas faoi na cúrsaí atá ar fáil”.* Chomh maith leis sin, chuir an fhreagairt “É a mhíniú níos fearr” béim ar an dóigh a bhféadfadh an t-eolas a chuirtear ar fáil faoi láthair a bheith doiléir nó easnamhach, agus iarradh go ndéanfaí idirghabháil níos luaithe agus ar bhealach níos réamhghníomhaí: *“Ceardlanna/tionóil i scoileanna ó leibhéal TGM ar aghaidh le daltaí a chur ar an eolas níos luaithe faoi dheiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo”,* agus *“Níos mó plé faoi dheiseanna trí Ghaeilge”.* Ar an iomlán, tugann na freagairtí seo le fios, fiú nuair a bhíonn deiseanna ann, gur féidir nach mbíonn na daltaí ar an eolas fúthu nó nach mbíonn tuiscint mhaith acu orthu.

Faoin téama ‘tacaíocht teanga fheabhsaithe agus múinteoirí’, dhírigh na daltaí ar cháilíocht an eispéiris foghlama. Ba léir an gá le luas oiriúnach teagaisc agus tuiscint ar an ábhar sa fhreagairt *“Am a thabhairt le fáil amach faoi na hábhair éagsúla go léir i nGaeilge agus gan dul trí na hábhair róghasta”.* Leagadh béim ar mheicníochtaí tacaíochta fosta, lena n-áirítear an gá le *“Aistritheoirí níos fearr agus níos iontaofa”* agus *“Níos mó cainteoirí rialta Gaeilge”,* rud a thugann le fios go raibh an tumoideachas teanga agus cruinneas teanga ina bpríomhábhair imní ag na daltaí. Chomh maith leis sin, léiríonn an fhreagairt *“Níos mó múinteoirí ó ábhair éagsúla, srl.”* go raibh na daltaí den bharúil go raibh ganntanas múinteoirí a raibh saineolas acu ar ábhair ar leith agus a bhí ábalta teagasc trí Ghaeilge, rud a d'fhéadfadh srian a chur ar infhaighteacht agus ar cháilíocht na gcúrsaí araon.

Téama eile a sainaithníodh ná *‘níos mó acmhainní teagaisc, foghlama agus measúnaithe’,* téama a thug ceann de na léargais ba mhionsonraithe ar an éagothroime struchtúrach. Cé gur léirigh an fhreagairt *“Níos mó acmhainní a chur ar*

fáil" gur bac í easpa acmhainní ar ghairmchonairí trí Ghaeilge, leagadh béim níos mine ar bhaic chórasacha ar leith sa fhreagairt fhada seo a leanas:

"Bheadh sé iontach cuidiúil na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil agus na gnáthacmhainní a bhíonn ag gach scoil eile nach scoil Ghaeilge í a bheith againn, mar shampla, níl ach téacsleabhair Bhéarla ar fáil don TGM ar fad [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] suas go dtí cúrsa éigeantach A2, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra arís an curaclam a fhoghlaim ná mar atá sé cheana féin. Agus anuas air sin, má bhíonn tú ag úsáid iar-scrúdpháipéir ó shuíomh gréasáin [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe], ní bhíonn tú ábalta teacht ach ar 3–4 sheanpháipéar a bhfuil aistriúchán Gaeilge orthu agus ní féidir leat an scéim mharcála a fháil i nGaeilge riamh, ní bhíonn siad ar fáil ach i mBéarla, rud a fhágann go bhfuil sé iontach doiligh seanpháipéir a mharcáil mar go bhfuil eochairfhocail éagsúla de dhíth le marcanna a bhaint amach agus tú ag scríobh i nGaeilge seachas i mBéarla."

Léirigh an sliocht seo ní hamháin easpa acmhainní, ach míbhuntáiste córasach i gcomparáid le foghlaimeoirí a fhaigheann oideachas trí Bhéarla, go háirithe maidir le hullmhúchán don mheasúnú agus cothromaíocht.

Tá na torthaí thuas ag teacht go láidir fosta le torthaí *A Fair Start* (Purdy et al., 2021), agus O'Boyle et al. (2023), a shainaithin dúshláin shuntasacha maidir le hacmhainní Gaelscolaíochta, measúnú, tacaíocht teanga agus múinteoirí a bhfuil saineolas acu ar ábhair ar leith, chomh maith le heolas agus treoir do dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh tabhairt faoin Ghaelscolaíocht, i gcomparáid leis an oideachas trí Bhéarla (Purdy et al., 2025). Tá na torthaí ag teacht go láidir fosta leis na saincheisteanna a sainaithníodh maidir leis an aitheantas agus an luach a shamhlaítear leis an ghairmoideachas sa tsochaí (Purdy et al., 2022), agus leagann siad béim bhreise ar dheacrachtaí a bhaineann go sonrach le gairmchonairí agus cáilíochtaí trí Ghaeilge i gcomhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch Thuaisceart Éireann.

Léiríodh an comhthéacs sochtheangeolaíoch níos leithne faoin téama 'an teanga sa tsochaí', inar aithin na daltaí nach leor athrú oideachais ann féin gan tacaíocht níos leithne ón tsochaí. Léirigh ráitis uaillmhianacha amhail *"Dá mbeadh Gaeilge ag gach duine sa tír", "Dá mbeadh níos mó aitheantais ag níos mó daoine don teanga"* agus *"Níos mó daoine ag labhairt na teanga"* go raibh na daltaí ag aithint luach cultúrtha na Gaeilge agus gur mian leo go mbeadh sí níos feiceálaí agus, sa deireadh, go mbeadh gairmchonairí agus cáilíochtaí trí Ghaeilge ina ngnáthchuid den tsochaí i gcoitinne, go háirithe i bhfianaise na himní a léiríodh thuas faoin pholaitiú. Ba léir fosta go raibh áiteanna sóisialta praiticiúla ina bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid tábhachtach do na daltaí a ghlac páirt sa tsuirbhé, agus mhol dalta amháin, mar shampla, *"Níos mó áiteanna a bheith ann ina n-úsáidtear an Ghaeilge, amhail clubanna óige agus ionaid spóirt".*

Go deimhin, leag an téama 'leanúint leis an Ghaeilge' béim ar an fhéiniúlacht atá forbartha ag na foghlaimeoirí agus, dá réir sin, ar an mhian láidir atá acu leanúint lena gcuid oideachais trí Ghaeilge san fhadtéarma. Léirigh an ráiteas *"B'fhearr liom é a fhoghlaim i nGaeilge mar tá Gaeilge á húsáid agam ar scoil ar feadh mo shaoil"* go raibh ceangal láidir pearsanta agus oideachasúil ag an dalta leis an Ghaeilge. Thug an dearcadh seo le fios nach rogha amháin í an ghairmfhoghlaim trí Ghaeilge do roinnt daltaí, ach gur cuid dhílis dá bhféiniúlacht shóisialta agus oideachasúil í, rud a

threisíonn a thábhachtaí atá sé conairí dul chun cinn trí Ghaeilge a choinneáil ar fáil agus an deis a chothú le bheith páirteach go gníomhach sa tsochaí trí Ghaeilge.

Tháinig ‘rannpháirtíocht an rialtais’ chun cinn mar théama go hachomair, ach go pointeáilte, sa fhreagairt *“Cuir ceist ar an rialtas”,* rud a thugann le fios go measann na daltaí gur ag leibhéal an bheartais atá an fhreagracht as athrú a chur i bhfeidhm sa deireadh. Cé go raibh an ráiteas seo ó dhalta a ghlac páirt sa tsuirbhé iontach gairid, léirigh sé go raibh tuiscint acu go bhfuil gá le gníomh ón rialtas le dul i ngleic le cuid mhór de na baic a sainaithníodh, mar shampla maoiniú, soláthar agus aitheantas.

Caibidil 5: Torthaí an tSuirbhé ó Fhoghlaimeoirí Reatha Gairmoideachais trí Ghaeilge

5.1 Anailís Thuairisciúil

5.1.1 Fútsa

Fuarthas n=15 freagairt ar an tsuirbhé ó fhoghlaimeoirí reatha gairmoideachais trí Ghaeilge. Bhí 67% (n=10) de na rannpháirtithe sa tsampla suirbhé fireann agus 33% (n=5) baineann, mar a léirítear i dTábla 5.1.

C2. Cén inscne thú?

Freagra	n	%
Fireann	10	**67%**
Baineann	5	**33%**
B'fhearr liom mo chur síos féin a dhéanamh:	0	**0%**
B’fhearr liom gan a rá	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.1. Inscne na rannpháirtithe.

Bhí rannpháirtithe sa tsampla a bhí 16 bliana d'aois (13%, n=2), 17 mbliana d'aois (33%, n=5), 18 mbliana d'aois (47%, n=7) agus 19 mbliana d'aois (7%, n=1) (féach Tábla 5.2). Dá bhrí sin, bhí formhór na rannpháirtithe 17 nó 18 mbliana d'aois, agus ba é 17.5 bliain an mheánaois.

C3. Cén aois thú?

Freagra	n	%
16	2	**13%**
17	5	**33%**
18	7	**47%**
19	1	**7%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.2. Aois na rannpháirtithe.

Mar a léirítear i dTábla 5.3, bhí cónaí ar na rannpháirtithe sa tsampla suirbhé in dhá cheantar gheografacha, mar atá Béal Feirste (93%, n=14) agus Contae Aontroma (7%, n=1). Mar sin, ba i mBéal Feirste a bhí cónaí ar mhórchuid na rannpháirtithe, le farasbarr suntasach, agus ní raibh aon rannpháirtí as na contaetha eile.

C4. Cá bhfuil tú i do chónaí?

Freagra	n	%
Béal Feirste	14	**93%**
Contae Aontroma	1	**7%**
Contae Ard Mhacha	0	**0%**
Contae Dhoire/Londaindhoire	0	**0%**
Contae an Dúin	0	**0%**
Contae Fhear Manach	0	**0%**
Contae Thír Eoghain	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.3. Cá bhfuil tú i do chónaí?

Bhí formhór na rannpháirtithe sa tsampla suirbhé ag tabhairt faoi 'Scileanna don tSaol agus don Obair' (47%, n=7) nó 'Fanacht ar Scoil iar-16' (46%, n=7), agus bhí rannpháirtí amháin (7%, n=1) ag tabhairt faoi 'Phrintíseacht' (féach Tábla 5.4). Níor roghnaigh aon rannpháirtí sa tsampla suirbhé 'Acadaimh'.

C5. Cén cineál oiliúna nó cáilíochta a bhfuil tú ag gabháil dó faoi láthair (nó a chríochnaigh tú le déanaí)?

Freagra	n	%
Scileanna don tSaol agus don Obair	7	**47%**
Fanacht ar Scoil Iar-16	7	**46%**
Printíseachtaí	1	**7%**
Acadaimh	0	**0%**
Ní ceann ar bith thuas	0	**0%**
Eile (tabhair sonraí):	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.4. An cineál oiliúna nó cáilíochta atá ar bun faoi láthair (nó a críochnaíodh le gairid).

Mar a léirítear i dTábla 5.5, dúirt formhór na rannpháirtithe go raibh siad ag déanamh cúrsaí 'pluiméireachta' (27%, n=4), 'cúram leanaí' (27%, n=4), 'siúinéireachta' (26%, n=4) agus 'lónadóireachta' (20%, n=3). Bhí dáileadh an tsampla measartha cothrom idir na ceithre rogha seo.

C6. Cén cineál cúrsa a bhfuil tú cláraithe air faoi láthair?

Freagra	n	%
Pluiméireacht	4	**27%**
Cúram leanaí	4	**27%**
Siúinéireacht	4	**26%**
Lónadóireacht	3	**20%**
Bearbóireacht	0	**0%**
Gruagaireacht	0	**0%**
Teiripe Áilleachta	0	**0%**
Cúntóir Ranga	0	**0%**
Eile (tabhair sonraí):	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.5. An cineál cúrsa a bhfuiltear cláraithe air faoi láthair.

Chomh maith leis sin, nuair a fiafraíodh de na rannpháirtithe sa tsampla suirbhé i gCeist 7 cén teanga ina raibh a gcuid oiliúna á soláthar, tuairiscíodh meascán de theangacha soláthair (féach Tábla 5.6). Ba é 'go léir trí Ghaeilge' an fhreagairt ba choitianta (47%, n=7), agus 'trí Ghaeilge den chuid is mó (le roinnt Béarla)' (33%, n=5) agus 'trí Bhéarla den chuid is mó (le roinnt Gaeilge)' (20%, n=3) ina dhiaidh. Dá bhrí sin, faigheann na rannpháirtithe a gcuid oiliúna trí Ghaeilge go pointe áirithe, idir cuid den teagaisc agus an teagasc go léir a bheith á sholáthar trí Ghaeilge.

C7. An bhfuil an oiliúint atá á fáil agat faoi láthair á soláthar:

Freagra	n	%
Go léir trí Ghaeilge	7	**47%**
Trí Ghaeilge den chuid is mó (le roinnt Béarla)	5	**33%**
Trí Bhéarla den chuid is mó (le roinnt Gaeilge)	3	**20%**
Uilig trí Bhéarla	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.6. Teanga(cha) ina gcuirtear an oiliúint ar fáil faoi láthair.

Mar an gcéanna, tuairiscíodh meascán de theangacha measúnaithe cáilíochtaí i sampla an tsuirbhé (féach Tábla 5.7). Ba é 'go léir trí Ghaeilge' an fhreagairt ba

choitianta, mar a bhí i gcás theangacha soláthair na hoiliúna (46%, n=7), agus ‘trí Ghaeilge den chuid is mó (le roinnt Béarla)’ (27%, n=4) agus ‘trí Bhéarla den chuid is mó (le roinnt Gaeilge)’ (27%, n=4) ina dhiaidh. Dá bhrí sin, thug na rannpháirtithe uilig sa tsampla suirbhé le fios go ndearnadh a gcuid measúnuithe i nGaeilge go pointe áirithe, idir roinnt measúnuithe a bheith i nGaeilge agus na measúnuithe go léir a bheith trí Ghaeilge. Is díol suime é, áfach, nach bhfuil céatadáin na measúnuithe i nGaeilge ag teacht le céatadáin an teagaisc trí Ghaeilge, rud a léiríonn neamhréireachtaí idir teanga nó teangacha an teagaisc agus teanga an mheasúnaithe. Is soiléire é seo i gcás na rannpháirtithe a roghnaigh ‘trí Bhéarla den chuid is mó (le roinnt Gaeilge)’ mar theanga theagaisc agus mar theanga mheasúnaithe, áit a raibh céatadán an mheasúnaithe 7% (n=1) níos airde. Mar sin féin, tá méid an tsampla róbheag le suntasacht staitistiúil ar bith a dheimhniú sa chás seo.

C8. Cén teanga ina ndéantar measúnú ort don cháilíocht a bhfuil tú ag tabhairt fúithi faoi láthair?

Freagra	n	%
Go léir trí Ghaeilge	7	**46%**
Trí Ghaeilge den chuid is mó (le roinnt Béarla)	4	**27%**
Trí Bhéarla den chuid is mó (le roinnt Gaeilge)	4	**27%**
Uilig trí Bhéarla	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.7. Teanga(cha) a úsáidtear i measúnú na cáilíochta faoi láthair.

5.1.2 Rochtain agus Iontráil

Mar a achoimrítear i dTábla 5.8, ba ‘ar scoil’ (73%, n=11) a fuair formhór na rannpháirtithe amach faoina gcuid oiliúna nó cáilíochta den chéad uair, le corrlach suntasach, agus ‘teaghlach nó cairde’ (13%, n=2), ‘ó bhéal’ (7%, n=1) agus ‘eagraíochtaí Gaelscolaíochta’ (7%, n=1) ina dhiaidh sin. Níor roghnaigh aon rannpháirtí ‘ar líne/meáin shóisialta’, ‘fostóir’, ‘coláiste breisoideachais’ ná ‘comhairleoir gairme’.

C9. Cén dóigh ar chuala tú den chéad uair faoin oiliúint nó faoin cháilíocht a bhfuil tú ag tabhairt fúithi faoi láthair?

Freagra	n	%
Scoil	11	**73%**
Teaghlach nó cairde	2	**13%**
Ó bhéal	1	**7%**
Eagraíochtaí Gaeilge, m.sh. Gaelchúrsaí	1	**7%**
Ar líne / meáin shóisialta	0	**0%**
Fostóir	0	**0%**
Coláiste breisoideachais	0	**0%**
Comhairleoir gairme	0	**0%**
Eile (tabhair sonraí):	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.8. An dóigh ar chuala foghlaimeoirí den chéad uair faoin oiliúint nó faoin cháilíocht atá ar bun acu faoi láthair.

I gCeist 10, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh furasta nó deacair agus a bhí sé deiseanna gairmoiliúna trí Ghaeilge a aimsiú ina gceantar (féach Tábla 5.9). D'fhreagair 13% (n=2) de na rannpháirtithe go raibh sé ‘iontach furasta’ deiseanna oiliúna trí Ghaeilge a aimsiú ina gceantar. Dúirt 53% (n=8) de na rannpháirtithe go raibh sé ‘measartha furasta’ oiliúint trí Ghaeilge a aimsiú ina gceantar, bhí 7% (n=1) ‘idir dhá chomhairle’, d'fhreagair 27% (n=4) go raibh sé ‘measartha deacair’, agus d'fhreagair 0% (n=0) go raibh sé ‘iontach deacair’. Léiríonn sé seo go raibh na freagairtí measctha tríd is tríd, agus claonadh beag dearfach iontu, maidir lena fhusacht agus atá sé do dhaltaí teacht ar dheiseanna oiliúna trí Ghaeilge ina gceantar féin.

Mar a mhínítear i dTábla 5.9, cuireadh modheolaíocht scórála ualaithe i bhfeidhm arís ar scála Likert cúig phointe ó ‘iontach furasta’ (dearcadh iontach dearfach) go dtí ‘iontach deacair’ (dearcadh iontach diúltach). Tugadh pointí dearfacha do fhreagairtí dearfacha de réir a dhearfaí a bhí siad (+1 do ‘measartha furasta’, +2 do ‘iontach furasta’), agus tugadh pointí diúltacha do fhreagairtí diúltacha de réir a dhiúltaí a bhí siad (-1 do ‘measartha deacair’, -2 do ‘iontach deacair’). Tugadh 0 pointe do fhreagairtí neodracha nó ‘idir dhá chomhairle’. Ansin, iolraíodh na minicíochtaí (n) faoi na pointí a sannadh dóibh le pointí ualaithe a fháil, agus suimíodh na pointí ualaithe uilig agus roinneadh iad ar líon iomlán na bhfreagairtí (n=15). Fuarthas scór ualaithe dá bharr sin ar scála ó -2 (iontach diúltach) go +2 (iontach dearfach) le treo agus leibhéal foriomlán an dearcaidh dhiúltaigh, neodraigh/idir dhá chomhairle nó dhearfaigh a dheimhniú. Déantar an próiseas seo arís i gcás ceisteanna eile den chineál chéanna ar fud na caibidle seo. Ag teacht leis na céatadáin thuas, fuarthas

scór ualaithe +0.533 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 10, rud a léiríonn meánfhreagairt dhearfach íseal de ‘measartha furasta’, a bhí ag claonadh beagán i dtreo ‘neodrach’ nó ‘idir dhá chomhairle’, maidir lena fhusacht nó a dheacra atá sé oiliúint trí Ghaeilge a aimsiú ina gceantar.

C10. Cé chomh furasta nó deacair agus a bhí sé duit oiliúint trí Ghaeilge a aimsiú i do cheantar?

Freagra	n	%
Iontach furasta (+2)	2	**13%**
Measartha furasta (+1)	8	**53%**
Idir dhá chomhairle (0)	1	**7%**
Measartha deacair (-1)	4	**27%**
Iontach deacair (-2)	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**
Scór ualaithe	**+0.533**	

Tábla 5.9. A fhusacht nó a dheacra atá sé oiliúint trí Ghaeilge a aimsiú i gceantar na bhfoghlaimeoirí.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe i gCeist 11 fosta ar tháinig siad ar aon chonstaicí nó baic agus iad ag iarraidh teacht ar a gcuid oiliúna nó cáilíochta (féach Tábla 5.10). Ba é ‘rogha theoranta cúrsaí’ an chonstaic nó an bac ba mhinice a tuairiscíodh (40%, n=6), agus ‘easpa eolais’ ina dhiaidh sin (20%, n=3). Thuairiscigh roinnt rannpháirtithe fosta go raibh fadhbanna acu le ‘líon teoranta áiteanna ar fáil’ ar a gcuid cúrsaí agus le ‘cáilíochtaí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge’, agus 13% (n=2) ag roghnú gach cinn. Roghnaigh 6% (n=1) de na rannpháirtithe sa tsampla suirbhé ‘fadhbanna taistil nó suímh’.

Freagra	n	%
Rogha theoranta cúrsaí	6	**40%**
Easpa eolais	3	**20%**
Líon teoranta áiteanna ar fáil	2	**13%**
Níl na cáilíochtaí ar fáil trí Ghaeilge	2	**13%**
Eile (tabhair sonraí):	2	**13%**

Fadhbanna taistil nó suímh	1	**6%**
Imní airgeadais	0	**0%**
Measúnuithe nó scrúduithe nach bhfuil ar fáil i nGaeilge	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**

C11. Ar tháinig tú ar aon chonstaic nó baic agus tú ag iarraidh teacht ar d'oiliúint nó do cháilíocht? (roghnaigh gach ceann a bhaineann leat)

Tábla 5.10. Na constaicí/baic a bhí roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar a n-oiliúint nó ar a gcáilíocht.

5.1.3 Measúnú agus Aitheantas

I gCeist 12, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh soiléir agus a bhí na socruithe measúnaithe dá gcúrsa (féach Tábla 5.11). D'fhreagair 53% (n=8) de na rannpháirtithe go raibh na socruithe measúnaithe acu 'iontach soiléir'. Dúirt 47% (n=7) de na rannpháirtithe fosta go raibh na socruithe measúnaithe acu 'measartha soiléir'.

Mar a rinneadh roimhe seo, fuarthas scór ualaithe +1.533 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 12, rud a léiríonn meánfhreagairt iontach dearfach de 'iontach soiléir' maidir lena shoiléire agus atá na socruithe measúnaithe dá gcúrsa. Tugann sé seo le fios nach cosúil gur fadhb shuntasach í soiléireacht na socruithe measúnaithe do chúrsaí gairmoiliúna trí Ghaeilge i measc na bhfoghlaimeoirí sa tsampla.

C12. Cé chomh soiléir agus atá na socruithe measúnaithe do do chúrsa?

Freagra	n	%
Iontach soiléir (+2)	8	**53%**
Measartha soiléir (+1)	7	**47%**
Idir dhá chomhairle (0)	0	**0%**
Níl siad róshoiléir (-1)	0	**0%**
Níl siad soiléir ar chor ar bith (-2)	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**
Scór ualaithe	**+1.533**	

Tábla 5.11. Soiléireacht na socruithe measúnaithe do chúrsaí na bhfoghlaimeoirí.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe ansin i gCeist 13 ar mheas siad go n-aithneodh fostóirí a gcáilíocht agus go mbeadh meas acu uirthi (féach Tábla 5.12). Roghnaigh formhór mór na rannpháirtithe (93%, n=14) 'Measaim', rud a léiríonn gur mheas siad go n-aithneodh fostóirí a gcáilíocht agus go mbeadh meas acu uirthi. Roghnaigh rannpháirtí amháin 'Níl mé cinnte' (7% de shampla an tsuirbhé).

C13. An measann tú go n-aithneoidh fostóirí do cháilíocht agus go mbeidh meas acu uirthi?

Freagra	n	%
Measaim	14	**93%**
Ní mheasaim	0	**0%**
Níl mé cinnte	1	**7%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.12. Tuairimí na bhfoghlaimeoirí maidir le cé acu a aithneoidh fostóirí a gcáilíocht agus a mbeidh meas acu uirthi nó nach n-aithneoidh.

Mar a léirítear i dTábla 5.13, fiafraíodh de na rannpháirtithe ar mheas siad go raibh bealaí soiléire chuig tuilleadh oiliúna nó fostaíochta ar fáil dóibh mar thoradh ar a gcuid oiliúna nó cáilíochta (Ceist 14). Arís, roghnaigh céatadán iontach ard de na rannpháirtithe (93%, n=14) 'Measaim', rud a léiríonn gur mheas siad go raibh bealaí soiléire chun tuilleadh oiliúna nó fostaíochta ar fáil dóibh mar thoradh ar a gcuid oiliúna nó cáilíochta. Ní raibh ach rannpháirtí amháin a roghnaigh 'Níl mé cinnte' (7% de shampla an tsuirbhé).

C14. An gcuireann an oiliúint nó an cháilíocht seo bealaí soiléire ar fáil le dul ar aghaidh chuig tuilleadh oiliúna nó fostaíochta?

Freagra	n	%
Measaim	14	**93%**
Ní mheasaim	0	**0%**
Níl mé cinnte	1	**7%**
Freagairt	**15**	**100%**

Tábla 5.13. Tuairimí na bhfoghlaimeoirí maidir le cé acu a chuireann a gcáilíochtaí bealaí soiléire ar fáil le dul ar aghaidh chuig tuilleadh oiliúna nó fostaíochta.

Dá bhrí sin, thug na rannpháirtithe go léir sa tsampla le fios nach ábhair mhóra imní den chuid is mó iad aitheantas agus luach a gcuid cáilíochtaí i measc fostóirí, ná soiléireacht na mbealaí chuig tuilleadh oiliúna nó fostaíochta i ndiaidh na cáilíochta.

5.1.4 Eispéiris Reatha

I gCeist 15, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh sultmhar agus atá a gcúrsa (féach Tábla 5.14). D'fhreagair 60% (n=9) de na rannpháirtithe go bhfuil a gcúrsa 'iontach sultmhar'. Dúirt 40% (n=6) de na rannpháirtithe fosta go bhfuil a gcúrsa 'measartha sultmhar', rud a léiríonn freagairt dhearfach ar Cheist 15, agus 100% de na rannpháirtithe ag baint sult as a gcúrsaí.

Mar a rinneadh roimhe seo, fuarthas scór ualaithe +1.600 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 15, rud a léiríonn meánfhreagairt iontach dearfach de 'iontach sultmhar' maidir leis an tsult a bhaineann na rannpháirtithe as a gcúrsaí.

C15. Cé chomh sultmhar agus atá do chúrsa reatha?

Freagra	n	%
Iontach sultmhar (+2)	9	**60%**
Measartha sultmhar (+1)	6	**40%**
Idir dhá chomhairle (0)	0	**0%**
Níl sé rósultmhar (-1)	0	**0%**
Níl sé sultmhar ar chor ar bith (-2)	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**
Scór ualaithe	**+1.600**	

Tábla 5.14. An taitneamh a bhaintear as an chúrsa, de réir na bhfoghlaimeoirí.

I gCeist 16, fiafraíodh de na rannpháirtithe cé chomh húsáideach agus atá a gcúrsa (féach Tábla 5.15). D'fhreagair 73% (n=11) de na rannpháirtithe go bhfuil a gcúrsa 'iontach úsáideach', agus dúirt 27% (n=4) fosta go bhfuil a gcúrsa 'measartha úsáideach'. Léirigh sé seo freagairt dhearfach ar Cheist 16, agus na rannpháirtithe go léir (100%) den bharúil go bhfuil a gcúrsaí úsáideach.

Mar a rinneadh roimhe seo, fuarthas scór ualaithe +1.733 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 16, rud a léiríonn meánfhreagairt iontach dearfach de 'iontach úsáideach' maidir lena úsáidí agus atá a gcúrsaí, dar leis na rannpháirtithe.

C16. Cé chomh húsáideach agus atá do chúrsa faoi láthair?

Freagra	n	%
Iontach úsáideach (+2)	11	**73%**
Measartha úsáideach (+1)	4	**27%**
Idir dhá chomhairle (0)	0	**0%**
Níl sé ró-úsáideach (-1)	0	**0%**
Níl sé úsáideach ar chor ar bith (-2)	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**
Scór ualaithe	**+1.733**	

Tábla 5.15. Úsáideacht an chúrsa, de réir na bhfoghlaimeoirí.

I gCeist 17, fiafraíodh de na rannpháirtithe an molfadh siad a gcúrsa (féach Tábla 5.16). D'fhreagair 33% (n=5) de na rannpháirtithe ‘mholfainn go cinnte’. Dúirt 60% (n=9) de na rannpháirtithe fosta ‘is dócha go molfainn’. Léiríonn sé seo freagairt dhearfach ar Cheist 17, agus 100% de na rannpháirtithe á rá go molfadh siad a gcúrsa do dhaoine eile.

Mar a rinneadh roimhe seo, fuarthas scór ualaithe +1.267 ar scála ó -2 go +2 do Cheist 17, rud a léiríonn meánfhreagairt iontach dearfach a bhí ag claonadh ó ‘mholfainn go cinnte’ i dtreo ‘is dócha go molfainn’ maidir lena gcúrsaí a mholadh do dhaoine eile.

C17. An mholfá do chúrsa reatha do dhaoine eile?

Freagra	n	%
Mholfainn go cinnte (+2)	5	**33%**
Is dócha go molfainn (+1)	9	**60%**
Idir dhá chomhairle (0)	1	**7%**
Is dócha nach molfainn (-1)	0	**0%**
Is cinnte nach molfainn (-2)	0	**0%**
Freagairt	**15**	**100%**
Scór ualaithe	**+1.267**	

Tábla 5.16. Tuairimí na bhfoghlaimeoirí faoi cé acu a mholfadh siad a gcúrsa do dhaoine eile nó nach molfadh.

5.2 Anailís ar Fhreagairtí Oscailte na bhFoghlaimeoirí Gairmoideachais

D'fhreagair gach rannpháirtí sa tsuirbhé Ceist 18, inar iarradh orthu feabhsuithe a mholadh le cur leis na deiseanna gairmoideachais agus oiliúna atá ar fáil trí Ghaeilge. Tháinig ceithre phríomhthéama chun cinn ón chódú théamach a rinneadh ar na freagairtí oscailte ar an tsuirbhé.

Thug freagairtí na bhfoghlaimeoirí reatha léargas níos dírithe, bunaithe ar a gcuid eispéireas féin, i gcomparáid leis na tuairimí níos leithne a bhí bunaithe ar uaillmhianta na ndaltaí. Cé go raibh níos lú téamaí ann agus na tuairimí níos gonta, thug siad léargas luachmhar ar an dóigh a mbíonn cúrsaí i ndáiríre ó lá go lá agus foghlaimeoirí ag tabhairt faoi ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge. Bhog an bhéim ó athrú ar fud an chórais go feabhsuithe láithreacha ar an teagasc, ar na hacmhainní agus ar na timpeallachtaí foghlama.

Léirigh an téama ‘níos mó ceachtanna Gaeilge’ gur mian leis na foghlaimeoirí níos mó am teagaisc agus deis a bheith acu dul i ngleic leis an teanga ar bhealach níos doimhne. Thug an moladh “Níos mó ceachtanna Gaeilge i rith na bliana” le fios gur féidir go measann na foghlaimeoirí nach leor an soláthar reatha le tacú go hiomlán

lena dtuiscint, go háirithe i gcomhthéacs an ghairmoideachais, áit ar féidir le saintéarmaíocht cur leis an chastacht. Léiríonn sé seo nach leor níos mó teagmhála leis an Ghaeilge amháin, ach go bhfuil gá le forbairt teanga leanúnach struchtúrtha atá fite fuaite leis an staidéar gairmoideachais.

Bhain an téama ‘feabhsú ábhar foghlama’ go dlúth leis seo, agus leag sé béim ar bhac praiticiúil ar an fhoghlaim éifeachtach. D'iarr na foghlaimeoirí go sonrach *“Téacsleabhair níos fearr i nGaeilge”*, agus dúirt siad *“Dá ndéanfaí níos mó de na téacsleabhair i nGaeilge, b'fhéidir go dtiocfadh feabhas maith ar chúrsaí”.* Thug na freagairtí seo ó na foghlaimeoirí reatha le fios go bhféadfadh teorainneacha a bheith le cáilíocht, infhaighteacht nó inrochtaineacht na n-ábhar atá ann cheana féin, rud a threisíonn na dúshláin a sainaithníodh cheana i dtorthaí shuirbhé na ndaltaí. Is é an impleacht atá leis seo, fiú nuair a sholáthraítear cúrsaí trí Ghaeilge, nach bhfuil na hacmhainní tacaíochta, go háirithe na téacsleabhair, ar aon dul go hiomlán go fóill leis an tsoláthar oideachais trí Bhéarla, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar thuiscint agus ar thorthaí rathúla.

Thug an téama ‘acmhainní do thimpeallacht an tseomra ranga’ gné níos caolchúisí ach tábhachtach den eispéireas foghlama chun solais. Léirigh an moladh *“Níos mó rudaí Gaeilge a chur ar na ballaí”* gur mian leis na foghlaimeoirí timpeallacht teanga níos tumtha agus níos tacúla. Is féidir é seo a thuiscint mar iarracht gnáthchuid den tseomra ranga a dhéanamh d’úsáid na Gaeilge, rud a thacódh le forbairt stóir focal, féiniúlacht chultúrtha agus úsáid laethúil na teanga. Thug sé seo le fios fosta go bhfuil meas ag na foghlaimeoirí reatha ní hamháin ar an teagasc fhoirmiúil, ach ar leideanna amhairc agus timpeallachta a thacaíonn le sealbhú teanga.

Ar deireadh, bhí an téama ‘níos mó roghanna cúrsaí’ ag teacht le ceann de na téamaí ba láidre a tháinig chun cinn i dtorthaí shuirbhé na ndaltaí. Léirigh na héilimh ar *“Níos mó cúrsaí”* agus *“Roghanna eile”* go measann fiú na foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin fhoghlaim gairme trí Ghaeilge go bhfuil teorainn leis an réimse roghanna atá ar fáil. Treisíonn sé seo an tuairim nach bac ar iontráil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha amháin í an rogha theoranta, ach gur srian leanúnach í orthu siúd atá ag tabhairt faoi ghairmchonairí agus faoi ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge cheana féin.

Dá bhrí sin, dhírigh na foghlaimeoirí reatha ar fheabhsuithe láithreacha nithiúla a chuirfeadh lena n-eispéireas oideachais. Le chéile, tháinig na daltaí agus na foghlaimeoirí reatha ar an chonclúid chéanna: cé gur léir go bhfuil siad tiomanta do ghairmchonairí agus do ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, tá dul chun cinn fiúntach ag brath ar infheistíocht, athrú córasach, aitheantas sóisialta agus eacnamaíoch, agus feabhsuithe ar an eispéireas foghlama.

Caibidil 6: Torthaí Cáilíochtúla

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo na príomhthorthaí a tháinig as bailiú na sonraí cáilíochtúla, bunaithe ar dhá agallamh is fiche i ngrúpaí fócais le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daltaí scoile, foghlaimeoirí atá ag déanamh gairmcháilíochtaí faoi láthair, oideachasóirí, eagraíochtaí cáiliúcháin, eagraíochtaí earnála agus ionadaithe beartais. Sainaithnítear san anailís sraith téamaí idirghaolmhara a mhúnlaíonn forbairt gairmcháilíochtaí agus gairmchonairí trí Ghaeilge.

Tugann na torthaí le fios nach bhfuil na dúshláin atá roimh sholáthar gairmiúil trí Ghaeilge teoranta do chuid amháin den chóras. Ina áit sin, eascraíonn siad as an rogha theoranta ábhar atá ar fáil, rochtain mhíchothrom, srianta ar chumas na soláthraithe, ganntanas sa lucht saothair, inmharthanacht an mhargaidh, aitheantas cáilíochtaí agus an gá atá le comhordú straitéiseach níos láidre. Ar fud an tacair sonraí, tharraing rannpháirtithe aird ar an éileamh atá ar sholáthar níos fairsinge agus ar na baic struchtúracha atá ag cur teorainn lena fhorbairt faoi láthair.

Déanann an chéad phríomhthéama iniúchadh ar rochtain ar an tsoláthar agus ar a infhaighteacht, agus dírítear ar an raon teoranta ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge agus ar an tionchar a bhíonn aige sin ar roghanna na bhfoghlaimeoirí, ar an dul chun cinn agus ar leanúnachas teanga. Déanann an dara téama iniúchadh ar chumas na soláthraithe agus ar ullmhacht an chórais, lena n-áirítear srianta a bhaineann le spás, soláthar foirne, acmhainní, ualach oibre, maoiniú agus comhordú straitéiseach. Déanann an tríú téama machnamh ar thaithí na bhfoghlaimeoirí, agus tarraingítear aird ar an ról dearfach atá ag an fhoghlaim gairme trí Ghaeilge maidir le féiniúlacht a dhearbhú, chomh maith leis na dúshláin a bhíonn roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí chonairí dul chun cinn. Déanann an ceathrú téama iniúchadh ar inmharthanacht agus ar scála an mhargaidh, agus cuirtear réaltachtaí tráchtála fhorbairt gairmcháilíochtaí, ról na n-eagraíochtaí cáiliúcháin agus imní faoi aitheantas agus inbhuanaitheacht san áireamh. Déanann an cúigiú téama iniúchadh ar rannpháirtíocht fostóirí agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthar atá bunaithe ar éileamh, tuiscint na bhfostóirí agus comhoibriú ar fud earnálacha. Déanann an séú téama iniúchadh ar léargais chomparáideacha ón Bhreatain Bheag, Sasana agus Poblacht na hÉireann, sula dtugtar le chéile na deiseanna agus na moltaí a chuir rannpháirtithe chun cinn chun gairmchonairí trí Ghaeilge a neartú.

6.1 Rochtain ar Sholáthar agus Infhaighteacht an tSoláthair

Ar fud an tacair sonraí, chuir rannpháirtithe béim ar an raon teoranta soláthair atá ar fáil trí Ghaeilge. Chuir daltaí, go háirithe, síos arís agus arís eile ar an tsoláthar atá ar fáil faoi láthair mar sholáthar neamhleor sriantach.

“Níl, dar liom, mórán cúrsaí ar fáil trí Ghaeilge.” (Dalta)

“Ní shílim go bhfuil go leor roghanna ann trí Ghaeilge.” “Is cinnte nach bhfuil go leor ann.” “Tá roinnt ann, ach níl an oiread ann agus ba chóir a bheith ann.” (Dalta)

“Ní dóigh liom go gcuirtear mórán cúrsaí ar fáil i nGaeilge i ndáiríre, go háirithe in ábhair ar nós na hinnealtóireachta agus a leithéid… Sílim gurb é an t-aon phost is féidir a dhéanamh trí Ghaeilge ná a bheith i do mhúinteoir, nó Gaeilge a theagasc.” (Dalta)

“Tá na daltaí á rá go láidir go gcaithfear réimse níos leithne ábhar a chur ar fáil.” (Comhairle na Gaelscolaíochta)

“Is cinnte nach bhfuil rogha leathan go leor d’ábhair ar fáil.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

Tharraing páirtithe leasmhara aird ar an tsoláthar teoranta chomh maith:

“Tá imní curtha in iúl ag páirtithe leasmhara cheana féin faoin tsoláthar do dhaoine óga a fuair a gcuid oideachais trí Ghaeilge, agus a d’fhéadfadh dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó chuig cineálacha eile oideachais nó oiliúna iar-16.” (An Roinn Oideachais)

Léirigh na tagairtí seo don tsoláthar gairmoideachais theoranta ábhar imní níos córasaí faoin easpa cothroime i soláthar ábhar idir oideachas trí Ghaeilge agus oideachas trí Bhéarla, agus tuairiscíonn foghlaimeoirí Gaelscolaíochta go bhfuil tairiscint churaclaim níos cúinge ar fáil dóibh i gcomparáid lena gcomhfhoghlaimeoirí i scoileanna Béarla.

“Cinnte, níl an chothroime ann sa Ghaelscolaíocht ar chor ar bith. Is as Béal Feirste mise. Tá a fhios agam mar sin cad é atá ar fáil ansin i gcomparáid leis an mhéid atá ar fáil anseo!” (Ceannaire Scoile)

“Má amharcann tú ar scoil Bhéarla, tá réimse eagraíochtaí cáiliúcháin agus réimse gairmcháilíochtaí acu le roghnú astu.” (Ceannaire Scoile)

“Caithfear an chothroime chéanna a thabhairt dár ndaltaí, agus ní cothroime ar bith é sin. Tá teacht ag gach dalta eile ar réimse ábhar agus ar réimse eagraíochtaí cáiliúcháin… Tá an Coláiste [Gaelscolaíochta] ceangailte le [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] agus ní bhíonn acu ach curaclam [ainm an chomhlachta

curaclaim agus measúnaithe], is curaclam [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] amháin é. Chomh fada agus is eol dúinn, is í an t-aon scoil ar fud an tuaiscirt í nach bhfuil aici ach curaclam [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe]. Ní comhionannas é sin." (Gaelchúrsaí)

"Sílim gur cheart gach rud a chuirtear ar fáil do scoileanna Béarla a bheith ar fáil i nGaeilge fosta, mar is léir go bhfágann sé sin faoi mhíbhuntáiste iontach éagothrom muid. Ach, sea, sílim go bhfuil muid faoi mhíbhuntáiste éagothrom mar, ar ndóigh, ní fhaigheann muid an deis sin le rudaí a dhéanamh. Mar shampla, tá an méid atá ar fáil anseo dúinn iontach teoranta." (Dalta)

Bhí na príomhpháirtithe leasmhara tiomanta do chothroime a chinntiú le scoileanna Béarla:

"Tá próisis dearbhaithe cáilíochta curtha ar bun ag CCEA lena chinntiú go ndéantar modhnú, marcáil agus bronnadh ar mheasúnuithe a dhéantar trí Ghaeilge ar dhóigh a choinníonn caighdeáin ar aon dul le caighdeáin na measúnuithe coibhéiseacha a dhéantar trí Bhéarla." (CCEA)

"Tá an Roinn Oideachais ag fiosrú an bhféadfaí réimse gairmcháilíochtaí a chruthú trí CCEA a bheadh ar fáil do scoileanna i nGaeilge ansin. Bheadh de bhuntáiste aige seo go gcuirfí réimse iontaofa gairmcháilíochtaí ar fáil don earnáil." (An Roinn Oideachais)

Ní hamháin go raibh teorainneacha leis an tsoláthar le feiceáil sa réimse ábhar a bhí ar fáil, ach bhí siad le feiceáil fosta sa mhéid a d'fhéadfaí a dhéanamh taobh istigh de na hábhair sin. Fiú nuair a bhí roghanna gairmoideachais tugtha isteach, bhí an fháil orthu iontach teoranta go fóill.

"Tá sé iontach teoranta, ní hamháin ó thaobh na n-ábhar de, ach ó thaobh na n-áiteanna atá ar fáil taobh istigh de gach ábhar fosta. Mar shampla, tá pluiméireacht agus siúinéireacht tugtha isteach acu le cúpla bliain anuas, ach níl ach ceithre áit ar fáil i ngach ceann acu." (Ceannaire Scoile)

Tá tionchar eile ag inrochtaineacht gheografach agus ag an fheasacht ar an tsoláthar taobh amuigh den scoil áitiúil ar na teorainneacha sin. Cé go bhféadfadh foghlaimeoirí a bheith ar an eolas faoi na conairí atá ar fáil, is minic a shíleann siad go bhfuil srianta orthu de bharr na háite a bhfuil siad agus theanga an tsoláthair.

"Tá na daltaí s'againn ullmhaithe go maith do na chéad chéimeanna eile. Tá a fhios acu cad é atá ar fáil… Agus is maith a thuigeann siad gur i mBéarla atá an chuid is mó den tsoláthar ar fáil. Ach ní dóigh liom go mbeadh a fhios acu faoin réimse leathan cúrsaí atá ar fáil ag [soláthraí gairmcháilíochtaí Gaelscolaíochta], go príomha mar ní

dóigh liom go mbeadh fonn orthu bogadh suas go Béal Feirste le staidéar a dhéanamh ansin agus iad 16 bliana d'aois." (Ceannaire Scoile)

Cuireann an dóigh a n-athraíonn roghanna ábhar ó bhliain go bliain leis an fhadhb seo. Déanann foghlaimeoirí cur síos ar an dóigh nach mbíonn roghanna inmharthana ag an A-leibhéal mar thoradh ar na cinntí a dhéantar ag TGM, rud a fhágann nach féidir leo staidéar a dhéanamh ar an ábhar is fearr leo nó go gcaithfidh siad bogadh go scoil eile.

"Ní bhíonn tú ag smaoineamh i ndáiríre ar na hA-leibhéil a roghnóidh tú go dtí go dtagann an t-am lena roghnú. Ní bhíonn tú ach ag smaoineamh ar na TGManna a roghnóidh tú, agus ansin, nuair a roghnaíonn tú TGM ar leith, seans nach mbeidh an t-ábhar sin ar fáil ag an A-leibhéal, agus nach mbeidh de rogha agat ach bogadh go scoil eile más mian leat an t-ábhar sin a dhéanamh." (Dalta)

I gcás roinnt foghlaimeoirí, b'éigean dóibh an Ghaelscolaíocht a fhágáil agus aistriú go scoil Bhéarla, áit a raibh níos mó roghanna ar fáil, mar gheall ar an easpa ábhar a bhí ar fáil.

"Briseann sé do chroí rud beag nuair a bhíonn duine agat atá ar a suaimhneas sa scoil agus a bhfuil fonn foghlama orthu, ach nach bhfuil cúrsa ar fáil againn a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanas. Agus is iad na gairmchúrsaí an fhadhb." (Ceannaire Scoile)

"Tá neart daoine ann a bhogann le hA-leibhéil a dhéanamh… caithfidh siad imeacht mar sin an t-ábhar is mian leo a dhéanamh." (Dalta)

"Sin an drochrud faoin scoil, nach bhfuil go leor ábhar againn le roghnú astu, na hábhair is mian linn a dhéanamh. Mar sin, caithfidh muid bogadh go dtí áit éigin eile lena ndéanamh." (Dalta)

"Caithfidh mé foghlaim i mBéarla nó ábhair a dhéanamh anseo nach rachaidh mórán chun tairbhe dom amach anseo." (Dalta)

Mar sin de, níorbh iad roghanna pearsanta amháin ba chúis leis an phatrún aistrithe amach as an Ghaelscolaíocht, ach bhí sé ina thoradh struchtúrach ar an tsoláthar theoranta taobh istigh den chóras.

"Níl duine ar bith ag iarraidh an scoil a fhágáil… Ach níl an deis sin ar fáil dóibh anseo, agus ní thiocfadh liom, le coinsias glan, a rá leo ná lena dtuismitheoirí, 'Cad chuige nach bhfanfadh sibh anseo agus é seo a dhéanamh?' Mar bheifeá ag cur srian lena gcuid uaillmhianta go mór." (Ceannaire Scoile)

“Níor cheart go mbeadh orainn a bheith ag feidhmiú taobh istigh de chóras a chuireann iallach ar dhaltaí imeacht mar gheall ar easpa cúrsaí atá ar fáil do dhaltaí eile sa chóras oideachais.” (Ceannaire Scoile)

Measadh go raibh iarmhairtí níos leithne ag an aistriú amach seo ar an mhuinín as an Ghaelscolaíocht. Nuair nach mbíonn daltaí ábalta conair iomlán tumoideachais a leanúint, thug rannpháirtithe le fios go bhféadfadh tuismitheoirí tosú á cheistiú cé acu an féidir nó nach féidir leis an Ghaelscolaíocht bealach iomlán inbhuanaithe a chur ar fáil tríd an oideachas iar-bhunscoile agus iar-16.

“Mar sin, tá easpa gairmcháilíochtaí… ag cur isteach ar an mhuinín atá ag tuismitheoirí agus ag an phobal as an Ghaelscolaíocht, mar mura féidir leat clár iomlán tumoideachais a leanúint, tosaíonn sé sin ag cur amhras ar thuismitheoirí, mar shampla, faoin áit a mbeidh a gcuid páistí ag dul i ndáiríre. Agus tá sin feicthe againn ar scála beag san aistriú ó Rang 7 go Bliain 8. Tá muid á fheiceáil anois san aistriú ag iar-16, go bhfuil níos mó daltaí agus a dtuismitheoirí ag roghnú oideachas i mBéarla lena gcuid oideachais a chríochnú mar gheall ar an réimse níos fearr cáilíochtaí atá ar fáil.” (Ceannaire Scoile)

I gcás roinnt foghlaimeoirí, bíonn iarmhairtí níos fadtéarmaí ar a rannpháirtíocht sa teanga nuair a aistríonn siad amach as an chóras Gaelscolaíochta de bharr an réimse theoranta ábhar atá ar fáil. Rinne rannpháirtithe cur síos ar an dóigh a dtagann laghdú suntasach ar na deiseanna leis an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn foghlaimeoirí tumtha i dtimpeallacht oideachais Béarla, rud a fhágann go dtagann meath suntasach ar a líofacht le himeacht ama.

“Má bhíonn muid ag foghlaim achan rud i nGaeilge anseo, agus ansin, caithfidh muid imeacht agus rudaí atá go hiomlán difriúil a fhoghlaim i dteanga eile, nó iarracht a dhéanamh ábhar úr a thógáil agus é a fhoghlaim trí Bhéarla. Sílim go mbeadh sé iontach doiligh.” (Dalta)

“Tá daoine a bhfuil aithne againn orthu a chuaigh chuig meánscoileanna Béarla, agus níl an oiread Gaeilge ag cuid mhór acu anois agus a bhíodh acu. Níl siad chomh líofa agus a bhíodh siad.” (Dalta)

“Chuaigh mo dheirfiúr go [meánscoil Bhéarla] agus anois, mar shampla, níl sí ábalta Gaeilge ar bith a labhairt níos mó, agus nuair a labhraím Gaeilge léi, ní thuigeann sí mé i gceart.” (Dalta)

“Sílim go dtarlaíonn sé sin fiú nuair a aistríonn daltaí ó Rang 7 go scoileanna Béarla, go háirithe na scoileanna gramadaí, agus bíonn deacrachtaí acu uaireanta. Chuala mé faoi dhaltaí a fuair íde béil mar nach raibh rudaí bunúsacha áirithe ar eolas acu.

Ach bhí na rudaí sin ar eolas acu i ndáiríre! Ní raibh siad ar eolas acu i mBéarla, sin an méid." (Ceannaire Scoile)

"Bíonn céatadán ard de na daltaí is fearr [sa Ghaelscolaíocht] againn gach bliain ar mian leo dul go dtí leithéidí [scoil chuimsitheach], atá díreach síos an tsráid, agus a aistríonn ansin lena gcuid A-leibhéal a dhéanamh. Agus beidh deacrachtaí acu ar feadh tamaill, mar caithfidh siad an téarmaíocht ar fad a fhoghlaim i mBéarla. (DfE Careers)

Chuir rannpháirtithe béim ar an fhíric nach é amháin go mbíonn orthu dul i dtaithí ar théarmaíocht úr agus ar mhodhanna úra foghlama mar gheall ar an athrú seo, ach ar thimpeallacht agus ar chultúr oideachais atá difriúil ar fad fosta. Is féidir leis an aistriú amach as an Ghaelscolaíocht, ina bhfuil béim ar an phobal, a bheith iontach doiligh, mar go mbíonn ar fhoghlaimeoirí a mbealach a dhéanamh trí chórais agus trí ionchais nach bhfuil taithí acu orthu ag céim ríthábhachtach dá gcuid oideachais.

"Páistí a bhfuil a gcuid oideachais ar fad faighte acu trí Ghaeilge, téann siad díreach isteach i suíomhanna Béarla ag an chéim sin, síos go dtí an coláiste teicniúil. Níl sé sin fóirsteanach. Bheadh an t-aistriú doiligh, agus ní hamháin ó thaobh na teanga agus ábhar an chúrsa de, ach ó thaobh na timpeallachta ar fad de. Tá cúram tréadach fite fuaite sa Ghaelscolaíocht… agus nuair a fhágann tú an timpeallacht sin agus nuair a bhíonn ort do bhealach féin a dhéanamh, tá sé difriúil agus aithníonn tú sin." (Comhairle na Gaelscolaíochta)

"Bhí tuismitheoir istigh agam inné, agus tá dalta aici i mBliain 12 nach bhfuil socraithe isteach go rómhaith ar scoil… Nuair nach dtagann an dalta chuig an rang, cuireann muid scairt abhaile… Dúirt [an tuismitheoir], 'Amharc, tá a fhios agam nach bhfuil mo pháiste, mo mhac nó m'iníon, iontach acadúil, ach ní dóigh liom go bhfuil siad réidh don Cheardcholáiste ná leis an scoil a fhágáil go fóill.' Agus tá an dá bhliain bhreise sin de dhíth orthu le haibiú, le taithí saoil a fháil, le bheith níos muiníní astu féin sula bhfágann siad an timpeallacht chomhbhách thacúil seo agus sula dtéann siad chuig áit a mbeadh orthu déanamh as dóibh féin." (Ceannaire Scoile)

Mar mhalairt ar aistriú amach as earnáil na Gaelscolaíochta go hiomlán, tá iarracht déanta ag roinnt scoileanna dul i ngleic le bearnaí sa tsoláthar trí dheiseanna a thabhairt do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar ábhair ar leith i suíomhanna Béarla ar bhonn páirtaimseartha. Cé go dtugann an cur chuige seo deis d'fhoghlaimeoirí fanacht sa scoil Ghaeilge ar feadh an chuid is mó dá gcuid oideachais, léiríonn sé mar sin féin na teorainneacha atá leis an mhéid is féidir a chur ar fáil taobh istigh den scoil féin.

"Nuair nach féidir lenár scoil féin ábhar a chur ar fáil, bíonn deis ag ár ndaltaí staidéar a dhéanamh air trí Bhéarla. Mar shampla, b'fhéidir nach mbeadh ach dalta amháin

againn ar mhaith leis nó léi an Cheimic a dhéanamh ag an A-leibhéal, agus ní bheadh sé indéanta rang a reáchtáil do dhalta amháin mar sin, ach, tá a fhios agat, bheadh [scoil Bhéarla in aice láimhe] ábalta freastal ar an dalta amháin sin trí Bhéarla… Ach, tá muid á fheiceáil anois go bhfuil tionchar aige sin ar nádúr tumoideachais na scoile, mar nach bhfuil na daltaí ag déanamh gach ruda trí Ghaeilge." (Ceannaire Scoile)

Is cosúil go bhfuil an cineál seo socraithe measartha forleathan, agus thug rannpháirtí amháin le fios gur gnáthchuid den tsoláthar é seachas eisceacht.

"Sílim dá mbeadh a rogha féin ag formhór ár gcuid daltaí, gur dócha gurbh fhearr leo fanacht anseo sa scoil go lánaimseartha, seachas dul amach chuig ceann dár scoileanna comhpháirtíochta sa phobal foghlama. Ach déarfainn… gur dócha go bhfuil níos mó ná leath dár gcuid daltaí ag dul amach chuig cúrsaí i scoileanna eile gach seachtain." (Ceannaire Scoile)

Rinne na daltaí cur síos ar na dúshláin shuntasacha oideachais agus teanga a bhaineann leis an aistriú ó scoil Ghaeilge go scoil Bhéarla.

"Bhí mo dheartháir anseo go dtí an cúigiú bliain agus bhí sé ag iarraidh innealtóireacht a dhéanamh, ach ní raibh sin ar fáil sa scoil, agus mar sin, bhí air dul go [scoil Bhéarla] agus bhí sé iontach doiligh aige nuair a bhog sé, mar níor thuig sé na rudaí, mar caithfidh sé Gaeilge agus achan rud a dhéanamh ansin agus dúirt siad go bhfuil na téarmaí uilig difriúil agus rudaí mar sin." (Dalta)

In ainneoin na srianta seo, bhí comharthaí áirithe ann go raibh an soláthar ag forbairt. D'aithin foghlaimeoirí go raibh iarrachtaí suntasacha á ndéanamh leis na deiseanna a leathnú agus léirigh siad dóchas aireach faoin fhás a tháinig ar an tsoláthar le gairid.

"Tá níos mó cúrsaí curtha ar fáil acu ná mar a bhí ann anuraidh… Is maith an rud é go bhfuil siad ag leathnú. Tá siad ag éirí níos mó agus ag cur tuilleadh ábhar agus tuilleadh printíseachtaí ar fáil agus achan rud." (Dalta gairmcháilíochtaí)

Taobh leis na fadhbanna a bhain leis an tsoláthar i gcoitinne, tharraing rannpháirtithe aird ar na difríochtaí suntasacha réigiúnacha a bhí ann maidir le teacht ar dheiseanna gairmoideachais trí Ghaeilge, agus na roghanna a bhí ar fáil ag brath ar an tsuíomh gheografach. I gceantair thuaithe, tá fáil theoranta ar sholáthar iar-bhunscoile trí Ghaeilge, rud a chuireann srian ar leanúnachas oideachais agus ar uaillmhianta don am atá le teacht.

"Tá na difríochtaí réigiúnacha iontach mór ar fad. Bhí mé ag teagasc in [ainm baile sa chúige] ar feadh seacht mbliana agus, tá a fhios agat, tá an iar-bhunscoil Ghaeilge is cóngaraí níos mó ná 45 bomaite ar shiúl ar an bhus do na daltaí, agus tá sruth Gaeilge inti. Agus mar sin, nuair a smaoiním ar chumas nó ar uaillmhianta gairme, sílim go

bhfuil nasc ar iarraidh go fóill sa tslabhra sin, agus go gcaithfidh an chonair sin a bheith soiléir ionas nach mbeidh daltaí ag dréim le rud nach bhfuil ann." (Gael Linn)

Fiú nuair a bhíonn soláthar ann, is minic a bhíonn sé iontach láraithe, rud a fhágann go mbíonn ar fhoghlaimeoirí achair mhóra a thaisteal le teacht air. Mar thoradh air sin, chuir rannpháirtithe béim ar an dóigh a mbíonn tionchar ag an rochtain mhíchothrom ar an tsoláthar ag céimeanna éagsúla den chóras oideachais ar eispéireas na bhfoghlaimeoirí Gaelscolaíochta.

"Is í an t-aon mheánscoil Ghaeilge anseo í. Mar sin, tagann ár gcuid daltaí, agus tá a fhios againn é sin ón chúram leanaí, mar nuair a bhíonn an cúram leanaí á dhéanamh againn agus iad ar shocrúcháin, is minic a bhíonn siad in Oirthear Bhéal Feirste nó i dTuaisceart Bhéal Feirste. Mar sin, cé go bhfuil muid lonnaithe anseo in Iarthar Bhéal Feirste, tagann ár gcuid daltaí as achan áit." (Gaelchúrsaí)

"Ní féidir linn comparáid a dhéanamh idir dalta Gaelscolaíochta i mBéal Feirste a bhfuil 14 bliana de thumoideachas faighte acu agus dalta a bhfuil seacht mbliana de Ghaelscolaíocht faighte acu ach nach bhfuil deis acu aistriú go hiar-bhunscoil Ghaeilge ná go sruth Gaeilge, mar tá na deiseanna oideachais atá acu go hiomlán difriúil. Tá deis ag dalta A i mBéal Feirste faoi láthair, rud atá thar barr ar fad, 14 bliana d'oideachas a fháil go hiomlán trí Ghaeilge, fiú mura gcríochnaíonn siad a gcuid oideachais iar-16 ar scoil go hiomlán trí Ghaeilge. Ach b'fhéidir nach bhfaigheadh dalta B i bhFear Manach nó ar an Chorr Chríochach ach seacht mbliana de thumoideachas, agus ansin go rachadh sé chuig iar-bhunscoil nach mbeadh sé ábalta staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge inti i mBliain 9 ná i mBliain 10, gan trácht ar TGM ná ar A-leibhéal." (Gael Linn)

Bhain an cheist faoi cé chomh héifeachtach agus atá an córas reatha ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sa Ghaelscolaíocht leis na fadhbanna soláthair agus rochtana seo fosta. Chuir rannpháirtithe béim ar a riachtanaí atá curaclam leathan solúbtha le tacú le conairí éagsúla taobh amuigh den scoil, idir chonairí acadúla agus ghairmchonairí.

"Trí theagmháil le hearnáil na Gaelscolaíochta, cuireadh in iúl do CCEA go bhfuiltear ag iarraidh go mbeadh teacht ag foghlaimeoirí ar réimse níos leithne gairmcháilíochtaí." (CCEA)

"Tá sé iontach tábhachtach freastal ar riachtanais na ndaltaí uilig, agus sin an fáth ar bunaíodh an Creat Teidlíochta, lena aithint nach ionann gach foghlaimeoir. Tá stíleanna éagsúla foghlama acu, tá riachtanais éagsúla acu, tá uaillmhianta éagsúla acu, agus caithfear freastal orthu sin uilig. Agus má fhreastalaítear orthu i gcuraclam

leathan cothromaithe, éireoidh leo san oideachas agus sa tsaol ina dhiaidh sin. Mar sin, tá ár gcuid daltaí thíos go mór leis sin." (Ceannaire Scoile)

Baineann gné eile den fhadhb seo leis an ghaol idir infhaighteacht an tsoláthair agus uaillmhianta na bhfoghlaimeoirí. Tharraing rannpháirtithe aird ar an fhíric nach féidir le huaillmhianta forbairt gan na deiseanna a bhfuil teacht orthu go réalaíoch taobh istigh den chóras.

"Sílim go bhfuil difear idir uaillmhian agus infhaighteacht. Cruthaíonn infhaighteacht uaillmhian, agus is féidir go mbíonn an uaillmhian ann. Ach mura bhfuil rud ar fáil, cad é ar féidir leat a bheith ag dréim leis?" (Gael Linn)

"Sílim go bhfuil go leor bearnaí idir uaillmhianta na bhfoghlaimeoirí agus na deiseanna atá ar fáil faoi láthair. Anois, arís, ceann de na rudaí atá i gceist ná na bearnaí idir leibhéil áirithe, ach go háirithe nuair a bhaineann tú leibhéal ard amach… De réir mar a éiríonn foghlaimeoirí níos inniúla sa teanga agus a théann siad chuig leibhéil níos airde, is minic nach mbíonn mórán áiteanna ann dóibh le leanúint ar aghaidh leis sin." (Turas)

Bhain na dúshláin seo leis na srianta struchtúracha atá ar chóras na gcáilíochtaí, a chuireann teorainn lena mhéad agus is féidir le scoileanna Gaeilge curaclam leathan cothromaithe a chur ar fáil. Tharraing rannpháirtithe aird ar an fhíric go bhfuil an soláthar ag brath go mór ar líon beag eagraíochtaí cáiliúcháin, rud a chuireann srian suntasach leis an réimse cúrsaí atá ar fáil.

"Tá teorainn áirithe leis an éagsúlacht agus leis an réimse cúrsaí is féidir linn a chur ar fáil, mar is é [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] an t-aon eagraíocht cháiliúcháin a bhfuil dualgas uirthi cúrsaí a chur ar fáil trí Ghaeilge." (Ceannaire Scoile)

"Faoi láthair, is trí WJEC amháin a chuirtear gairmchúrsaí ar fáil do scoileanna Gaeilge, agus is féidir leo réimse beag cáilíochtaí a chur ar fáil, ach ní leor sin leis an bhearna a líonadh, tá a fhios agat… Níl dualgas orthu, mar sin, tá ár gcuid daltaí faoi mhíbhuntáiste." (Comhairle na Gaelscolaíochta)

6.2 Acmhainn na Soláthraithe agus Ullmhacht an Chórais

Ceist lárnach maidir le hacmhainn na soláthraithe a bhí in infhaighteacht acmhainní. Ar fud na sonraí, d'aithin rannpháirtithe go seasta go raibh easpa spáis ar cheann de na príomhthosca a chuir srian leis an tsoláthar a choinneáil ar bun agus a leathnú araon.

“Is fadhb mhór í an easpa spáis. Ní féidir linn fás a thuilleadh mar gheall ar na srianta atá orainn ó thaobh spáis de.” (Gaelchúrsaí)

“Níl go leor spáis againn… Ba mhaith linn tuilleadh ranganna a chur ar fáil, ach níl an spás againn lena dhéanamh. Mar sin, is iad airgead, foireann agus spás atá ag cur srian leis an mhéid is féidir linn a dhéanamh.” (Turas)

“Tá seomra níos mó de dhíth orainn, spás níos mó le bheith ag obair ann, agus ansin, le cuidiú Dé, seans go bhfaighidh muid foirgneamh eile.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

“Tá níos mó spáis de dhíth orthu.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

“Tá brú cruthaithe ag an fhás leanúnach san earnáil i roinnt réimsí, lena n-áirítear cóiríocht, acmhainn scoileanna agus inbhuanaitheacht an lucht saothair… Chuir páirtithe leasmhara béim ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go gcoinneofar forbairt an infreastruchtúir agus na socruithe tacaíochta ar aon luas leis an éileamh ó fhoghlaimeoirí. Tá an Roinn ag leanúint leis an infheistíocht i gcóiríocht agus i dtionscadail chaipitil ar fud na hearnála… Is cuid thábhachtach d'fhorbairt na Straitéise don Oideachas trí Mheán na Gaeilge é breithniú níos fadtéarmaí a dhéanamh ar na ceisteanna seo.” (An Roinn Oideachais)

Bíonn saoráidí speisialaithe, trealamh agus foireann oilte de dhíth ar go leor cúrsaí fosta, agus ní furasta freastal ar na riachtanais sin leis an bhonneagar scoile atá ann cheana féin.

“Is ceist sláinte agus sábháilteachta é… Tá an earnáil ag fás. Ach tá sé contúirteach na ceirdeanna sin a theagasc i spás chomh beag sin.” (Gaelchúrsaí)

“Bíonn go leor scileanna agus trealamh speisialaithe i gceist le cuid mhór de na cúrsaí a bhfuil ag éirí go hiontach leo. Mar sin, má tá tú ag déanamh an chúrsa gruaigeadóireachta agus áilleachta, sílim go gcaithfidh an salon a bheith feistithe amach agat, agus i gcás na gcúrsaí siúinéireachta, sílim go bhfuil daoine oilte de dhíth orthu a bhfuil a fhios acu, tá a fhios agat, dóigh leis an innealra a úsáid, agus an t-innealra féin, agus ceardlann lena úsáid.” (Ceannaire Scoile)

“Bhí mé i gcónaí ag iarraidh meicnic mótarfheithiclí nó leictreachas a theagasc. Ach níl spás ar bith againn. Sin ceann de na ceirdeanna sin a mbíonn spás mór agus trealamh suntasach de dhíth lena theagasc.” (Gaelchúrsaí)

In ainneoin na srianta seo, bhí fianaise ann go raibh iarrachtaí suntasacha á ndéanamh ag na soláthraithe leis na teorainneacha acmhainní a shárú. D'aithin foghlaimeoirí an méid iarrachta a dhéanann an fhoireann leis an tsoláthar a fheabhsú,

agus chuir ceannairí scoile síos orthu féin mar dhaoine a bhí ábalta dul in oiriúint do chúinsí srianta.

“Má bhíonn rud ar bith de dhíth, déanfaidh [na múinteoirí] a seacht ndícheall lena fháil. Mar shampla, na meaisíní uilig… Bheadh sé níos fusa dá mbeadh na meaisíní againn níos luaithe, ach anois ó tharla go mbeidh siad againn ón phointe seo ar aghaidh, beidh sé i bhfad níos fusa.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

“Tá muid measartha ábalta dul in oiriúint do chúinsí éagsúla… Fiú i gcás na n-ábhar acadúil, b'éigean dúinn a bheith ag obair go minic ar ár n-acmhainní féin, ag brath go mór orainn féin agus ag amharc ar ár riachtanais oiliúna féin agus ar na rudaí sin uilig. Mar sin, is earnáil muid atá ábalta dul in oiriúint agus a bheith solúbtha. Tá an cumas sin i scoileanna Gaeilge déileáil leis na deacrachtaí de réir mar a thagann ann dóibh.” (Ceannaire Scoile)

Tháinig infhaighteacht ábhar teagaisc agus foghlama chun cinn mar ghné shuntasach d'acmhainn na soláthraithe. Tharraing rannpháirtithe aird ar an fhíric, cé go ndearnadh iarrachtaí lena chinntiú go mbeadh teacht ar ábhair trí Ghaeilge, go bhfuil an soláthar ag brath go fóill ar phróisis aistriúcháin seachas ar acmhainní bunaidh a fhorbairt.

“Is féidir aon cheann de cháilíochtaí CCEA (Cáilíochtaí Leibhéal Iontrála (ELQ), Leibhéal 1, Leibhéal 2, TGM agus GCE) a chur ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta ach iad a iarraidh. Áirítear leis seo aistriúchán na sonraíochtaí, na n-ábhar measúnaithe agus na n-acmhainní tacaíochta, agus tá sé i gceist ag CCEA leanúint leis an chur chuige seo. Cuireann an soláthar seo ar chumas foghlaimeoirí in earnáil na Gaelscolaíochta tabhairt faoin teagasc, faoin fhoghlaim agus faoi mheasúnuithe inmheánacha agus seachtracha araon trí Ghaeilge.” (CCEA)

In ainneoin na n-iarrachtaí seo, chuir rannpháirtithe béim ar an fhíric go bhfuil an réimse ábhar atá ar fáil teoranta go fóill i gcomparáid leis an tsoláthar trí Bhéarla.

“Bíonn ualach breise oibre ag baint le gach cúrsa úr… Ní bhíonn na hábhair ar fáil i nGaeilge i gcónaí. Mar sin, bíonn ar na múinteoirí atá ag teagasc na gcúrsaí seo na hábhair a aistriú agus iad a chur in oiriúint do na foghlaimeoirí.” (Comhairle na Gaelscolaíochta)

“Bíonn cuid de na bileoga oibre i mBéarla. Agus ansin, cibé duine atá ag teagasc dúinn, aistreoidh siad iad dúinn.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

“Níl duine ar bith ag dul a chur téacsleabhair ar fáil. Tá neart téacsleabhar amuigh ansin ar chúram leanaí, an tsiúinéireacht agus an ghruagaireacht, ach níl ceann ar bith acu i nGaeilge. Mar sin, bíonn na múinteoirí ag lorg ábhair theagaisc i mBéarla. Níl an t-am breise ann lena n-aistriú.” (Gaelchúrsaí)

“Tá páirtithe leasmhara ag tarraingt aird go seasta ar na dúshláin bhreise a bhaineann le curaclam tumoideachais a sholáthar nuair nach mbíonn acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil i nGaeilge go minic… Fuarthas amach i dtaighde go gcaitheann go leor múinteoirí cuid mhór ama ag aistriú agus ag cur ábhar in oiriúint nó ag forbairt ábhar lena n-úsáid sa seomra ranga. D'aithin scoileanna fosta go bhfuil gá le huirlisí measúnaithe atá deartha go sonrach d'fhoghlaimeoirí a fuair a gcuid oideachais trí mhúnla tumoideachais.” (An Roinn Oideachais)

Bíonn impleachtaí ag na teorainneacha seo maidir leis na hábhair atá ar fáil d'ualach oibre na foirne. In éagmais réimse leathan go leor d’acmhainní i nGaeilge, bíonn ar oideoirí am breise a chaitheamh ag aimsiú, ag aistriú agus ag cur ábhar in oiriúint le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

“Tá ualach oibre as cuimse orainn, tá ár n-ualach oibre millteanach mór. Ach más mian linn oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil a bhfuil eolas cuimsitheach againn uirthi, tá a fhios agat, a bhfuil gach gné di ar eolas againn. Tá a fhios againn cad é atá de dhíth. Tá caidreamh iontach maith againn leis na cleachtóirí atá ag obair ar an talamh, sa dóigh go bhfuil a fhios againn cad é atá de dhíth orthu agus gur féidir leo teacht chugainn agus a rá linn, tá a fhios agat, agus mar sin, bheadh sé iontach maith tacaíocht a fháil leis an oiliúint sin a chur ar fáil.” (Altram)

“Tugann an fhianaise le fios fosta nach dtéann cuid de na céimithe a chríochnaíonn cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí trí Ghaeilge isteach san earnáil ina dhiaidh sin, nó nach bhfanann siad inti, rud a tharraingíonn aird ar ábhair imní maidir le coinneáil an lucht saothair agus dul chun cinn gairme.” (An Roinn Oideachais)

“Bíonn muid iontach airdeallach ar an ualach oibre… Is féidir leis na nósanna imeachta atá ag [ainm na heagraíochta cáiliúcháin], agus an próiseas fada casta a gcaithfear dul tríd, a bheith measartha achrannach. Agus achan uair a athraíonn siad an dóigh a bhfeidhmíonn siad, caithfidh muid ár gcur chuige féin a athrú.” (Altram)

Cuirtear leis an bhrú seo de bharr an mhéid a ndearnadh cur síos air mar róspleáchas ar dhea-thoil taobh istigh den chóras. Fágann sé seo go mbíonn baill foirne ag glacadh le róil agus freagrachtaí éagsúla sa bhreis ar a ngnáthdhualgais, agus is minic nach bhfaigheann siad aitheantas ná luach saothair as.

“Tá muid ag brath barraíocht ar dhea-thoil daoine… Fanann daoine ann agus oibríonn siad a seacht ndícheall.” (Altram)

“Is é atá i gceist ná an chothroime sin a bheith ann… Ní leor a bheith ag brath ar dhea-thoil daoine níos mó.” (Gaelchúrsaí)

“Bítear ag súil leis go ndéanfaidh an fhoireann atá ag obair ar an talamh a gcuid oibre don lá. Bítear ag súil go nglanfaidh siad, go ndéanfaidh siad a gcuid breathnóireachtaí anois agus go dtabharfaidh siad faoi chúrsaí sa bhreis air sin. Agus níl fiú an spreagadh sin ann, ‘Má dhéanann tú an cúrsa seo, seans go bhfaighidh tú ardú pá’. Níl an dreasacht sin acu ach oiread.” (Altram)

D'aithin rannpháirtithe go raibh acmhainn foirne ina srian eile ar ullmhacht an chórais, go háirithe maidir leis an ghanntanas múinteoirí speisialaithe, agus go háirithe múinteoirí ar speisialtóirí ábhair iad agus atá inniúil ar an Ghaeilge fosta.

“Tarraingíonn an méid taighde agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara atá ag dul i méid aird ar dhúshláin ar leith a bhaineann le gairmcháilíochtaí a fhorbairt agus a choinneáil ar bun trí Ghaeilge, lena n-áirítear san Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM).” (An Roinn Oideachais)

“Tá soláthar múinteoirí agus inbhuanaitheacht an lucht saothair i gcoitinne go fóill ar na dúshláin is suntasaí atá roimh an earnáil. Tarraingíonn páirtithe leasmhara aird go rialta ar dheacrachtaí a bhaineann le múinteoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a earcú agus a choinneáil, go háirithe speisialtóirí ábhair iar-bhunscoile, múinteoirí ionaid, cúntóirí ranga agus baill foirne a bhfuil saineolas speisialaithe acu ar riachtanais speisialta oideachais (RSO).” (An Roinn Oideachais)

“Tá an teacht atá againn ar mhúinteoirí speisialaithe teoranta, agus cruthaíonn sé sin fadhbanna maidir le soláthar múinteoirí fosta. Ní féidir linn cáilíocht a chur ar fáil mura bhfuil múinteoir againn.” (Ceannaire Scoile)

“Is fadhb ollmhór é teagascóirí a aimsiú. Tá siad inniúil ar a gceird féin, ach ní múinteoirí iad. Tá muid ag déanamh múinteoirí de shiúinéirí agus de phluiméirí.” (Gaelchúrsaí)

Tharraing páirtithe leasmhara aird fosta ar an dóigh a raibh siad ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna seo:

“Le dul i ngleic leis na fadhbanna seo, tá an Roinn ag leanúint de thacaíocht a thabhairt do chonairí tiomnaithe Oiliúna Tosaigh Múinteoirí trí Ghaeilge, d'áiteanna oiliúna a bhfuil maoiniú cosanta acu agus do dheiseanna foghlama gairmiúla. Táthar ag súil leis fosta go gcuideoidh bearta le pleanáil an lucht saothair a neartú agus le daoine úra a mhealladh isteach sa ghairm, lena n-áirítear an scéim sparánachta do mhúinteoirí a tugadh isteach le gairid, le hinbhuanaitheacht na hearnála amach anseo.” (An Roinn Oideachais)

“Tá an fhoghlaim ghairmiúil ar fad, cé acu a chuirtear ar fáil í mar chuid de Chlár Tairisceana bliantúil an Údaráis Oideachais nó, le gairid, trí TransformED a chur i

bhfeidhm, go hiomlán inrochtana do chleachtóirí i suíomhanna Gaelscolaíochta. Áirítear leis seo an réimse iomlán tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí ag gach céim dá ngairm, lena chinntiú go mbainfidh oideoirí Gaelscolaíochta tairbhe as na deiseanna ardchaighdeáin céanna forbartha atá ar fáil ar fud na naíscoileanna reachtúla, na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna." (An Roinn Oideachais)

Tá dúshláin le feiceáil fosta sa neamhréir idir na conairí cáilíochta atá ann faoi láthair agus riachtanais na n-oideoirí gairmoideachais. Cé go bhfuil bealaí seanbhunaithe ann le múinteoirí Gaelscolaíochta a oiliúint, ní bhíonn siad inrochtana ná fóirsteanach i gcónaí do chleachtóirí a thagann isteach ón tionsclaíocht.

"Tá soláthar ar leith ag [soláthraí OTM] do mhúinteoirí Gaelscolaíochta. Bheadh rud éigin de dhíth orainn le hiarracht a dhéanamh na ceardaithe seo a thabhairt isteach agus dlús a chur fúthu ar dhóigh éigin… Teastas sa teagasc." (Gaelchúrsaí)

Cuireann na baic phraiticiúla ar fhorbairt foirne agus ar uasoiliúint leis an fhadhb seo, go háirithe i suíomhanna ina bhfuil an fhoireann faoi bhrú cheana féin.

"Mura féidir leat duine a fháil le seasamh isteach don fhoireann, bíonn ort a iarraidh ar bhaill foirne tabhairt faoin oiliúint sa tráthnóna nó san oíche. Mar sin, caithfidh dreasacht éigin eile a bheith ann leis an fhoireann a spreagadh le freastal ar an oiliúint, mar má tá croífhoireann agat atá cáilithe cheana féin ag na seirbhísí sóisialta le bheith ag obair sa tsuíomh sin, cad chuige a dtabharfadh siad a gcuid tráthnónta ar feadh ocht seachtaine le freastal ar oiliúint a ba léir a chuirfeadh feabhas ar a gcleachtas?" (Altram)

Mar fhreagairt ar na srianta seo, rinne roinnt soláthraithe cur síos ar an ghá le réitigh phragmatacha ghearrthéarmacha a ghlacadh leis an tsoláthar a choinneáil ar bun agus a fhorbairt. Mar sin féin, léirigh na réitigh seo an teannas idir sláine an tsoláthair trí Ghaeilge a chaomhnú agus a chinntiú gur féidir cúrsaí a chur ar fáil.

"Tuigim, lena chinntiú nach gcuirfear bac orainn, más cainteoir Béarla an réiteach leis na cúrsaí a chur ar bun agus a reáchtáil, sin an rud a dhéanfaidh muid." (Gaelchúrsaí)

Fiú nuair a ligeann na cineálacha cur chuige seo don tsoláthar dul chun cinn a dhéanamh, ní réitíonn siad na srianta struchtúracha níos doimhne atá taobh istigh den chóras measúnaithe agus cáilíochtaí, a leanann de bheith ag cur éilimh shuntasacha ar an fhoireann. Cuireann an riachtanas go mbeadh roinnt speisialtóirí ann do gach ábhar faoi choinne marcála agus modhnaithe brú breise ar an iarracht baill foirne a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a aimsiú agus cruthaíonn sé brú breise ó thaobh ualach oibre de.

“Is é ceann de na príomhdhúshláin an riachtanas go mbeadh inniúlacht ghairmiúil agus ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge araon ag céimithe, lena n-áirítear an cumas ábhar an churaclaim a theagasc trí Ghaeilge agus an téarmaíocht chuí a bhaineann go sonrach leis an ábhar a úsáid. Cuireann sé seo srian leis an líon daoine a d'fhéadfadh dul isteach i gconairí gairmiúla Gaelscolaíochta. Bíonn ar mhúinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta scileanna speisialaithe tumoideachais a fhorbairt fosta, le tacú le sealbhú teanga na ndaltaí taobh le foghlaim an churaclaim. Cruthaíonn sé seo riachtanais bhreise oiliúna sa mhullach orthu siúd a bhaineann le hoideachas múinteoirí sa ghnáthchóras.” (An Roinn Oideachais)

Taobh leis na dúshláin a bhaineann leis an teagasc agus le róil speisialaithe, tharraing rannpháirtithe aird fosta ar an ghanntanas foirne níos leithne ar fud an chórais, go háirithe i réimsí na tacaíochta, an chomhordaithe agus na forbartha.

“Faoi láthair, níl duine ar leith in [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] atá ainmnithe mar phríomhtheagmhálaí. Nuair a dhéanann na scoileanna teagmháil le [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe], bíonn siad á gcur ó dhuine go duine, tá a fhios agat, agus seans go labhródh siad le duine difriúil gach uair… Tá sé iontach scaipthe agus gan aon chomhordú ceart air. Is féidir go mbíonn sé doiligh orthu déileáil le fadhb ar bith a thagann chun cinn.” (Comhairle na Gaelscolaíochta)

“Níl oifigeach acmhainní againn, agus is dúshlán mór dúinn é sin.” (Altram)

Tharraing rannpháirtithe aird fosta ar an neamhréir idir an t-éileamh ar sholáthar trí Ghaeilge agus cumas na soláthraithe an soláthar sin a chur ar fáil. I roinnt cásanna, cuireadh síos ar an éileamh mar éileamh a bhí níos mó ná líon na n-áiteanna a bhí ar fáil, rud a chuir srian ar rochtain fiú nuair a bhí cúrsaí á gcur ar fáil.

“Níl ach acmhainn theoranta acu maidir leis an mhéid is féidir leo a chur ar fáil, agus sin an fáth a bhfuil liosta feithimh againn. Sílim go bhfuil 35 [dalta] ar an liosta feithimh againn faoi láthair.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Tá fadhb an mhaoinithe ghearrthéarmaigh easnamhaigh mar bhonn faoi chuid mhór de na fadhbanna a bhaineann le hacmhainn na soláthraithe a aithníodh ar fud na sonraí, agus cuireann sé srian suntasach ar chumas na soláthraithe pleanáil, fás agus freagairt don éileamh. Tharraing rannpháirtithe aird ar an dóigh a gcuireann timthriallta maoinithe éiginnte srian ar fhorbairt fhadtéarmach agus ar infheistíocht straitéiseach.

“Ós rud é go bhfuil an maoiniú á choinneáil faoi smacht chomh docht sin, ó bhliain go bliain, ní ligeann sé dúinn fás mar eagraíocht ná ár n-acmhainn a fhorbairt, mar ní féidir linn plean forbartha níos fadtéarmaí a chur le chéile.” (Altram)

“Tá gá le buiséid ilbhliantúla sa réimse seo. Mar sin, tá gá le fís níos fadtéarmaí. Agus níl an earnáil seo ach ag fás, agus tá tacaíocht de dhíth uirthi. Mar sin, tá gá le buiséad ilbhliantúil. Tá gá le leithdháileadh buiséid ar bhonn reachtúil.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Ar an leibhéal oibríochtúil, bhí dlúthbhaint ag srianta maoinithe leis na dúshláin a bhain le hacmhainn agus le bonneagar, rud a chruthaigh bac timthriallach ar an leathnú.

“Is fadhb é an maoiniú caipitil, ach ansin mura bhfuil na huimhreacha agat, níl an buiséad agat. Tá níos mó mic léinn de dhíth orainn leis an airgead a fháil leis na rudaí a cheannach, ach níl muid réidh i ndáiríre le rang ollmhór a ghlacadh, cé go bhfuil na mic léinn sin de dhíth orainn, tá a fhios agat?” (Gaelchúrsaí)

D'aithin rannpháirtithe fosta go raibh an easpa cur chuige straitéiseach comhtháite comhordaithe ina srian suntasach ar fhorbairt an tsoláthair gairmoideachais trí Ghaeilge. Go háirithe, rinne ceannairí scoile agus oideoirí cur síos ar an dóigh a bhfuil a gcuid oibre faoi láthair ilroinnte, seachas í a bheith á treorú ag fís shoiléir don chóras ina iomláine.

“Déantar cuid mhór dár gcuid oibre ar bhonn neamh-chomhtháite, gan aon straitéis uileghabhálach a bheith ann.” (Gael Linn)

“Is faoi na bunrudaí atá sé i ndáiríre seachas straitéis mhór. Dar liomsa, níl de dhíth orainn ach an méid atá ag na scoileanna Béarla, níos mó spáis agus, cinnte, an tacaíocht taobh istigh den roinn, sa dóigh go dtuigeann achan duine sa chóras go bhfuil an rud seo ann, agus seo mar a oibríonn sé, agus go n-oibríonn sé go díreach mar an gcéanna, agus go bhfuil siad i dteideal na rudaí céanna go díreach.” (Gaelchúrsaí)

“Ba cheart don straitéis a shocrú cad iad na bearnaí atá ann agus cé acu de na bearnaí is gá a líonadh, ach ní mar sin atá sé inár sochaí, mar níl an straitéis uileghabhálach sin againn.” (Gael Linn)

Go háirithe, cuireadh síos ar an tsoláthar luathbhlianta mar sholáthar nach raibh comhtháite go leor sa phlé níos leithne ar phleanáil agus ar bheartas, in ainneoin an róil bhunúsaigh atá aige i bhforbairt teanga.

“Nuair a bhíonn tú ag amharc ar obair forbartha ar bith atá ar bun don Ghaelscolaíocht, tríd is tríd, is mhinic a dhéantar dearmad ar na luathbhlianta Gaelscolaíochta fosta.” (Altram)

Tharraing rannpháirtithe aird ar an easpa oibre comhordaithe idir ranna rialtais, go háirithe maidir le beartas oideachais agus scileanna. Cé go ndearna siad cur síos ar roinnt rannpháirtíochta, léiríodh go raibh sí ilroinnte agus gur beag tionchar a bhí aici.

“Ní cosúil go bhfuil an Roinn Oideachais agus an Roinn Geilleagair ag dul i ngleic leis an fhadhb seo le chéile. Bhí siad i dteagmháil linn. Ní raibh toradh ar bith mórán ar an teagmháil sin, ach ar a laghad, bhí siad i dteagmháil linn thar na blianta, mar a bhí [ainm an chomhlachta curaclaim agus measúnaithe] agus an Roinn Geilleagair, cé nach raibh an oiread céanna teagmhála againn leis an Roinn Geilleagair, agus tá sé doiligh iad uilig a thabhairt le chéile san aon seomra amháin.” (Ceannaire Scoile)

Treisíonn na torthaí seo leis an ghá atá le comhordú agus infreastruchtúr ar leibhéal an chórais le tacú leis an tsoláthar, go háirithe i réimsí atá ag brath faoi láthair ar phróisis *ad hoc* nó neamhfhoirmiúla. Chuir rannpháirtithe béim ar an dóigh a gcuireann easpa meicníocht shoiléir chomhordaithe srian ar an mhaoirseacht straitéiseach agus ar an chur i bhfeidhm phraiticiúil araon.

“Sílim gurb é atá ar iarraidh ná comhordú ceart ar na rudaí atá de dhíth, ar an chuma atá ar an tsoláthar faoi láthair, agus ar an dóigh ar féidir linn an ghairmchonair seo a chur chun cinn mar rogha mhealltach… Duine a bheith ann a bheadh ábalta freastal ar na himeachtaí iar-16 agus dul i dteagmháil go díreach leis na scoileanna.” (Altram)

6.3 Eispéireas na bhFoghlaimeoirí

Labhair rannpháirtithe a bhí cláraithe ar chúrsaí gairmoideachais trí Ghaeilge go dearfach faoina gcuid eispéireas i gcoitinne. Bhí meas ag foghlaimeoirí ar nádúr praiticiúil a gcuid cúrsaí, ar an tacaíocht duine le duine ón fhoireann, ar an mhothú pobail agus ar an deis leanúint den Ghaeilge a úsáid i suíomh a raibh baint aige le fostaíocht amach anseo.

“Bhraith mé go raibh mé ag iarraidh dul amach ag obair lena fháil amach cad é a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Seachas a bheith ar scoil ag déanamh an staidéir ar fad gan taithí ar bith, bhí mé ag iarraidh dul amach agus tosú ag obair agus cúrsa a dhéanamh faoi choinne poist.” (Dalta)

“Tá dúil mhór againn uilig sa staidéar ar [gairmcháilíocht]… Tá mé iontach buíoch gur roghnaigh mé staidéar a dhéanamh anseo, leis an fhírinne a dhéanamh.” (Dalta)

“Is maith liom an dóigh ar féidir leat páirt a ghlacadh ann, agus bíonn sé iontach dírithe ar an duine aonair. Faigheann tú cuid mhór tacaíochta.” (Dalta)

Chuir foghlaimeoirí béim go seasta ar an fhíric go bhfuil riachtanais agus roghanna éagsúla ag foghlaimeoirí, agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag gairmchonairí, is cuma

cén teanga theagaisc atá i gceist, maidir le tacú le stíleanna foghlama agus uaillmhianta éagsúla.

“Tá sé iontach tábhachtach mar foghlaimíonn gach dalta ar dhóigh dhifriúil. Tá suimeanna éagsúla agus cumais éagsúla ag daoine.” (Comhairle na Gaelscolaíochta)

“Má bhím i mo shuí sa rang, ní bhím dírithe ar an obair… Ach más féidir liom an obair a dhéanamh le mo chuid lámh féin, b'fhearr liom sin a dhéanamh seachas a bheith i mo shuí sa rang ag scríobh as leabhair.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

“Bhraith mé go raibh mé ag iarraidh dul amach ag obair lena fháil amach cad é a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Seachas a bheith ar scoil ag déanamh an staidéir ar fad gan taithí ar bith, bhí mé ag iarraidh dul amach agus tosú ag obair agus cúrsa a dhéanamh faoi choinne poist.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

“Caithfidh muid a aithint nach bhfuil na cáilíochtaí ginearálta, is é sin TGManna agus A-leibhéil, fóirsteanach do gach duine.” (OCN)

“Rinne mé A-leibhéil… Agus ansin, ag an deireadh, ní raibh siad fóirsteanach domsa… Mothaíonn sé difriúil dom thíos anseo, go háirithe ó thaobh an tsocrúcháin de. Mar shampla, is fearr a thuigeann tú é nuair a bhíonn tú amuigh sa tsuíomh oibre.” (Dalta atá ag déanamh gairmcháilíochta)

Ag an am chéanna, rinneadh cur síos go minic ar an tsuíomh Gaelscolaíochta mar thimpeallacht foghlama a raibh béim mhór inti ar chaidrimh agus ar an phobal, rud a chuir go dearfach le heispéireas na bhfoghlaimeoirí.

“Tá siad iontach compordach anseo. Tá atmaisféar maith againn sa scoil.” (Ceannaire Scoile)

“Anseo, tá sé níos cosúla le pobal. Agus an rud a thug mé faoi deara faoin Ghaelscolaíocht i gcomparáid leis an oideachas Béarla ná go bhfuil mé ar comhchéim le gach duine eile anseo. Níl a leithéid de rud ann agus ‘Is mise an múinteoir agus is tusa an dalta’. Anseo, tá achan duine ar comhchéim, ar dhóigh.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Tháinig [daltaí] anseo le bheith ina bpluiméirí nó ina siúinéirí. Ach ansin, éiríonn siad mar chuid de rud éigin eile. Agus is é atá i gceist ná a chur in iúl dóibh, tá a fhios agat, ‘Tá tú ar comhchéim liomsa anseo!’ Níl seomra foirne ar bith againn anseo. Téann tú isteach sa chistin sin agus déanann tú cupán caife duit féin, agus beidh daltaí istigh ansin ag déanamh cupán caife dóibh féin fosta… Agus suífidh mé síos leo, agus ní bhíonn aon deighilt idir muid féin agus iad.” (Gaelchúrsaí)

“Tá mothú pobail ann. Tá muid uilig anseo le chéile. Is breá liom go mór é, i ndáiríre.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Tá i bhfad níos mó i gceist linn ná ranganna Gaeilge. Is pobal muid anseo, pobal de chainteoirí teanga agus d'fhoghlaimeoirí teanga. Agus sin an rún atá againn i ndáiríre, mar tagann daoine isteach anseo agus mothaíonn siad go bhfuil siad sa bhaile.” (Turas)

Príomhghné d'eispéireas na bhfoghlaimeoirí a bhí sa spreagadh láidir inmheánach a bhí acu le leanúint den Ghaeilge a úsáid agus a fhorbairt, spreagadh a raibh baint aige go minic leis an fhéiniúlacht, leis an leanúnachas agus leis an luach a shamhlaigh siad leis an teanga. Rinne foghlaimeoirí cur síos ar an mhian a bhí orthu a gcuid scileanna teanga a choinneáil agus iad a fhí isteach ina gcuid conairí amach anseo.

“Tá mé ag foghlaim Gaeilge ar feadh mo shaoil… B'fhearr liom é a dhéanamh i nGaeilge. Uaireanta, cuireann an Béarla lagmhisneach orm rud beag, mar tá níos mó Gaeilge ná Béarla agam.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Níl ciall ar bith leis an Ghaeilge uilig atá agat cheana féin a chur amú. Thiocfadh leat leanúint ar aghaidh léi chomh maith.” (Dalta)

“Bhí mé ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an Ghaeilge. Bhí sin iontach tábhachtach domsa fosta, mar tá aithne agam ar roinnt daoine a d'éirigh as an Ghaeilge go hiomlán i ndiaidh na scoile. Bhí mé féin ag iarraidh leanúint ar aghaidh léi. Tá mé ag iarraidh í a choinneáil beo.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Bhí mé ag iarraidh leanúint de mo chuid oideachais trí Ghaeilge.” (Dalta)

“Is é an difear atá idir an lá atá inniu ann agus 40 bliain ó shin ná nach raibh deis ag mo sheanathair Gaeilge a fhoghlaim, ach tá an deis sin againne anois, agus tá muid ag baint an oiread tairbhe agus is féidir aisti.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Tá mé á foghlaim ón naíscoil, mar sin tá mé ag labhairt Gaeilge ar feadh mo shaoil, go bunúsach. Mar sin, ba mhór an trua é dá stadfainn de bheith á labhairt nuair a bheinn níos sine.” (Dalta)

Lean an spreagadh seo de bheith ann agus foghlaimeoirí ag smaoineamh ar na roghanna gairme a bheadh acu amach anseo, agus léirigh go leor daltaí uaillmhianta leathana maidir le deiseanna a lorg trí Ghaeilge.

“Mar go bhfuil muid chomh cleachtaithe leis, mar go ndeachaigh daoine chuig meánscoil Ghaeilge, is dócha gur mhaith liom a bheith ábalta gairm a chleachtadh trí Ghaeilge.” (Dalta)

“Níl a fhios agam go fóill, ach ba mhaith liom rud éigin a dhéanamh trí Ghaeilge.” (Dalta)

“Sílim gur mhaith liom an Ghaeilge a theagasc.” (Dalta)

“Tá a fhios againn féin go mbíonn na scoileanna Gaeilge i gcónaí ag lorg foirne agus daoine atá líofa sa Ghaeilge. Mar sin… ba mhaith linn a bheith ag obair i mbunscoil Ghaeilge dá mbeadh muid ag obair le páistí, nó in ionad oibre Gaeilge.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

D'aithin foghlaimeoirí eile go mb'fhéidir go mbeadh orthu roghanna níos leithne a mheas mar gheall ar an líon teoranta ról den chineál sin a bhí ar fáil.

“B'fhearr liom a bheith ag obair i suíomh Gaeilge. Ach dá dtairgfí post dom, dhéanfainn mo mhachnamh ar a bheith ag obair in áit ar bith.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Tá a fhios agam gurb é an teagasc an t-aon rud a bhféadfá dul leis, Gaeilge a theagasc. Teagasc nó, mar shampla, aistriúchán. Níl mórán deiseanna ann.” (Dalta)

In ainneoin na ngnéithe dearfacha seo, bhí bearnaí suntasacha sna conairí dul chun cinn, go háirithe ag príomhphointí cinnteoireachta taobh istigh den chóras oideachais. Measadh go raibh tionchar ag an easpa feiceálacht fhadtéarmach seo ar roghnú ábhar ag céim luath, agus daltaí ag déanamh cinntí maidir le TGManna gan tuiscint shoiléir a bheith acu ar an dóigh a raibh na roghanna sin ceangailte leis na deiseanna iar-18. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh foghlaimeoirí conairí a roghnú nach mbeadh ag teacht leis na roghanna a bheadh acu amach anseo, rud a chuirfeadh leis an éiginnteacht agus a chuirfeadh srian ar dhul chun cinn.

“Níl conair shoiléir chun cinn chuig iar-18 ag ár gcuid daltaí i mBliain 10, agus iad 14 bliana d'aois. Agus sin an rud a bhfuil muid ag amharc air, go mbeadh conairí soiléire ann… Tá easpa soiléireachta ann nuair a bhíonn daltaí ag roghnú a gcuid TGManna maidir leis an áit a rachaidh siad sa deireadh.” (Ceannaire Scoile)

Rinne rannpháirtithe cur síos ar dheacrachtaí a bhaineann leis an aistriú idir leibhéil, agus tharraing siad aird ar an dóigh a bhféadfadh foghlaimeoirí a spreagadh a chailleadh agus éirí as a gcuid foghlama nuair nach mbíonn na bealaí dul chun cinn soiléir nó nuair a bhíonn siad dorochtana.

“Tá léim an-mhór, ollmhór idir an A-leibhéal, nó an dioplóma, agus an chéim. Agus arís, mar fhoghlaimeoirí fásta, tá sé sin iontach, iontach doiligh a bhaint amach.” (Turas)

“Más foghlaimeoir fásta thú, tá léim mhór idir TGM agus an A-leibhéal, agus faraor, is é a tharlaíonn ansin ná nach mbíonn daoine ábalta an léim sin a thabhairt, agus baineann sé an spreagadh díobh, agus cailleann tú iad.” (Turas)

“Tá cuid mhór de na gairmchonairí trí Ghaeilge… dírithe ar dhaoine a tháinig tríd an chóras Gaelscolaíochta, b'fhéidir. Mar sin, glactar leis go bhfuil leibhéal áirithe Gaeilge acu cheana féin… Ach i gcás foghlaimeoirí fásta, ní bhíonn siad ach ag teacht isteach sa teanga, agus más mian leo na conairí sin a leanúint agus obair a dhéanamh in earnáil na Gaelscolaíochta, bíonn sé i bhfad níos doiligh dóibh leanúint ar aghaidh nó na cáilíochtaí a bhaint amach atá de dhíth do na cúrsaí sin.” (Turas)

Cuireann riachtanais bhreise cáilíochtaí baic eile ar dhul chun cinn taobh istigh de bhealaí struchtúrtha gairmoideachais, amhail printíseachtaí, leis na dúshláin seo. Thug rannpháirtithe le fios gur minic a bhíonn ar fhoghlaimeoirí cáilíochtaí litearthachta, uimhearthachta nó teicneolaíochta faisnéise a bhaint amach taobh leis an ghairmoiliúint atá ar bun acu, rud a chuireann le castacht agus le hualach oibre na conaire ina hiomláine.

“Tá baic bhreise ann a bhíonn le sárú ag daoine, mar shampla, an riachtanas cáilíocht chomhthreomhar nó gairmcháilíocht a bhaint amach. Déanann siad litearthacht fosta, cáilíocht sa litearthacht nó san uimhearthacht nó sa teicneolaíocht faisnéise, mar chuid den chreat printíseachta, agus is féidir leis sin a bheith ina bhac ar dhaoine. Mar sin, níl an clár printíseachta fóirsteanach do gach duine, agus dóigh mhaith a bhí ann lena fháil amach an raibh an creat fóirsteanach dóibh nó arbh fhearr dóibh an cháilíocht amháin a dhéanamh, agus an raibh an earnáil fóirsteanach dóibh fosta.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Ar an dóigh chéanna, d'aithin páirtithe leasmhara sna scoileanna grúpa foghlaimeoirí nach raibh tacaíocht mhaith dá bpróifíl measctha, idir acadúil agus gairmoideachas, ar fáil dóibh sa chóras reatha.

“Tá grúpa daltaí againn sa lár ar dócha go rachaidh siad ar aghaidh chuig an ardoideachas, nó b'fhéidir chuig an ardoideachas tríd an bhreisoideachas, agus sin an áit a mbíonn tionchar mór ag na teorainneacha sa churaclam gairmoideachais ar dheiseanna na ndaltaí sin. Bheadh siad ábalta A-leibhéal traidisiúnta amháin nó dhá cheann a dhéanamh, agus iad a mheasúnú le scrúdú seachtrach ag an deireadh. Ach tá réimse eile scileanna acu fosta, agus bíonn siad iontach maith ag obair astu féin, go neamhspleách, nó ag déanamh taighde agus measúnuithe den chineál a bhaineann le hobair chúrsa.” (Ceannaire Scoile)

Bhí tionchar ag an dearcadh a bhí ann ar ghairmchonairí ar eispéireas na bhfoghlaimeoirí fosta. Thug rannpháirtithe le fios go raibh dúshláin leanúnacha ann

maidir le gairmcháilíochtaí a chur chun cinn mar cháilíochtaí a bhfuil creidiúint agus luach ag baint leo, go háirithe i gcomhthéacsanna ina dtugtar tús áite don dul chun cinn acadúil.

“Tá stiogma áirithe ag baint le gairmchonairí sa phobal go fóill, agus tá muid ag obair go dian le fáil réidh leis anseo.” (Ceannaire Scoile)

“Tá an t-éileamh ann, dar linne, tá an t-éileamh sin ann gan amhras. Is é an fhadhb atá ann gur sruthanna Gaeilge iad cuid mhór de na scoileanna Gaeilge, agus mar sin, is scoileanna neamhroghnaitheacha iad, ach go bhfuil siad mar chuid de scoil ghramadaí go pointe áirithe. Mar sin, is é an dúshlán ná an cineál sin cáilíochta a chur chun cinn agus a luach a léiriú do dhaoine a ghlacann leis go huathoibríoch go mbeidh daltaí ag dul ar an ollscoil agus nach nglacfaidh na hollscoileanna leis an cháilíocht sin.” (Gael Linn)

6.4 Inmharthanacht agus Scála an Mhargaidh

Mheas rannpháirtithe go raibh inmharthanacht an mhargaidh ar cheann de na príomhshrianta a raibh tionchar acu ar infhaighteacht gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge. Tuigeadh gur teannas idir éileamh, scála agus réaltachtaí tráchtála an tsoláthair cáilíochtaí a bhí i gcroílár na faidhbe seo. Chuir roinnt rannpháirtithe béim ar an fhíric go bhfeidhmíonn earnáil na Gaelscolaíochta taobh istigh de mhargadh measartha beag sainfheidhme, rud a chuireann srian suntasach ar a tarraingteacht d'eagraíochtaí cáiliúcháin.

“Ní bhíonn ach guth beag againn i gcónaí. Bíonn ár líon beag i gcónaí nó ní bhíonn ionadaíocht cheart againn.” (Altram)

Tharraing rannpháirtithe aird fosta ar an fhéidearthacht go léiríonn an t-éileamh íseal a shamhlaítear leis an tsoláthar easpa tuiscint leathan ar an Ghaelscolaíocht agus ar an dóigh a bhfeidhmíonn sí ó lá go lá. Measadh go raibh míthuiscintí faoin teanga agus faoin dóigh a n-úsáidtear í i suíomhanna oideachais ag cur lena himeallú agus ag cruthú fomheastacháin ar líon na bhfoghlaimeoirí a bhíonn ag plé leis an Ghaeilge.

“Uaireanta, ní thuigeann daoine í ar chor ar bith. Deir siad, ‘An labhraíonn sibh Gaeilge an lá ar fad? An labhraíonn sibh Gaeilge?’ Labhraíonn cinnte, téann muid chuig scoil Ghaeilge. Labhraíonn muid Gaeilge an lá ar fad, achan lá.” (Dalta gairmcháilíochtaí)

“Ní thuigtear an líon daoine atá ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge ar fud Thuaisceart Éireann, agus is minic nach n-aithnítear an tábhacht a bhaineann leis sin.” (Turas)

D'aithin eagraíochtaí cáiliúcháin agus soláthraithe taobh istigh d'earnáil na Gaelscolaíochta féin araon na hábhair imní a bhain le hindéantacht, éileamh agus

scála. Cé gur aithin rannpháirtithe a thábhachtaí atá sé an soláthar a leathnú, ba léir go raibh siad ar an eolas fosta go gcaithfear líon na bhfoghlaimeoirí, costais, inbhuanaitheacht agus réaltachtaí tráchtála an tsoláthair cáilíochtaí a chur san áireamh agus an soláthar á fhorbairt.

“Tá cuid mhór de na heagraíochtaí cáiliúcháin a chuireann na cáilíochtaí seo ar fáil lonnaithe i Sasana agus níl an acmhainn ná na scileanna acu lena gcuid cáilíochtaí a chur ar fáil i nGaeilge. Éascaíonn CCEA aistriúchán cháilíochtaí WJEC faoi láthair, ach dá dtiocfadh méadú suntasach ar líon na gcáilíochtaí ba ghá a aistriú, bheadh impleachtaí aige sin d'acmhainn agus do mhaoiniú CCEA lena chinntiú go gcoinneofaí caighdeán na seirbhíse mar a bhí.” (CCEA)

“Tá an t-éileamh íseal faoi láthair. Mar sin féin, is dócha go bhfuil tionchar ag na dúshláin pholaitiúla agus airgeadais níos leithne atá ann faoi láthair air sin, agus go bhféadfadh siad a bheith ag cur isteach ar líon na ndaoine a dhéanann na cáilíochtaí.” (OCN)

“Mar eagraíocht cháiliúcháin neamhspleách nach bhfaigheann maoiniú díreach ón rialtas, caithfidh muid machnamh cúramach a dhéanamh ar an líon daoine a bhfuil súil leis go nglacfaidh siad leis na cáilíochtaí agus muid á ndearadh agus á gcur ar fáil, go háirithe nuair a d'fhéadfadh costais bhreise a bheith ann do sholáthraithe. Cé gur minic a bhíonn suim shoiléir iontu, ní bhíonn éileamh leanúnach ann i gcleachtas i gcónaí mar thoradh ar an tsuim sin.” (OCN)

“Tá socrú le WJEC, an eagraíocht cháiliúcháin Bhreatnach, éascaithe ag CCEA Regulation fosta lena chinntiú go mbeidh teacht ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ar ghairmcháilíochtaí breise trí Ghaeilge go fóill. Tagann an socrú seo in áit socrú a bhí ann roimhe seo maidir le cáilíochtaí Pearson BTEC. Coinníonn CCEA Regulation an socrú seo faoi athbhreithniú rialta… Caithfidh an Roinn Oideachais (DE) cáilíochtaí a chuirtear ar fáil i scoileanna i dTuaisceart Éireann (TÉ) a cheadú sula dtosaítear ar an cháilíocht a theagasc.” (An Roinn Oideachais)

Cuireann nádúr tráchtála na n-eagraíochtaí cáiliúcháin leis na hábhair imní seo, mar feidhmíonn siad ar bhonn aisghabhála costas nó ar bhonn brabúis.

“Is eintitis tráchtála iad na heagraíochtaí cáiliúcháin, mar sin caithfidh siad airgead a shaothrú. Mura bhfuil ciall leis ó thaobh airgid de dóibh, ní bheidh siad sásta páirt a ghlacadh ann. Agus in earnáil na Gaelscolaíochta, níl na barainneachtaí scála sin ann.” (Gaelchúrsaí)

Aithníodh go raibh struchtúr mhargadh oscailte na gcáilíochtaí ag cur leis na dúshláin seo. Cé go bhfágann sé gur féidir réimse leathan cáilíochtaí a chur ar fáil i suíomhanna

oideachais Béarla, cuireann sé soláthar trí Ghaeilge faoi mhíbhuntáiste nuair a bhíonn an t-éileamh níos ísle.

“Is margadh oscailte é. Mar sin, oibríonn an margadh oscailte go maith do scoileanna Béarla, ach ní oibríonn sé go maith do scoileanna Gaeilge.” (Ceannaire Scoile)

“Tá muid thíos le margadh oscailte na gcáilíochtaí.” (Ceannaire Scoile)

Cuireadh costais sheasta fhorbairt agus chothabháil na gcáilíochtaí i láthair mar shrian breise ar níos mó gairmcháilíochtaí a fhorbairt trí Ghaeilge. Cuireann sé seo ualach díréireach ar ghrúpaí beaga foghlaimeoirí, go háirithe i gcomparáid leis an líon mhór daoine a thugann faoi cháilíochtaí trí Bhéarla.

“Ní costas aonuaire é an t-aistriúchán. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí thart ar gach trí bliana. Mar sin, caithfidh aon athrú a bheith faofa ag an tsaineolaí teanga agus ag an scrúdaitheoir arís, ar ndóigh, mar caithfidh muid a chinntiú go bhfuil an t-aistriúchán ceart fosta. Mar sin, nuair a thugann tú an gealltanas sin, bíonn costais leanúnacha ag baint leis.” (OCN)

Tharraing rannpháirtithe aird ar an fhíric nach próiseas simplí ná neodrach é an t-aistriúchán, ach próiseas a bhfuil rioscaí ag baint leis ó thaobh cruinnis agus bhailíocht an mheasúnaithe de. Go háirithe, léiríodh imní faoi chruinneas na téarmaíochta a bhaineann go sonrach le hábhair éagsúla, mar go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ag fiú mion-neamhréireachtaí san aistriúchán ar fheidhmíocht na bhfoghlaimeoirí.

“Fuarthas amach i dtaighde go gcaitheann go leor múinteoirí cuid mhór ama ag aistriú agus ag cur ábhar in oiriúint nó ag forbairt ábhar lena n-úsáid sa tseomra ranga. D'aithin scoileanna fosta go bhfuil gá le huirlisí measúnaithe atá deartha go sonrach d'fhoghlaimeoirí a fuair a gcuid oideachais trí mhúnla tumoideachais.” (An Roinn Oideachais)

Tharraing roinnt rannpháirtithe aird fosta ar dhinimic shochpholaitiúil agus chultúrtha níos leithne a raibh tionchar aici ar inmharthanacht an tsoláthair trí Ghaeilge. Cuireadh síos ar an Ghaeilge féin mar theanga a bhfuil íogaireacht pholaitiúil leanúnach áirithe ag baint léi, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhac ar rannpháirtíocht agus ar fhorbairt.

“Sílim gurb é an bac atá ann anseo sa tuaisceart ná, má luann tú an Ghaeilge, go ndeir daoine, ‘Ó, níl mé ag iarraidh labhairt faoi sin ar chor ar bith’. Tá a fhios agat, tarlaíonn a leithéid sin go minic i ngach áit… Smaoinigh ar an Ghaeilge, rud ar bith a bhí muid ag iarraidh a reáchtáil ag an tús, déarfadh daoine linn, ‘Sea, ach cad é faoin Ultais?’” (Gaelchúrsaí)

Chuir rannpháirtithe béim ar an fhíric go gcaithfidh aon leathnú ar an tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a bheith bunaithe ar fhócas ar cháilíocht, ar chuspóir agus ar inbhuanaitheacht.

“Oibreoidh an Roinn go dlúth leis an earnáil fosta agus féachfaidh sí le haon deis dhearfach a shainaithint le gairmcháilíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge.” (An Roinn Oideachais)

“Tá CCEA tiomanta go fóill dá chuid cáilíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge ach iad a iarraidh agus teacht ar cháilíochtaí breise a éascú trína sheirbhísí aistriúcháin, de réir mar a cheadaíonn a acmhainn.” (CCEA)

“Má chuireann tú réimse gairmcháilíochtaí ar fáil agus an iomarca oibre á cur ar dhaoine, agus mura mbíonn i gceist ansin ach tic a chur sa bhosca, cuirtear an cháilíocht i mbaol. Mar sin, caithfidh muid a chinntiú go bhfuil dearbhú cáilíochta déanta ar na cáilíochtaí agus go ndéantar maoirseacht chuí ar a ndearadh agus ar a soláthar.” (Altram)

D'fhéadfadh athruithe atá le teacht tosú ag dul i ngleic le cuid de na dúshláin seo.

“Seolfaidh an Roinn Ardán úr Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí (TPL) in 2027 ina mbeidh acmhainní saincheaptha d'earnáil na Gaelscolaíochta, agus tá sí ag obair le Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) le Pobal Foghlama Gaelscolaíochta ar leith a bhunú.” (An Roinn Oideachais)

6.5 Rannpháirtíocht Fostóirí agus Páirtithe Leasmhara

Tháinig rannpháirtíocht le fostóirí, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara níos leithne chun cinn mar ghné ríthábhachtach den tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a choinneáil ar bun agus a fhorbairt araon. Cuimsíonn an rannpháirtíocht seo struchtúir pholaitiúla fhoirmiúla, grúpaí comhairleacha agus fóraim a bhaineann go sonrach leis an earnáil, rud a léiríonn iarracht tionchar a imirt ar chinnteoireacht agus feasacht a ardú ar riachtanais ar leith an tsoláthair trí Ghaeilge.

“Bíonn muid i dteagmháil leis na grúpaí Uilepháirtí agus freastalaíonn muid orthu maidir le rud ar bith a bhaineann le luathbhlianta na Gaelscolaíochta.” (Altram)

“Bhí muid páirteach ansin agus ina oiread grúpaí oibre agus ab fhéidir a bhí ag amharc ar chúrsaí luathbhlianta i gcoitinne agus á chinntiú go mbeadh guth ag earnáil luathbhlianta na Gaelscolaíochta iontu.” (Altram)

“Tá sé iontach tábhachtach nasc a bheith againn le hionadaithe polaitiúla.” (Altram)

“Baineann cuid mhór de leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus lena chinntiú go mbíonn muid páirteach sna fóraim ábhartha sin… Agus taobh leis sin, dul i dteagmháil le hionadaithe polaitiúla ar bith a bhfuil béim ar leith acu ar an luathoideachas nó ar an oideachas agus ar an chúram leanaí i gcoitinne, lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas fúinn agus faoin ról atá againn agus faoi na castachtaí agus na dúshláin atá roimh an earnáil.” (Altram)

Ar leibhéal an tsoláthair, cuireadh síos ar rannpháirtíocht fostóirí mar phríomhspreagadh i ndearadh agus i soláthar clár gairmoideachais. Go háirithe, measadh go raibh ról tábhachtach ag samhlacha atá bunaithe ar éileamh, amhail acadaimh oiliúna, maidir leis an tsoláthar a chur ar aon dul le riachtanais mhargadh an tsaothair. Tharraing rannpháirtithe aird ar an éileamh láidir in earnálacha ar leith, go háirithe i róil chúraim leanaí agus tacaíochta sa seomra ranga, ina bhfuil an soláthar trí Ghaeilge ag leathnú go gasta agus ina mbíonn torthaí fostaíochta ard go seasta.

“Tá éileamh ollmhór ar uasoiliúint, mar sin is i gcúram leanaí agus i measc cúntóirí ranga a bheidh an t-éileamh is mó… Bíonn ag éirí thar barr leo ó thaobh torthaí de ar fud ár gcuid acadamh uilig, agus téann níos mó ná 90% de na daoine isteach i bhfostaíocht nó faigheann siad post níos fearr mar thoradh ar an acadamh. Mar sin, agus sin an fáth a bhfuil an t-éileamh sin ó fhostóirí ann.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

“Tá réimse caiféanna agus bialanna Gaeilge ag teacht chun cinn i bpobal na Gaeilge. Agus tá éileamh ar lónadóireacht, mar shampla. Mar sin, cuireann muid an oiliúint sin ar fáil. Thug muid oiliúint barista isteach anuraidh, agus cuireadh sin ar fáil trí Ghaeilge.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Ar bhonn níos leithne, chuir rannpháirtithe béim ar an fhíric gur féidir soláthar a fhorbairt agus a leathnú de réir an éilimh nuair a bhíonn éileamh ann ó fhostóirí. Mar sin, cuireadh síos ar ról na gclár oiliúna mar bhealach leis an bhearna idir soláthar agus éileamh a líonadh, lena chinntiú go mbeadh na scileanna riachtanacha ag foghlaimeoirí le teacht ar na deiseanna fostaíochta atá ar fáil.

“Níl aon ghanntanas fostóirí ann. Tá ár gcuid acadamh go léir bunaithe ar éileamh. Mar sin, mura bhfuil fostóirí ann, ní reáchtálann muid iad, nó méadaíonn nó laghdaíonn muid an soláthar de réir an éilimh. Ach tá na deiseanna fostaíochta ann… Agus baineann muid úsáid as na hacadaimh leis an bhearna sin a líonadh.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Tháinig comhoibriú trasteorann chun cinn fosta mar ghné thábhachtach den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Rinne rannpháirtithe cur síos ar chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí i bPoblacht na hÉireann agus sa Bhreatain

Bheag mar bhealach luachmhar le hacmhainní a chomhroinnt agus an soláthar a neartú, go háirithe i gcomhthéacs an mhaoinithe agus na hacmhainne teoranta i dTuaisceart Éireann.

“Comhoibríonn CCEA le WJEC (eagraíocht cháiliúcháin atá lonnaithe sa Bhreatain Bheag) fosta trí aistriúcháin ar réimse dá chuid cáilíochtaí a éascú.” (CCEA)

“Tá socrú le WJEC, an eagraíocht cháiliúcháin Bhreatnach, éascaithe ag CCEA Regulation fosta lena chinntiú go mbeidh teacht ag foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ar ghairmcháilíochtaí breise trí Ghaeilge go fóill. Tagann an socrú seo in áit socrú a bhí ann roimhe seo maidir le cáilíochtaí Pearson BTEC. Coinníonn CCEA Regulation an socrú seo faoi athbhreithniú rialta.” (An Roinn Oideachais)

“Nuair a bhronntar teastais i nGaeilge, cuireann muid nóta leo ina léirítear an teanga inar cuireadh an cháilíocht ar fáil. Tugann sé seo deis aird a tharraingt ar ghnóthachtáil dhátheangach agus ar inniúlacht chultúrtha. B'fhiú fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a dtacaíonn an t-aitheantas seo le foghlaimeoirí, go háirithe ó thaobh ionchais fostaíochta de, agus ar an dóigh a bhféadfadh sé buntáiste breise a thabhairt dóibh i margadh an tsaothair.” (OCN)

Tharraing rannpháirtithe aird fosta ar na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le socrúcháin oibre trí Ghaeilge a aimsiú, go háirithe i réimsí gairmoideachais ina bhfeidhmíonn ionaid oibre trí Bhéarla den chuid is mó. Cuireann sé seo teorainn leis na deiseanna atá ag foghlaimeoirí a gcuid scileanna teanga a chur i bhfeidhm go hiomlán i gcomhthéacsanna gairmiúla agus d'fhéadfadh sé nádúr tumoideachais a gcuid oiliúna a lagú.

“Caithfidh muid fanacht go bhfeicfidh muid an mbeidh siad ábalta teagascóirí a fháil trí Ghaeilge… Déarfainn go dtógfaidh sé glúin iomlán leis sin a bhaint amach, mar sin i gceann 15 nó 20 bliain eile, tá a fhios agat, beidh sé suimiúil a fheiceáil cá mbeidh siad leis seo.” (DfE Careers)

6.6 Léargais Chomparáideacha

Léirigh léargais chomparáideacha ó dhlínsí eile nach í an teanga amháin a mhúnlaíonn na dúshláin atá roimh an tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, ach dearadh an chórais níos leithne fosta. Aithníodh an Bhreatain Bheag arís agus arís eile mar shampla úsáideach faoi choinne comparáide, go háirithe mar go bhfuil an soláthar trí Bhreatnais leabaithe ar dhóigh níos córasaí i gcóras na gcáilíochtaí. I dTuaisceart Éireann, is féidir cáilíochtaí a chur ar fáil i nGaeilge nó i mBéarla, ach sa Bhreatain Bheag, tá ceanglas reachtúil ann cáilíochtaí a chur ar fáil i mBreatnais (féach Caibidil 2). Measadh go raibh an difríocht seo

suntasach mar go gcruthaíonn sí ionchas struchtúrach níos láidre maidir leis an tsoláthar trí Bhreatnais, i gcomparáid leis an tseasamh níos roghnaí nó níos míchothroime atá ag an tsoláthar trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann.

“Maidir leis an oideachas trí Bhéarla agus an Ghaelscolaíocht, síleann daoine gur dhá chonair ar leith iad nár cheart a thabhairt le chéile, ach ní mar sin atá sé. Agus má amharcann tú ar an Bhreatain Bheag go háirithe, ritheann gach rud go comhthreomhar.” (Gael Linn)

“Ar ndóigh, is í an Bhreatain Bheag an eiseamláir, mar leagann siad síos spriocanna agus tá reachtaíocht acu, agus níl an dara rogha ann ach iad a chomhlíonadh.” (Ceannaire Scoile)

“I dTuaisceart Éireann, caithfear cáilíochtaí a chur ar fáil i mBéarla agus/nó i nGaeilge, agus creidim go dtugann sé sin leithscéal áirithe d'eagraíochtaí cáiliúcháin, ina n-intinn féin, gan a gcuid dualgas d'earnáil na Gaelscolaíochta a chomhlíonadh.” (Ceannaire Scoile)

Ag an am chéanna, léiríonn eispéireas na Breataine Bige fosta nach réitíonn tacaíocht reachtúil ná rialála gach dúshlán. Rinne an rannpháirtí ón Bhreatain Bheag cur síos ar chóras casta cáilíochtaí, go háirithe maidir leis an tsoláthar gairmoideachais, a bhfuil réimse leathan cáilíochtaí ann ach nach bhfuil ach céatadán beag acu ceadaithe le haghaidh maoiniú poiblí ag an leibhéal iar-16.

“Tá rudaí i bhfad níos fusa sa Bhreatain Bheag sa mhéid is go bhfuil níos mó ná eagraíocht cháiliúcháin amháin againn sa Bhreatain Bheag, ach tá príomheagraíocht cháiliúcháin amháin againn… Agus nuair a chuir muid an tairiscint úr cáilíochtaí náisiúnta do dhaoine idir 14 agus 16 bliana d'aois ar fáil, maidir leis na TGManna, na cáilíochtaí ginearálta, cuireadh coinníoll speisialta i bhfeidhm, is é sin go gcaithfeá an réimse iomlán a chur ar fáil dá mbeifeá ag iarraidh TGM amháin a chur ar fáil. Mar sin, sin an fáth nach bhfuil ach eagraíocht cháiliúcháin amháin againn maidir leis na cáilíochtaí ginearálta sa Bhreatain Bheag. Ach maidir leis na gairmcháilíochtaí, tá sé i bhfad níos casta ná sin. Faoi láthair, tá níos mó ná 3,000 cáilíocht ar fáil le maoiniú poiblí sa Bhreatain Bheag. Níl ach 3% de na cáilíochtaí sin ceadaithe d’iar-16.” (Qualifications Wales)

Mar sin, léiríonn eispéireas na Breataine Bige go bhfuil teannas den chineál chéanna ann agus atá i dTuaisceart Éireann, sa mhéid go raibh tiomantas ann do rochtain chomhionann d'fhoghlaimeoirí trí Bhreatnais, ach taobh istigh de chóras cáilíochtaí a raibh sciar an mhargaidh agus na castachtaí a bhaineann le cothroime urraime ag dul i bhfeidhm air.

“Caithfidh muid a chinntiú go bhfuil an méid atá siad a chur ar fáil inmharthana ó thaobh airgid de, tá a fhios agat, i bhfianaise a sciar den mhargadh sa Bhreatain Bheag. Sin an phríomhfhadhb atá againn faoi láthair, mar sin. Tá córas na gcáilíochtaí iontach fairsing. Tá siad iontach casta ar fad. Tá sé doiligh ar choláistí agus ar fhoghlaimeoirí a mbealach a dhéanamh tríd gach rud atá sa réimse sin, ach tá teannas áirithe ann, agus bíonn ceisteanna deacra againn i gcónaí maidir le cothroime urraime. Mar sin, tá muid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ar cháilíochtaí ag foghlaimeoirí i gcoitinne agus ag foghlaimeoirí trí Bhreatnais sa Bhreatain Bheag.” (Qualifications Wales)

Léiríonn comparáid leis an Bhreatain Bheag a thábhachtaí atá comhordú straitéiseach agus caidrimh ar fud an chórais. Rinne rannpháirtithe cur síos ar iarrachtaí a bheith ag obair ar dhóigh níos straitéisí le soláthraithe iar-16 agus le heagraíochtaí cáiliúcháin, cé gur aithin siad go bhfuil cuid mhór den obair seo ag brath go fóill ar rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil agus ar chaidrimh a chothú.

“Baineann cuid mhór de seo i ndáiríre leis an idirphlé oscailte sin a bheith ann, le caidrimh maidir le bronnadh cáilíochtaí a spreagadh, agus leis na naisc idir na heagraíochtaí cáiliúcháin agus na soláthraithe féin a chothú, agus muid ag iarraidh na caidrimh sin a éascú oiread agus is féidir linn.” (Qualifications Wales)

Tharraing rannpháirtithe aird fosta ar Phoblacht na hÉireann mar shampla de chóras ina bhfuil an soláthar trí Ghaeilge leabaithe ar dhóigh níos struchtúrtha, agus measadh go bhféadfadh an córas sin a bheith ag teacht níos fearr le riachtanais na bhfoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann, go háirithe mar gheall ar a struchtúir láraithe cáilíochtaí. Thug rannpháirtithe le fios go bhféadfadh córas níos dúnta, ina mbeadh comhlacht scrúdúcháin amháin freagrach as an tsoláthar, a bheith níos ábalta réimse níos leithne agus níos cothroime ábhar a chinntiú.

“Bheadh córas Phoblacht na hÉireann i bhfad níos fóirsteanaí dúinn agus d'fhreastalódh sé i bhfad níos fearr ar ár gcuid riachtanas. Agus mar sin, is é an cheist atá ann cad chuige nach féidir linn cuid de na cúrsaí atá ar fáil sa Phoblacht a dhéanamh?” (Ceannaire Scoile)

“Dá mbeadh margadh dúnta ann agus comhlacht scrúdúcháin amháin, mar atá sa Phoblacht, bheadh dualgas orthu réimse leathan ábhar gairmoideachais agus acadúil a chur ar fáil do dhaltaí eile agus do gach duine. Bheadh cothrom na Féinne ann.” (Ceannaire Scoile)

Mar sin féin, d'aithin rannpháirtithe nach bhfuil sé simplí cáilíochtaí a aistriú ó dhlínse amháin go dlínse eile trasna na teorann.

“Cuireann an chríochdheighilt go mór leis na fadhbanna, mar tá líon na bpáistí sa Ghaelscolaíocht roinnte idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir dhá chóras oideachais, agus tá a fhios agat, na hacmhainní éagsúla uilig atá ann. Ní bheadh téacsleabhar a bheadh fóirsteanach do Stair na hArdteistiméireachta fóirsteanach do Stair an A-leibhéil, agus mar sin de… Bheadh sé i bhfad níos fearr d'earnáil chomh beag sin dá mbeadh níos mó comhoibrithe trasna na teorann, nó mura mbeadh, deiseanna níos cothroime ón mhargadh oscailte.” (Ceannaire Scoile)

Luadh Sasana fosta mar shampla le comparáid a dhéanamh maidir le forbairt conairí. Thug rannpháirtithe le fios go bhfuil réimse roghanna níos leithne ag foghlaimeoirí i Sasana ná mar atá ar fáil faoi láthair d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann, mar gheall ar fhorbairt gairmchonairí agus conairí acadúla níos soiléire, lena n-áirítear T Levels agus gairmcháilíochtaí malartacha. Tharraing rannpháirtithe aird fosta ar an dóigh a bhfágann an réimse roghanna atá ar fáil in aice láimhe go bhfuil an easpa roghanna coibhéiseacha trí Ghaeilge níos soiléire.

“Nuair a amharcaim ar [an tsoláthar i scoileanna Béarla áitiúla], tugann sé léargas dom ar an mhéid atá ar fáil, ach tugann sé léargas dom fosta ar an mhéid nach bhfuil ar fáil in earnáil na Gaelscolaíochta, agus ar na deiseanna a bhfuil ár gcuid daltaí ag cailleadh amach orthu agus ar na dóigheanna a mbeidh ár gcuid daltaí faoi mhíbhuntáiste.” (Ceannaire Scoile)

6.7 Moltaí na Rannpháirtithe

D'aithin rannpháirtithe réimse deiseanna praiticiúla leis an tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a neartú. Cé gur de chineál struchtúrach iad cuid mhór de na dúshláin a leagadh amach sna codanna roimhe seo, ba léir go bhféadfadh idirghabhálacha spriocdhírithe, go háirithe ar leibhéal an chórais, feabhas suntasach a chur ar rochtain agus ar inbhuanaitheacht araon.

Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile é an gá le riachtanais an tsoláthair trí Ghaeilge a chur san áireamh ó na céimeanna is luaithe de dhearadh beartais agus cáilíochtaí, seachas iad a chur leis ina dhiaidh sin. Tharraing rannpháirtithe aird ar an dóigh a mbíonn moilleanna ann mar gheall ar na cuir chuige reatha, go háirithe an spleáchas ar aistriúchán *post-hoc*, agus ar an dóigh a dtreisíonn siad an mothú go bhfuiltear á n-imeallú taobh istigh den chóras.

Chomh maith leis sin, chuir rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá infheistíocht leanúnach straitéiseach. Áiríodh leis sin maoiniú caipitil, croímhaoiniú fadtéarmach agus tacaíocht reachtúil lena chur ar chumas soláthraithe pleanáil, leathnú agus freagairt go héifeachtach don éileamh. In éagmais na tacaíochta sin, measadh go raibh srian ar an fhás agus go raibh sé frithghníomhach seachas réamhghníomhach.

“Sílim gurb iad an maoiniú caipitil, an tacaíocht reachtúil agus an tacaíocht ó na ranna rialtais, agus an croímhaoiniú níos fadtéarmaí don obair seo, na rudaí is tábhachtaí le go n-éireoidh léi.” (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste)

Aithníodh forbairt an lucht saothair fosta mar phríomhréimse ina raibh gá le hidirghabháil. Mhol rannpháirtithe straitéisí láithreacha agus fadtéarmacha araon, lena n-áirítear dreasachtaí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil scileanna speisialaithe acu, conairí oiliúna a leathnú agus meicníochtaí comhordaithe a fhorbairt le pleanáil an lucht saothair. Go háirithe, measadh nach raibh aitheantas leordhóthanach á thabhairt taobh istigh de na struchtúir reatha don tacar scileanna ar leith atá de dhíth leis an tsoláthar trí Ghaeilge a chur ar fáil.

“Tá deiseanna ann dóibh aitheantas iomlán a fháil don tacar scileanna ar leith atá de dhíth le bheith ag obair sa tumoideachas i luathbhlianta na Gaelscolaíochta. Agus, tá a fhios agat, is é an rud atá muid a mholadh ná dreasacht de chineál éigin a bheith ann ina dtabharfaí aitheantas don tacar scileanna sin agus ina dtabharfaí luach saothair as, mar shampla trí ardú pá, nó idirdhealú de chineál éigin a dhéanamh idir iad agus gnáthchleachtóir a chuireann clár trí Bhéarla ar fáil.” (Altram)

Ag leibhéal an chórais, d'aithin rannpháirtithe deiseanna leis an infreastruchtúr agus leis na comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a úsáid ar dhóigh níos comhordaithe agus níos straitéisí. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí le heagraíochtaí cáiliúcháin agus le rialtóirí, mar shampla, moil Ghaelscolaíochta a fhorbairt, modhnóirí Gaeilge a oiliúint agus leas a bhaint as an saineolas atá ag eagraíochtaí amhail CCEA. Bhí éileamh soiléir ann fosta ar mhaoirseacht níos láidre ar fhorbairt an lucht saothair, lena n-áirítear ról comhordaithe ar leith a thabhairt isteach le conairí a chur chun cinn, le bheith ag plé le páirtithe leasmhara agus le bearnaí ar fud na hearnála a shainaithint.

“Ceann de na moltaí ná amharc ar fhorbairt an lucht saothair agus ról comhordaithe de chineál éigin a chruthú, mar shampla oifigeach forbartha lucht saothair a d'fhéadfadh maoirseacht a dhéanamh ar chur chun cinn na hearnála mar chonair, agus dul i dteagmháil fosta leis na páirtithe leasmhara éagsúla go léir atá páirteach i soláthar na Gaelscolaíochta nó na seirbhísí luathbhlianta ar fud an tuaiscirt, agus amharc ar na bearnaí atá ann.” (Altram)

Bhí tacaíocht láidir ann d'fhiosrú a dhéanamh ar chomhoibriú trasdlínse, go háirithe le Poblacht na hÉireann, áit a bhféadfadh soláthar comhordaithe cuidiú le dul i ngleic leis na bearnaí sa chóras reatha.

“Bhí an cheist curtha againn ar an Roinn an bhféadfaí fiosrú a dhéanamh ar chuid de na cúrsaí gairmoideachais atá ar fáil sa Deisceart… An dtiocfadh linn leas a bhaint

astu sin? Ar ghá mionathruithe a dhéanamh lena chinntiú go mbeadh siad fóirsteanach mar cháilíochtaí anseo?… Is cinnte go bhfuiltear toilteanach na deiseanna sin a fhiosrú." (Comhairle na Gaelscolaíochta)

Chuir rannpháirtithe béim bhreise ar a thábhachtaí atá sé an rannpháirtíocht le heagraíochtaí cáiliúcháin a neartú, lena n-áirítear breis cuntasachta a éileamh agus, nuair is gá, brú a chur orthu leis an tsoláthar a leathnú.

"An féidir leis [an Roinn] dul i dteagmháil leis na comhlachtaí scrúdúcháin agus brú beag a chur orthu… Mura bhfuil [an Eagraíocht Cháiliúcháin] sásta cáilíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge, nach dtiocfadh leis an tuaisceart ar fad tarraingt amach as an tsocrú sin?" (Comhairle na Gaelscolaíochta)

"Is é atá i gceist anseo ná go mbeadh an Roinn Oideachais agus an tAire ábalta brú a chur ar na boird scrúdúcháin le cáilíochtaí a chur ar fáil i nGaeilge." (Ceannaire Scoile)

Chomh maith leis na hathruithe ag leibhéal an chórais, rinneadh moltaí praiticiúla a bhí dírithe ar an tsoláthar agus ar an inrochtaineacht a fheabhsú. Áiríodh leo sin comhordú níos fearr ar sheirbhísí aistriúcháin, forbairt acmhainní comhroinnte agus bonneagar níos soiléire le tacú le soláthraithe.

"Nuair a bhíonn muid ag iarraidh cáilíocht a aistriú go Gaeilge, bheadh sé úsáideach dá mbeadh suíomh gréasáin nó rud éigin ann a dtiocfadh linn dul chuige agus liosta ceadaithe de sholáthraithe a mbeadh teacht againn orthu ann. Mar faoi láthair, is é a bhí orainn a dhéanamh ná… an t-idirlíon a chuardach, nó cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí a bhfuil a fhios againn go gcuireann siad seirbhís aistriúcháin ar fáil tairiscint a dhéanamh ar an obair sin." (OCN)

6.8 Conclúid

Ar an iomlán, léiríonn na sonraí cáilíochtúla a bailíodh go mbíonn tionchar ag idirghníomhú casta idir éileamh, acmhainn, dearadh an chórais agus dálaí an mhargaidh ar an tsoláthar gairmoideachais trí Ghaeilge. D'aithin rannpháirtithe easpa cothroime idir an soláthar trí Ghaeilge agus an soláthar trí Bhéarla, go háirithe maidir le leithead réimse na n-ábhar agus na gcáilíochtaí atá ar fáil. Bíonn iarmhairtí praiticiúla ag an infhaighteacht theoranta seo d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear srian ar roghnú ábhar, cur isteach ar chonairí dul chun cinn, aistriú chuig suíomhanna oideachais trí Bhéarla agus caillteanas féideartha muiníne agus líofachta sa teanga.

Ag an am chéanna, léiríonn na sonraí nach ceist éilimh amháin atá ann. In ainneoin an éilimh shuntasaigh ar ghairmchonairí trí Ghaeilge, tá srianta roimh sholáthraithe, lena n-áirítear spás teoranta, ganntanas foirne, easpa ábhair theagaisc, ualach trom

oibre, maoiniú gearrthéarmach agus comhordú straitéiseach teoranta. Fágann na srianta seo, fiú nuair a bhíonn fonn ann an soláthar a chur ar fáil, nach mbíonn an córas ullamh i gcónaí ná na hacmhainní aige leis an tsoláthar a choinneáil ar bun go hinbhuanaithe.

Léiríonn na torthaí fosta go bhfuil luach ar leith ag baint leis an soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí. Rinne rannpháirtithe cur síos ar shuíomhanna Gaelscolaíochta mar shuíomhanna a raibh béim ar an phobal iontu, agus léirigh foghlaimeoirí spreagadh láidir le leanúint den Ghaeilge a úsáid san oideachas, san fhostaíocht agus sa tsaol i gcoitinne. Mar sin féin, is minic a bhaineann bealaí doiléire dul chun cinn, easpa soiléireachta maidir le deiseanna gairme agus réimse cúng cáilíochtaí aitheanta an bonn den spreagadh sin. I gcás roinnt foghlaimeoirí, go háirithe iad siúd a bhfuil a gcuid buanna níos praiticiúla nó níos dírithe ar obair chúrsa, is bac suntasach ar iad a gcumas a bhaint amach í an easpa gairmchonairí fóirsteanacha.

Toradh uileghabhálach eile ná nach féidir forbairt gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a scaradh ó mhargadh níos leithne na gcáilíochtaí. Bíonn tionchar ag nádúr tráchtála na n-eagraíochtaí cáiliúcháin, ag méid measartha beag earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann, ag costais agus rioscaí an aistriúcháin agus ag ábhair imní maidir le haitheantas fadtéarmach ar an mhéid a mheastar a bheith inmharthana ó thaobh an gheilleagair de. Tugann léargais chomparáideacha ón Bhreatain Bheag agus ó Phoblacht na hÉireann le fios gur féidir le dualgais struchtúracha níos láidre, comhordú níos soiléire agus pleanáil chomhthreomhar tacú le soláthar trí theangacha mionlaigh, cé go mbíonn dúshláin roimh na córais sin fosta maidir le scála, castacht agus acmhainn an lucht saothair.

Thug rannpháirtithe le fios go bhfuil gá le cur chuige níos straitéisí agus níos comhordaithe. Áirítear leis seo riachtanais an tsoláthair trí Ghaeilge a chur san áireamh ó thús fhorbairt na gcáilíochtaí agus na mbeartas, infheistíocht a dhéanamh sa lucht saothair agus san infreastruchtúr, rannpháirtíocht le heagraíochtaí cáiliúcháin a neartú, córais aistriúcháin agus acmhainní a fheabhsú, comhoibriú trasteorann a fhiosrú agus conairí dul chun cinn níos soiléire a fhorbairt ón scoil go dtí an breisoideachas, an oiliúint, an fhostaíocht agus an t-ardoideachas.

Caibidil 7: Conclúidí agus Moltaí

Bunaithe ar anailís chuimsitheach ar shonraí ó shuirbhéanna na bhfoghlaimeoirí, ó na grúpaí fócais agus ó agallaimh le foghlaimeoirí, teagascóirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile, agus le hathbhreithniú criticiúil agus comparáideach ar an litríocht ábhartha taighde agus bheartais mar bhonn fúithi, cuireann an tuarascáil na conclúidí agus na moltaí seo a leanas ar fáil faoi shé phríomh-cheannteideal:

7.1 An Soláthar a Leathnú

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí go bhfuil éileamh soiléir atá ag dul i méid ar ghairmchonairí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, rud a léiríonn leathnú leanúnach earnáil na Gaelscolaíochta agus an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le gairmoiliúint agus le gairmcháilíochtaí atá inrochtana agus ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí Gaelscolaíochta.
- *Conclúid:* Tá na gairmchonairí trí Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair i dTuaisceart Éireann teoranta, áfach, agus is in Iarthar Bhéal Feirste, trí Ghaelchúrsaí, a dhéantar an soláthar den chuid is mó. Cé go ndéantar méid áirithe gníomhaíocht for-rochtana tríd an eagraíocht seo, tá éagothromaíochtaí suntasacha ann go fóill idir réigiúin ó thaobh rochtana de.
- *Moladh:* Ba cheart, dá bhrí sin, na gairmchonairí trí Ghaeilge atá ann cheana a leathnú le freastal ar an éileamh mhéadaitheach, agus ba cheart méadú a dhéanamh ar scála an tsoláthair le rochtain chothrom a chinntiú do gach foghlaimeoir Gaelscolaíochta ar fud Thuaisceart Éireann. Mar bhealach láithreach ísealriosca leis an soláthar a leathnú, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chomhpháirtíocht fhoirmiúil a chur ar bun ar bhonn píolótach idir soláthraí seanbhunaithe Gaeilge agus coláiste breisoideachais amháin nó níos mó, ionas go bhféadfaí an soláthar trí Ghaeilge a nascadh le hinfreastruchtúr príomhshrutha an bhreisoideachais, le cáilíochtaí rialáilte, le conairí printíseachta agus le bealaí chun cinn.
- *Moladh:* Ag tógáil ar an eolas, ar an chomhairle agus ar an treoir maidir le gairmeacha atá ar fáil cheana, go háirithe i scoileanna Gaeilge, ba cheart níos mó airde a thabhairt ar ghairmchonairí trí Ghaeilge ar fud gach earnáil scoile, coláiste breisoideachais agus soláthraí oiliúna. Ba cheart go gcinnteodh sé seo go mbeadh foghlaimeoirí, tuismitheoirí, cleachtóirí oideachais agus oiliúna agus gairmthreoraí níos eolaí ar na conairí atá ar fáil, ar na deiseanna dul chun cinn agus ar an bhaint atá acu le fostaíocht amach anseo.

7.2 Straitéis

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí nach bhfuil straitéis chomhordaithe ann ar fud an chórais maidir le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, agus is minic an soláthar reatha ag brath ar thionscnaimh ilroinnte áitiúla agus ar dheathoil daoine aonair seachas ar phleanáil straitéiseach fhadtéarmach.
- *Moladh:* Tá gá le straitéis rialtais chomhordaithe, thrasearnála agus fhadtéarmach le tacú le forbairt, le seachadadh agus le hinbhuanaitheacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Ba cheart go n-áireofaí i straitéis ar bith freagrachtaí soiléire, amscálaí, spriocanna intomhaiste agus meicníochtaí le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le rochtain foghlaimeoirí, cothromaíocht réigiúnach, fáil ar cháilíochtaí, acmhainneacht an lucht saothair agus torthaí dul chun cinn.
- *Moladh:* Ba cheart ceachtanna a fhoghlaim ón Bhreatain Bheag, áit a bhfuil cur chuige faoi stiúir an rialtais ann anois i leith gairmchonairí agus cáilíochtaí trí Bhreatnais, a bhfuil ranna éagsúla rialtais páirteach ann. Ag an am chéanna, tá sé tábhachtach na difríochtaí suntasacha polaitiúla agus struchtúracha idir comhthéacs na Breataine Bige agus comhthéacs Thuaisceart Éireann a aithint.
- *Moladh:* Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le comhlacht, ionad nó feidhm idirghabhála ainmnithe a bheadh freagrach go sainráite as soláthar gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chomhordú ar fud earnáil an oideachais iar-éigeantaigh, lena n-áirítear pleanáil, rannpháirtíocht soláthraithe, forbairt acmhainní, tacaíocht don lucht saothair agus monatóireacht ar dhul chun cinn.
- *Moladh:* Ba cheart soláthar gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chur san áireamh go sainráite san athchóiriú ar ghairmcháilíochtaí atá le teacht, lena chinntiú nach bhfágfar foghlaimeoirí Gaelscolaíochta ar lár maidir le conairí, cáilíochtaí nó socruithe measúnaithe a fhorbrófar as an nua.

7.3 Maoiniú Fadtéarmach Inbhuanaithe

- *Conclúid:* Aithníodh socruithe maoinithe gearrthéarmacha agus neamhsheasmhacha mar chonstaic mhór ar fhorbairt, ar leathnú agus ar inbhuanaitheacht gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, rud a chuireann teorainn le cumas soláthraithe acmhainneacht a fhorbairt, infheistíocht a dhéanamh in infreastruchtúr agus pleanáil go straitéiseach don fhás amach anseo.
- *Moladh:* Beidh infheistíocht leanúnach fhadtéarmach de dhíth le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a leathnú agus le tacú le forbairt,

seachadadh agus méadú ar scála an tsoláthair. Ba cheart maoiniú tiomnaithe a chur ar fáil agus, nuair is cuí, é a imfhálú lena chinntiú nach mbeidh soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge ag brath ar mhaoiniú gearrthéarmach tionscadail, ar lánrogha áitiúil ná ar iomaíocht le cláir níos mó trí Bhéarla.

- *Moladh:* Ba cheart obair mhapála a dhéanamh leis an acmhainneacht Gaeilge atá ann cheana i measc lucht saothair an bhreisoideachais agus na hoiliúna a shainaithint, agus clár spriocdhírithe forbartha do chleachtóirí a chur ar bun ina dhiaidh sin le tacú le baill foirne a bhfuil Gaeilge acu foghlaim gairme a theagasc, a mheasúnú agus a fhorbairt trí Ghaeilge.
- *Moladh:* Beidh gá le hinfheistíocht in áiseanna, in infreastruchtúr agus in acmhainní uasdátaithe le freastal ar éileamh méadaitheach na bhfoghlaimeoirí agus le tacú le seachadadh gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí ar ardchaighdeán.

7.4 Rannpháirtíocht le hEagraíochtaí Cáiliúcháin

- *Conclúid:* Tá an caidreamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin faoi shrian go fóill de bharr saincheisteanna a bhaineann le scála an mhargaidh, inmharthanacht tráchtála, costais aistriúcháin agus riosca measúnaithe, rud a fhágann go bhfuil réimse na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair i dTuaisceart Éireann ag cúngú.
- *Moladh:* Féachaint an bhféadfaí mol cáilíochtaí trí Ghaeilge a bhunú le tacú leis an chaidreamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin agus leis an chaidreamh sin a chomhordú ar bhealach níos éifeachtúla, agus le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hinmharthanacht airgeadais i gcás cohóirt níos lú foghlaimeoirí.
- *Moladh:* Teagmháil a dhéanamh le hEagraíochtaí Cáiliúcháin ábhartha le réimse na ngairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a leathnú agus le fáil orthu a mhéadú.
- *Moladh:* Mar phointe iontrála tosaigh d'Eagraíochtaí Cáiliúcháin, tús áite a thabhairt do cháilíochtaí ina n-úsáidtear modhanna measúnaithe lena mbaineann riosca níos ísle, amhail measúnú bunaithe ar obair chúrsa.
- *Moladh:* Ba cheart tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar shamhlacha tacaíochta comhroinnte d'aistriúchán, do mhodhnóireacht agus do dhearbhú cáilíochta, lena n-áirítear cineálacha cur chuige céimnithe ina ndéantar an tacaíocht aistriúcháin tosaigh a chomhlánú de réir a chéile trí oiliúint a chur ar chleachtóirí a oibríonn trí Ghaeilge le bheith ina measúnóirí, ina modhnóirí nó ina scrúdaitheoirí.

- *Moladh:* Ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tseasamh rialála maidir le hinfhaighteacht gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge, lena n-áirítear an bhféadfadh beartas cáilíochtaí atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo dualgais níos soiléire a leagan ar chomhlachtaí ábhartha le tacú le rochtain ar cháilíochtaí trí Ghaeilge.

7.5 Comhoibriú Trasteorann agus Acmhainní Comhroinnte

- *Conclúid:* Tháinig comhoibriú trasteorann chun cinn mar mheicníocht luachmhar le soláthar gairmoideachais trí Ghaeilge a neartú, go háirithe trí shaineolas, acmhainní agus cineálacha cur chuige a forbraíodh cheana i bPoblacht na hÉireann a chomhroinnt.
- *Moladh:* Comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt le soláthraithe oiliúna trí Ghaeilge agus le hEagraíochtaí Cáiliúcháin i bPoblacht na hÉireann le comhroinnt saineolais, acmhainní agus dea-chleachtais a éascú.
- *Moladh:* Ba cheart iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar an fhéidearthacht acmhainní gairmoideachais trí Ghaeilge agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge atá ar fáil cheana i bPoblacht na hÉireann a chur in oiriúint lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann. Aithnítear gurbh fhéidir gur ghá iad seo a chur in oiriúint do Ghaeilge Uladh.
- *Moladh:* Ba cheart do ranna rialtais agus d'Eagraíochtaí Cáiliúcháin ó thuaidh agus ó dheas iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar na coigiltis a d'fhéadfaí a bhaint amach trí ghairmcháilíochtaí trí Ghaeilge a chomhfhorbairt agus trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dóibh idir an dá dhlínse.

7.6 Tuilleadh Forbartha agus Taighde

- *Conclúid:* Léiríonn na torthaí gur teoranta go fóill an bonn fianaise atá ann maidir le gairmchonairí agus gairmcháilíochtaí trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, go háirithe i dtaca le torthaí foghlaimeoirí, dearcthaí fostóirí, éileamh sa mhargadh fostaíochta agus conairí dul chun cinn fadtéarmacha.
- *Moladh:* Na bearnaí atá sa bhonn fianaise faoi láthair a shainaithint agus taighde breise a choimisiúnú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais, faoi dhearadh cáilíochtaí agus faoi phleanáil fhadtéarmach earnála amach anseo.
- *Moladh:* Chomh maith le freagairt d'éileamh na bhfoghlaimeoirí, ba cheart machnamh a dhéanamh, agus beartas á fhorbairt, ar an dóigh ar féidir éileamh fostóirí ar scileanna Gaeilge a neartú, go háirithe i réimsí amhail an earnáil phoiblí, an pobal, an t-oideachas, cúram leanaí, na meáin chumarsáide, an

oidhreacht, an turasóireacht agus earnáil na seirbhísí, ina bhféadfadh luach sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch a bheith ag baint le hacmhainneacht dhátheangach.

Tagairtí

Altram (2025). *Irish Medium Early Years Immersion Education State of the Sector Report 2025: Executive Summary*.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (2025) Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge [Pacáiste eolais faoi ghairmeacha]. Baile Átha Cliath: COGG. Ar fáil ag: https://cogg.ie/gairmeacha/

BBC (2026). First V-level subjects announced with aim to prepare for future jobs. Ar fáil ag: https://www.bbc.co.uk/news/articles/cz6e7004dj9o

Comhairle Cathrach Bhéal Feirste (2025a). *Irish Medium Employment Academy Prospectus*, Béal Feirste: Comhairle Cathrach Bhéal Feirste.

Comhairle Cathrach Bhéal Feirste (2025b). *Irish Medium Apprenticeship Pathway Overview,* Béal Feirste: Comhairle Cathrach Bhéal Feirste.

Comhairle Cathrach Bhéal Feirste (2025c). *SEN Leaflet: Diploma in Special Educational Needs (Irish Medium schools) and Level 3 Award for Special Educational Needs Coordinators in Early Years (NCFE),* Béal Feirste: Comhairle Cathrach Bhéal Feirste.

Bloomer, S., Purdy, N., Gibson, K., agus Orr, K. (2022). *The Assessment of Vocational Education and Training Qualifications: a review of European policy and practice*. Béal Feirste: Centre for Research in Educational Underachievement (CREU).

Coláiste Feirste agus Gaelcholáiste Dhoire (2026). *Expanding awarding-body access for Irish-medium secondary schools: joint proposal to develop an IME vocational qualifications pilot scheme*. Feabhra. Moladh neamhfhoilsithe.

Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2009). Porth resources. Ar fáil ag: https://colegcymraeg.ac.uk/en/students/university/porth-resources/

Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2020). *Setting the pathways of success: the Coleg Cymraeg Cenedlaethol's strategic plan 2020/21 to 2024/25*. Carmarthen: Coleg Cymraeg Cenedlaethol.

Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2021). *Report of the trustees and financial statements for the year ended 31 March 2021*. Carmarthen: Coleg Cymraeg Cenedlaethol.

Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2025). Pathways to the workplace: a vision for Welsh-medium and bilingual tertiary education: 2026 to 2030. Carmarthen: Coleg Cymraeg Cenedlaethol. Ar fáil ag: https://colegcymraeg.ac.uk/media/fsnbllce/manifesto-coleg-cymraeg-en.pdf

Coleg Cymraeg Cenedlaethol (2026). *Porth Adnoddau'r Coleg Cymraeg Cenedlaethol*. Ar fáil ag: https://www.porth.ac.uk/

Comhairle na Gaelscolaíochta (2024). *The Provision for Special Educational Needs and Disabilities in Irish-medium Education*. Béal Feirste: Comhairle na Gaelscolaíochta.

Comhairle na Gaelscolaíochta (2025). *Reviewing the Review: An Audit of Progress on the Review of Irish-medium Education (2008)*. Béal Feirste: Comhairle na Gaelscolaíochta.

Comhairle na Gaelscolaíochta. (2023). *Ensuring Effective Teacher Supply in The IrishMedium Sector: A proposed action plan to address the dearth of teaching staff at primary and post-primary level in the Irish-medium sector*. Béal Feirste: Comhairle na Gaelscolaíochta.

Cook, W. (2013). *Vocational Education in English Schools: Protecting Options for Pre-16 pupils*. UK: Institute for Public Policy Research.

Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA) Regulation. (2025). *Guidance for awarding organisations on setting and delivering the assessment (Section G).* https://www.ccea.org.uk

An Roinn Pobal (2022). Irish Language Strategy Expert Advisory Panel Recommendation Report. Ar fáil ag: https://www.communities-ni.gov.uk/publications/irish-language-strategy-expert-advisory-panel-recommendation-report

An Roinn Oideachais (2026). Irish Medium Education, Year: 2022/2023. Ar fáil ag: Irish Medium Education 2022.23.pdf

Department for Education, Entitlement Framework. Ar fáil ag: https://www.education-ni.gov.uk/articles/entitlement-framework

Department of Education (2025). *Circular 2026/06- Delivering the Entitlement Framework Guidance to Schools 2025/26*. Ar fáil ag: Circular 2026/06- Delivering the Entitlement Framework Guidance to Schools 2025/26 | Department of Education

Department for the Economy (2026). Apprenticeships in Northern Ireland Statistics. Ar fáil ag: https://www.economy-ni.gov.uk/articles/apprenticeships-northern-ireland-statistics#toc-1

Department for the Economy (Feabh. 2026). Archibald announces research to strengthen opportunities for Irish Medium vocational learners. Ar fáil ag: https://www.economy-ni.gov.uk/news/archibald-announces-research-strengthen-opportunities-irish-medium-vocational-learners

Department for the Economy (2024). *Careers Occupational Information Unit - A guide to career entry routes*. Ar fáil ag: Careers Occupational Information Unit - A guide to career entry routes | Department for the Economy

Department for the Economy (Northern Ireland) (2025). Skills action plan. Deireadh Fómhair. Ar fáil ag: https://www.economy-ni.gov.uk/publications/skills-action-plan

Department for the Economy/Invest NI (2024). *Sub-Regional Economic Plan.* Ar fáil ag: https://www.economy-ni.gov.uk/publications/sub-regional-economic-plan

Department of Education (2024). Policy for Irish-medium education outside of the Gaeltacht. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/policy-for-irish-medium-education-outside-of-the-gaeltacht/

Department of Education (Northern Ireland) (2025). TransformED: policy framework for general qualifications in Northern Ireland. Béal Feirste: Department of Education. Ar fáil ag: TransformED NI layout.pdf

Duff, J., agus Collen, I. (2025). *Language Trends Northern Ireland, 2025*. British Council Northern Ireland. Ar fáil ag: https://nireland.britishcouncil.org/sites/default/files/language_trends_2025_report_-_embargoed_until_wednesday_4_june_00.01.pdf

Education Matters (2024). Ireland's education yearbook 2024. Baile Átha Cliath: Education Matters.

Estyn (2025). Increasing the use of the Welsh language in the post-16 sectors: evaluating the effectiveness of Coleg Cymraeg Cenedlaethol Welsh-medium and bilingual training schemes for the further education and apprenticeships sector. Caerdydd: Estyn. Ar fáil ag: https://estyn.gov.wales/improvement-resources/thematic-report-increasing-the-use-of-the-welsh-language-in-the-post-16-sectors/

Gaelcholáiste Dhoire (2025). Letter to OCR regarding examination access for Irish-medium education pupils. 15 Bealtaine. Comhfhreagras neamhfhoilsithe.

Clár Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil (CPI) Ghaelchultúr (2025a). Ar fáil ag: https://www.gaelchultur.com

Gaelchultúr (2025b) Dublin City Council: case study. Ar fáil ag: https://www.gaelchultur.com/en/the-publicsector

Gicheva, N. agus Petrie, K. (2018). *Vocation, Vocation, Vocation - The role of vocational routes into higher education*. Ar fáil ag: https://www.smf.co.uk/publications/the-role-of-vocational-routesinto-higher-education/

Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A., agus Millar, D. (2012). *The 2010 national assessments of English reading and mathematics in Irish-medium schools: Main report*. Baile Átha Cliath: Educational Research Centre. https://doi.org/10.13140/RG.2.1.2381.7123

Rialtas na hÉireann (2010). Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2024). An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030. Baile Átha Cliath: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/cdb3dc1c/National_Plan_for_Irish_Language_Public_Services.pdf

Rialtas na hÉireann (2026). Action plan for Irish language public services 2026 to 2028. Baile Átha Cliath: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/4bc52cfd/PG_2026-2028_faoin_PNSPG.pdf

Tithe an Oireachtais (2022) Freagraí Scríofa: Cláir Phrintíseachta, 26 Aibreán. Ar fáil ag: Apprenticeship Programmes: 26 Aib 2022: Freagraí scríofa (KildareStreet.com) (Dáta rochtana: 5 Bealtaine 2026).

Kelly, S. (2017). *Reforming BTECs: Applied General qualifications as a route to higher education*. Higher Education Policy Institute, Report 94. Ar fáil ag: https://www.hepi.ac.uk/wp-content/uploads/2017/02/Hepi_Reforming-BTECs-Report-94-09_02_17-Web.pdf

BOO Chiarraí (2018) Strategic performance agreement 2018 to 2020: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Trá Lí: BOO Chiarraí/SOLAS.

BOO Chiarraí (2020) Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: scéim teanga 2020–2023. Trá Lí: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

BOO Chiarraí (2025) FET Irish language provision. Ar fáil ag: https://www.kerryetb.ie/further-education-training/further-education-training-programmes/further-education-training-irish-language-provision/

BOO Chiarraí (2026) Language Scheme. Ar fáil ag: https://www.kerryetb.ie/further-education-training/organisation-support-development/irish-language-office/language-scheme/

McVeigh, C., Symington, E., McCrudden, K agus Tate, K. (2026). *Tackling Disadvantage in Irish-Medium Education through Addressing the issues with Assessment*. Béal Feirste: Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis.

Medr (2025). Strategic plan 2025 to 2030. Caerdydd: Medr (Commission for Tertiary Education and Research).

Tionól Thuaisceart Éireann. (15 Márta 2021). Oral question AQO 1735/17–22. Oral Question AQO 1735/17-22

O'Boyle, A., Engman, M., Ortega, Y., agus Turkan, S. (2023). "*Fair? Shared? Supported? Examining expectation and realities for Irish-medium practitioners" A research report on the additional competences and associated workloads of the Irish-medium practitioner*. Comhairle na Gaelscolaíochta. https://www.comhairle.org/english/about/publications/

Ofqual. (2015). *Explaining the RQF. GOV.UK. https://ofqual.blog.gov.uk/2015/10/01/explaining-the-rqf/*

Ofqual. (2026). *Conditions of recognition: Main differences at a glance (accessible). GOV.UK.* https://www.gov.uk/government/publications/ofquals-conditions-of-recognition-main-differences-at-a-glance/conditions-of-recognition-main-differences-at-a-glance-accessible

An tOireachtas (2024) Díospóireachtaí Dháil Éireann (neamhcheartaithe): freagra scríofa 42 [An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030], 19 Meán Fómhair. Ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2024-09-19/42/

An tOireachtas (2025) ceisteanna parlaiminte i nGaeilge (34ú Dáil), 27 Samhain 2025. Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais. Ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2025-11-27/589/

An tOireachtas (2025b) Ceist pharlaiminte – 27 Samhain 2025, Ceist Uimh. 589. Ar fáil ag: <Ceist Pharlaiminte an Oireachtais 589>

Purdy, N., Gibson, K., Orr, K., agus Tsang, K. (2022). *Perceptions of Level 4 and 5 Qualifications in Northern Ireland*. Ar fáil ag: https://www.economy-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/economy/perceptions-level-4-5-qualifications-in-ni.pdf

Purdy, N., Logue, J., Montgomery, M., O'Hare, K., Redpath, J., agus Demie, F. (2021). *Tús Cothrom*. Ar fáil ag: A Fair Start

Purdy, N., McVeigh, C., Ballentine, M., agus Symington, E. (2025). *Teacher Workload in the Irish-Medium Sector: Evidential Insights*. Béal Feirste: Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis.

QQI (2021) National Framework of Qualifications. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications

Qualifications Wales. (2020). *Standard conditions of recognition.*

Qualifications Wales (2024) *Strategic priorities: 5 year plan 2024 to 2029*. Newport: Qualifications Wales.

Qualifications Wales (2026a). Statement on new apprenticeship courses in construction. Ar fáil ag: https://qualifications.wales/news-views/statement-on-new-apprenticeship-courses-in-construction/

Qualifications Wales (2026b). *Post-16 vocational qualifications in Wales: action plan 2026 to 2028*. Newport: Qualifications Wales.

Richards, B. (2016). *Passports to Progress: How do vocational qualifications help young people in building their careers? Part One*. UK: Social Market Foundation.

Senedd Research (2024) What is the Coleg Cymraeg Cenedlaethol and what is its future? Ar fáil ag: https://research.senedd.wales/research-articles/what-is-the-coleg-cymraeg-cenedlaethol-and-what-is-its-future/

Senedd Research (2024b). Welsh Language and Education Bill: support for the principles but concerns over workforce capacity. Ar fáil ag: Welsh Language and Education Bill: support for the principles but concerns over workforce capacity

Sgiliaith (2024). Rhaglen Datblygu Staff Cenedlaethol / National Staff Development Programme: prospectus. Colwyn Bay: Grŵp Llandrillo Menai.

Sheilds, R., agus Masardo, A. (2015). *Changing patterns in vocational entry qualifications, student support and outcomes in undergraduate degree programmes*. UK: Higher Education Academy.

SOLAS (2020). *BOO Amach Anseo: An Fhoghlaim a Chlaochlú. An Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (BO&O) 2020–2024.* Baile Átha Cliath: SOLAS.

SOLAS (2024). Strategy consultation 2025 to 2029. Ar fáil ag: https://www.solas.ie/pages/strategy-consultation-2025-2029

SOLAS agus QQI (2024). *Memorandum of understanding between the Further Education and Training Authority (SOLAS) and Quality and Qualifications Ireland (QQI) 2024 to 2027*. Baile Átha Cliath: SOLAS/QQI.

Údarás na Gaeltachta (2020). Enhanced Apprenticeship Scholarship Scheme worth €200,000 announced by Údarás na Gaeltachta to assist Gaeltacht communities, 26 June. Ar fáil ag: https://udaras.ie/en/news/enhanced-apprenticeship-scholarship-scheme-worth-e200000-announced-by-udaras-na-gaetlachta-to-assist-gaeltacht-communities/ (Dáta rochtana: 5 Bealtaine 2026).

Údarás na Gaeltachta (2021). *Straitéis / Strategy 2021 to 2025*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta (2022). 50 Apprenticeship Scholarships announced by Údarás na Gaeltachta under the Apprenticeship Scholarship Scheme, 31 January. Ar fáil ag: https://udaras.ie/en/news/50-apprenticeship-scholarships-announced-by-udaras-na-gaeltachta-under-the-apprenticeship-scholarship-scheme/ (Dáta rochtana: 5 Bealtaine 2026).

Údarás na Gaeltachta (2025). *Apprenticeship scholarship scheme / GAIRM graduate programme*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta (2026). Annual Report 2025. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Vidal Rodeiro, C., agus Vitello, S. (2023). “Progression to post-16 education in England: the role of vocational qualifications,” *Research Papers in Education*, 38(2), lgh 164–186. Ar fáil ag: https://doi.org/10.1080/02671522.2021.1961295

Rialtas na Breataine Bige (2017a). *Review of the activities of the Coleg Cymraeg Cenedlaethol: the Task and Finish Group's report*. Caerdydd: Rialtas na Breataine Bige.

Rialtas na Breataine Bige (2017b). Response to the Coleg Cymraeg Cenedlaethol Task and Finish Group report. Caerdydd: Rialtas na Breataine Bige.

Rialtas na Breataine Bige (2017c). Cymraeg 2050: A million Welsh speakers. Caerdydd: Rialtas na Breataine Bige. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/sites/default/files/publications/2018-12/cymraeg-2050-welsh-language-strategy.pdf

Rialtas na Breataine Bige (2019). Towards Cymraeg 2050: a million Welsh speakers: further education and apprenticeship Welsh-medium action plan. Caerdydd: Rialtas na Breataine Bige.

Rialtas na Breataine Bige (2021). Cymraeg 2050: work programme 2021 to 2026. Caerdydd: Rialtas na Breataine Bige.

Rialtas na Breataine Bige (2024a). Evidence paper on draft budget 2024 to 25: Welsh language budgets within the Education and Welsh Language Main Expenditure Group. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/draft-budget-2024-2025

Rialtas na Breataine Bige (2024b). Ráiteas scríofa: Commission for Tertiary Education and Research operational date. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/written-statement-commission-tertiary-education-and-research-operational-date

Rialtas na Breataine Bige (2025). Cymraeg 2050: Welsh language strategy action plan 2025 to 2026. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/sites/default/files/pdf-versions/2025/3/4/1743083484/cymraeg-2050-welsh-language-strategy-action-plan-2025-2026.pdf

Rialtas na Breataine Bige (2026a). New apprenticeship courses in construction to be introduced in Wales. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/new-apprenticeship-courses-construction-be-introduced-wales

Rialtas na Breataine Bige (2026b). 16 to 18 local curricula guidance [Consultation document]. 28 Eanáir. Ar fáil ag: https://www.gov.wales/16-18-local-curricula-guidance-html

Wolf, A. (2011). *Review of Vocational Education: The Wolf Report*. UK: Department for Education.

Work Welsh (2025). Work Welsh Services. Ar fáil ag: https://learnwelsh.cymru/work-welsh/work-welsh-services/

Reachtaíocht

Acht na Gaeltachta 2012. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Bunreacht na hÉireann (1937). Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/cons/en/html

Education (Northern Ireland) Order 1998 (SI 1998/1759 (NI 13)). Ar fáil ag: https://www.legislation.gov.uk/nisi/1998/1759/contents

An tAcht Oideachais 1998 (Uimh. 51). Baile Átha Cliath: Leabhar Reachtaíochta na hÉireann.

Further Education (Northern Ireland) Order 1997 (SI 1997/1772 (NI 15)). Ar fáil ag: https://www.legislation.gov.uk/nisi/1997/1772/data.pdf

An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 (athbhreithnithe, nuashonraithe go dtí an 28 Eanáir 2026). Baile Átha Cliath: An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/25/enacted/en/html

Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 (Uimh. 31). Baile Átha Cliath: Leabhar Reachtaíochta na hÉireann.

Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, c. 45. Londain: Oifig an tSoláthair.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (athbhreithnithe go dtí 2021). Ar fáil ag: https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2003/act/32/revised/en/html

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Uimh. 49). Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/49/enacted/en/pdf

An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Baile Átha Cliath: Leabhar Reachtaíochta na hÉireann.

Qualifications Wales Act 2015, anaw 5. Ar fáil ag: https://www.legislation.gov.uk/anaw/2015/5/contents

Tertiary Education and Research (Wales) Act 2022, asc 1. Ar fáil ag: https://www.legislation.gov.uk/asc/2022/1/contents